

# Súil Siar
## ar an mBliain

Tuarascáil Bhliantúil &
Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2015

# Inniu,
# Amárach,
# **Le Chéile**

Is é RTÉ eagraíocht meán cumarsáide seirbhíse poiblí náisiúnta na hÉireann – ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste.

**Bord Raidió Teilifís Éireann**
An 55ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa maidir leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2015 arna gcur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir alt 109 agus alt 110 den *Acht Craolacháin 2009.*

**Is féidir leagan Béarla den Tuarascáil a íoslódáil ó**
www.rte.ie/about/ie/policies-and-reports/annual-reports/

# Clár


02 Fís, Misean & Luachanna
03 Buaicphointí
04 Ráiteas an Chathaoirligh
06 Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra
10 Athbhreithniú Airgeadais
16 An Eagraíocht
17 Struchtúr Eagrúcháin
18 Athbhreithniú Oibriúcháin
80 Bord RTÉ
84 Feidhmeannas RTÉ
86 Rialachas Corparáide
93 Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
94 Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
95 Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách
96 Ráitis Airgeadais
103 Nótaí is cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa
141 Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Polasaithe Cuntasaíochta
146 Ceanglais Tuairiscíochta Eile
155 Eolas Staitisticí Eile
156 Stair Airgeadais

# Fís

Is é fís RTÉ cur le saol na hÉireann; eolas, siamsaíocht agus ábhar machnaimh a chur i láthair; ceangal a chothú leis an saol ag an uile dhuine

# Misean

- An tseirbhís nuachta neamhspleách is iontaofa, is cruinne agus is neamhchlaonta in Éirinn a chur ar fáil do ré na cumarsáide ceangailte
- An réimse is leithne d'ábhar agus de sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil le luach ar airgead do dhaoine de gach aois, de gach réimse spéise agus de gach pobal
- Iléagsúlacht chultúir agus réigiúin na hÉireann a léiriú agus deis a thabhairt do dhaoine ar imeachtaí móra
- Bonn taca a chur faoi léiriúchán in Éirinn agus faoi aos cruthaitheachta na hÉireann agus iad a chothú

# Luachanna

- An lucht féachana agus éisteachta a thuiscint agus iad a chur i lár báire maidir le gach a ndéantar
- A bheith cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil
- A bheith macánta, tugtha don chomhar agus solúbtha
- A bheith cúramach, báúil, ionraic agus freagrach lena chéile agus leis an lucht éisteachta agus féachana

## Buaicphointí

**4,710 uair an chloig** de chláir teilifíse a rinneadh in Éirinn sa bhliain 2015

Ainmníodh seirbhísí raidió RTÉ mar **Chraoltóir Idirnáisiúnta na Bliana** ag Féilte Nua-Eabhrac

Bhí RTÉ News Now chun tosaigh ar gach aip nuachta eile in Éirinn agus **1.5m cóip** á híoslódáil

@rtenews **an cuntas Twitter is mó tráchta** i measc chuntais na meán cumarsáide in Éirinn

Sheinn ceolfhoirne RTÉ ag níos mó ná **60 ócáid a bhain le cúrsaí oideachais** i rith na bliana 2015

Tháinig ardú 10% go dtí **676,000** ar líon na dteaghlach a raibh Saorview acu i rith na bliana 2015

## Chomh maith leis an obair a dhéanann RTÉ a chosaint agus a chaomhnú go maith, bhí ar an mBord dul i ngleic leis an iliomad dúshlán atá roimh gach craoltóir seirbhíse poiblí meán cumarsáide sa 21ú aois. Tá na cúrsaí sin á bplé i gcomhthéacs airgeadais atá fós deacair agus anróiteach.

Ainneoin nár éirigh le RTÉ coibhéis airgid a bhaint amach i mbliana ba cheart, ina dhiaidh sin, an t-easnamh beag a bhí i gceist a mheas i gcomhthéacs seacht mbliana gan aon ardú ar an maoiniú don eagraíocht. Ní mór aird a thabhairt ag leibhéal na polaitíochta ar cheisteanna mar an táille meán cumarsáide agus aird bhreise a thabhairt ar sheachaint na táille ceadúnais. Is é tuairim an Bhoird go bhfuil ríthábhacht, maidir le cistíocht RTÉ ina iomláine, le réiteach na gceisteanna sin, chomh maith le straitéisí eile a chur i bhfeidhm.

Le linn a bheith ag fanacht le cinneadh faoin bpolasaí maoinithe ar leibhéal níos ginearálta, tá scrúdú déanta ag RTÉ ar roghanna eile. Tá tograí maidir le luach roinnt de na tailte i nDomhnach Broc a aistriú ina airgead tugtha chun cinn ag an lucht bainistíochta agus iad á meas ag an mBord. D'fhéadfaí, ó chuid den suíomh a dhíol ar phraghas maith, teacht ar acmhainní a bhfuil géarghá leo d'infheistíocht caipitil agus chun bonn a chur faoi obair ilmheán na heagraíochta.

Tá an Bord i mbun scrúdaithe freisin ar bhealaí ina bhféadfaí leas a bhaint as tréithe sainiúla de chuid RTÉ chun cuidiú leis an mbonn cistíochta a chothú. Sampla amháin dá leithéid is ea Cartlann RTÉ, taisclann ábhair faoi leith ina bhfuil tuairisc ar stair an náisiúin. Trí na páirtnéirí cuí a aimsiú agus oibriú i gcomhar le heagraíochtaí pobail, d'fhéadfaí a theacht ar bhealach ina gcuirfí bonn taca faoi sin an tráth céanna a dtabharfaí deis ar ábhar na cartlainne don phobal i gceantair thuaithe agus i mbailte móra araon. Tá an Bord ag féachaint leis an straitéis sin a thabhairt i gcrích.

Is é an téama straitéiseach a bhí lárnach maidir le hobair an Bhoird i rith na bliana an t-athrú béime go leagfaí breis tábhachta ar chúrsaí ealaíon agus cultúir i gcroílár na heagraíochta. Tá grúpa stiúrtha curtha ar bun, le hionadaí thar ceann an Bhoird, chun an obair seo a thabhairt chun cinn agus tá saineolaithe seachtracha sa réimse oibre sin in úsáid ionas go gcinntítear go mbíonn an polasaí a thagann chun cinn cuí cóiriúil agus seasmhach le himeacht aimsire. Bhí suntas mór agus tábhacht leis an mbeartaíocht sin maidir le bonn treise a chur faoi bhliain chomóradh an chéid in 2016.

Gné faoi leith den straitéis seo ab ea cnuas de thionscail chruthaitheacha a chur le chéile, mar a d'fhéadfaí a thabhairt orthu, ina bhfuil an ról lárnach ag RTÉ. Tá comhpháirtíocht an-tábhachtach i gcúrsaí cruthaitheachta faoi láthair, a bheith ábalta oibriú i gcomhar agus pleanáil in éineacht, agus tá d'acmhainn ag RTÉ ceannródaíocht a dhéanamh ina leith sin agus a bheith tiomanta maidir le cláir oscailte uilechuimsitheach. Cé gur mór an lear reitrice a ghabhann le coincheap na cruthaitheachta, is é tuairim an Bhoird go bhfuil RTÉ anois ag tabhairt straitéisí agus pleananna táite chun cinn trína gcuirfear gnáthshaol an lae ag muintir na hÉireann i gcroílár gach réimse den eagraíocht.

Bunaithe ar athbhreithniú leathanréimseach ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta, d'aontaigh an Bord le gairid go gcuirfí Straitéis Iléagsúlachta le chéile ionas go gcinnteofaí go bhfanann RTÉ chun tosaigh ar eagraíochtaí ina dtugtar i láthair agus ina léirítear na snáithe éagsúla a bhaineann le hÉirinn an lae inniu.

Ina ainneoin sin, ní bheidh dea-thoradh ar na straitéisí seo mura mbíonn siad bunaithe go daingean ar thuiscint ghéar ar thuairimí agus ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta RTÉ. Chuige sin, tá an Bord ag bualadh go rialta le dreamanna den lucht féachana agus éisteachta, leis an mBord Feidhmiúcháin agus, ach go háirithe, le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, chun go bhféadfaí iontaoibh a chothú agus, chomh maith leis sin, chun béim a leagan ar neamhspleáchas obair an Bhoird agus ar neamhspleáchas RTÉ. Ar an leibhéal foirmeálta, tugtar aird ar thuairimí éagsúla trí Chomhairle an Lucht Éisteachta agus Féachana. Tá an ceangal idir an Chomhairle sin agus an Bord níos dlúithe anois. Tá an Chomhairle ag obair ar thionscadail taighde a bhfuil tábhacht mhór leo chun a chinntiú gur bunaithe ar fhianaise go hoibiachtúil a dhéantar socraithe seachas ar aon tuiscint éiginnte go hiomasach.

Tá forbairt agus forás faoi chúrsaí raidió i gcónaí. Cé gur minic a fheictear gurb é sin an meán is mó atá i mbaol ón tranglam ar líne, tá an ceangal speisialta atá ag muintir na hÉireann leis an raidió cruthaithe an athuair ag raidió RTÉ, trína bheith cróga maidir le cláir agus sceidil agus trí lucht éisteachta níos óige a chothú. Nuair a chruthaítear go maith i réimse an raidió, coinnítear RTÉ i gceartlár an teaghlaigh ag tráthanna tábhachtacha an lae, agus bíonn an lucht éisteachta ar an eolas maidir le ceisteanna tábhachtacha an lae.

Tá an rath leanúnach seo ar an raidió ag tárlú ag an tráth céanna a bhfuil an rud ar a dtugtar an réabhlóid dhigiteach ar siúl. Tá an Bord ag féachaint le sainmhíniú níos mine a thabhairt i gceist maidir le cúrsaí digiteacha, ag féachaint le breathnú ar an réimse sin mar obair sa bhreis ar an saothar a dhéanann RTÉ i réimsí eile a mbíonn dea-thoradh air

cheana féin, seachas ag teacht ina ionad sin. Fágann an timpeallacht dhigiteach deiseanna dáiríre ag RTÉ dul i gcion ar dhreamanna nua sa lucht éisteachta agus féachana. Is é caighdeán an ábhair a chuireann RTÉ ar fáil atá barrthábhachtach. Má choinnítear sin ar ardchaighdeán, coinneofar aird an lucht éisteachta agus féachana, cibé meán a bhíonn i gceist. Go bunúsach, is é an modh smaointeoireachta agus oibre is ceart a leanúint, caighdeán ar an gcéad rud, dáileadh ar an dara rud.

Tá borradh i gcónaí faoi líon na n-áiteanna a bhfuil scéalta nuachta ar fáil ag an lucht éisteachta agus féachana agus is ábhar áthais dá bharr sin an meas atá ar RTÉ i gcónaí mar gheall ar an réimse fairsing agus an scrúdú dian a bhaineann leis an iriseoireacht fiosrúcháin a dhéantar. Mar shampla, sa chás le gairid inar scaladh solas ar dhroch-chleachtais i dtionscal an chúraim, ba léir go raibh Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ sásta dul sa seans, tabhairt go neamheaglach faoi chláir agus toradh an fhiosrúcháin a bheith mar theist orthu féin.

Tháinig an t-athbheochan seo ar an iriseoireacht fiosrúcháin de thoradh, den chuid is mó, ar léargas agus ar cheannaireacht i Noel Curran, an Príomh-Stiúrthóir atá ag fágáil. Bhí seisean sa phost sin tráth a raibh brú an-ghéar airgid i gceist a d'fhág go mba ghá athleagan amach a dhéanamh ar chúrsaí eagrúcháin agus ar straitéisí RTÉ ionas go bhféadfaí leanúint i mbun na ndualgas seirbhíse poiblí. Léirigh sé sárchumas i mbun na hoibre sin. Bhí sé tomhaiste, sainiúil agus misniúil i mbun a chuid gnó leis an mBord agus aireoidh mise go pearsanta uaim éirim a chuid anailíse agus a chuid treorach. Guíonn an Bord gach rath air sa saol atá amach roimhe.

Bhí bainistiú a dhéanamh ar an athrú go dtí an Príomh-Stiúrthóir nua ar cheann de na dualgais is tábhachtaí a bhí ar chomhaltaí an Bhoird go dtí seo. Ina bhun sin, maraon leis na dualgais eile, d'oibrigh an Bord le dúthracht go dlúth lena chéile. Leanfaidh an Bord, a bhfuil daoine air le taithí ar an earnáil phoiblí agus ar an earnáil phríobháideach, den chinnireacht thréan a chur ar fáil i gcomhar leis an lucht feidhmiúcháin. Táthar ag tnúth le hoibriú leis an bPríomh-Stiúrthóir nua agus le leanúint den fhorbairt ar RTÉ sa ré seo lena mbaineann oiread deacrachtaí, agus an fonn iad a shárú.

Moya Doherty
**Cathaoirleach**

**Is é an téama straitéiseach a bhí lárnach maidir le hobair an Bhoird i rith na bliana an t-athrú béime go leagfaí breis tábhachta ar chúrsaí ealaíon agus cultúir i gcroílár na heagraíochta.**



## Ba bhliain mhór ó thaobh na nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta í an bhliain 2015, bliain inar dhaingnigh seirbhísí athspreagtha raidió RTÉ a n-áit i measc an phobail, inar cuireadh forás agus forfheabhsú ar na seirbhísí digiteacha agus inar tháinig dea-thoradh ar na straitéisí nua a cuireadh i bhfeidhm maidir le cainéil teilifíse RTÉ.

Is cuid lárnach den chuspóir seirbhíse poiblí atá le RTÉ go gcuirtear i láthair don lucht féachana an domhan agus an saol ina mairimid agus go gcuidítear le tuiscint a bhaint as. Is é is mó a mhairfidh sa chuimhne maidir leis an mbliain 2015, níos mó ná cuid mhór blianta eile, íomhánna beoga agus eachtraí corraitheacha a ndearnadh an chuid is mó acu a chraoladh agus a phlé ar RTÉ.

Tagann chun cuimhne: Na pléascáin uafásacha in amharclann an Bataclan i bPáras. Na mílte teifeach i gcampaí le teorainneacha na hEorpa agus brúite le chéile i mbáidíní beaga rubair ar an Meánmhuir. Íomhá de leanbh a tháinig le bruth faoi thír sa Tuirc. A raibh fágtha den bhalcóin sin i Berkeley, California. Carbhán agus teaghlach scriosta ag tine i gCarraig Mhaighin. An mheidhréis agus an t-ardú croí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an lá ar glacadh leis an Reifreann ar Chomhionannas Pósta de réir vótáil na ndaoine. An t-ábhar scannánaíochta de chomhairleoirí, a tógadh le ceamaraí ceilte, sa chlár fiosrúcháin a rinne RTÉ maidir le caighdeáin in oifigí poiblí. Na tuilte a d'fhág cuid mhór d'abhantracht na Sionainne agus níos faide ó bhaile faoi uisce. Agus, ar ndóigh, Teresa Mannion agus Stoirm Desmond ag réabadh.

Níos mó ná mar a bhíodh riamh cheana, tá RTÉ anois, ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste, ina cheangal idir muintir na hÉireann agus na heachtraí agus na pointí cinniúnacha sa saol agus ar an domhan ina maireann siad.

I gcúrsaí teilifíse, bliain ar bith, bíonn RTÉ i bhfad chun cinn ó thaobh oiread na gclár Éireannach d'ardchaighdeán a choimisiúnaítear agus a léirítear, agus cuirtear éagsúlacht ábhair den scoth ar fáil ar RTÉ One agus ar RTÉ2, atá dírithe ar réimsí éagsúla den lucht féachana.

Tá ábhar drámaíochta ardchaighdeáin de chuid na hÉireann ina chuid lárnach den chúram a leagtar ar RTÉ. Chuaigh an tsraith trí chlár *Charlie,* a craoladh luath sa bhliain, go mór i bhfeidhm ar an bpobal agus tharraing an chéad chlár meánsciar 43.5% den lucht féachana. Lean *Fair City,* a bhfuil athrú mór curtha ar an modh oibre maidir le snáithe scéil a chur le chéile agus ar an bpróiseas léiriúcháin le bliain anuas, ag tarraingt lucht féachana tréan. Is den bhuntábhacht freisin gur leanadh de scríbhneoirí nua a mhealladh i mbun scríbhneoireacht teilifíse trí chóras oiliúna *Fair City*.



**I gcúrsaí teilifíse, bliain ar bith, bíonn RTÉ i bhfad chun cinn ó thaobh oiread na gclár Éireannach d'ardchaighdeán a choimisiúnaítear agus a léirítear, agus cuirtear éagsúlacht ábhair den scoth ar fáil ar RTÉ One agus ar RTÉ2, atá dírithe ar réimsí éagsúla den lucht féachana.**

Is cuid lárnach de sceideal RTÉ One na cláir fhaisnéise spéisiúla ardchaighdeáin. Ar bhuaicphointí éagsúla na bliana, bhí *Recruits*, sraith dhá chlár faoi earcaigh nua in Arm na hÉireann; *Better Off Abroad*, sraith dhá chlár ina raibh scéalta dhaoine de dhiaspóra na hÉireann i Dubai agus i Silicon Valley á gcur i láthair ag George Lee; *Hidden Impact*, clár faisnéise a bhain cor as daoine nuair a foilsíodh an t-uafás ceilte a bhaineann leis an gcomhtholgadh sa rugbaí agus a dtagann dá bharr; agus *Well Holy God It's Glenroe*, clár tráthúil inar tugadh chun cuimhne ceann de na sraitheanna drámaíochta is fearr a thaitin le daoine in Éirinn riamh.

Bhí an bhliain ab fhearr riamh ag *The Late Late Toy Show* le 1.36 milliún duine ag faire ar an gcraoladh beo. Cuireadh beocht an athuair in oíche an tSathairn le sraith nua *The Ray D'Arcy Show*.

Seoladh *Claire Byrne Live* i mí Eanáir ar RTÉ One. Ba ghearr go raibh an clár nua cúrsaí reatha ina mbíonn lucht féachana beo sa stiúideo ina fhóram do dhíospóireacht chliste ar nithe reatha. Rinneadh tráchtaireacht ar an gclár freisin ar ábhair nach ndéantar oiread sin tuairiscíochta orthu, mar shampla drugaí a cheadú faoin dlí agus galar meabhrach i measc daoine óga.

Thug Aonad Fiosrúcháin RTÉ faoi bhearta éagsúla imscrúdúcháin i rith na bliana trínar foilsíodh ábhar suntasach, ina measc *RTÉ Investigates: Standards in Public Office*. Choimisiúnaigh an tAonad an clár *Collusion* freisin, fadscannán faisnéise faoin gcaidreamh idir fórsaí slándála na Breataine agus dreamanna paraimíleatacha na ndílseoirí.

Is gné bhuntábhachtach na cláir fhiosrúcháin dá gcuirtear ar fáil don phobal agus is ábhar mór mórtais agam ar chuir an tAonad Fiosrúcháin ar fáil i rith na bliana 2015.

Bhí RTÉ2 ar an dara rogha i rith na bliana 2015 ag daoine sa dream déimeagrafaíochta atá mar spriocluchtféachana, daoine idir 15–34 bliain d'aois, le sciar 8.7%. Chuir RTÉ2 sceideal do dhaoine óga le chéile i rith na bliana agus cuireadh glórtha, scéalta, cumas agus saoithiúlacht mhuintir na hÉireann sa lá atá inniu ann i gcroílár an lóin ábhair seirbhíse poiblí.

Áirítear ar bhuaicphointí na bliana: an tsraith de chláir fhaisnéise *Reality Bites* a bhfuil tóir ag cuid mhór daoine uirthi; *Ironmind*, maidir le meon tairbheach i leith sláinte mheabhrach a chur chun cinn, arna chur i láthair ag Bressie; *Baz: The Lost Muslim*, sracfhéachaint thráthúil eolasach ar chreideamh Ioslam trí shúile pearsanta Baz Ashmawy; *The Notorious*, scéal éachtach Conor McGregor; agus *The Rubberbandits Guide to 1916*.

Chuir Spórt RTÉ buaicphointí spóirt ar fáil saor go haer don lucht féachana ar RTÉ2 i rith na bliana 2015. Bhuaigh foirne na hÉireann comórtas 6 Náisiún na bhfear agus comórtas 6 Náisiún na mban sa rugbaí, agus chuaigh an chéad bhonn óir riamh do churadh an domhain i ndornálaíocht amaitéarach na bhfear i gcion go mór ar an lucht féachana. Chualathas an focal scoir i rith na bliana 2015 ó roinnt de phearsana aitheanta Spórt RTÉ agus ba é comórtas na 6 Náisiún an t-am deiridh ag Tom McGurk agus George Hook ar chlár rugbaí de chuid RTÉ. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo as a gcuid blianta fada fónaimh.

Tharla i rith na bliana 2015 go bhfuair duine de na craoltóirí is mó a thaitin le daoine sa tír, Bill O'Herlihy, bás. Níl craoltóir ar bith eile a bhí i lár an aonaigh chomh minic ar oiread de na laethanta spóirt is fearr a bhí in Éirinn. Méala mór é a bheith imithe uainn; is beag duine a raibh oiread den nádúr iontu, oiread scóip iontu agus oiread uaisleachta.

Tar éis tréimhse mhór athraithe, tháinig forbhairt shuntasachar RTÉ Radio 1 agus RTÉ 2fm i rith na bliana 2015.

Tháinig forás faoi Radio 1 ó thaobh líon na ndaoine ar tarraingíodh a n-aird agus an sciar den lucht féachana a mealladh i rith na bliana agus tá an stáisiún ar an bpríomhfhóram don phlé agus don díospóireacht phoiblí sa tír gach lá. Rinneadh athruithe maidir le cláir nuachta mhórthábhachta, seoladh *The Ray D'Arcy Show* agus *The Ryan Tubridy Show*, forbairtí tábhachtacha i sceideal athchóirithe a raibh *Today with Sean O'Rourke* tugtha isteach ann cheana féin. An tráth céanna, fágann an borradh faoi líon na mban atá ar an aer gurb é Radio 1 anois an stáisiún craolta ar a bhfuil na láithreoirí mná is mó le rá in Éirinn (Marian Finucane, Miriam O'Callaghan, Claire Byrne agus Mary Wilson).

Spreag an tionscnamh *Road to the Rising,* a d'eagraigh RTÉ Luan Cásca le Radio 1 an tsamhlaíocht ag na céadta míle duine, ar an aer agus ag an ócáid phoiblí ollmhór i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ina réamhócáid thábhachtach maidir le ceiliúradh céad bliain an Éirí Amach sa bhliain 2016.

Cuireadh athrú suntasach ar an sceideal ó Luan go hAoine ar 2fm i rith na bliana 2015: nuair a tháinig Ryan Tubridy ar ais go dtí Radio 1, tapaíodh an deis le hathleagan amach a thabhairt ar sceideal lár na maidine ar 2fm agus teacht i dtír níos mó ar an rath a bhí ar chláir nuabhunaithe de leithéid *Breakfast Republic* agus *The Nicky Byrne Show with Jenny Greene*. Ghnóthaigh gach clár acu sin ardú suntasach i líon an lucht éisteachta, chomh maith le moladh ón lucht critice, agus bhris 2fm an nós seanbhunaithe i measc stáisiúin náisiúnta raidió trí rogha eile a chur ar fáil do lucht éisteachta raidió seachas clár cainte ar maidin.

Ag teacht leis an straitéis nua Gaeilge atá ag RTÉ agus ag tapú an deis an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga, d'oibrigh 2fm i gcomhar le Conradh na Gaeilge chun dlúthdhiosca a chur amach d'amhráin le ceoltóirí mór le rá ag canadh a gcuid amhrán i nGaeilge. Bhí trácht go forleathan ar an dlúthdhiosca in Éirinn agus thar lear. Rinne Ed Sheeran taifeadadh i nGaeilge ar an amhrán *Thinking Out Loud* nó *Ag Smaoineamh Os Ard* mar atá ar an leagan seo. Rinneadh seó na gcairteacha náisiúnta a athsheoladh mar chlár dhátheangach á chur i láthair ag Bláthnaid Treacy, láithreoir nua ar 2fm.

Lean RTÉ d'fheabhsú agus de leathnú na seirbhísí digiteacha i rith na bliana 2015. Bhí tóir ar an toirt ar leagan leasaithe d'aip RTÉ News Now do ghléasra soghluaiste agus tháinig ardú suntasach ar an líon íoslódail agus ar an úsáid a déanadh air. Ba thréimhse thábhachtach pleanála an bhliain 2015 freisin maidir leis an athdhearadh ar RTÉ.ie agus ar sheinnteoir an RTÉ Player. Beidh athchóiriú mór á thabhairt i gcrích orthu sin i rith na bliana 2016.

Ba bhliain ríshuntasach an bhliain 2015 ag Saorview nuair a a chuaigh sé chun tosaigh ar Sky i rith an fhómhair, ionas gurb é Saorview anois an t-ardán teilifíse is mó sa tír. De réir na bhfigiúirí neamhspleácha is deireanaí, tá Saorview anois ag 676,000 teaghlach. Nuair a chuirtear na hathruithe móra chun feabhais atá le teacht i rith na bliana 2016 san áireamh, maidir le Saorview Connect, tá go leor den rath i ndán maidir le teilifís saor go haer in Éirinn.

Lean RTÉ, i rith na bliana 2015, den bhreithniú ar na roghanna is fearr ó thaobh gnóthaí tráchtála maidir le sócmhainní talún i nDomhnach Broc agus in áiteanna eile a dhiúscairt agus a chur chun tairbhe. Tar éis tailte i mBaile Átha Luain a dhiúscairt i rith na bliana 2015, tá roghanna á meas i rith na bliana 2016/2017 maidir leis an luach a bheadh le cuid den láthair i nDomhnach Broc, nach mbaintear an leas is mó as, a dhiúscairt. Cé go bhfuil i gceist ag RTÉ fanacht ar an gcampas ar a bhfuiltear faoi láthair, tharla le blianta beaga, mar a tharla do chuid mhór eagraíochtaí, nach ndearnadh infheistíocht mar ba mhaith linn san infreastruchtúr caipitil in RTÉ. Chuirfí an fáltas nó an sreabhadh airgid ó aon talamh a dhiúscairt nó ó aon teacht isteach tráchtála ón talamh, in úsáid maidir le caipiteal fadtéarmach agus infheistíocht i gcúrsaí digiteacha a bhfuil bunriachtanas leis más le RTÉ leanúint ag freastal do riachtanais athraitheacha na ndaoine. Cuirfear an chomhairle dheiridh faoi na roghanna chun luach a bhaint amach agus faoin bhforbairt san am atá romhainn ar áiseanna RTÉ ar an láthair faoi bhráid Bhord RTÉ lena meas i rith na bliana 2016.

Is ábhar áthais dom a lua gur tháinig forás maith ar ghnóthachtáil tráchtála RTÉ i rith na bliana de réir mar a tháinig borradh faoin mbiseach ar chúrsaí eacnamaíochta go ginearálta i rith na bliana 2015. Tháinig ardú 4% ar ioncam tráchtála iomlán RTÉ sa bhliain 2015. Is féidir an t-ardú sin a chur i leith chúrsaí feidhmiúcháin maidir le fógraíocht agus urraíocht i réimsí na teilifíse, an raidió agus ghnóthaí digiteacha den chuid is mó. Tháinig an forás 2% ar an ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht ar theilifís RTÉ i rith na bliana 2015 an tráth céanna ar géaraíodh ar an iomaíocht nuair a tháinig iomaitheoir Éireannach eile (UTV Ireland) isteach ar an margadh agus nuair a cuireadh arís le líon na gcainéal ón Ríocht Aontaithe, níos mó ná 40 faoin tráth seo, atá ag díol am fógraíochta ar mhargadh na hÉireann. Tháinig forás 9% ar ioncam Raidió RTÉ agus cruthaíodh níos fearr ná lán an mhargaidh ar an meán. Is féidir an toradh chun feabhais sin a chur i leith sceideal i bhfad níos sainiúla ar 2fm den chuid is mó, chomh maith le toradh feidhmiúcháin an-mhaith maidir le Radio 1. Tá forbairt i gcónaí ar an ioncam fógraíochta

**Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis na hathruithe suntasacha a tugadh isteach i rith tréimhse a bhí anróiteach ag gach eagraíocht de na meáin chumarsáide.**

**Ní hé go bhfuil RTÉ ag éileamh go gcuirfí ualach breise ar theaghlaigh na hÉireann, táthar ag iarraidh go ndéanfaí leasú stuama ar chóras nach bhfuil oiriúnach feasta don chuspóir nó ag teacht le nósanna na linne seo maidir leis na meáin chumarsáide a thapú.**

agus urraíochta maidir leis na réimsí digiteacha agus ba mhaith an toradh an forás 17% ar mhargadh a raibh iomaíocht an-ghéar ann arís eile.

Ábhar díomá go raibh an teacht isteach ó tháille an cheadúnais teilifíse, lena mbaineann níos mó ná 50% de theacht isteach iomlán RTÉ, a bheag nó a mhór gan athrú ón mbliain 2014. Tá laghdú €22 milliún, i.e. 11%, tagtha ón mbliain 2008 ar an ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ tríd an maoiniú poiblí, mar gheall ar chiorruithe i ndiaidh a chéile.

Ainneoin tuarascálacha neamhspleácha ina dtugtar le fios go bhfuil gá ag RTÉ le maoiniú poiblí breise chun na dualgais seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, níl aon dul chun cinn déanta go fóill maidir le hathchóiriú ar chóras an cheadúnais teilifíse atá faoin tráth seo ar cheann de na córais is mí-éifeachtaí in áit ar bith san Eoraip.

Nuair atá an ráta seachanta ag leibhéal 14% faoi seo, agus 8% de na teaghlaigh a áitíonn nach bhfuil teilifíseán iontu, chomh maith le costais bailiúcháin an-ard ag An Post, tá níos mó ná €40 milliún in aghaidh na bliana á chailleadh ag RTÉ, ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus ag earnáil na léiritheoirí neamhspleácha.

Faoin tráth seo, tá an teip leasú a dhéanamh ar chóras na táille ceadúnais ar an mbaol is mó d'inmharthanacht fhadtéarmach RTÉ agus earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, agus d'aon deis foráis.

Is cúis áthais dom a lua gur chruthaigh RTÉ brabús maith oibriúcháin sa bhliain 2015 le EBITDA ab ionann agus €14 milliún. Tháinig an brú dosheachanta a bhí i ndán maidir le costais i gcrích i rith na bliana 2015, ina measc an brú a d'eascair as neartú na rátaí airgeadra USD agus GBP. B'ionann an toradh chun dochair iomlán maidir le hathrú ó thaobh airgeadra iasachta i rith na bliana agus €2.6 milliún, ní a raibh baint mhór aige leis an Easnamh Glan tar éis Cánachais ab ionann agus €2.8 milliún. Ar na tosca eile a bhí leis sin, bhí nár tháinig ardú ar bith ar an maoiniú poiblí.

Sa bhliain 2016, mar gheall ar an infheistíocht bhreise i gcláir a mheastar a bheith i gceist le hócáidí speisialta, beidh easnamh pleanáilte i gceist ag RTÉ don bhliain, agus tiocfar ar ais ar an gcoibhéis airgid, nó gar don choibhéis airgid, a bhaint amach sa bhliain 2017. Sonraíodh an infheistíocht bhreise seo i gcláir sa bhliain 2016 go soiléir i Straitéis Cúig Bhliana RTÉ, faoi mar a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Craolacháin agus an Rialtais sa bhliain 2013 mar chuid den athbhreithniú cúig bhliana faoin reachtaíocht ar leordhóthanacht na gcistí poiblí.

Is soiléir anois, áfach – i bhfianaise an laghdú costais a baineadh amach in RTÉ ón mbliain 2008 anuas; tosca bolscaireachta intuartha a chuireann isteach ar thionscal na teilifíse agus ar an eacnamaíocht go ginearálta araon; agus an teorainn atá leis an bhforás tráchtála a d'fhéadfadh a theacht ar RTÉ (mar a shonraítear go mion i dtuarascáil Indecon arna fhoilsiú sa bhliain 2015 ag an DCENR) – go bhfanfaidh RTÉ faoi shrianta airgeadais agus nach bhféadfaidh RTÉ infheistíocht a dhéanamh in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha ná na gealltanais maidir le seirbhís phoiblí a thabhairt i gcrích, mura ndéantar dul chun cinn de chineál éigin maidir le córas na cistíochta poiblí a leasú.

Déanann RTÉ, nuair a bhíonn i mbarr feabhais, an beart is fearr i ndáil leis an iliomad dúshlán a chuirtear romhainn sa ré dhigiteach. Bíonn 96% de mhuintir na hÉireann, gach seachtain den bhliain, a thapaíonn seirbhís nó eile de sheirbhísí RTÉ. Ina ainneoin sin, más linn forás a dhéanamh san am atá romhainn agus bheith inár gcrann taca, mar ba mhian linn agus mar ba cheart dúinn, ag eacnamaíocht na cruthaitheachta in Éirinn, ní mór maoiniú mar is cóir a dhéanamh ar RTÉ. Ní hé go bhfuil RTÉ ag éileamh go gcuirfí ualach breise ar theaghlaigh na hÉireann, táthar ag iarraidh go ndéanfaí leasú stuama ar chóras nach bhfuil oiriúnach feasta don chuspóir nó ag teacht le nósanna na linne seo maidir leis na meáin chumarsáide a thapú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a rá gurbh mhór an phribhléid dom a bheith i gceannas ar RTÉ le cúig bhliana anuas. Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis na hathruithe suntasacha a tugadh isteach i rith tréimhse a bhí anróiteach ag gach eagraíocht de na meáin chumarsáide.

Eagraíocht faoi leith atá in RTÉ a gcuirtear cuspóir faoi leith roimhe agus a leagtar cúram faoi leith air. Tionscadal a bheidh ann i gcónaí le feabhsú, le cóiriú agus le hathnuachan. Ach is í mo thuairim mheáite, má leantar den chóiriú, den athrú agus, an ní is tábhachtaí, de fhreastal ar an lucht féachana agus éisteachta, go mbeidh RTÉ i gcónaí ina cuid lárnach buntábhachtach den saol in Éirinn.



**Noel Curran**
Príomh-Stiúrthóir RTÉ

# Athbhreithniú Airgeadais

## Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

Lean RTÉ de Bhrabús Oibriúcháin maith a ghnóthú i rith na bliana 2015 le EBITDA (Tuilleamh roimh Ús, Cánachas, Dímheas agus Amúchadh) €14 milliún (2014 €16.3 milliún). Cé go raibh an forás a tháinig ar eacnamaíocht na hÉireann go ginearálta ina bhonn treise faoi bhliain eile de bhiseach ar an teacht isteach ó ghnóthaí tráchtála, b'ábhar buartha go raibh an teacht isteach ó tháille an cheadúnais teilifíse mar a chéile a bheag nó a mhór leis an mbliain 2014. Tar éis laghdú suntasach níos mó ná 30% a thabhairt i gcrích maidir le costais oibriúcháin ón mbliain 2008 go dtí an bhliain 2013, tháinig an brú dosheachanta ar chostais i rith na bliana 2015, lena n-áirítear an tionchar chun dochair a bhí ag rátaí tréana maidir leis an USD agus an GBP ar na costais a ndéantar a mbunú ar an dá chineál airgeadra sin. B'ionann iomlán an tionchar chun dochair a bhí ag airgeadra iasachta ar thorthaí 2015 RTÉ agus €2.6 milliún. Thuairiscigh RTÉ Easnamh Glan tar éis an Chánachais ab ionann agus €2.8 milliún (2014 Barrachas Glan tar éis Cánachais €0.2 milliún), suim a dtugtar muirear cánachais iarchurtha de €0.5 milliún san áireamh léi.

## Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

| | 2015 €m | 2014 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam Tráchtála | 155.4 | 149.6 | 5.8 |
| Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse | 178.9 | 178.6 | 0.3 |
| Ioncam Iomlán | 334.3 | 328.2 | 6.1 |
| Costais Oibriúcháin* | (320.3) | (311.9) | (8.4) |
| **EBITDA **** | **14.0** | **16.3** | **(2.3)** |
| Dímheas & Amúchadh | (14.2) | (13.6) | (0.6) |
| Gnóthachan ar Shócmhainní a Dhiúscairt | 0.6 | - | 0.6 |
| Costas Glan Airgeadais | (2.7) | (1.8) | (0.9) |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh Chánachas** | **(2.3)** | **0.9** | **(3.2)** |
| Cáin | (0.5) | (0.7) | 0.2 |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain** | **(2.8)** | **0.2** | **(3.0)** |

* Costais Oibriúcháin roimh Dhímheas
**EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cánachas, Dímheas agus Amúchadh

## Ioncam Tráchtála

Bhí ioncam tráchtála na bliana 2015, €155.4 milliún, 4% níos airde ná ioncam na bliana 2014 agus ba é an forás ginearálta ó thaobh na heacnamaíochta ba bhun leis sin. Gnóthachtáil mhaith maidir le fógraíocht agus urraíocht ó thaobh na teilifíse, an raidió agus na meán digiteach de ba chúis, den chuid is mó, leis an bhforás ar an ioncam. Fógraíocht agus urraíocht teilifíse an fhoinse is mó maidir le hioncam tráchtála agus 57% d'ioncam tráchtála uile RTÉ i gceist leis i rith na bliana. Sa bhliain 2015, tháinig an forás 2% ar an ioncam ó fhógraíocht agus urraíocht teilifíse tráth a raibh iomaitheoir nua de chuid na hÉireann féin (UTV Ireland) ar an margadh agus líon níos mó de chainéil idirnáisiúnta a mbíonn fógraíocht na hÉireann orthu, níos mó ná 40 cainéal faoin tráth seo. Tháinig forás 9% ar an ioncam ó ghnóthaí raidió ionas gur chruthaigh raidió RTÉ níos fearr ná an chuid eile den mhargadh. Tháinig an toradh chun feabhais sin mar gheall, den chuid is mó, ar fheabhas maidir le 2fm agus na réimsí nua béime maidir leis an gcainéal sin ag sásamh an lucht éisteachta, na ngníomhaireachtaí fógraíochta agus na ngnólachtaí fógraíochta féin. Bhí toradh maith an tráth céanna ar an saothar maidir le RTÉ Radio 1. Leanadh den fhorbairt ar ioncam fógraíochta agus urraíochta ó na réimsí digiteacha agus ba rímhaith an toradh forás 17% i leith na bliana san earnáil sin a raibh, arís eile, iomaíocht an-ghéar ag baint léi. Cé go bhfuil borradh nádúrtha faoin margadh féin, tá deacrachtaí leanúnacha ag baint le hathrú ar mhodhanna oibre an mhargaidh i ndáil le hardáin trádála uathoibríocha agus an brú dá réir ar phraghsanna. Tháinig ardú ar ioncam RTÉ maidir le cainéil agus seirbhísí a dháileadh ach tháinig ísliú i ndáil leis an díol ar dhlúthdhioscaí agus ar dhioscaí DVD de réir mar atá claochlú ag tarlú ar an margadh sin agus na ceannaitheoirí ag tapú roghanna digiteacha eile níos minice ná riamh.

| | 2015 v 2014 Athrú €m | Athrú % |
|---|---|---|
| Fógraíocht & Urraíocht Teilifís | 1.8 | +2% |
| Fógraíocht & Urraíocht Raidió | 1.9 | +9% |
| Ioncam RTÉ Digiteach | 1.1 | +17% |
| Ioncam Eile, Ábhar Digiteach san áireamh | 1.0 | +3% |
| **Gluaiseacht le himeacht na bliana** | 5.8 | 4% |
| Ioncam Tráchtála 2014 | 149.6 | |
| **Ioncam Tráchtála 2015** | 155.4 | |

Tá ábhar dóchais i ndáil leis an mbliain 2016 san fhorás leanúnach seo ar an ioncam tráchtála i rith na bliana 2015 ach is ceart a thabhairt chun aire go bhfuil ioncam tráchtála na bliana 2015, €155.4 milliún, 35% níos ísle ná leibhéal na bliana 2008, €240 milliún.

## Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Bailíonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) an t airgead maidir le ceadúnais teilifíse atá dlite, ón Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) (i ndáil le ceadúnais teilifíse "saor in aisce") agus ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) araon, agus ansin tugann an Roinn deontas i gcabhair do RTÉ.

As an €214 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2015, tháinig €178.9 milliún, i.e. 84% go díreach chuig RTÉ, ag teacht go dlúth le leibhéal na bliana 2014 de €178.6. I bhfianaise feabhas ginearálta ar chúrsaí eacnamaíochta agus an méadú ar líon na dteaghlach nua a cruthaíodh, b'ábhar díomá an toradh sin. Leagtar amach faoin gceannteideal 'An Úsáid a baineadh as gach Táille Ceadúnas Teilifíse' an úsáid a bhaintear as an táille ón gceadúnas le infheistíocht á dhéanamh ar 79% d'iomlán na dtáillí ceadúnais i seirbhísí agus i mbeartaíocht RTÉ agus an 21% fuílligh ar Bhearta Neamh-RTÉ, lena n-áirítear Ciste Fuaime agus Físe BAI, an asbhaint agus an cúnamh a bhaineann le TG4 agus na táillí bailiúcháin a íoctar le An Post.

De réir mar atá ríofa ag DCENR, tá an leibhéal seachanta cothrom le 14% (2015) de na teaghlaigh agus de na háitribh ghnó a mbeadh an táille le gearradh orthu, ráta atá ard i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip. Tá an leibhéal seachanta in Éirinn níos mó ná trí oiread an ráta sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais i dtíortha eile san Eoraip. Tá An Post, an Roinn agus RTÉ ag obair i gcomhar d'fhonn an leibhéal seachanta a ísliú agus tá sin ar na bearta príomhthábhachta arís eile i ndáil leis an mbliain 2016.

Ábhar buartha eile an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil teilifíseán acu, figiúr a bhfuil méadú ag teacht air go mall réidh, ach go seasta, le blianta beaga anuas de réir an *Nielsen Establishment Survey*. De réir mar atá athrú i gcónaí faoi na modhanna ina dtapaítear ábhar na meán

cumarsáide, is lú a thiocfaidh táille an cheadúnas teilifíse leis an gcaoi a dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá sin ar an gcúis is mó leis an athbhreithniú agus leis an athrú atá á thabhairt isteach i ndáil leis an gcóras i dtíortha eile, ionas gur táille maidir leis na meáin chumarsáide atá ann seachas táille a bhaineann le gléas de chineál faoi leith.

Tá laghdú €22 milliún, i.e. 11%, tagtha ón mbliain 2008 i leith ar an ioncam ó tháillí Ceadúnais Teilifíse a fhaigheann RTÉ trí chistíocht phoiblí mar gheall ar bhearta eile trína laghdaítear an ciste atá ar fáil. Áirítear ar na bearta sin páirtmhaoiniú a dhéanamh ar TG4 díreach ó tháille an cheadúnas teilifíse, maoiniú breise ar Chiste Fuaime agus Físe an BAI, an t-uasteorainn airgid a tugadh isteach i ndáil leis an tsuim a bhíonn le fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le táillí do cheadúnais 'saor in aisce', agus an laghdú is deireanaí de €5 milliún faoin mBuiséad Náisiúnta 2014 ar an tsuim iomlán de chistíocht phoiblí a fuarthas.

Fáiltíonn RTÉ roimh an moladh a rinne an tÚdarás Craolacháin le gairid, mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar an gcistíocht do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí, gur cheart coigeartú a dhéanamh maidir leis an maoiniú poiblí chun dul i ngleic leis an leibhéal easnamhach cistíochta a fhaigheann RTÉ faoi láthair ionas gur féidir na cuspóirí mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí a thabhairt i gcrích. Is fiú a thabhairt chun aire go mbeadh an t-easnamh glan a thuairiscigh RTÉ i ndáil leis an mbliain 2015 tugtha isteach dá mbeadh déanta de réir mholadh an Údaráis Craolacháin maidir le hardú ar an maoiniú poiblí.

## Costais Oibriúcháin

Tar éis ísliú suntasach níos mó ná 30% a thabhairt i gcrích maidir leis an gcostas oibriúcháin idir an bhliain 2008 agus an bhliain 2013, bhí i ndán go dtiocfadh brú dosheachanta ar chostais, go háirithe maidir le costas oibriúcháin i ndáil le cúrsaí pearsanra. Bhí Costas Oibriúcháin Iomlán na bliana 2015 cothrom le €320.3 milliún, ardú €8.4 milliún, i.e. 2.7%, i gcomórtas leis an mbliain 2014. Ina ainneoin sin, bhí costas oibriúcháin na bliana 2015 27% níos ísle ná leibhéil na bliana 2008.


| | 2015 v 2014 Athrú €m |
|---|---|
| Costas Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Pearsanra | 11.3 |
| Costas Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Neamhphearsanra | (2.9) |
| Gluaiseacht in imeacht bliana | 8.4 |
| Costas Oibriúcháin 2014 | 311.9 |
| **Costas Oibriúcháin 2015** | 320.3 |

Ardú ar na Costais Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Pearsanra is mó ba chionsiocair leis an ardú ar an gcostas oibriúcháin i rith na bliana 2015, mar is léir ón tábla thuas. Tháinig ardú ar líon na bhfostaithe i rith na bliana 2015 (féach Líon na bhFostaithe thíos) tar éis cúngú suntasach níos mó ná 20% ar líon na foirne idir an bhliain 2008 agus 2013. Chuidigh an t-ardú le breis táirgíochta maidir le hiriseoireacht fiosrúcháin, cláir fíorasacha agus ábhar agus seirbhísí digiteacha. Chomh maith leis sin, thángthas ar réiteach leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn faoi chiorruithe deonacha pá ar ghlac lucht na foirne leo sa bhliain 2009 agus a bhí i réim ó shin, a chur ar ais mar a bhí. Ar bhonn céimnithe idir 2015 agus 2017 a dhéanfar sin.

Ba é ba mhó ba shiocair leis an ísliú ar Chostais Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Neamhphearsanra i rith na bliana 2015 an laghdú ar chostais cóipchirt i gcomparáid leis an mbliain 2014, nuair a bhí Corn an Domhain le cur san áireamh.

D'fhág neartú airgeadra an USD agus airgeadra an GBP araon i rith na bliana 2015 gur ardaigh na costais a luaitear iontu sin, an costas maidir le cláir ceannaithe san áireamh, agus bhí ardú iomlán €1.6 milliún i rith na bliana a tháinig dá bharr. Tionchar eile a bhí ag airgeadra iasacht i rith na bliana ab ea caillteanas ar luach cothrom €1 milliún maidir le díorthaigh chonarthaí réamh-mhalairte (USD agus GBP) mar gheall ar athruithe ar rátaí malartaithe, agus tugtar sin san áireamh sa chostas airgeadais.


Costais Oibriúcháin RTÉ €m 2008 - 2015




## Líon na bhFostaithe

B'ionann líon an bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2015 agus 1,978 (2014: 1,899) agus bhí 285 (2014: 297) acu sin a mba fostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach iad. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha an 31 Nollaig 2015 agus 1,833 (2014: 1,745). Léirítear sa chairt thíos an briseadh síos ar líon na bhfostaithe an 31 Nollaig 2015 de réir Rannóga Gnó Comhdhlúite (IBD).

Líon na bhFostaithe




## Costas Glan Airgeadais

Bhí muirear glan airgeadais €2.7 milliún i gceist sa bhliain 2015 i gcomórtas le muirear glan airgeadais €1.8 milliún sa bhliain 2014, mar seo a leanas:

B'ionann an Costas Airgeadais iomlán sa bhliain 2015 agus €2.8 milliún i gcomórtas le costas €4.0 milliún sa bhliain 2014, mar gheall ar na tosca seo a leanas:

- Ús le híoc €1.5 milliún, ús maidir le costais athstruchtúraithe san áireamh (2014: €4.0 milliún);
- Caillteanas ar luach cothrom a d'eascair as díorthaigh chonarthaí réamh-mhalairte (Dollar SAM agus Steirling) dar luach €1.0 milliún (tharla gnóthachan €1.4 milliún sa bhliain 2014); agus
- Costas glan úis ab ionann agus €0.3 milliún i ndáil leis an dliteanas pinsin IAS 19 (2011) (2014: ioncam glan úis €0.4 milliún).

B'ionann an t-ioncam airgeadais sa bhliain 2015 agus €0.1 milliún, i gcomórtas le hioncam airgeadais €2.2 milliún sa bhliain 2014 lenar bhain gnóthachan ar luach cothrom a d'eascair as díorthaigh chonarthaí réamh-mhalairte (Dollar SAM agus Steirling) dar luach €1.4 milliún agus ioncam glan úis ab ionann agus €0.4 milliún i ndáil leis an dliteanas pinsin IAS 19 (2011) scéim pinsin shochair shainithe.

### Cúrsaí Cánachais

Tharla muirear cánachais €0.5 milliún sa bhliain 2015 mar gheall ar mhuirear cánach iarchurtha (2014 creidmheas cánach €0.7 milliún) a tháinig i gceist mar gheall ar éagsúlacht ó thaobh tráthanna a ndearnadh liúntais caipitil a éileamh agus muirear maidir le dímheas a ghearradh.

### Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí

B'ionann iomlán na n-acmhainní airgid thirim ar an 31 Nollaig 2015 agus €25.7milliún (2014: €24.7 milliún). Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2015 a leagan amach mar seo a leanas:

| Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid | 2015 €m | 2014 €m |
|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas na bliana | **(3)** | 0 |
| Gluaiseacht maidir le caipiteal oibre agus coigeartú i ndáil le míreanna neamhairgid | **12** | 3 |
| Sreabhadh airgid glan ó Bhearta Oibriúcháin | **9** | 3 |
| Beartaíocht infheistíochta – caipiteal glan ar dhiúscairt | **(7)** | (6) |
| Sreabhadh airgid maidir le cúrsaí Airgeadais: | | |
| - Iasachtaí (ar tarraingíodh anuas lúide aisíocaíochtaí) | **1** | (2) |
| - Gluaiseacht i gCuntas an Chiste Fiachmhúchta | **-** | 4 |
| - Ús a íocadh | **(2)** | (2) |
| Sreabhadh airgid glan maidir le cúrsaí cistíochta | **(1)** | 0 |
| **Ardú/(Ísliú) glan maidir le hAirgead tirim agus infheistíocht i sócmhainní leachtacha** | **1** | (3) |

I bhfianaise ar tháinig de bhrú ar chúrsaí eacnamaíochta ón mbliain 2008 i leith, tá béim níos géire ar an mbainistíocht ar airgead tirim agus ar chistíocht. Bhí an bhéim air sin i rith na bliana 2015 arís ar cheann de na gnéithe barrthábhachta maidir leis an mbainistíocht airgeadais, d'fhonn a dheimhniú go raibh sreabhadh leordhóthanach airgid ar fáil.

Tá an-tábhacht don eagraíocht freisin le socruithe agus saoráidí baincéireachta RTÉ chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na saoráidí. Beidh buntábhacht i gcónaí don bhliain 2016 leis an mbéim seo ar chúrsaí cistíochta.

Ar an 31 Nollaig 2015, bhí iasachtaí bainc ag RTÉ dar luach iomlán €50.6 milliún (€49.4 milliún ar an 31 Nollaig 2014), mar seo a leanas:

- D'aontaigh RTÉNL (t/a 2rn), fochuideachta tarchuradóireachta RTÉ, comhaontú saoráide iasachta maidir le ciste airgeadais tionscadail le Barclays Bank sa bhliain 2010 mar chuid den mhaoiniú don infreastruchtúr tarchuradóireachta agus dáiliúcháin a theastaigh don tionscadal maidir le Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT). Rinneadh athchistiú dar luach €40 milliún ar an tsaoráid sin i rith na bliana 2014. agus tá sin ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2015. Rinneadh saoráid iasachta sa bhreis air sin, dar luach €13 milliún a shocrú chomh maith i rith na bliana 2014, agus bhí €5 mhilliún de sin tarraingte anuas ar an 31 Nollaig 2015.
- Tarraingíodh anuas saoráid iasachta Bhanc na hÉireann ar an 31 Iúil 2012 agus sin le híoc ar ais i rith tréimhse 5 bhliana le €5.6 milliún ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2015.

### Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Is é Bord RTÉ a leagann síos polasaithe cistíochta an Ghrúpa, ar a n-áirítear ionstraimí airgeadais, bainistíocht ar airgead tirim, riosca maidir le rátaí úis, riosca maidir le malartú eachtrach, riosca leachtachta agus riosca creidmheasa maidir le frithpháirtithe. Leagtar amach iad sin i Nóta 22 leis na ráitis airgeadais.

### Caiteachas Caipitil

Cé go mb'airde caiteachas caipitil na bliana 2015 ná mar a bhí sa bhliain 2014, bhí gá srian a chur air ionas gur caomhnaíodh an riocht leachtachta. B'ionann caiteachas caipitil iomlán RTÉ i rith na bliana 2015 agus €8.3 milliún (2014: €6 milliún). Tháinig san áireamh leis sin an infheistíocht leanúnach i dtrealamh agus in infreastruchtúr stiúideo HD, uasghrádú ar Stiúideo 3 agus Stiúideó 4 san áireamh, chomh maith le caiteachas ar chórais snáithín agus ciorcaid a fheabhsú, teicneolaíocht freastalaithe comhad, tionscnaimh dhigiteacha agus infreastruchtúr. Leanadh den bhéim ar an infheistíocht leanúnach in infreastruchtúr craolacháin DTT agus i dtionscnaimh athnuachana maidir leis na córais tarchuradóireachta.

I rith na bliana 2015, dhíol RTÉ talamh i mBaile Átha Luain, nach raibh in úsáid, chomh maith leis an sciar de na scaireanna i Telegael Teoranta, agus gnóthaíodh €0.6 milliún maidir le sócmhainní a dhiúscairt.

### Cúrsaí Rialála

Tar éis Athbhreithniú Cúig Bhliana maidir leis an gCistíocht Phoiblí, d'éiligh an Rialtas go bhfoilseodh RTÉ polasaithe agus nósanna imeachta foirmeálta maidir leis an mbeartaíocht seirbhíse poiblí agus an bheartaíocht tráchtála a dheighilt óna chéile. Tar éis comhairle a ghlacadh leis an Údarás Craolacháin, d'fhoilsigh RTÉ leagan leasaithe den Pholasaí agus na Gnáis Oibre maidir le Trádáil Chóir i mí Feabhra 2016. Leagtar creatchóras amach sa cháipéis leasaithe atá bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Deighilt ghlan idir an bheartaíocht tráchtála agus an tseirbhís phoiblí
- Trádáil chothrom de réir phrionsabail an mhargaidh
- Follasacht agus freagracht

D'fhonn breis follasachta a bheith ag baint leis an deighilt idir an bheartaíocht tráchtála agus an bheartaíocht seirbhíse poiblí, tá atheagar i rannóg nua tráchtála curtha ag RTÉ ar an mbeartaíocht tráchtála, seachas an chuid a ndearnadh a ndealú cheana faoi scáth 2rn, le héifeacht ón 1 Eanáir 2016. D'fhonn treisiú le cúrsaí maoirseachta agus freagrachta, tá fochoiste de chuid Bhord RTÉ curtha ar bun, an Coiste maidir le Trádáil Chóir, Oifigeach Cóir-Thrádála ceaptha, chomh maith le Nós Imeachta maidir le Gearáin a fhoilsiú.

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), roimhe seo, RTÉ agus 2rn mar chomhlachtaí a bhfuil cumhacht suntasach sa mhargadh (SMP) acu sna margaí a bhaineann le seirbhísí tarchuradóireachta agus dáiliúcháin a chur ar fáil do chraoltóirí raidió agus don oibritheoir Ilphléacs DTT agus iarsholáthar seirbhísí Ilphléacs DTT do chraoltóirí. D'fhág an cinneadh go leagtar dualgais áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus ar 2rn (Margadh A). Ní fhacthas do ComReg cúis

ar bith, faoi réir ag athbhreithniú ar Mheánchostas Ualaithe an Chaipitil (WACC), le haon bheart a dhéanamh i ndáil leis na táillí sealadacha a bhí beartaithe ag RTÉ agus ag 2rn a chur i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2014. Thug ComReg an t-athbhreithniú maidir le WACC chun críche agus d'eisigh Fógra Eolais ar an 16 Eanáir 2015 ina luaitear:

- go meastar gur críochnúil anois na táillí a bhí i bhfeidhm anuas go dtí an 31 Márta 2014;
- go meastar freisin gur críochnúil na táillí ón 1 Aibreán 2014 anall tar éis coigeartú a oibriú maidir leis an gcostas nua ar chaipiteal mar a cuireadh sin in iúl tar éis an athbhreithniú maidir le WACC.

Rinneadh Cuntais Dheighilte lena mbaineann Cuntais Rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le Buncháipéisíocht Cuntasaíochta a fhoilsiú de réir na gcoinníollacha faoin rialáil.


## Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaithe: Scéim Pinsin le Sochair Shainithe (DB), Scéim Pinsin le Ranníocaíochtaí Sainithe (DC) agus Scéim Hibrideach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

### Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníoca, le sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim ón mbliain 1989 i leith. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí 229 fostaí ag RTÉ (236 fostaí ar an 31 Nollaig 2014) a bhí ina gcomhaltaí de Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Ar an 31 Nollaig 2015, b'ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €995 milliún (2014: €981 milliún). B'ionann dliteanais na Scéime ar an 31 Nollaig 2015, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le Sochair Fostaithe (2011), agus €952 milliún (2014: €1,000 milliún). Mar a éilítear de réir IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanais na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin riocht airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €43 milliún i leith na Scéime ar an 31 Nollaig 2015 nuair is dliteanas €19 milliún a tuairiscíodh ar an 31 Nollaig 2014. Is é ba mhó ba shiocair leis an athrú seo ó dhliteanas go dtí gur sócmhainn atá á lua an t-ardú maidir leis an ráta lascaine a úsáidtear chun luach na ndliteanas a ríomh (rud a léiríonn an t-ardú a tháinig i rith na bliana ar an ngnóthachtáil ar bhannaí corparáide) chomh maith le gnóthachtáil ar an infheistíocht i rith na bliana 2015 a bheith níos fearr ná an ráta a bhí á thuar.




Rinne achtúirí na Scéime riocht na Scéime a mheas freisin i ndáil le dliteanais arna n-áireamh de réir Thástáil Luachála Chaighdeán an Chiste Íosta (MFS). De réir mheastachán na n-achtúirí, b'ionann farasbarr na scéime ar an 31 Nollaig 2015 faoi thástáil MFS agus €80 milliún (2014: €22 milliún). Bhí, chomh maith leis sin, an coinníoll nua maidir le Caighdeán an Chúlchiste Cistíochta á shásamh i ndáil leis an Scéim ar an 1 Eanáir 2016. Ba thoradh chun sochair an dá ní sin don Scéim agus fágtar nach mbeidh gá cistíocht a bheartú i rith na bliana 2016.

### Scéim Pinsin Ranníoca RTÉ (DC)

Socrú ranníoca sainithe ranníocach maoinithe atá i Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ atá ar fáil do chomhaltaí nua ón mbliain 1989 i leith. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí 1,248 fostaí de chuid RTÉ (1,167 an 31 Nollaig 2014) ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ.

### Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ

Scéim mhaoinithe, ranníocach, hibrideach atá i Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo ar an 1 Meán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá ina theideal. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí 300 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (271 fostaí an 31 Nollaig 2014).

Ar an 31 Nollaig 2015, bhí luach €11.1 milliún ar an margadh le sócmhainní roinn DB na Scéime. B'ionann na dliteanais faoi IAS 19 i ndáil leis an roinn DB ar dháta an chláir comhardaithe agus €7.8 milliún, rud a fhágann barrachas €3.3 milliún (barrachas na bliana 2014: €1.8 milliún) a luaitear mar shócmhainn ar chlár comhardaithe RTÉ.

Tá barrachas ag baint le roinn DB na Scéime faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

## Cúrsaí Árachais

Coimeádtar coimirce árachais cuí in aghaidh réimse rioscaí inárachais ábhartha, lena n-áirítear mórthubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiaimh iomchuí.

## Imeachtaí Dlí

Tá RTÉ agus fochuideachtaí dá chuid ina bpáirtithe in imeachtaí éagsúla dlí agus tá éileamh i leith RTÉ nó fochuideachtaí dá chuid ag baint le roinnt acu sin cé nach bhfuiltear cinnte, an tráth seo, cén toradh a bheidh ar na himeachtaí. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle atá curtha air, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeadh drochthionchar fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, arna dtabhairt le chéile, ar riocht airgeadais, ar thorthaí ná ar leachtacht RTÉ.

## Tionchar RTÉ ar Eacnamaíocht na hÉireann

Go luath sa bhliain 2016, choimisiúnaigh RTÉ nuashonrú ar an tuarascáil neamhspleách a d'ullmhaigh PwC le roinnt blianta anuas ionas go leagtar amach an leas i ndáil le heacnamaíocht na hÉireann i rith na bliana 2015 a d'eascair ó RTÉ. Seo iad príomhthorthaí na hoibre mar a luaitear sa tuarascáil:

- As caiteachas oibriúcháin iomlán RTÉ sa bhliain 2015, ab ionann agus €320 milliún, d'fhabhraigh €277 milliún (87%) den chaiteachas sin le daoine agus soláthraithe in Éirinn.
- Bhí caiteachas RTÉ in Éirinn i rith na bliana 2015 €98 milliún sa bhreis ar an ioncam ó tháillí ceadúnais.
- Gan cánachas a áireamh, b'ionann cion RTÉ maidir leis an táirgeacht náisiúnta agus €331 milliún measta agus chuir RTÉ bonn taca faoi thuairim is coibhéis 3,500 post lánaimseartha ar fud eacnamaíocht na hÉireann.

- Bhí suim iomlán €77 milliún i gceist le ranníocaíochtaí cánachais RTÉ i rith na bliana 2015 nó, le comhthéacs a lua, chuaigh 43% den ioncam ó tháillí ceadúnais a fuair RTÉ sa bhliain 2015, i.e. €179 milliún, ar ais díreach chuig an Stát ina cháin.
- Chuir RTÉ €1.85 le heacnamaíocht na hÉireann, cánachas san áireamh, in aghaidh gach €1 a caitheadh ar tháillí maidir le ceadúnas teilifíse i rith na bliana 2015.

**Breathnú Romhainn**

Léiríonn an t-easnamh glan a thuairiscítear i ndáil leis an mbliain 2015, agus an tionchar mór a bhí air sin ag an gcostas a ghabh le rátaí airgeadra iasachta a neartú, cé chomh teann agus atá cúrsaí airgid go ginearálta ag RTÉ i gcónaí. Is barainní agus is éifeachtaí mar eagraíocht RTÉ anois ná mar a bhíodh, agus admhaítear sin i dtuarascálacha neamhspleácha. Cé go bhfuil ardú ag teacht in athuair ar an teacht isteach ó ghnóthaí tráchtála, tá géarú freisin ar an iomaíocht agus tá admhaithe nach bhfuil an leibhéal cistíochta poiblí leordhóthanach agus gur gá dul i ngleic leis an gceist sin.

Is é a fheictear romhainn i rith na bliana 2016, bliain d'imeachtaí speisialta, ina measc Olltoghchán agus Toghcháin chun Tionól Thuaisceart Éireann, Corn na hEorpa sa Sacar, na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha. Beidh, dá bharr sin, ábhar tréan á chur ar fáil, spéis an lucht féachana agus éisteachta spreagtha agus ardú ar na costais oibriúcháin.

Tá tosca tábhachtacha eile a ghoilleann ar chúrsaí airgeadais RTÉ i rith na mblianta atá romhainn agus nach mór bainistíocht chúramach a dhéanamh ina leith i rith na bliana 2016 agus amach sa mheántéarma:

- Tá roinnt comharthaí ann gur féidir a bheith dóchasach arís faoi fhorás a theacht faoi eacnamaíocht na hÉireann, rud a fhágann an iomaíocht níos géire i margadh fógraíochta na teilifíse go háirithe, nuair atá níos mó cainéil ón Ríocht Aontaithe ag teacht chun cinn gach bliain le rogha maidir le fógraíocht in Éirinn, agus gur géire an dúshlán a bhainfidh le hioncam tráchtála a ghnóthú.
- Níl an córas maidir le táille do cheadúnas teilifíse atá ar bun faoi láthair oiriúnach don chuspóir. De réir mar atá an modh ina dtapaítear na meáin faoi athrú i gcónaí, agus RTÉ ag leanúint den fhorfheabhsú agus den fhorás ar na seirbhísí digiteacha, is lú arís agus arís eile an ceangal a bheidh idir táille an cheadúnas teilifíse agus an modh ina dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá ráta na hÉireann maidir le táille an cheadúnas teilifíse a sheachaint ar cheann de na rátaí is airde san Eoraip agus an costas bailiúcháin ar cheann de na rátaí is airde chomh maith. Fágann neamhíoc amháin go gcailltear níos mó ná €25 milliún den airgead a bheadh ar fáil do chraoltóireacht seirbhíse poiblí gach bliain. Bheadh i ndán le leasú ar an gcóras maidir le táille ceadúnais don teilifís, tríd an nasc le teilifíseáin a scaoileadh, bunachair sonraí a fheabhsú agus a chónascadh agus an costas a ghabhann leis an mbailiúchán a ísliú, go gcruthófaí méid suntasach d'ioncam breise le hinfheistiú i meáin cumarsáide seirbhíse poiblí, gan cur ar bhealach ar bith leis an ualach ar an duine aonair ná ar an teaghlach.
- Tá riachtanas leanúnach le hathnuachan agus nuachóiriú sa ré dhigiteach ar ábhar sócmhainní caipitil RTÉ agus le teacht ar chistí ionas gur féidir an infheistíocht sin a dhéanamh.
- Leanfaidh RTÉ i rith na bliana 2016 le hathbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna ó thaobh cúrsaí tráchtála maidir le leas a ghnóthú ó na sócmhainní talún, an suíomh i nDomhnach Broc san áireamh. Is don infheistíocht caipitil go fadtéarmach agus do thionscnaimh eile den sórt sin a chuifear an fáltas ó shaothrú na sócmhainne nó ó dhiúscairt in úsáid.

**An Leas a bhaintear as gach Táille Ceadúnais Teilifíse a Íoctar**

Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na Ráitis Airgeadais ar an leas a bhaintear as an táille ceadúnais a fhaigheann RTÉ mar chiste i ndáil leis na seirbhísí poiblí. Leagtar amach i nóta 2 (d) an bunús ar a gcuirtear an táille ceadúnais i leith chainéil agus sheirbhísí faoi leith.


Cuirtear cistí poiblí i leith sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le costas glan na seirbhíse poiblí. Ríomhtar costas glan na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón ollchostas a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a thabhairt i gcrích.

Féachtar leis an úsáid a bhaintear as aon Táille Ceadúnais Teilifíse amháin ar bith a leagan amach sa tábla seo a leanas, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a chruinnítear ó Tháillí Ceadúnais Teilifíse:

**An Úsáid a baineadh as gach Táille Ceadúnais Teilifíse a bailíodh**

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| RTÉ One | **42.69** | 41.70 |
| RTÉ2 | **33.65** | 37.23 |
| **Teilifís RTÉ** | **76.34** | 78.93 |
| RTÉ Radio 1 | **13.66** | 12.80 |
| RTÉ 2fm | **3.91** | 4.15 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta (RTÉ RnaG) | **8.35** | 7.78 |
| RTÉ lyric fm | **4.31** | 4.02 |
| **Raidió RTÉ** | **30.23** | 28.75 |
| Ceolfhoirne RTÉ | **8.88** | 8.60 |
| Muirir rialachais agus cistíochta | **4.19** | 3.77 |
| Cúrsaí DTT | **0.49** | 0.36 |
| Seirbhísí ar líne | **3.70** | 3.66 |
| Cainéil eile | **2.93** | 2.96 |
| **Beartaíocht RTÉ** | **126.76** | 127.03 |
| | **79%** | 79% |
| Cúnamh RTÉ do TG4 | **5.36** | 4.67 |
| Tobhach BAI | **0.92** | 1.10 |
| Asbhaint maidir le TG4 | **6.88** | 6.88 |
| Ciste Fuaime agus Físe BAI | **10.54** | 10.52 |
| Costas Bailiúcháin An Phoist agus táillí gaolmhara | **9.54** | 9.80 |
| **Beartaíocht Neamh-RTÉ** | **33.24** | 32.97 |
| | **21%** | 21% |
| Costas an Cheadúnas Teilifíse | **€ 160** | € 160 |

Leithroinnt ar an Ioncam ón gCéadúnas Teilifíse a fuair RTÉ in 2015




*Áirítear in Eile muirir airgeadais agus rialaithe, a bhaineann le DTT agus cainéil eile

Tugtar achoimre leis an bpíchairt (thall) ar an dáileadh a rinneadh i rith na bliana 2015 ar an ioncam ó Tháillí an Cheadúnas Teilifíse a fhaigheann RTÉ i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ.

## An costas in aghaidh na huaire craolacháin

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huaire a bhain leis na cláir a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2015 chomh maith le figiúirí inchomórtais leo i leith na bliana 2014.

| **2015** | RTÉ One | RTÉ2 | RTÉ Radio 1 | RTÉ 2fm | RTÉ lyric fm | RTÉ RnaG |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m |
| **Costais** | | | | | | |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | 98.8 | 46.5 | 32.2 | 10.6 | 4.9 | 10.0 |
| Cláir a ceannaíodh – in Éirinn | 1.8 | 0.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| – Thar Lear | 12.3 | 11.7 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Oibriúchán Ginearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 11.8 | 10.8 | 1.4 | 0.4 | 0.3 | 0.2 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 2.8 | 2.9 | 1.8 | 1.1 | 1.1 | 1.1 |
| | **127.5** | **72.1** | **35.4** | **12.1** | **6.3** | **11.3** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | 8,760 | 8,760 | 8,946 | 8,760 | 8,760 | 8,760 |
| **Meánchostas foriomlán in aghaidh na huaire craolacháin – 2015** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **14,600** | **8,200** | **4,000** | **1,400** | **700** | **1,300** |

| **2014** | RTÉ One | RTÉ2 | RTÉ Radio 1 | RTÉ 2fm | RTÉ lyric fm | RTÉ RnaG |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m |
| **Costais** | | | | | | |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | 95.1 | 54.2 | 29 | 9.5 | 4.5 | 9.2 |
| Cláir a ceannaíodh – in Éirinn | 1.6 | 0.3 | - | - | - | - |
| – Thar Lear | 11 | 8.9 | - | - | - | - |
| Oibriúchán Ginearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 10.5 | 9.4 | 1.6 | 0.6 | 0.4 | 0.3 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 2.6 | 2.9 | 1.6 | 1.1 | 1.1 | 1.0 |
| | **120.8** | **75.8** | **32.2** | **11.1** | **6.0** | **10.5** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | 8,760 | 8,760 | 8,882 | 8,760 | 8,760 | 8,760 |
| **Meánchostas Foriomlán in aghaidh na huaire Craolacháin – 2014** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **13,800** | **8,600** | **3,600** | **1,300** | **700** | **1,200** |
| **Gluaiseacht i rith na bliana** | | | | | | |
| **% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na huaire[1]** | | | | | | |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **5.5%** | **(4.8%)** | **9.5%** | **8.6%** | **5.9%** | **7.1%** |

1. Déantar an costas in aghaidh na huaire a shlánú go dtí an céad Euro is gaire. Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huaire glan, sula n-oibrítear an slánúchán.

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huaire craolacháin mar gheall ar thosca éagsúla a tharraingíonn ardú agus ísliú maidir le costais cláir, mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na gclár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta

# Sinne

**Teilifís**

RTÉ ONE

RTÉ ONE +1

RTÉ 2

rté jr

TRTÉ

RTÉ News NOW

**Raidió**

RTÉ RADIO 1

RTÉ 2FM

RTÉ lyric fm

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

RTÉ 2XM

RTÉ pulse

RTÉ RADIO 1 EXTRA

RTÉ GOLD

rté jr RADIO

RTÉ radioplayer

**Nuacht agus Cúrsaí Reatha**

RTÉ News & Current Affairs

RTÉ ten

**Spórt**

RTÉ Sport

**Digiteach**

RTÉ.ie

RTÉ player

RTÉ AERTEL

RTÉ Archives

RTÉ News NOW

**Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir**

RTÉ NATIONAL SYMPHONY ORCHESTRA

RTÉ CONCERT ORCHESTRA

RTÉ CONTEMPO QUARTET

RTÉ PHILHARMONIC CHOIR


RTÉ Cór na nÓg

RTÉ GUIDE

SAORVIEW

2rn

# Stuchtúr Eagrúcháin





# Na Tráthanna **Cinniúnacha**

Bíonn RTÉ i gceartlár chomhrá na ndaoine.

**4,710**

uair an chloig d'ábhar cláir a léiríodh in Éirinn, 1,478 uair an chloig i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn.

**Seirbhísí Teilifíse RTÉ**

Cuireann RTÉ ábhar siamsaíochta, lón intinne agus toradh fiosrúcháin ar fáil don náisiún. Ar sheirbhísí teilifíse RTÉ a chuirtear an réimse is leithne de chláir seirbhíse poiblí arna léiriú in Éirinn ar fáil do dhreamanna de gach aois sa lucht féachana. Tarlaíonn arís agus arís eile, más cás géarchéime atá i gceist nó ceiliúradh, gur ar sheirbhísí teilifíse RTÉ – RTÉ One HD, RTÉ One +1, RTÉ2 HD, RTÉ News Now, RTÉjr agus TRTÉ – a iompaíonn an lucht féachana.

# Athbhreithniú ar an mBliain | **Teilifís**

## Bliain faoi leith

Ba bhliain faoi leith ag RTÉ an bhliain 2015. Ainneoin géarú ar an iomaíocht ó chainéil na hÉireann agus ó chainéil ón iasacht, ar RTÉ One agus RTÉ2 a bhí 15 as 20 de na cláir is mó a raibh tóir ag daoine orthu i rith na bliana. Seoladh cainéal nua teilifíse in Éirinn agus bhí roghanna níos leithne ag an lucht féachana ar réimse de na hardáin nua atá ag teacht chun cinn, ach roghnaigh 32.4%* ina dhiaidh sin féin a bheith ag faire ar chainéil RTÉ.

Tharraing an sceideal sainiúil de chláir seirbhíse poiblí ar RTÉ One agus RTÉ2 an náisiún le chéile os comhair *The Late Late Toy Show* ba mhó le rá riamh, a mheall meánlíon 1.56 milliún duine de lucht féachana. Bhí siad ag faire freisin ar chluichí ceannais iontacha i gCraobhchomórtais Uile-Éireann sa pheil agus san iománaíocht, ar chláir drámaíochta nua mórshuntasacha de dhéantús na hÉireann, ar chláir grinn mhór-ráchairte agus ar chláir siamsaíochta don teaghlach.

Chothaigh RTÉ réimse eacnamaíocht na cruthaitheachta ar fud seánraí go leor. Craoladh níos mó ná 4,710 uair an chloig d'ábhar a léiríodh in Éirinn, 1,478 uair an chloig a léiríodh i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn.

*Buaicsciar chomhdhlúite maidir le RTÉ One, RTÉ2, RTÉ One+1, RTÉjr, RTÉ News Now (náisiúnta, daoine aonair 4+)



Clean Break



The Late Late Toy Show

## RTÉ One ag Uimhir a hAon

Tharraing an éagsúlacht agus an t-ardchaighdeán cláir lucht féachana níos líonmhaire ná riamh i rith na bliana 2015. Bhí an cainéal ar an gceann ba mhó a ndearna gach dream den lucht féachana faire air, le sciar comhdhlúite buaicthrátha (náisiúnta daoine aonair 4 +) ab ionann le 24.1%. Bhí an sceideal lán le drámaíocht ríspéisiúil, le cláir faisnéise ar ardchaighdeán, le cláir grinn, ealaíne, siamsaíochta agus ceoil – sa dá theanga – chomh maith leis an tseirbhís nuachta agus cúrsaí reatha is fearr in Éirinn.

Craoladh líon mór sraitheanna fíorasacha a raibh ábhar spéise iontu ag lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Scrúdaíodh an saol atá ag daoine de dhiaspóra na hÉireann san Astráil ar *Garda Down Under* a dhírigh ar an saol atá ag iarghardaí ansin thall. Chuaigh an tsraith i gcion go mór ar dhaoine a bhfuil an imirce ina chuid den saol acu. Scrúdaíodh fianaise nua ar *Death in Bolivia* maidir le cás Michael Dwyer, a chaith aonad póilíní rúnda i Santa Cruz na Bolaive sa bhliain 2009.

Níos gaire do bhaile, rinne John Creedon móradh agus ceiliúradh ar áilleacht an taobh tíre in Éirinn ar *Creedon's Wild Atlantic Way*, chomh maith le roinnt de scéalta suimiúla na ndaoine ar feadh an bhealaigh a chur i láthair. Rinneadh iniúchadh ar *The Battle for Rural Ireland* ar a bhfuil de dheighilt in Éirinn dáiríre agus ar an deighilt a cheaptar a bheith ann agus tugadh an lucht féachana ar bhóithre na smaointe le *Well Holy God It's Glenroe*, clár deas tráthúil faoi cheann de na sraitheanna drámaíochta is mó a thaitníodh le muintir na hÉireann.

AN 10 CLÁR IS MÓ LUCHT FÉACHANA

1 Eanáir-31 Nollaig 2015 Gach Cainéal- Náisiúnta, Aonair, Comhdhlúite Aois 4+

| Ord | Clár | Cainéal | Lá na Seachtaine | Dáta | Am | Rátáil | 000s | Sciar % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | The Late Late Toy Show | RTÉ One | Aoine | 27-11-2015 | 21:36 - 23:54 | 37.99 | 1,556.4 | 72 |
| 2 | Corn Rugbaí an Domhain: An Fhrainc v Éireann | TV3 | Domh | 11-10-2015 | 16:47 - 18:39 | 28.20 | 1,155.2 | 72 |
| 3 | Corn Rugbaí an Domhain: Éireann v An Airgintín | TV3 | Domh | 18-10-2015 | 13:02 - 14:57 | 26.73 | 1,095.3 | 73 |
| 4 | Corn Rugbaí an Domhain: Éireann v An Iodáil | TV3 | Domh | 04-10-2015 | 16:47 - 18:35 | 23.39 | 958.5 | 63 |
| 5 | Cluiche Ceannais Sinsir na hEireann sa Pheil | RTÉ2 | Domh | 20-09-2015 | 15:29 - 17:45 | 21.52 | 881.6 | 60 |
| 6 | Charlie | RTÉ One | Domh | 04-01-2015 | 21:29 - 22:50 | 20.68 | 851.7 | 47 |
| 7 | Euro 2016 (cluiche réitigh): Éireann v Boisnia agus Heirseagaivéine | RTÉ2 | Luan | 16-11-2015 | 19:36 - 21:47 | 19.37 | 793.4 | 40 |
| 8 | Euro 2016 (grúpa cáilithe): An Pholainn v Éireann | RTÉ2 | Domh | 11-10-2015 | 19:00 - 22:19 | 18.84 | 772.1 | 41 |
| 9 | Mrs Brown's Boys: Mammy's Widow's Memories | RTÉ One | Dear | 31-12-2015 | 22:15 - 22:55 | 18.71 | 766.5 | 47 |
| 10 | Corn Rugbaí an Domhain: Éireann v An Rómáin | TV3 | Domh | 27-09-2015 | 16:47 - 18:34 | 18.57 | 760.7 | 59 |

Foinse: TAM Ireland ltd/Nielsen TAM.
Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbíonn athrú faoi thrí gach bliain ar an ollréimse)
15 nóiméad íosfhad cláir

Scrúdaigh an lucht féachana an chruthaitheacht atá i gceist le cuid mhór tithe in Éirinn, gan bheann ar bhuiséad, ar *Home of the Year.* Bhí Dermot Bannon ar ais ar *Room to Improve,* agus bhí meánlíon 653,000 duine ag faire ar an eagrán den tsraith is mó a tharraing lucht féachana.

### Cláir Faisnéise den Scoth

Tharraing cláir faisnéise spéisiúla d'ardchaighdeán lucht féachana fairsing agus plé á dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an saol mar atá sé á chaitheamh ag cuid mhór daoine.

### Na Buaicphointí

- *Recruits:* Sraith dhá chlár ina ndearnadh cíoradh ar an saol nua ag earcaí nua in Arm na hÉireann.
- *Ireland's Great Wealth Divide:* Scrúdaigh David McWilliams an leathnú ar an mbearna idir saibhir agus daibhir ar fud an domhain agus in Éirinn féin.
- *Better-Off Abroad:* D'aithris George Lee scéalta dhaoine de dhiaspóra na hÉireann i Dubai agus i Silicon Valley sa tsraith dhá chlár seo.
- *Hidden Impact:* An clár faisnéise faoi chomhtholgadh sa rugbaí agus a dtagann dá bharr, chuaigh sé i gcion go mór ar na lucht féachana.
- *A Legacy:* Sraith trí chlár inar aithrisíodh scéalta na ndaoine iomráiteacha Tony Ryan, Páidí O Sé agus Brian Lenihan.
- *Coming out of the Curve:* Cuntas le Dónal Óg Cusack ar chearta dhaoine homaighnéasacha in Éirinn agus thar lear.
- *We Need to Talk about Porn:* Clár inar tugadh faoi ábhar anróiteach maidir le muintir na hÉireann agus ábhar pornagrafaíochta.

### Drámaíocht den Scoth

*Charlie,* sraith trí cinn de chláir arna spreagadh ag pearsa Chathail Uí Eochaidh, ceannaire Fhianna Fáil tráth, a rug go mór ar an bpobal. Tharraing an chéad chlár meánsciar 43.5% den lucht féachana – sciar suntasach i ndáil le hábhar drámaíochta a léiríodh in Éirinn.

*Clean Break,* sraith ceithre chlár nua ó bhun arna scríobh ag an ndrámadóir Billy Roche agus bunaithe i Loch Garman. Cíortar an saol i mbailte beaga na hÉireann tar éis deireadh a theacht leis an mborradh eacnamaíochta. Léiriú an tsraith ar dhúthracht RTÉ maidir leis na ceisteanna is tábhachtaí i saol na hÉireann a phlé i gcláir de gach seánra.

### An Cúr in Uachtar

Tá lucht féachana tréan á mhealladh i gcónaí ag *Fair City*, an tsraith sobaldrámaíochta is fearr a n-éiríonn léi in Éirinn. Ar chúl téarmaí, tugadh caomhchóiriú chun barr feabhais ar an bpróiseas cruthaitheachta ionas gur fearr an scaipeadh a bhí ar na buaicphointí drámatúlachta ar feadh an tséasúir ar fad. Athraíodh go dtí córas léiriúcháin aon stiúrthóir amháin, rud a d'fhág na próisis maidir le snáithe scéalta agus scripteanna a fhorbairt níos cóiriúla agus an sceideal léiriúcháin níos caoithiúla.

Leanadh de scríbhneoirí nua teilifíse a thabhairt isteach trí chóras oiliúna *Fair City.*

SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL AR FEADH AN LAE MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| RTÉ ONE | 17.8 | 18.7 |
| RTÉ ONE +1 | 0.6 | 0.5 |
| RTÉ 2 | 6.5 | 7.6 |
| TG4 | 1.6 | 1.8 |
| UTV Ireland (Seoladh UTV Ireland an 01/01/2015) | 5.9 | - |
| TV3 | 8.1 | 10.3 |
| BBC ONE | 3.6 | 3.9 |
| 3e | 2.7 | 2.5 |
| Channel 4 | 1.7 | 1.8 |
| BBC TWO | 1.4 | 1.7 |
| sky1 | 1.0 | 1.2 |
| E4 | 0.8 | 0.8 |
| UTV | 0.7 | 2.7 |
| SKY SPORTS 1 | 0.8 | 0.8 |
| EILE | 46.8 | 45.7 |

Foinse: TAM Ireland ltd/Nielsen TAM

SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL AG BUAICTHRÁTHANNA MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| RTÉ ONE | 24.1 | 25.1 |
| RTÉ ONE +1 | 0.8 | 0.8 |
| RTÉ 2 | 6.9 | 8.5 |
| TG4 | 1.5 | 1.6 |
| UTV Ireland (Seoladh UTV Ireland an 01/01/2015) | 8.1 | - |
| TV3 | 7.6 | 11.6 |
| BBC ONE | 3.7 | 3.9 |
| 3e | 2.5 | 2.6 |
| Channel 4 | 1.5 | 1.6 |
| BBC TWO | 1.4 | 1.7 |
| sky1 | 1.0 | 1.3 |
| E4 | 0.8 | 0.9 |
| UTV | 0.8 | 2.9 |
| SKY SPORTS 1 | 0.7 | 0.8 |
| EILE | 38.6 | 36.7 |

Foinse: TAM Ireland ltd/Nielsen TAM



### Sláinte an Náisiúin

Bhí tionchar mór ag *Operation Transformation* ar shláinte an náisiúin agus é ina spreagadh ag grúpaí ar fud na tíre bia folláin a ithe agus tabhairt faoin aclaíocht. Chuidigh ábhar idircheangailte – ar an teilifís, an raidió, ar an idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste – le RTÉ caidreamh a chothú le dreamanna éagsúla de lucht féachana agus éisteachta, d'aoisghrúpaí éagsúla agus ar ardáin faoi leith.

Chruthaigh *Ireland's Fittest Family*, arís eile, go bhfuil RTÉ ag freastal ar mhuintir na tíre a bhfuil suim á léiriú go leanúnach acu i gcúrsaí aclaíochta. Bhí meánlíon níos airde ná 500,000 duine ag faire ar an gclár deireanach sa tsraith.

Léiriú eile ar phátrúin atá tagtha chun cinn i gcúrsaí sláinte a bhí in *You Should Really See a Doctor* leis an Dr Pixie McKenna agus an Dr Phil Kieran ag dul i ngleic leis an nós atá ag daoine tabhairt faoi fháithmheas a dhéanamh ar a gcás féin ar an idirlíon. Tugadh léargas in *OCD and Me* ar an ngalar dúshlánach sin trí scéalta spéisiúla pearsanta.

### Gáire agus Ríméad

Léiríodh an dúthracht agus an dílseacht maidir le hábhar grinn ar RTÉ One le *Irish Pictorial Weekly*, *The Mario Rosenstock Show* agus *The Tommy Tiernan Show*.

### An Fiadhúlra i Lár an Aonaigh

Bhí aird faoi leith ar an dúlra agus ar an bhfiántas. Rinneadh iniúchadh ar shraith nua ceithre chlár faoi fhiadhúlra na mara, *Ireland's Ocean,* ar na hiascáin éagsúla a mhaireann san fharraige amach ón gcósta, agus bhí *Living the Wildlife* ar ais leis an séú sraith.

Bhí formáid nua i gceist le *Eco Eye* le súil níos géire ar chuid mhór de na ceisteanna is tromchúisí faoi chúrsaí timpeallachta in Éirinn.

### Éirim agus Eolas

I réimse na heolaíochta, scrúdaíodh fíricí nach eol do mhórán faoin domhan aiceanta inár dtimpeall i sraith nua sé chlár, *Ten Things to Know About...* Tugadh cuntas in *The Genius of George Boole*, le Jeremy Irons i mbun aithriseoireachta, ar shaol George Boole, duine de na daoine is éirimiúla a sheas ar chlár an domhain seo agus an chéad Ollamh le Matamaitic i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

### Béim ar an Ealaín


Lean RTÉ ag cur daoine nua cumasacha i láthair mhuintir na tíre ar na cláir ceoil agus ealaíne. Léiríodh saothar Amharclann an Druid go glé sonrach ar *Druid Shakespeare* tríd an mbeartaíocht ar fad a bhain le léiriú dhrámaí na nAnraithe a ríomh.

Ar *Inside Out*, léirigh Brent Pope an t-ábhar mór spéise atá in "outsider art". Cuireadh scéal dhuine de na hoirfidigh is iomráití in Éirinn i láthair ar *Paddy Moloney – Chieftain* arna insint aige féin. Bhí léargas againn ar a mbaineann le saothair ealaíne camcheaptha agus a n-aithint ó shaothair dáiríre ar *A Stroke of Fortune* i ndáil le bailiúchán de shaothair le Roderic O'Conor.

Rinneadh ceiliúradh ar RTÉ One ar Bhliain Dhearadh na hÉireann le sraith ceithre chlár *Designing Ireland,* arna chur i láthair ag an ailtire gradamúil Angela Brady, OBE, agus an Dr Sandra O'Connell.

Chuir John Kelly cuid mhór de na healaíontóirí is spéisiúla in Éirinn faoi agallamh in *The Works Presents* agus bhí *The Imelda May Show* ar ais

UAIREANTA D'ÁBHAR DE DHÉANTÚS NA hÉIREANN A CRAOLADH AR THEILIFÍS RTÉ LE LINN BUAICTHRÁTHANNA DE RÉIR SEÁNRA




Foinse: RTÉ



The Mario Rosenstock Show

ar an aer i rith an tsamhraidh le cuid mhór de na hoirfidigh is fearr i mbun ceoil in Éirinn, oirfidigh nua agus so-aitheanta. Tugadh léargas ar an tóir atá le fada ar an gceol tíre in Éirinn ar *The Nathan Carter Show* agus ar *Stetsons and Stilettos.*

**Ag Sárú Gan Stró**

Ba í an bhliain ab fhearr riamh í ag *The Late Late Toy Show* – leis an lucht féachana is mó riamh, 1.36 milliún duine, ag faire ar an gclár beo, oíche shuntasach i stair na teilifíse in Éirinn.

Bhí meánlíon 528,700 duine sa lucht féachana ag *The Voice of Ireland* i rith na sraithe agus chuaigh sé i gcion go mór ar na hamhránaithe, ar a ndaoine muinteartha agus ar an lucht leanta forleathan, de réir mar a bhí an iomaíocht ar siúl ag féachaint leis an deis iontach a ghnóthú. Cuireadh beocht nua san oíche Satharn le sraith nua, *The Ray D'Arcy Show.*

Lean RTÉ One den dúthracht maidir le himeachtaí náisiúnta a chur i láthair leis an tráchtaireacht fhairsing a rinneadh ar fhéile an Rose of Tralee, ar Lá Fhéile Pádraig agus ar an Reifreann maidir le Comhionannas Pósta. Cuireadh an ócáid is mó i gceantair tuaithe na hÉireann, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, i láthair freisin ar na hardáin go léir – an teilifís, an raidió, an t-idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste – le sraith trí chlár beo, *The Ploughing – Live.*

**RTÉ2**

Bhí RTÉ2 ar an dara cainéal ba mhó lucht féachana le sciar comhdhlúite 8.7% ag buaicthráthanna den lucht féachana a ndírítear air, daoine idir 15–34 bliana d'aois. Cuireadh guthanna, scéalta, cumas agus saoithiúlacht Éireannaigh na linne seo i gceartlár an mhisean seirbhíse poiblí ag an gcainéal, agus cuireadh sceideal iléagsúil le chéile ansin do lucht féachana níos óige – agus dóibh siúd a bhfuil 'meon na hóige' iontu.

**Cuisle an Náisiúin**

Bhí léargas, siamsaíocht agus eolas á chur ar fáil leis an tsraith clár faisnéise *Reality Bites* maidir le réimse ceisteanna de chuid na linne seo in Éirinn. Pléadh le galar tromchúiseach ar dhaoine óga in *F**k Cancer* agus leagadh béim ar mháithreacha óga agus cásanna andúile in *Born Addicted*. Scrúdaíodh úsáid chaitheamh aimsire as drugaí in *Party Pills* agus tugadh léargas don lucht féachana ar athchóiriú carranna in *Fast & Furious* le Kevin McGahern.


Cíoradh cás an duine atá dífhostaithe in Éirinn ar *Dole Life,* agus chuaigh *Ironmind* le Bressie, inar cuireadh meon dearfach maidir leis an tsláinte mheabhrach chun cinn, i gcion ar an lucht féachana. Tugadh moladh go forleathan ar an gclár mar gheall ar dul i ngleic le hábhar anróiteach ar bhealach macánta.

Tugadh léargas tráthúil lán eolais in *Baz: The Lost Muslim* ar Ioslam trí dhíriú ar chás pearsanta an láithreora Baz Ashmawy.

**Daoine Nua Cumasacha**

Bhí formáidí nua arna gceapadh in Éirinn agus daoine cumasacha nua as Éirinn chun tosaigh i rith na bliana 2015. Bhí RTÉ2 i gceann an róid le hábhar ardchaighdeáin de chuid na hÉireann, mar shampla *The Unemployables, The Notorious* maidir le Conor McGregor, *Après Match of the Day, Hardy Bucks Ride Again, The Fear, Republic of Telly* agus *The Rubberbandits Guide to 1916.*

ANAILÍS AR ÁBHAR BUAICTHRÁTHANNA TEILIFÍSE




Foinse: RTÉ



F**K Cancer



The Notorious

**Tuilleadh eolais**

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar spórt, an Ghaeilge, agus ar nuacht agus cúrsaí reatha, féach na coda cuí ar leathnaigh 38, 52 agus 42.**

# Athbhreithniú ar an mBliain | **Teilifís**

Bhí béim mhór i gcónaí ar chothú na ndaoine cumasacha nua ar an scáileán. Léirigh Al Porter ar an gcéad chlár teilifíse dá chuid, *The Al Porter Show,* an chúis go bhfuil oiread tóir air ina fhear grinn. Bhí Vogue Williams ar an scáileán den chéad uair leis an tsraith *Wildgirls,* a spreag machnamh agus cuid mhaith cainte.

### Meantóireacht don Chéad Ghlún eile

Rinneadh maoiniú agus meantóireacht ar an gcéad ghlún eile den lucht grinn in Éirinn ar an tsraith *Comedy Bites.* Cuireadh cnuasach 16 gearrscannán grinn amach ar sheinnteoir an RTÉ Player ionas go bhféadfadh an lucht féachana blaiseadh a fháil de shaothar na ndaoine óga is fearr atá ag teacht chun cinn.

### Nótaí Ceoil na Linne Seo

Lean RTÉ2 de threisiú le ceol na linne seo in Éirinn agus dá chur i láthair. Bhí aird ag go leor daoine ar *The Meteor Choice Awards, Kodaline Up Close, The U2 innocence + experience tour* go háirithe agus ar *Other Voices* le clár speisialta faoi Hozier as Cill Mhantáin.

Cuireadh na buaicphointí ón bhféile ceoil agus ealaíne is mó in Éirinn, Electric Picnic, i láthair don lucht féachana chomh maith. Bhí roinnt de na ceoltóirí is fearr atá ag teacht chun cinn in Éirinn faoi láthair le feiceáil agus le cloisteáil ar feadh níos mó ná cúig uair an chloig ar an gcainéal agus iad ar na stáitsí céanna le sárcheoltóirí so-aitheanta idirnáisiúnta.

### Dlúthphearsanta

Bhí tábhacht arís le cláir fhíorasacha agus cláir shiamsaíochta maidir le haird lucht féachana níos óige a choinneáil. Bhí tóir faoi leith ar na sraitheanna *Meet the McDonaghs* agus *Don't Tell the Bride.*

### Cothú na Páirtnéireachta

Chothaigh RTÉ páirtnéireacht thábhachtach le craoltóirí idirnáisiúnta, le comhlachtaí san earnáil phoiblí agus le cuideachtaí de chuid na hÉireann d'fhonn níos mó cláir arna léiriú in Éirinn a chur ar fáil don lucht féachana ar an scáileán beag. D'oibrigh RTÉ i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar thionscnamh píolótach d'fhonn cláir teilifíse faoin eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM) a chruthú don lucht féachana buaicthráthanna ar RTÉ One. Cuirfear an t-ábhar cláir sin, a ndearnadh forbairt air i rith na bliana 2015, ar fáil i rith na mblianta seo chugainn.

**D'oibrigh RTÉ i gcomhar le NRK, an craoltóir seirbhíse poiblí san Iorua, chun formáidí spéisiúla nua a fhorbairt. RTÉ a rinne an fhorbairt ar an gcéad cheann acu sin, #Missing You.**

D'oibrigh RTÉ i gcomhar le NRK, an craoltóir seirbhíse poiblí san Iorua, chun formáidí spéisiúla nua a fhorbairt. RTÉ a rinne an fhorbairt ar an gcéad cheann acu sin, *#Missing You.* Coinníodh súil ar feadh sé mhí ar dhaoine a úsáideann glaonna físeáin chun caidreamh a choinneáil le daoine atá ina gcónaí thar lear.

Rinne RTÉ, i gcomhar leis an gcainéal Sundance as na Stáit Aontaithe, comhléiriú ar an tsraith drámaíochta cúig chlár *Rebellion* i ndáil leis an mbliain 1916 agus an tús le hÉirinn na linne seo. Craoladh an tsraith i dtús na bliana 2016.

### Feabhas 2% ar Fhógraíocht agus Urraíocht

Tháinig forás 2% i gcomparáid leis an mbliain 2014 ar an teacht isteach ó fhógraíocht agus ó urraíocht maidir leis an teilifís. Tháinig méadú 3% ar an teacht isteach ó fhógraíocht i rith na bliana 2015, dea-thoradh an bhliain ar tháinig UTV Ireland – an chéad chainéal náisiúnta nua a seoladh in iomaíocht le RTÉ ón mbliain 1998 – ar an aer. Bhí tábhacht le feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta agus treisiú le misneach an tomhaltóra maidir leis an méadú a tháinig ar an ioncam fógraíochta. Bhí gnóthaí airgeadais agus carranna ina n-earnálacha suntasacha maidir leis an mbiseach a tháinig.

Bhí laghdú ar an ioncam urraíochta maidir le teilifís RTÉ i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin a raibh toradh an-mhaith uirthi mar gheall ar Chorn an Domhain 2014. Tá forleathnú agus éagsúlacht á thabhairt i gcrích maidir le cistí lucht fógraíochta do chláir agus léiriú táirgí, nó ioncam fógraíochta nach mbaineann le sos fógraíochta, agus tá spéis á léiriú ansin i gcónaí ag an lucht fógraíochta.


### Ar fud an Domhain

Lean an rannóg díolacháin chláir agus fhormáidí, RTÉ Global, den ghnóthachtáil i rith na bliana ag díol díreach le craoltóirí idirnáisiúnta chomh maith le hoibriú le dáilitheoirí agus gníomhairí idirnáisiúnta a bhí ag feidhmiú thar ceann RTÉ. Díoladh níos mó ná 100 uair an chloig le craoltóirí san Astráil, san Ungáir, i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic, i gCeanada agus san Afraic Theas.

Díoladh an tsraith Éireannach *The Notorious*, maidir leis an trodaí ealaíon comhraic measctha Conor McGregor le craoltóirí i seacht gcinn de chríocha craolacháin. Díoladh dhá shraith buaicthráthanna, *The High Hopes Choir* agus *Rachel's Coastal Cooking*, le UKTV.

Lean an Format Farm, i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, i mbun forbartha ar fhormáidí nua-cheaptha teilifíse don lucht féachana in Éirinn agus don mhargadh easpórtála. Cuireadh ceithre cinn d'fhormáidí nua ar coimisiún i rith na bliana 2015, ina measc *Four Heads,* i gcomhar le Sony International, agus *Farmer in Charge* i gcomhar le Endemol Shine. Aontaíodh rogha léiriúcháin maidir leis an gclár speisialta *Bishop Undercover* sa tsraith *Would You Believe?* le comhlacht sa Ríocht Aontaithe.

UAIREANTA TEILIFÍSE LE FOTHEIDIL




Foinse: RTÉ



# Guth an **Náisiúin**

Déanann naoi gcinn de sheirbhísí raidió RTÉ ar FM agus ar chórais dhigiteacha freastal ar gach dream sa lucht éisteachta, ar fud na réigiún go léir, sa dá theanga.

**Maidir le seirbhísí raidió RTÉ**
Cuireann RTÉ naoi gcinn de sheirbhísí sainiúla raidió ar fáil, ar thonnta FM agus trí chraolachán digiteach fuaime (DAB), ar an idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste. Déantar freastal, sa dá theanga, ar dhaoine de gach aoise le bailiúchán seirbhísí a chuireann dearcadh faoi leith ar fáil don lucht éisteachta ar an tír, trí chláir nuachta agus faisnéise, cláir siamsaíochta agus drámaíochta, cláir spóirt agus ealaíne, agus ceol de gach seánra.



Éisteann níos mó ná
**1,000,000**
duine le RTÉ Radio 1 gach seachtain



# Athbhreithniú ar an mBliain | **Raidió**

**Tuilleadh eolais**

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar chláir nuachta agus spóirt ar RTÉ Radio 1, féach na coda cuí ar leathanaigh 42 agus 38.**

### RTÉ Radio 1

Daingníodh áit RTÉ Radio 1 ar an stáisiún raidió is mó lucht éisteachta in Éirinn i rith na bliana 2015 agus tháinig forás ó thaobh líon an lucht éisteachta (ardú go dtí 900,000 éisteoir ar laethanta na seachtaine) agus an sciar den lucht éisteachta (ardú go dtí 23.1%) a tharraing croísceideal RTÉ Radio 1 ar laethanta na seachtaine agus ar an deireadh seachtaine. Ba thábhachtach na forbairtí nua sa sceideal athchóirithe seoladh an *Ray D'Arcy Show* agus an *Ryan Tubridy Show*, tar éis chomh maith agus a d'éirigh le *Today with Sean O'Rourke* a chur ar siúl roimhe sin.

Cur agus cúiteamh faoi chúrsaí an náisiúin a bhí i gceist arís eile le mórchuid an ábhair ar RTÉ Radio 1 – ar *Liveline* le Joe Duffy, *Morning Ireland, News at One, This Week* agus *Late Debate*.

### Stáisiúin an Náisiúin, Saol an Náisiúin

Ba é RTÉ Radio 1 rogha an lucht éisteachta i measc stáisiúin raidió na tíre i rith na bliana 2015. Tharraing tionscnamh RTÉ, an *Road to the Rising*, aird na gcéadta míle duine ar Luan Cásca, mar ábhar ar an aer agus mar ócáid phoiblí ar mhórscála i mBaile Átha Cliath. Ba í an ócáid í a mhair sa chuimhne agus sinn ag teannadh le comóradh an chéid sa bhliain 2016.

Ó thaobh cúrsaí spóirt, bhí spleodar breise ar an Domhnach i rith an tSamhraidh ó tháinig *The Marty Squad* ar an aer, agus bhí gaisce fhoireann rugbaí na hÉireann i gComórtas na 6 Náisiún agus i gCorn an Domhain againn roimhe agus ina dhiaidh sin.


Tugadh aitheantas do na gnéchláir agus do na cláir ceoil, ealaíon, don drámaíocht agus do na cláir fhaisnéise ar RTÉ Radio 1 agus rinne lucht an bhreithiúnais móradh orthu trí ghradaim éagsúla a bhronnadh ina leith i rith na bliana.

Chuir gradam idirnáisiúnta do sheirbhísí raidió RTÉ ag na New York Festivals i mí Meithimh barr ar na figiúirí sármhaithe ó thaobh lucht éisteachta i rith na bliana. Tugadh aitheantas náisiúnta don tseirbhís ag Gradaim Raidió an PPI nuair a bronnadh an gradam do Stáisiún Lánseirbhíse na Bliana ar RTÉ Radio 1.

Ó thaobh cúrsaí tráchtála, rinne RTÉ Radio 1 gnóthachtáil mhaith agus tháinig ardú ar an teacht isteach ón bhfógraíocht agus ón urraíocht araon in imeacht na bliana.

SCIAR NÁISIÚNTA DE LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ 2015 – LÁ NA SEACHTAINE/BUAICTHRÁTH

| | |
|---|---|
| RTÉ Radio 1 | 23.1% |
| RTÉ 2fm | 6.5% |
| RTÉ lyric fm | 2.0% |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 0.5% |
| Today FM | 7.6% |
| Newstalk 106-108fm | 6.5% |
| Stáisiúin réigiúnacha/áitiúla | 53.8% |




Foinse: Suirbheanna Náisiúnta ar Lucht Éisteachta Eanáir-Nollaig 2015 (Ipsos MRBI)

**NA 10 GCLÁR RAIDIÓ IS MÓ AR ÉISTEADH LEO AR FEADH NA SEACHTAINE NÁISIÚNTA - DAOINE FÁSTA 15+**

Sciar Bloc Ama i gcás Stáisiúin Tráchtála Náisiúnta Eanáir-Nollaig 2015

| Ord | Clár | Stáisiún | Am sa Sceideal | Tréimhse | Daoine Fásta 15+ | Líon Daoine Fásta 15+ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Morning Ireland | RTÉ Radio 1 | 07:00-09:00 | Luan-Aoine | 12% | 448 |
| 2 | The Marian Finucane Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Sath | 11% | 392 |
| 3 | Livelive with Joe Duffy | RTÉ Radio 1 | 13:45-15:00 | Luan-Aoine | 11% | 387 |
| 4 | News at One | RTÉ Radio 1 | 13:00-13:45 | Luan-Aoine | 10% | 346 |
| 5 | Today with Sean O'Rourke | RTÉ Radio 1 | 10:00-12:00 | Luan-Aoine | 9% | 331 |
| 6 | The Marian Finucane Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Domh | 9% | 328 |
| 7 | The Ryan Tubridy Show | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Luan-Aoine | 9% | 314 |
| 8 | The Business | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Sath | 8% | 299 |
| 9 | Playback | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Sath | 8% | 285 |
| 10 | Sunday with Miriam | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Domh | 7% | 265 |

Foinse: JNLR /Ipsos MRBI 2015/4

## Tuilleadh eolais

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar chláir RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar chláir Ghaeilge ar 2fm, féach an chuid faoin nGaeilge ar leathanach 52.**

### Stáisiún don Ré atá i nDán

Tugadh modúil nua oiliúna isteach i rannóg an raidió i rith na bliana 2015. Tionscnamh a mbeidh an-tairbhe as an gcomórtas poiblí chun painéal nua léiritheoirí a chur ar bun – an chéad cheann le seacht mbliana.

Bhí béim níos mó ar ardáin ilmheáin agus ar scaipeadh ábhair le brath ar na modúil nua oiliúna ar fad. Cuirtear ar chumas lucht na foirne anois ábhar cláir a léiriú agus a chur ar fáil ar an gcóras FM agus ar chórais dhigiteacha agus trí na meáin shóisialta. Tugadh cuireadh i rith an fhómhair d'earnáil na léiritheoirí neamhspleácha raidió tairiscintí maidir le réimse leathan de chláir nua a chur faoi bhráid, rud a chuirfidh go mór leis an sceideal i rith na bliana 2016.



The Ray D'Arcy Show



Breakfast Republic

### RTÉ Raidió na Gaeltachta

Tugtar Athbhreithniú mion ar an mBliain maidir le RTÉ RnaG sa chuid Gaeilge den tuarascáil seo ar leathanach 55.

### RTÉ 2fm, Preabadh sa Chuisle

Tháinig athrú suntasach ar an sceideal Luan go hAoine ar 2fm. Nuair a d'athraigh Ryan Tubridy ar ais go dtí RTÉ Radio 1, tapaíodh an deis athcheapadh a dhéanamh ar sceideal lár na maidine ar 2fm. Imíodh ón nós seanbhunaithe go dtugtar malairt rogha dáiríre don lucht éisteachta anois seachas cláir cainte ar an raidió ar maidin.

D'éirigh le cláir nua *Breakfast Republic* agus *The Nicky Byrne Show with Jenny Greene* cur go mór leis an lucht éisteachta agus bhí moladh ag an lucht critice orthu. D'fhonn teacht i dtír air sin, cuireadh síneadh leis an gclár ag am bricfeasta go dtí an 10 r.n. Thosaigh *The Nicky Byrne Show with Jenny Greene* ar an aer uair an chloig níos luaithe, rud a chuir preabadh sa chuisle ar an stáisiún agus a tháinig níos éifeachtúla le mianta an lucht éisteachta.

### Dream Cumasach Nua

I ndáil le daoine cumasacha nua, tháinig Tracy Clifford go 2fm, bean a bhfuil ról mórthábhachtach aici i sceideal lár an tráthnóna. Aithníonn daoine 15–34 bliain d'aois i mBaile Átha Cliath Tracy, rud a bhrostaigh leis na haidhmeanna straitéiseacha maidir le lucht éisteachta sa phríomhchathair a thabhairt i gcrích. D'fhág an líon ard láithreoirí mná i sceideal an lae (cúigear ban agus cúigear fear) go bhfuil 2fm chun tosaigh ar stáisiúin uile an mhargaidh maidir le cothromaíocht inscne.

Láithreoirí nua, Louise McSharry, Chris Greene agus Ciara King, a bhíonn le cloisteáil ar 2fm oícheanta na seachtaine agus chuaigh Eoghan McDermott i mbun chlár lucht éisteachta na gcarranna luath sa tráthnóna. Rinneadh maith ar an gcaoi sin do na gealltanais maidir le daoine óga cumasacha de chuid na hÉireann ar 2fm.

Is craoltóir seirbhíse poiblí RTÉ 2fm a dhéanann sárobair maidir le ceoltóirí nua de chuid na hÉireann a chur ar an aer. Tá taifeadadh beo ar choirmeacha ceoil ina bhunchloch chomh maith faoin oidhreacht faoi leith seo. Bhíothas ag craoladh beo ó na féilte Eurosonic, Sea Sessions, Longitude agus Electric Picnic. Sheinn oirfidigh mór le rá de leithéid Ed Sheeran, Imagine Dragons, Noel Gallagher, Paolo Nutini agus Clean Bandit mar chuid de *2fm Sessions* i Stiúideo 8 sa Lárionad Raidió in RTÉ.

### Ceannródaíocht ó thaobh na Gaeilge

Tá de nós seanbhunaithe againn a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge ina cuid lárnach de na snáitheanna cláir ar fad. Nuair a rinneamar an socrú ceannródaíochta athrú go Gaeilge do na cláir buaicthráthanna i rith Sheachtain na Gaeilge, bhí ardmholadh orainn ag lucht labhartha na Gaeilge agus ag daoine a oibríonn maidir le polasaí teanga.

Oibríodh i gcomhar le Conradh na Gaeilge chun dlúthdhiosca a chur amach d'amhráin le ceoltóirí mór le rá ag canadh a gcuid amhrán i nGaeilge, ina measc Ed Sheeran a rinne taifeadadh i nGaeilge ar an amhrán *Thinking Out Loud (Ag Smaoineamh Os Ard).* Bhí trácht mór go fada fairsing ar an albam, CEOL 2016, in Éirinn agus thar lear.

Rinneadh seó na gcairteacha náisiúnta a athsheoladh mar chlár dhátheangach á chur i láthair ag Bláthnaid Treacy, láithreoir nua eile ar 2fm.

**An Cúram agus an Comhar**
Bhí béim faoi leith ar chaidreamh a chothú le dreamanna den lucht éisteachta i rith na bliana 2015. Cuireadh Vanessa van Helsing i láthair an lucht éisteachta leis an gcomórtas chun breith ar Dracula éalaitheach scanrúil 2fm. Chuaigh éisteoirí i ngach cuid den tír sa tóir ar na príomhphearsana le súil go mbeadh seans acu roinnt den chiste airgid a thabhairt leo. D'éirigh thar cionn leis an gcomórtas ar na meáin shóisialta.

Oibríodh arís eile le Cycle Against Suicide chun cuidiú leis an bhfeachtas mór náisiúnta sin atá dírithe ar fhéinmharú a sheachaint. Tugtar rothaithe de gach cineál acmhainne le chéile don ócáid agus chríochnaigh an cúrsa in RTÉ agus é á chraoladh beo.

Bhí deireadh spleodrach leis an mbliain nuair a tháinig 12,000 duine go dtí an 3Arena ag ceiliúradh ag an RTÉ 2fm Xmas Ball a eagraíodh i gcomhar leis an ISPCC. Bhí an tÉireannach Hozier, a bhfuil cáil mhór go hidirnáisiúnta air, in éineacht leis na Coronas, ar bharr liosta na gceoltóirí agus na mbannaí clúiteacha a chuidigh le beagnach €500,000 a bhailiú don eagraíocht carthanachta sin a dhíríonn ar chás leanaí.

**RTÉ lyric fm, Fás agus Forás**
Leanadh den fhorás ar stáisiún náisiúnta na hÉireann maidir le cúrsaí ceoil, cultúir agus ealaíne i rith na bliana 2015. Bhí béim in athuair ar ábhar cultúir don slua agus ar ghnéchláir agus cláir faisnéise, arna léiriú go hinmheánach agus ar coimisiún, a chur ar fáil ar *The lyric Feature.* Craoladh níos mó ná 48 uair an chloig de thráchtaireacht agus de thuairimíocht faoi chúrsaí cultúir gach lá i rith na bliana ar Culture File. Craoladh ocht n-uaire an chloig de chainteanna agus de ghné-ábhar le linn sos sa cheolchoirm ar *The lyric Concert.*

**Cláir Oideachais agus Caidrimh**
Bhí béim thréan ar chláir oideachais agus ar chúrsaí caidrimh i rith na bliana. Chuir Ceathairéad RTÉ lyric fm clár spéisiúil siamsúil de cheolchoirmeacha beo ar siúl in ionaid phobail. Seinneadh ag coirm cheoil ag an bhFéile Bloom freisin i mí Meithimh chomh maith le deich gceolchoirm eile a chur ar siúl i Sligeach/Liatroim agus i Ros Comáin/an Iarmhí i mí na Samhna. Bhí cead isteach saor in aisce chuig na coirmeacha ceoil sin, ag teacht le dúthracht RTÉ maidir leis an tseirbhís phoiblí.

Bhí clár suntasach don Idirbhliain mar chuid den togra Making Radio ag RTÉ lyric fm. I mí Meán Fómhair, eagraíodh tionscnamh chun oideachas cruthaitheachta a chur chun cinn a raibh baint ag 24 ollscoil, Institiúid Teicneolaíochta agus coláiste neamhspleách ar fud na hÉireann ann agus bhí mic léinn Ollscoil Luimnigh istigh ag RTÉ lyric fm.

**Don Uile Dhuine**
Tugadh níos mó ná 100 cór as gach cuid den tír le chéile don 17ú comórtas bliantúil Choirs for Christmas arna eagrú ag RTÉ lyric fm. D'éirigh linn caidreamh a chothú le lucht éisteachta níos ginearálta le réimse clár nua freisin. Cuireadh go mór leis an rogha a chuirtear ar fáil don lucht éisteachta le *Daybreak with Evonne Ferguson, Encore, Culture File Weekly, Great Moments in Classical Music, The Astrolabe, The Green Screen* agus *Strike Up the Band.*

Chinntigh RTÉ lyric fm freisin gur bhraith an lucht éisteachta go raibh siad páirteach in ócáidí móra ceoil. Leanadh den chraoladh beo ón gCeoláras Náisiúnta ar *The Friday Concert with Paul Herriott* le Ceolfhoireann Náisiúnta Siansa RTÉ. Cuireadh ceoltóirí óga atá ag teacht chun cinn in Éirinn i láthair i gCeolchoirmeacha Am Lóin RTÉ sa Cheoláras Náisiúnta leis an gCeolfhoireann Náisiúnta Siansa agus le Ceoilfhoireann Coirme RTÉ. Craoladh *Movies & Musicals* ó Fhéile Idirnáisiúnta Scannánaíochta Bhaile Átha Cliath Jameson.

Cuireadh ceithre cinn de cheolchoirmeacha as sraith coirmeacha *Horizons* na bliana 2015 leis an gCeolfhoireann Náisiúnta Siansa i láthair sa tsraith Nova ar RTÉ lyric fm. Bhí saothar ceoil leis na cumadóirí Éireannacha Gráinne Mulvey, David Coonan, Philip Hammond agus John Buckley á sheinm.

Craoladh beo freisin ó Fhéile Ealaíon na Gaillimhe, an Fhéile Bloom, Féile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí, Féile Ceoldrámaíochta i Loch Garman, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus as an Metropolitan Opera i Nua-Eabhrac.

**Nuálaíocht, Comhpháirtíocht agus Gradaim**
Rinne RTÉ lyric fm craoladh físeáin beo ar an ngréasán ar imeachtaí suntasacha i rith na bliana 2015. Áirítear orthu sin an Comórtas Idirnáisiúnta Pianadóireachta 2015, Ceolchoirm Aontas Craolacháin na hEorpa ar Lá na gCeart Daonna, Comórtas Cóir EuroRadio agus Ceolchoirm Mhór 150 Bliain Sibelius as Halla Vanaja in Hameenlinna na Fionlainne.

Oibríodh i gcomhar le réimse féilte ar fud na tíre, mar shampla Féile Cheolfhoirne na nÓg, Féile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí, Féile Ceoldrámaíochta i Loch Garman, Féile Ceoil KBC i dTithe Móra na hÉireann, Féile Pianadóireachta Ros Mhic Thriúin agus Féile Ceoil Aireagail Chathair na Mart.


Oibríodh le camchuairteanna éagsúla ceoil chomh maith. Áirítear orthu sin séasúr an earraigh agus séasúr an fhómhair ag Music Network, camchuairt ceoil aireagail Classical Links, Ceolchoirmeacha Cheoltóirí Óga na Bliana na Másún, léiriú Chompántas Ceoldrámaíochta na nÓg ar Agrippina, Ceolchoirm Cheolfhoireann Pops Chorcaí do na Scoileanna, Feis Ceoil Bhord Soláthair an Leictreachais agus Feis Ceoil Shligigh.

Ceapadh Sebastian Adams ina Chumadóir Cónaitheach ag RTÉ lyric fm don bhliain 2016/17. Beidh saothair nua á gceapadh aige a chraolfar ar RTÉ lyric fm. Ar na saothair sin, beidh dhá charúl Nollag, sraith do cheolfhoireann bunaithe ar mhúnlaí cheol na ndaoine agus saothar a bheidh in úsáid ag Ceathairéad RTÉ lyric fm i gceardlanna scoile. Beidh deis aige freisin i rith na bliana saothair nua a chumadh do cheolfhoirne RTÉ chomh maith leis an gceathairéad agus na cóir.

**Bliain Órga**
Bronnadh gradam óir ar RTÉ lyric fm ag na New York Festivals 2015 mar gheall ar an bportráid fuaime de Luimneach, *As It Lives & Breathe*s (Grey Heron Media), ar saothar ceannródaíochta atá ann. Gnóthaíodh gradaim airgid agus gradaim cré-umha freisin ag Gradaim Raidió PPI. Ábhar mórtais a bheith ar an ngearrliosta do ghradam cheol raidió Prix Europa mar gheall ar *The Lyric Feature.*

**Raidió Digiteach, Ceannródaíocht**
Sheol an tAire Cumarsáide Alex White aip nua an Irish Radioplayer i mí Aibreáin, tionscnamh i gcomhar idir RTÉ agus Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI). Den chéad uair riamh, tá na stáisiúin phoiblí agus na stáisiúin thráchtála ar fad ar fáil tríd an tairseach dhigiteach amháin. Ba ghearr gur léirigh an pobal spéis san aip; bhí 60,000 duine a tharraing an aip chucu féin taobh istigh de thréimhse

**MAPA D'ASCHUR Ó NA RÉIGIÚIN:**
**Léaráid a léiríonn an ghníomhaíocht ar fud na tíre in 2015**




UAIREANTA RAIDIÓ DE RÉIR SEÁNRA

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Na hEalaíona | 751 | 720 |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | 6,258 | 6,293 |
| Spórt | 1,627 | 1,571 |
| Ceol | 17,323 | 17,407 |
| Fíorasach | 1,545 | 1,769 |
| Siamsaíocht | 6,613 | 6,375 |
| Eile | 1,108 | 1,028 |

Foinse: RTÉ
Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

**Tuilleadh eolais**

**Léigh tuilleadh faoi RTÉjr Radio sa chuid tiomnaithe do leanaí ar leathanach 58**

cúig seachtaine – agus tháinig ardú ar an líon sin i rith an chuid eile den bhliain.

Bronnadh trí cinn de ghradaim de chuid an PPI ar stáisiúin raidió digiteacha RTÉ (gradam óir, gradam airgid agus gradam cré-umha) mar gheall ar chláir nuála.

Cuireadh seirbhís níos téagartha ar fáil don lucht éisteachta trí cheangal níos treise idir na stáisiúin dhigiteacha agus a gcuid 'máthairsheirbhísí' éagsúla. Cóiríodh leagan amach nua ar sceideal RTÉ 2XM agus RTÉ Pulse, seirbhísí do dhaoine óga den chuid is mó, ionas go dtagann siad leis an sceideal nua ar RTÉ 2fm. Rinne Cormac Battle agus Louise McSharry comhchraoladh ar chláir ar RTÉ 2XM agus 2fm ag an aon tráth amháin.

Bhí seirbhís raidió RTÉjr páirteach, i gcomhar leis na seirbhísí teilifíse agus idirlín den chineál céanna, i dtionscnaimh ilmheáin de leithéid Cake, clár raidió do leanaí faoi chúrsaí ealaíne, agus *Swipe,* aip agus clár teilifíse de chuid RTÉjr a mbíonn ábhar raidió RTÉjr ar fáil air.

### An Buncar Digiteach, Teach Téacháin ag Craoltóirí Cumasacha

Mar gheall ar an mBuncar Digiteach, spás faoi leith i Lárionad Raidió RTÉ, tá áis speisialta ar fáil ag láithreoirí, lucht oiliúna agus oirfidigh inar féidir a bheith ag ullmhú agus ag pleanáil don chineál raidió atá ag teacht chun cinn. Tá áiseanna sa Bhuncar Digiteach do RTÉ Pulse agus RTÉ 2XM. Oibríonn láithreoirí ar an dá stáisiún sin ar bhonn deonach agus feictear gur áis tí téacháin atá ann maidir le craoltóirí óga a thabhairt chun cinn.



# Ceannródaíocht maidir leis an **Réabhlóid Dhigiteach** in Éirinn



Is iad réimse seirbhísí digiteacha RTÉ croí-lár earnáil dhigiteach na hÉireann.

**Maidir le seirbhísí digiteacha RTÉ**
Tá rannóg digiteach RTÉ chun tosaigh in Éirinn ó thaobh seirbhísí meán digiteach a chur ar fáil. Cuireann an rannóg RTÉ.ie, RTÉ Player, RTÉ Player International, agus réimse leathan aipeanna don ghléasra soghluaiste, aip RTÉ News Now ina measc, ar fáil, agus táthar freagrach as an réabhlóid dhigiteach in RTÉ ionas go dtugtar aidhmeanna leathanréimseacha seirbhíse poiblí RTÉ i gcrích sa saol digiteach.



# 5,500,000

duine a tháinig ar RTÉ.ie
gach mí den bhliain 2015

# Athbhreithniú ar an mBliain | **Digiteach**

### Suíomh Idirlín an Náisiúin

Tharraing RTÉ.ie, an suíomh meán cumarsáide is fearr a chruthaíonn in Éirinn, meánlíon 5.5 milliún duine faoi leith in aghaidh na míosa i mbun brabhsála i rith na bliana 2015. Is ar ghléasra soghluaiste a tharlaíonn níos mó ná 80% den tapú a dhéantar ar ábhar digiteach RTÉ faoin tráth seo ós ar dheiseanna den sórt sin a léann níos mó daoine an nuacht is deireanaí agus ábhar eile.

### An Trácht is Mó Riamh le linn Chomhaireamh an Reifrinn ar Chomhionannas Pósta

Ba é an lá a raibh an comhaireamh ar siúl maidir leis an Reifreann ar Chomhionannas Pósta an lá ba mhó trácht ar an idirlíon – thapaigh 977,000 duine faoi leith RTÉ.ie agus aip RTÉ News Now. Ceadaíodh 6.8 milliún leathanach an lá sin, rud a d'fhág an trácht ar na hardáin nuachta dhigiteacha 71% níos airde ná na meánleibhéil.

Ba é an dara lá ba mhó trácht i rith na bliana Dé Domhnaigh, an 11 Deireadh Fómhair 2015. Ba é sin an lá ar tháinig an scéal tragóideach faoi mharú an Gharda Tony Golden i gContae Lú. Thapaigh 871,000 duine faoi leith RTÉ.ie. An lá céanna sin, bhí lucht féachana ag faire an chluiche sacair idir Éirinn agus an Pholainn agus an cluiche Rugbaí idir Éirinn agus an Fhrainc i gCorn an Domhain ar ardáin dhigiteacha RTÉ.

Lá an Bhuiséid an tríú lá ba ghnóthaí i rith na bliana le 834,000 duine faoi leith i mbun brabhsála agus leathanaigh á dtapú 6.1 milliún uair.

B'iad na hailt nuachta ba mhinice a ceadaíodh i rith na bliana 2015: bás seisear tar éis do bhalcóin titim in Berkeley, léadh an leathanach 913,000 uair; bás deichniúr mar gheall ar dhóiteán i gCarraig Mhaighin, léadh an leathanach 686,000 uair; agus comhaireamh na vótaí tar éis an Reifreann maidir le Comhionannas Pósta, léadh an leathanach 668,000 uair.

B'iad na hailt spóirt is mó a tharraing daoine an tuairisc a tugadh beo ar an gcluiche deireanach i gcomórtas na Sé Náisiún, leathanach a tapaíodh 452,000 uair; agus an tuairisc a tugadh beo ar an gCluiche Ceannais Peile idir Áth Cliath agus Ciarraí a tapaíodh 350,000 uair.

Tharraing an suíomh idirlín agus gléasra soghluaiste do *Operation Transformation* níos mó ná 1.3 milliún duine faoi leith i mbun brabhsála agus tapaíodh leathanaigh 6.8 milliún uair.

### Uimhir a haon? Tá aip againn lena aghaidh sin


Is í RTÉ News Now an aip is minice a déanadh íoslódáil air in Éirinn, 1.5 milliún uair go dtí seo. Déanadh an aip a híoslódáil 176,000 uair i rith na bliana 2015 agus, tar éis athnuachan a dhéanamh ar an aip i mí Lúnasa, tháinig méadú 31% ar líon na n-uaireanta a rinneadh leathanaigh a fhéachaint.

Tháinig méadú ar líon na n-uaireanta a íoslódáladh aipeanna RTÉ do ghléasra soghluaiste i rith na bliana 2015. Íoslódáileadh 2.6 milliún cóip de 11 aip de chuid RTÉ – nuacht, teilifís, raidió agus ábhar do leanaí – i rith na bliana 2015.

Bhí tóir i gcónaí ar aipeanna raidió RTÉ, ina measc aip seinnteoir RTÉ Radio Player, aip RTÉ Radio 1, aip 2fm agus aip *Documentary on One* ar tarraingíodh anuas 682,000 cóip ar a gcur le chéile.


**Ba é an lá a raibh an comhaireamh ar siúl maidir leis an Reifreann ar Chomhionannas Pósta an lá ba mhó trácht ar an idirlíon – thapaigh 977,000 duine faoi leith RTÉ.ie agus aip RTÉ News Now.**

AN LÍON LEATHANACH AR AN MEÁN A TAPAÍODH SA MHÍ AR FUD NA SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA (MILLIÚIN)





Foinse: RTÉ

SCIAR A BHAINEANN LEAS AS SEIRBHÍS DHIGITEACH RTÉ SA TSEACHTAIN




Foinse: Sonraí RTÉ 2015, Daoine Fásta 18+

SRUTHANNA AR AN SEINNTEOIR RTÉ PLAYER 2011-2015 (MILLIÚIN)




Foinse: Sonraí RTÉ

**Na cúig chlár is mó a raibh tóir orthu**

Is iad na cláir raidió is mó a raibh éileamh orthu:

1. *Documentary on One* (30 Bealtaine)
2. *Liveline* (23 Deireadh Fómhair)
3. *Liveline* (9 Meitheamh)
4. *The Marian Finucane Show* (17 Deireadh Fómhair)
5. *Liveline* (10 Iúil).

**Seinnteoir an RTÉ Player**

Cuireadh níos mó ná 40 milliún sruth ar fáil i rith na bliana 2015 ar sheinnteoir an RTÉ Player, an tseirbhís craolacháin físeáin ar a éileamh is mó in Éirinn – le 1.35 milliún duine ar an meán i mbun brabhsála agus 3.35 milliún sruth ar an meán á dtapú in aghaidh na míosa. Bhí an Aip sheinnteoir RTÉ íoslódáilte breis agus 1.84 milliún uair.

Tá an teilifíseán ceangailte anois ar an gcineál is coitianta de na gléasanna éagsúla a úsáideann daoine chun breathnú ar sheinnteoir an RTÉ Player, le 51,000 sruth á dtapú i rith thréimhse na Nollag amháin sa bhliain 2015.

Mí Feabhra an mhí ba ghnóthaí ag an seinnteoir mar gheall ar chomórtas RBS na 6 Náisiún, eagráin speisialta beo den tsraith *EastEnders* faoin teideal *'Who Killed Lucy Beale?'* agus *The Notorious* maidir le Conor McGregor. Sraitheanna drámaíochta a bhí ar na cláir ba mhinice ar a raibh breathnú, chomh maith le RTÉ News, *The Late Late Show* agus *The Sunday Game Live*.

*The Late Late Toy Show* an clár a tharraing an lucht féachana ba mhó i rith na bliana ar fad, le 180,000 sruth á dtapú. Tharraing an chéad chlár de shraith drámaíochta *Charlie* RTÉ One lucht féachana 93,000 sruth.

**Caidreamh leis an Lucht Úsáide**


Seoladh bailiúcháin éagsúla don réimse digiteach amháin ar sheinnteoir an RTÉ Player a bhfuil de chuspóir leo tumadh ceart a bheith iontu don lucht féachana a thaithíonn iad. Tá blas ar an mbeagán sna gearrscannáin le hoidis bia atá ar fáil ar an Food Hub nua ar an seinnteoir agus cuirtear an chuid is fearr de chláir faisnéise RTÉ One agus RTÉ2 ar fáil ar an Doc Hub ionas gur féidir iad a bhreathnú ar ríomhaire boird nó ar ghléasra soghluaiste.

D'éirigh go maith le hábhar breise gréasáin ar sheinnteoir an RTÉ Player, mar shampla ábhar breise ar an ngréasán amháin a bhain leis an *Late Late Show, The Sunday Game, RBS 6 Nations, Storyland, Comedy Bites* agus an clár comhrá nua *The Couch*, ar ardáin dhigiteacha amháin a craoladh é. Ceanglaíodh níos mó ná 1.4 milliún sruth leis an ábhar sin i rith na bliana 2015.

**Gay Byrne ar fud na Cruinne**

Tharla cuid mhór eachtraí trína scaip físeáin de chuid Chainéal RTÉ ar YouTube mar a bheadh galar tógálach ag réabadh roimhe go rábach. As an agallamh a chuir Gay Byrne ar Stephen Fry a tháinig an físeán ba mhó breathnú agus an dara ceann ba mhó breathnú. Breathnaíodh an físeán maidir le tuairimí Stephen Fry faoi Dhia 6.6 milliún uair.

Ba é an físeán bolscaireachta maidir leis an gclár *The Notorious* faoi Conor McGregor a tharraing an tríú dream féachana ba mhó, 239,045. Leanadh d'fhéachaint go minic ar fhíseáin a bhfuil greim faighte acu ar an bpobal, mar shampla Charlie Bird nuair a tharla sé ar rón in Antartaice, *Horse Outside* le The Rubberbandits agus an chur i gcéill maidir le méadar uisce le ceamara ceilte ar *The Fear.*



# Athbhreithniú ar an mBliain | **Digiteach**

**Freastal ar na hÉireannaigh thar lear**
Lucht féachana idirnáisiúnta a bhí in 25% díobh siúd a thapaigh RTÉ.ie agus lucht éisteachta idirnáisiúnta 30% ar na haipeanna ag Raidió RTÉ. Bhí an-tóir ar an dá sheirbhís a chuirtear ar fáil do dhaoine thar lear go sonrach. Tháinig méadú 55% ar an úsáid as GAAGO, seirbhís sruthanna ar a n-éileamh an CLG agus RTÉ. Ceapadh sruthanna i líon is mó ná 180 tír agus breathnaíodh níos mó ná 630,000 uair an chloig den ábhar.

Seoladh an seinnteoir RTÉ Player International i mí Márta 2015 agus ceanglaíodh níos mó ná 1.5 milliún sruth leis. Bhí *Fair City,* an *Nine O'Clock News* ó RTÉ One, *The Late Late Show, Nationwide* agus *Primetime* ar na cláir ba mhinice ar féachadh orthu.

**Caidreamh a chothú leis an Lucht Éisteachta agus Féachana**
Rinneadh cóiriú lárnach ar an straitéis dáiliúcháin maidir leis na táirgí agus na seirbhísí ar fad i rith na bliana 2015 ionas go gcinntítear seirbhís shlánchóirithe níos éifeachtúla. Shínigh RTÉ comhaontú páirtnéireachta fadtéarmach le Sky chun cur le líon na gcainéal (agus na mbealaí) inar féidir ábhar RTÉ a fheiceáil ar sheirbhísí Sky in Éirinn. Seoladh RTÉ One +1 agus RTÉ One HD ar Sky i mí na Nollag.

I mí Deireadh Fómhair, seoladh seirbhísí teilifíse RTÉ ar chóras Eir Vision Go, an tseirbhís teilifíse nua ar gach láthair ag Eir. I mí na Samhna, cuireadh cláir ar fáil lena mbreathnú ar atráth ar an gcóras Replay TV a oibríonn Virgin. Síníodh comhaontú freisin idir RTÉ agus Vodafone a fhágann go mbeidh seirbhísí teilifíse agus raidió RTÉ ar fáil ar sheirbhís teilifíse Vodafone ó thús na bliana 2016.

**Cartlann RTÉ, Foilsiú an Bhailiúcháin**
Seoladh suíomh idirlín nua de scoth an domhain do Chartlann RTÉ ar a bhfuil teacht ar an tuairisc faoi leith atá ann ar shaol na hÉireann ag níos mó daoine ar réimse ardán níos leithne. Cuireadh scéal an lae, arna tharraingt as bailiúchán ollmhór na cartlainne d'ábhar físeáin, de thaifeadtaí fuaime, de ghrianghraif agus de lámhscríbhinní ar fáil ar an idirlíon. D'éirigh freisin le sraith de thaispeántais idirlín, faoi théamaí de leithéid 1916, olltoghcháin san am a caitheadh nó daoine iomráiteacha a thug cuairt go hÉirinn i rith na 1960idí, aird níos mó daoine a tharraingt ar an ábhar cartlainne spéisiúil.

Tháinig ardú ar líon na ndaoine a cheadaigh an t-ábhar go dtí gur ceadaíodh leathanaigh dhá mhilliún uair i rith na bliana 2015. 1,149 scéal a foilsíodh. Daoine in Éirinn a bhí i gceist le ceadú na leathanach 64.4% den am, agus sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá is mó a bhí daoine ag tapú an ábhair ina dhiaidh sin.

Lean Cartlann RTÉ den chaidreamh a chothú leis an bpobal trí na meáin shóisialta. Cruthaíodh na céadta Vines (físeáin ghairide) a cuireadh sa timpeall. Chuir Cartlann RTÉ go mór freisin le hócáidí poiblí, le seanlón scannánaíochta, cainteanna agus taispeántais, ina measc ag an ócáid saor ó tháille a d'eagraigh RTÉ do theaghlaigh, *RTÉ Road to the Rising,* ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag Féile Scannánaíochta Chorcaí.

Cuireadh 37,167 mír d'ábhar cartlannaíochta teilifíse ar fáil do lucht taighde agus do léiritheoirí le húsáid ar fud réimse iomlán chláir nuachta agus spóirt RTÉ. Bhí ábhar cartlannaíochta go mór chun tosaigh sa tsraith drámaíochta *Charlie* ar RTÉ One – cuireadh níos mó ná 22 uair an chloig d'ábhar cartlainne ar fáil mar lón tagartha nó le húsáid sa léiriúchán féin.


RTÉ Road to the Rising


Cartlann Raidió

Ar na tionscadail eile ar chuidigh Cartlann RTÉ leo, bhí *Luke Kelly: Prince of the City, Après Match of the Day, Pat Shortt's Music From D'telly, Fab – The Night the Beatles Came to Dublin, The Rubberbandits Guide to 1916* agus *Cloch le Carn.*

**Caidreamh leis an Eoraip**
Lean Cartlann RTÉ de pháirt a ghlacadh in *EUScreen* a gcuireann an AE ciste ar fáil lena aghaidh. Leis an tionscadal sin, cuirtear na mílte míreanna d'ábhar ó stair na teilifíse san Eoraip ar fáil go háisiúil trí thairseach ar líne agus trí Europeana, leabharlann digiteach na hEorpa.

**Nuáil agus Taighde**
Thug Cartlann RTÉ, i gcomhar leis na páirtnéirí Insight@NUIG agus Taisclann Dhigiteach na hÉireann an tionscadal straitéiseach taighde agus nuáil dhá bhliain chun críche. Ba é a bhí de chuspóir leis an togra i gcomhar sin ardán a chur ar fáil a bhféadfaí ábhar a aimsiú air bunaithe ar shonraí ionas gur fairsinge an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ábhar closamhairc as Cartlann RTÉ.

Tá ardán taispeáinte inmheánach, trínar féidir an úsáid as deiseanna sonraí ceangailte agus an tairbhe atá astu a léiriú, á mheas faoi láthair agus forbairt bhreise á thabhairt air ag RTÉ. Foilsíodh bailiúchán de mhéithshonraí ón gcartlann ar an ardán nuabhunaithe ar www.dri.ie. Toghcháin an téama a roghnaíodh.

**Caomhnú na hOidhreachta**
Glacadh isteach 4,674 uair an chloig de chláir teilifíse nuachraolta, rinneadh a dtuairisc a bhreacadh agus a chur i dtaisce. Cuireadh 5,500 uair an chloig ar an meán de thaifeadtaí léiriúcháin – cláir chríochnaithe agus rogha den bhunábhar – i dtaisce sa chartlann. Glacadh isteach 8,000 uair an chloig d'ábhar raidió agus rinneadh an catalógú air.

Rinneadh an tráth céanna catalógú ar 11,000 grianghraf nuadhigitithe agus nua-aimsithe agus a gcur le bunachar sonraí ghriangraf digiteach RTÉ. Chuir Cartlann RTÉ bunachar sonraí nua ag obair don chatalógú agus don bhainistíocht ar na taifid páipéir, ar na bailiúcháin foilsithe

agus ar na taifid leictreonacha. A bhuíochas de chiste a fuarthas faoi Scéim Chiste Cartlannaíochta an Údaráis Craolacháin, tosaíodh freisin ar an obair ar thrí cinn de thograí caomhnúcháin. Tugadh an próiseas tairisceana chun críche maidir leis an digitiú agus na seirbhísí stórála i leith gach ceann de na tionscadail. Tosaíodh ar an obair digitiúcháin maidir le 5,000 uair an chloig de thaifeadtaí físeáin d'ábhar nuachta i bhformáid analógach (1985-1999).

Aimsíodh páirtmhaoiniú freisin maidir le rogha den ábhar luath nuachta ar Scannán ó na 1960idí, chomh maith le taifeadtaí raidió ar an gcineál luath den téip fuaime dhigiteach (DAT).

**Athfhoilsiú 1916**

Thángthas trasna den chéad uair i rith na bliana 2015 ar ábhar agallaimh agus ar lón fianaise den suntas maidir leis an mbliain 1916 agus beidh úsáid leitheadach á bhaint astu sin do chlár comórtha 1916 ag RTÉ.

Bhí an obair chaomhnúcháin agus athchóiriúcháin dírithe go mór ar chomóradh 1916. Ar na buaicphointí maidir le taifeadtaí a ndearnadh athchóiriú orthu ó bhunábhar scannáin agus físeáin, bhí cláir agus bunábhar gaolmhar maidir le *I Remember Easter, On Behalf of the Provisional Government* agus *Emmet Dalton Remembers*. Tagann agallaimh áirithe as an tsraith *Ireland:A Television History* i gceist chomh maith.

**Na Daoine is bun leis an Nuáil Dhigiteach**

Rinneadh athchóiriú ar ról an Bhainisteoir Stiúrtha maidir le cúrsaí Digiteacha gur cruthaíodh post nua, an Príomhoifigeach Digiteach, a fheidhmíonn ar fud na heagraíochta i mbun ceannasaíochta maidir leis an straitéis dhigiteach agus ag cuidiú lena tabhairt i gcrích. Ceadaíonn an t-athrú sin béim as an nua ar an nuálaíocht. Soirbhítear freisin don phleanáil straitéiseach agus d'fhorbairt táirgí, ar fud na rannóg, le béim á leagan ar an dáileadh agus ar chothú na beartaíochta.

Leagadh cúram feidhmiúcháin, agus cúram athleagan amach a thabhairt ar an gcéad seirbhís dhigiteach a bhí ag RTÉ, ar Cheannasaí nua RTÉ.ie. Ceapadh Ceannasaí Páirtnéireacht Nuálaíochta agus Cistíochta i ndeireadh na bliana 2015 ar a leagtar de chúram páirtnéireachtaí comhair a chothú agus an nuáil a thabhairt chun cinn. Is cuid den ról freisin an chistíocht a aimsiú a theastaíonn don digitiú ar na bailiúcháin forleitheadacha cartlainne agus oibriú i gcomhar le lucht an raidió chun brostú leis an bhforás ar an réimse digiteach.

**Ceannródaíocht i Nuálaíocht san Eoraip**

D'eagraigh RTÉ an chéad Chruinniú Mullaigh de chuid Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) maidir le Meáin Ar Líne i mí Deireadh Fómhair. Tháinig níos mó ná 100 duine a oibríonn sna meáin in Éirinn agus thar lear i láthair i mBaile Átha Cliath chun na deacrachtaí a bhaineann leis an nuálaíocht i gcúrsaí na meán a phlé agus na bearta a mbíonn dea-thoradh orthu a chur in iúl.

**Iriseoireacht sa Ré Dhigiteach**

D'oibrigh RTÉ.ie agus Aonad Fiosrúcháin RTÉ le chéile ar roinnt tograí iriseoireachta bunaithe ar shonraí i rith na bliana 2015. Tugadh léargas cuimsitheach in *No Expenses Spared* ar chostais i réimse na polaitíochta chomh maith leis an scála ollmhór a bhaineann leis an eolas atá ar fáil go digiteach anois a léiriú, réimse a mbeadh deiseanna breátha ann don tuairisceoireacht fiosrúcháin. D'fhág comhpháirtíochtaí eile gur cuireadh tograí ar líne le chéile maidir le holltacair sonraí, a ndearnadh a gcur i láthair go simplí ina dhiaidh sin in aipeanna gréasáin idirghníomhacha ar bhealach a bhí cóiriúil don lucht léite. Ar na hábhair a scrúdaíodh, bhí féinmharú, cionta maidir le cúrsaí cánachais agus pinsin lucht polaitíochta.

Cuireadh an chéad chéim de straitéis maidir le caidreamh digiteach leis an lucht féachana ar bun i gcomhar leis *The Late Late Show.* Sa chéim tosaigh seo, d'fhéad lucht úsáide Facebook ceisteanna a chur a mbainfí úsáid astu ar an gclár.

**Ceannródaíocht maidir leis an Eacnamaíocht Dhigiteach**

Léirigh RTÉ go bhfuiltear i gceann an róid san eacnamaíocht dhigiteach agus ina fhoinse nuála san earnáil sin. Cuidíodh le heagraíochtaí agus imeachtaí éagsúla oideachas sna scileanna digiteacha a chur chun cinn. Oibríodh i gcomhar leis an ngluaiseacht foghlama digití Excited chun bonn taca a chur faoi ról na teicneolaíochta i gcúrsaí oideachais. Oibríodh in éineacht leis an ngluaiseacht códála domhanda Coder Dojo maidir le gradaim na *Coolest Projects Awards.* Cuireann na gradaim sin an chruthaitheacht atá sa lucht códála, idir 7 agus 17 bliana d'aois, as gach cuid den domhan, os comhair an tsaoil. Lean RTÉ ag cuidiú leis an Digital Youth Council.

D'eagraigh RTÉ freisin cruinniú faoin teideal *Hacks/Hackers' Meet-up on Data-Driven Journalism*, ag a ndearnadh cíoradh ar an úsáid is féidir a bhaint as sonraí i mbun iriseoireacht fiosrúcháin in Éirinn. Tháinig cuid mhór iriseoirí ag an gcruinniú chomh maith le líon mór de lucht na teicneolaíochta. Bhí an ócáid seo dírithe ar athsmaoineamh a dhéanamh ar a bhfuil i ndán maidir le cúrsaí nuachta agus faisnéise agus ar dhaoine a d'fhéadfadh oibriú in éineacht ar thograí san am atá romhainn a thabhairt le chéile.

**Borradh 17% ar an ioncam Fógraíochta agus Urraíochta**

Tháinig ardú 17% ar an teacht isteach ó fhógraíocht agus ó urraíocht, ó ghníomhaireachtaí in Éirinn agus thar lear, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is iad na pátrúin is tábhachtaí atá le sonrú:

- Fás maidir le formáidí méithmheáin agus formáidí idirghníomhaíochta a oibríonn ar gach cineál scáileáin
- Ardú maidir le fógraíocht i lár sruthanna físeáin
- Forbairt bhreise ar fhormáidí an ghléasra soghluaiste

Chuir Díolacháin Meán Cumarsáide RTÉ, maidir le gnóthaí Digiteacha, formáidí nua den nuáil agus den idirghníomhaíocht ar fáil agus chuidigh le roinnt eile a dhearadh.

Thug feachtas mór idirghnólachtaí, i bhfoilseacháin agus ar láithreáin gréasáin thábhachtacha, deis dúinn seifteanna fógraíochta a leagan amach agus a idirdhealú óna mbeadh an lucht iomaíochta a thairiscint. Rinneadh leasú i leith na linne ar shuíomh Dhíolacháin Meán Cumarsáide RTÉ maidir le gnóthaí Digiteacha.

Lean an fás atá ag teacht ar an bhfógraíocht ar ghléasra soghluaiste. Chuir an mheitheal díolacháin seifteanna ilardáin os comhair na gceannaitheoirí. Thosaigh an mheitheal ar cheannachán sainlucht féachana sprice maidir le hábhar físeáin chomh maith.

**Toradh Sármhaith**

Tháinig toradh sármhaith ar ábhar brandáilte a thabhairt isteach – arna scríobh, arna dhearadh, arna chur chun cinn agus ar fáil ar shuíomh idirlín RTÉ. Bronnadh gradam idirnáisiúnta ar mheitheal díolacháin na ngnóthaí digiteacha mar gheall ar an dearadh HTML5 sna feachtais idirghníomhaíochta.






**500**

uair an chloig de bhunábhar cláir spóirt i rith na bliana 2015

# Tugtar **ar an Láthair** Daoine

Bíonn Spórt RTÉ i gceartlár shaol an spóirt in Éirinn, ag cur léiriúchán, tráchtaireacht agus tuairiscíocht ar fáil don náisiún, saor go haer.



**Maidir le Spórt RTÉ**

Tá RTÉ chun tosaigh maidir le hábhar spóirt a chur ar fáil ar na meáin chraolta agus ar líne in Éirinn. Cuireann Spórt RTÉ léiriú agus anailís ar ábhar spóirt ar fáil don lucht féachana agus éisteachta in Éirinn, ar fud líon forásach ardán, idir chineálacha spóirt mhór-ráchairte agus chineálacha mionlaigh, chomh maith le comórtais agus cluichí idirnáisiúnta.

# Athbhreithniú ar an mBliain | **Spórt RTÉ**

**Léiríodh níos mó ná 500 uair an chloig de thráchtaireacht ardchaighdeáin, cuid mhór de dírithe ar chraoladh buaicthrátha, 31 cluiche sna craobhchomórtais iománaíochta agus peile san áireamh, chomh maith leis na cluichí ceannais camógaíochta.**



The Sunday Game Live



Thank GAA It's Friday

### Buaicphointí Spóirt ar an Teilifís

Chuir Spórt RTÉ éachtaí agus gníomhartha gaisce i ndiaidh a chéile i réimse an spóirt ar fáil, saor go haer, i rith na bliana 2015.

Léiríodh níos mó ná 500 uair an chloig de thráchtaireacht ardchaighdeáin, cuid mhór de dírithe ar chraoladh buaicthrátha, 31 cluiche sna craobhchomórtais iománaíochta agus peile san áireamh, chomh maith leis na cluichí ceannais camógaíochta.

Craoladh na cluichí uile i gcomórtas 6 Náisiún na bhfear, an cluiche deiridh agus an cluiche inar buadh an chraobh i gcomórtas 6 Náisiún na mban agus feachtas cáilithe Phoblacht na hÉireann do chomórtas Euro 2016. Rinneadh craoladh ar 19 cluiche i Sraith Airtricity agus i gCorn an FAI, cluichí ceannais na mban agus na bhfear i gCorn an FAI san áireamh. Craoladh Craobhchomórtais Dornálaíochta na hEorpa agus an Domhain (Fir) chomh maith.

Chuaigh bua na hÉireann i gcomórtais na 6 Náisiún (fir agus mná) agus an chéad churadh domhanda ag an tír i ndornálaíocht na bhfear do na hamaitéaraigh i gcion go mór ar an lucht féachana agus éisteachta. Níos gaire do bhaile, tháinig méadú ar an lucht féachana a tharraing Spórt RTÉ do na cluichí ceannais camógaíochta – arna dtaispeáint beo as Páirc an Chrócaigh – agus do chluichí ceannais Chorn an FAI do na fir agus do na mná, arna gcraoladh beo as Stáid Aviva.

Bhí na cluichí Gaelacha, an rugbaí agus an sacar i measc na gcineálacha spóirt is mó a tharraing lucht féachana i rith na bliana 2015. Bhí meánlíon lucht féachana 881,600 duine (sciar 60.3%) ag faire ar T*he Sunday Game Live – All-Ireland Football Final* idir Baile Átha Cliath agus Ciarraí. Meánlíon 741,900 duine (sciar 60.4%) a bhí ag faire ar an gcluiche ceannais iománaíochta idir Cill Chainnigh agus Gaillimh. Tharraing an t-athimirt ar an gcluiche leathcheannais peile idir Baile Átha Cliath agus Maigh Eo meánlíon 679,100 duine (sciar 60.7%).

Bhí meánlíon 793,400 duine (sciar 40.2%) ag faire ar an dara babhta de na cluichí réitigh a d'imir Poblacht na hÉireann in aghaidh na Boisnia agus na Heirseagaivéine. 772,100 duine (sciar 41%) a bhí ag faire ar an gcluiche deireanach sa ghrúpa cáilithe in aghaidh na Polainne.

Is iad na cluichí ab airde ráta meánlíon lucht féachana i gcorn na 6 Náisiún, cluichí na hÉireann leis na foirne seo a leanas:

1. Sasana (760,300 duine – 53.3%)
2. Albain (702,900 duine – 64.3%)
3. An Fhrainc (693,000 duine – 52.6%)
4. An cluiche deireanach idir Sasana agus an Fhrainc a d'fhág gurbh le hÉirinn an chraobh (660,500 duine – 54%).
5. An Bhreatain Bheag (574,900 duine – 57.2%)

Chraol Spórt RTÉ rásaí capall beo ar an teilifís agus ar an idirlíon 24 lá i rith na bliana.

### Feabhas agus Forfheabhas

Déantar gach léiriúchán beo teilifíse de chuid Spórt RTÉ a chraoladh ar chaighdeán ardghléine (HD) anois – rinneadh an t-athrú i ndáil le rásaíocht capall i rith an tsamhraidh. Athraíodh an craoladh spóirt ar fad go dtí stiúideo níos fairsinge i rith na bliana 2015, rud a fhágann an bheartaíocht níos éifeachtúla ó thaobh costais. Rinneadh *The Sunday Game* a athsheoladh le hábhar nua grafaice agus beidh sin á thabhairt i bhfeidhm maidir le cláir eile spóirt i rith na bliana 2016.

### Focal Scoir

Bhí roinnt de na pearsana is aitheanta ar chláir Spórt RTÉ a d'éirigh as an gcúram i rith na bliana 2015. Bhí Tom McGurk agus George Hook le feiceáil den uair dheireanach le linn chomórtas rugbaí na 6 Náisiún ar RTÉ. Ba mhéala mór bás dhuine de na craoltóirí is mhó a thaitin leis an lucht féachana, Bill O'Herlihy.

### Raidió gan Chomparáid

Craoladh níos mó ná míle uair an chloig d'ábhar spóirt beo ar RTÉ, tráchtaireacht, anailís, plé agus scéalta nuachta faoi chúrsaí spóirt. Bhí feasacháin spóirt agus míreanna níos faide ná sin ar na cláir uile i rith an lae. Rinneadh trácht níos saothraithe ar *Game On* ar RTÉ 2fm ar laethanta na seachtaine agus, ar an deireadh seachtaine, ar *Saturday Sport* agus *Sunday Sport*, an dá chlár spóirt raidió is mó a bhfuil tóir orthu sa tír.




I margadh iomaíoch, d'éirigh le Spórt RTÉ an punann sainiúil de chearta craoltóireachta beo a choinneáil, ina measc an t-aon cheart nó an príomhcheart i ndáil le príomhchomórtais uile an CLG a chraoladh (na sraitheanna agus comórtais na gclub san áireamh). Coinníodh freisin an t-aon cheart craoltóireacht raidió a dhéanamh beo ar chomórtas na 6 Náisiún agus ar Chorn Rugbaí an Domhain, chomh maith leis an gcraoltóireacht beo ar chluichí idirnáisiúnta sacair na hÉireann i rith an fheachtais cháilithe do Chorn Euro 2016.

Rinneadh cuid mhór tuairiscíochta ó na ceithre cinn de phríomhchomórtais gailf agus ó Chorn Oscailte na hÉireann. Maidir le rásaíocht capall, rinneadh na rásaí móra ag féilte na hÉireann, i Cheltenham agus ó laethanta móra eile a chraoladh beo.

Bhí Spórt RTÉ chun tosaigh maidir le spórt na mban a chraoladh. Rinneadh tráchtaireacht beo chomh maith leis na tuairiscí is deireanaí a thabhairt ó na cluichí idirnáisiúnta sacair agus rugbaí, chomh maith leis na cluichí idirchontae sna Craobhchomórtais Uile-Éireann sa Chamógaíocht agus i bPeil na mBan.

**An Bhliain ab Fhearr Fós ar an Idirlíon**

Ba í 2015 an bhliain ab fhearr riamh ar an idirlíon í ag Spórt RTÉ le hardú 58% ar líon na leathanaigh a ceadaíodh ón mbliain 2014. Baineadh amach buaicfhigiúirí ar gach ceann de na hardáin – RTÉ.ie ar ríomhairí boird agus ar ghléasra soghluaiste agus an aip RTÉ News Now.

Ba é an Cluiche Ceannais Peile idir Baile Átha Cliath agus Ciarraí a tharraing an aird ba mhó tríd an idirlíon i rith na bliana 2015. Ní mórán a bhí idir sin agus an lá deireanach de chomórtas na 6 Náisiún ná an athimirt ar an gcluiche leathcheannais idir Baile Átha Cliath agus Maigh Eo i dtús mí Meán Fómhair. Anuas ar na hócáidí sin, tharla cáiliú na hÉireann do Chorn Euro 2016, cluichí na hÉireann i gCorn Rugbaí an Domhain agus babhta troda Conor McGregor le bheith ina churadh an domhain i Las Vegas i mí na Nollag.

Den chéad uair riamh, sáraíodh líon 2.1 milliún duine de lucht úsáide ar líne (i gcomórtas le buaicleibhéal 1.4 milliún sa bhliain 2014). Ar ghléasra soghluaiste a tharla níos mó ná 70% den úsáid. Leanadh an fhorbairt maidir le podchraoltóireacht: gnóthaíodh buaicleibhéil ar iTunes agus ar chainéal Soundcloud Spórt RTÉ i ndáil le gach ceann de na podchraolacháin rialta maidir le cluichí CLG, sacar agus rugbaí.

Chuir colúin coimisiúnaithe le bunábhar ó phearsana spóirt – Conor O'Shea, Sonia O'Sullivan, Tomás Mulcahy, Bernard Jackman agus David Gillick ina measc – gné breise leis an tráchtaireacht ar imeachtaí suntasacha. Cothaíodh caidreamh níos tréine ar gach ceann de na hardáin shóisialta is mó le rá Facebook, Twitter, Instagram agus YouTube.

# Rogha na **nDaoine**



Nuair a bhriseann scéalta, beag beann ar an áit a mbriseann siad, bíonn an nuacht is déanaí ag Nuacht RTÉ, sa dá theanga, á soláthar don tír agus thar tír amach.



**Maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ**
RTÉ an soláthraí is mó nuachta ar líne agus craolta in Éirinn.  Oibríonn líonra cuimsitheach de chomhfhreagraithe réigiúnacha agus náisiúnta go dian dícheallach chun an nuacht a thabhairt chuig an lucht féachana, tráth ar mian leo sin a thapú, ar fud an iliomad ardán a bhíonn de shíor ag leathnú.  I mbun tuairiscithe, imscrúdaithe agus anailíse, tugann RTÉ News léiriú dúchasach, ar leith i gcomhthéacs domhanda do lucht féachana na hÉireann.

Bíonn

**500,000**

duine ag faire ar RTÉ News ar na meáin shóisialta chun an nuacht is déanaí a fháil





**Athrú Rímhór ar mar a Insítear an Nuacht**

Sa bhliain 2015, chuir foirne RTÉ News sraith mórscéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi bhráid an lucht féachana agus éisteachta ar an teilifís, raidió, ar ghléasra soghluaiste agus ar líne. Mar fhreagra ar an athrú ollmhór atá ar an tslí a dtapaítear ábhar nuachta, baineadh leas as teicneolaíocht nua chun ábhar a dháileadh ar an mbealach ba éifeachtaí ó thaobh costas de. D'oibrigh iriseoirí ar fud gach ardán ag soláthar ábhar don teilifís, raidió agus do ghléasra soghluaiste.

**Scéalta an Chogaidh**

Go hidirnáisiúnta, d'inis an fhoireann scéalta a bhain leis an gcogadh sa tSiria agus rinne tuairisciú ar an lear mór daoine atá ag déanamh an aistir chun na hEorpa. Bhí Tony Connelly i mbun tuairisce san Iodáil, i Málta, san Ungáir, san Ostair, an tSlóivéin, an Chróit, an Ghearmáin agus sa Ghréig. Rinne Seán Mac an tSíthigh cur síos ar mar atá teifigh ag teacht i dtír san oíche ar thránna Kos. Chuir sé, ina ról mar iriseoir físeáin, tuairiscí abhaile do *Nuacht* agus do nuacht an Bhéarla.

Chaith Richard Downes *Prime Time* roinnt laethanta ar bord na loinge carthanachta in éineacht le teifigh agus chonaic lena dhá shúil féin an obair mhór tarrthála atá ar bun. Choinnigh sé súil ar na céadta teifeach a bhí ag teacht chuig baile beag sa Ghearmáin. Craoladh clár níos faide de *Prime Time* chun géarchéim dhomhanda na dteifeach a scrúdú.

Rinne RTÉ clúdach le linn na bliana ar an mbaol, atá ag méadú, go ndéanfadh an Stát Ioslamach (IS), mar a thugtar orthu, ionsaithe. Bhí Tony Connelly agus Richard Downes i bPáras i mí Eanáir chun tuairiscí a thabhairt ar ionsaí IS ar an iris aoir *Charlie Hebdo* inar maraíodh 12 duine.

I mí Meithimh, thug Richard Downes aghaidh ar an Túinéis chun na hionsaithe a rinne IS ar thurasóirí ar an trá a chlúdach inar maraíodh 38 duine, triúr Éireannach ina measc. I mí na Samhna, bhí Tony Connelly agus Leas-Eagarthóir Gnóthaí Eachtracha, Eimear Lowe, i bPáras arís tráth ar tharla ionsaithe IS inar maraíodh 130 duine. Léirigh RTÉ roinnt clár speisialta an deireadh seachtaine sin a tharraing lucht féachana mór ar líne agus ar ghléasra soghluaiste.

I mí Meithimh maraíodh seisear mac léinn as Éirinn agus gortaíodh seachtar eile go dona nuair a thug balcón árasáin i Berkeley, California uaidh. Chuaigh an scéal i bhfeidhm go mór ar an tír agus chlúdaigh Comhfhreagraí Washington RTÉ, Caitríona Perry agus an t-iriseoir Samantha Libreri na himeachtaí i California go tuisceanach agus go hoibiachtúil.

Sa bhaile i mí Bealtaine, vótáil Éire i bhfabhar pósadh comhghnéis. Chomh maith le clúdach nuachta ar an bhfeachtas tugadh faoi shraith agallamh agus díospóireachtaí ar *Prime Time, Claire Byrne Live* agus *Morning Ireland*. Tharraing clúdach beo ar na torthaí– le Miriam O'Callaghan ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus Bryan Dobson sa stiúideo – lucht féachana mór ar an teilifís, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste.

Rinne comhfhreagraithe speisialta RTÉ a gcuid ar fud gach ardán agus chlúdaigh réimse leathan scéalta ina measc róphlódú sna hospidéil; an téarnamh eacnamaíochta agus cruthú post; an t-easaontas faoi chúrsaí pá i gCumann na bhFeirmeoirí; cásanna cúirte Graham Dwyer, Ian Bailey agus Mark Nash; agus an tImscrúdú Baincéireachta.

Cuireadh an *Six-One* i láthair ó láithreacha ina raibh roinnt scéalta móra ag titim amach: an Buiséad, olltoghchán na RA, cuairt Phrionsa Charles

**Go hidirnáisiúnta, d'inis an fhoireann scéalta a bhain leis an gcogadh sa tSiria agus rinne tuairisciú ar an lear mór daoine atá ag déanamh an aistir chun na hEorpa.**


Caitríona Perry


Claire Byrne Live

ar Iarthar na hÉireann agus as Carraig Mhaighin áit ar bhásaigh 10 daoine go tubaisteach i ndóiteán.

### Ladrainn á nÚsáid chun an Scéal a Insint

Bhain RTÉ News úsáid as héileacaptar agus as ladrainn i mí na Nollag d'fhonn an díobháil a rinne Stoirm Desmond a léiriú ón aer. Thug comhfhreagraithe réigiúnacha RTÉ chun solais an tionchar mór a bhí ag an stoirm ar Lár na Tíre agus ar Iarthar na Tíre áit a raibh talamh feirme, go leor tithe agus gnólachtaí faoi thuilte.

### Labhair na Daoine

Sheol RTÉ One *Claire Byrne Live* i mí Eanáir. Ba ghearr go raibh an clár nua cúrsaí reatha ina mbíonn lucht féachana beo sa stiúideo ina fhóram do dhíospóireacht chliste ar nithe reatha. Rinneadh tráchtaireacht ar an gclár freisin ar ábhair nach ndéantar oiread sin tuairiscíochta orthu, mar shampla drugaí a cheadú faoin dlí agus galar meabhrach i measc daoine óga.

Léirigh *Prime Time* clár uile-Éireann, ag obair le BBC Thuaisceart Éireann chun féachaint ar staid an oileáin agus an todhchaí. Rinne an clár cúrsaí reatha cláir speisialta a léiriú ar thriail Graham Dwyer agus ionsaithe Pháras.

Bhí an chéad agallamh fada ag *Prime Time* leis an Taoiseach le roinnt blianta agus reáchtáladh díospóireachtaí sa stiúideo ar an Reifreann ar Chomhionannas Pósta. Craoladh roinnt clár fiosrúcháin ina measc scannáin ar theip na nGardaí agus truailliú i bPort Laoise. Pléadh beartais agus smaointeoireacht ar *The Week in Politics* roimh an olltoghchán.

### Nuacht ar Bóthar

Tháinig ardú mór ar an líon daoine a thapaíonn an nuacht ar ardáin dhigiteacha go háirithe ar ghléasra soghluaiste. Ag cuimhneamh air sin, rinneadh athchóiriú as an nua ar an aip RTÉ News Now. Baineadh leas as leathnaigh bheo chun mórscéalta na bliana a chlúdach ina measc an Buiséad, an Reifreann ar Chomhionannas Pósta, an dóiteán i gCarraig Mhaighin agus na hionsaithe i bPáras.

### Réabhlóid Sonraí

Threabh Aonad Fiosrúcháin RTÉ talamh nua maidir le saothrú agus iriseoireacht sonraí. Chuir an tAonad roinnt tuairiscí i dtoll a chéile ar líne ina measc bunachar sonraí iomlán maidir leis an tuarastal agus na costais a d'éiligh Teachtaí Dála agus seanadóirí ó bunaíodh an Dáil agus an Seanad reatha.

Leanann RTÉ News ag forbairt bealaí nuálacha chun nuacht a chur ar fáil ar líne, leithéid na formáide físeáin 360 a thugann deis don lucht féachana léargas a fháil ar an scéal ó gach aon taobh.

Tháinig méadú mór ar chainéil meán sóisialta Nuacht RTÉ a bhfuil 370,000 duine á leanúint ar Twitter agus 134,000 ag tabhairt taitnimh dóibh ar Facebook.

### An Tír a Choinneáil ar an Eolas

Is bealach fiúntach agus bealach a bhfuil an-tóir fós air é *Nationwide* ar RTÉ One chun an lucht féachana a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ar bun ag daoine agus ag pobail ar fud na hÉireann.

Ar cheann de bhuaicphointí na bliana, bhí tionscadal a bhain le mac léinn dara leibhéal as gach contae a thug ómós do shaighdiúir as a gcontae a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda. In eagrán speisialta eile, rinne Bryan Dobson comóradh ar 100 bliain ó bádh an Lusitania.

### Nuacht ar an Raidió, Freagra Pras

Ar RTÉ Radio 1, cuireadh brú ar scileanna agus ar acmhainní fhoireann *Morning Ireland* chun freagairt go pras d'imeachtaí a thit amach déanach. Bhí clúdach is déanaí i gcónaí acu ar scéal Berkeley, ar ionsaithe Pháras an 13 Samhain agus ar lámhach an Gharda Anthony Golden agus thubaiste Charraig Mhaighin.

Bhí *Morning Ireland* ar an láthair ó scéalta a bhain leis na tuilte go dtí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Bhí bliain mhaith ag *News at One*. Bhuaigh an clár gradam PPI do Chlár Nuachta na Bliana agus ainmníodh Richard Crowley mar Chraoltóir Nuachta PPI na Bliana.

Ar an deireadh seachtaine, bhí ábhar nuachta in agallaimh a tionóladh ar *This Week* agus briseadh roinnt scéalta ar an gclár le linn na bliana.

### Éire á hImscrúdú

Le linn na bliana 2015, thug Aonad Fiosrúcháin RTÉ faoi roinnt imscrúdúchán forleathan a bhí go mór de dhíth. Bhain *RTÉ Investigates: Standards in Public Office* úsáid as teicneolaíocht nuálach chun na céadta míle taifead ón iliomad foinse a scrúdú a léirigh nach raibh breis is 40% d'ionadaithe poiblí ag cloí leis an reachtaíocht a bhain lena leasanna a fhógairt. Cheap roinnt díobh tairbhe a bhaint go pearsanta as a bpost mar chomhairleoir áitiúil.

I measc na mór-fhiosrúcháin eile sa bhliain 2015 bhí *Give and Take, The Loot and the Loans, Au Pairs in Ireland, Sex for Sale* agus dhá chlár thábhachtacha a ndearnadh coimisiúnú orthu maidir le Tuaisceart Éireann, *Collusion* agus *Above the Law*. Reáchtálamar freisin cúrsa coicíse iriseoireachta iniúchóireachta a léiríonn a thiomanta is atáimid don réimse seo iriseoireachta.

Chuaigh RTÉ chun cúirte freisin i rith na bliana chun a cheart tuairisciú ar na socruithe bainc idir IBRC agus Denis O'Brien.

### Agus Anois, an Nuacht ...

Ba bhliain nuálach agus fáis ab ea í do *Nuacht* RTÉ ar an teilifís, ar raidió, ar líne agus ar fhearais shoghluaiste. Sa bhliain 2015, mheall suíomh idirlín *Nuacht,* ar cuid seanbhunaithe de sholáthar digiteach RTÉ anois é, suas le 4 mhilliún cuairt. Ó tharla béim níos mó ar bhunábhar réigiúnach, áitiúil agus Gaeltachta, bíonn an tseirbhís ag tarraingt ar ábhar *Nuacht* RTÉ agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

**Tuilleadh eolais**

**Féach Nuacht RTÉ, Athbhreithniú ar an mBliain, sa chuid Gaeilge den tuarascáil seo ar leathanach 52**

# Ceolfhoirne
# na Tíre

Cothaíonn RTÉ ceolfhoirne, ceathairéad agus cóir náisiúnta na hÉireann do mhuintir na tíre.



**Maidir le Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ**
Tá níos mó ná 350 ceoltóir ar fad i ngrúpaí ceoil RTÉ, 130 acu sin ar ceoltóirí gairmiúla lánaimseartha iad. Is é RTÉ an crann taca is mó maidir le ceol ceolfhoirne a chur chun cinn in Éirinn. Cuirtear líon suntasach ceolchoirmeacha ar siúl (déantar cuid mhór acu sin a chraoladh agus a chur ar fáil ar an idirlíon) agus déantar ceol nua a choimisiúnú agus a sheinm. Anuas air sin, is léir an cúnamh taca a thugann RTÉ don cheol beo ón líon suntasach ceoltóirí neamhfhoirne a fhostaítear gach bliain ina gceoltóirí speisialta agus i mbun tionlacain chomh maith leis na ceoltóirí aonair agus na stiúrthóirí a bhfuil iomrá orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



# 156,000

duine a bhí i láthair ag coirmeacha cheolfhoirne RTÉ i rith na bliana 2015



# Athbhreithniú ar an mBliain | **Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir**

### An Lucht Éisteachta

I rith na bliana 2015, sheinn Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ beo do líon ba mhó ná 156,000 duine ag 217 ceolchoirm nó ócáid bheo. Bhí cuid mhór de na ceolchoirmeacha sin a craoladh ar RTÉ lyric fm agus roinnt a bhí le cloisteáil ar RTÉ Radio 1 agus go hidirnáisiúnta tríd an EBU. Sa bhreis ar na coirmeacha ceoil, rinneadh taifeadadh don raidió, don teilifís, do dhlúthdhioscaí tráchtála agus d'fhuaimrianta scannán. Bhí níos mó ná 60 ócáid a bhain le cúrsaí oideachais, coirmeacha, ceardlanna agus agallaimh le pearsana iomráiteacha.

### Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ (CFSN RTÉ) – Ceolfhoireann Náisiúnta na hÉireann

Bhí an bhliain 2015 ina bliain iontach ag ceolfhoireann náisiúnta na hÉireann le saothair mhóra de chuid Sibelius agus Nielsen mar chomóradh ar 150 bliain ó rugadh iad, siansaí áirithe le Mahler agus Shostakovich, agus saothair mhórthábhachtacha le cumadóirí suntasacha de chuid an 20ú aois – ina measc Janáček, Szymanowski agus Berg.

D'oibrigh ceoltóirí aonair mórchlú as Éirinn agus thar tír isteach leis an gCeolfhoireann Siansa, ina measc an ceoltóir vióla Maxim Rysanov; na pianadóirí Finghin Collins, Federico Colli, Alexei Volodin agus Steven Osborne; na hamhránaithe Patricia Bardon agus Robin Tritschler; an ceoltóir coirn David Pyatt; agus na veidhleadóirí Alexandra Soumm, Veronika Eberle agus Barnabás Kelemen. Bhí roinnt stiúrthóirí ardchumasacha a stiúraigh an chéad cheolchoirm in Éirinn acu, ina measc James Feddeck, Alexander Shelley agus Cristian Măcelaru.

Ar na ceolchoirmeacha suntasacha eile, bhí ceiliúradh lá breithe Liam O'Flynn, nuair a bhí máistir na píobaireachta 70 bliain d'aois, gala ceoldrámaíochta leis an amhránaí mezzo as Éirinn Tara Erraught a bhfuil clú go hidirnáisiúnta uirthi agus coirm cheol clasaiceach na scannán, á chur i láthair ag láithreoir RTÉ 2fm, Dave Fanning.

### Ceolfhoireann Coirme RTÉ (CFC RTÉ) – Ceol don Slua


Tharraing sraith ceolchoirmeacha iontacha le Príomhstiúrthóir na Ceolfhoirne i rith na bliana 2015 aird agus clú. Bhí seánraí éagsúla i gceist leis na ceolchoirmeacha sin, ceol clasaiceach, ceoldrámaíocht, ceolsiamsa, ceol scannáin agus snagcheol.

Sa tsraith *Signature Series*, cuireadh ceolchoirmeacha i láthair ina raibh roinnt de na ceoltóirí is iomráití i réimse an cheoil chlasaicigh, an snagcheoil agus an cheoil scannáin. Ba é an chéad uair in Éirinn é ceolchoirm aonair a chur ar siúl ag cumadóir *Bond* agus *Sherlock*, David Arnold, ambasadóir amhráin an Great American Songbook, Michael Feinstein agus an teanór ceoldrámaíochta Piotr Beczala. Ar na hoirfidigh clúiteacha eile, bhí Bryn Terfel agus Danielle de Niese, agus bhí réimsí éagsúla amhrán i gceist idir Ian Bostridge i mbun shaothar Mahler agus Storm Large ag canadh amhráin le Bonnie Tyler.

Bhí tóir ar thaispeántais scannáin a raibh an ceol á sheinm beo leo i rith na bliana 2015, ina measc *Back to the Future, The Godfather* agus *Disney Fantasia Live in Concert.* Cuireadh *Brief Encounter* Live ar siúl i mBaile Átha Cliath agus ag an 60ú Féile Scannánaíochta i gCorcaigh. Leanadh de chuidiú le healaíontóirí óga trí chomhoibriú le Comórtas Stiúrthóireachta Fheis Ceoil an BSL agus Ceoltóir Óg na Bliana na Másún.

**Bhí 217 taibhiú agus imeacht beo ann, agus craoladh go leor acu ar RTÉ lyric fm.**

IMEACHTAÍ OIDEACHAIS CHEOLFHOIRNE RTÉ




Foinse: RTÉ



Cór na nÓg

**Ceathairéad Contempo RTÉ – Béim faoi leith ar na Réigiúin**

Chuir Ceathairéad Contempo RTÉ sraith ceolchoirmeacha ar siúl i dtrí cinn d'ionaid (Ionad Ealaíne Triskel Corcaigh; Leabharlann na Gráinsí, Luimneach; agus Dánlann Hugh Lane, Baile Átha Cliath). Sheinn an ceathairéad ag ceolchoirmeacha leis an dá cheolfhoireann agus ag an gcéad cheann de shraith de cheolchoirmeacha deireadh oíche a sheinn Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, a bhí ceangailte le cláir roghnaithe.

Sheinn an ceathairéad freisin ag roinnt féilte i rith na tsamhraidh, ina measc Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe i mí Iúil, le trí cinn de cheolchoirmeacha dírithe ar cheol Schubert i gcomhar leis an dordveidhleadóir Leonard Elschenbroich as an nGearmáin agus daoine de Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ. Bhí an ceathairéad freisin ag féile an Junction Festival i gCluain Meala; i mBaile an Chaisleáin, Co. Chorcaí; agus ag Féile na hEaragaile i nDún na nGall, mar ar sheinn siad leis an mboscadóir Máirtín O'Connor agus a bhanna ceoil.

**Cór na nÓg RTÉ – Cór Náisiúnta Leanaí**

64 leanbh 10 mbliana d'aois agus níos sine atá sa chór a choinnigh leis an sceideal gnóthach faoi stiúir Mary Amond O'Brien. Bhí siad ar stáitse ag ceolchoirmeacha éagsúla, ceolchoirm Lá Fhéile Pádraig Eaglais San Anna, Sráid Dawson, Baile Átha Cliath agus dhá cheolchoirm i mBaile Átha Cliath ar Oíche an Chultúir.

Bhí an cór in éineacht le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Cór Fiolarmónach RTÉ le haghaidh *St Matthew Passion* le Bach. Cuireadh saothar a choimisiúnaigh RTÉ, *The Stars Looked Down* le Philip Martin, i láthair in éineacht le Ceolfhoireann Coirme RTÉ, ar ócáid a chéadchanta, agus craoladh sin ar an gclár *Sunday Miscellany* ar RTÉ Radio 1. Cuireadh clabhsúr le hobair na bliana le hAifreann in Ardeaglais nuachóirithe Naomh Mel, an Longfort.

**Cór Fiolarmónach RTÉ– 30 Bliain den tSárcheol**

Rinne Cór Fiolarmónach RTÉ ceiliúradh ar 30 bliain an Chóir trí *The Music Makers le* Elgar a chanadh ag ceolchoirm in éineacht le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ. Ar na saothair eile a canadh leis an gceolfhoireann, agus a craoladh beo ar RTÉ lyric fm, bhí *St Matthew Passion* le Bach, *Elijah* le Mendelssohn, Siansa Uimhir a 2 le Mahler agus an *Missa Solemnis* le Beethoven. Bhí moladh ag an lucht critice agus ag an lucht éisteachta ar gach ceolchoirm acu sin. Mar chuid den chaidreamh idir an cór agus RTÉ lyric fm, rinneadh taifeadadh speisialta freisin ar ceithre shaothar gairid, *Sleep* le Eric Whitacre ar cheann acu.

**Ag tacú le Saothair Nua**

Reachtáladh ceolchoirmeacha tábhachtacha ar cuireadh saothair i láthair a choimisiúnaigh RTÉ ó na cumadóirí David Coonan, Gráinne Mulvey agus Kevin O'Connell (Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ); Elaine Agnew (ceapadóireacht speisialta do cheiliúradh 30 bliain Chór Fhiolarmónach RTÉ); agus Philip Martin (Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ).

Cuireadh cóiriú nua de James Joyce le Brian Byrne (Ceolfhoireann Coirme RTÉ) agus saothar nua don cheathairéad le Garret Sholdice (Ceathairéad Contempo RTÉ) i láthair in éineacht le saothair ceolfhoirne, arna seinm go poiblí den chéad uair, le cumadóirí eile de chuid na hÉireann, ina measc David Bremner, Jerome de Bromhead agus Frank Corcoran. Bhí saothair nua le roinnt cumadóirí de chuid na hÉireann, Philip Hammond agus John Buckley ina measc á seinm le linn shraith Horizons Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, chomh maith le saothar ó chumadóirí thar lear de leithéid Elliott Carter, Nicola LeFanu agus Joseph Davies.

Mar chuid d'Fhéile Cheol Nua Bhaile Átha Cliath 2015, sheinn Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ saothair le cumadóirí mór le rá,



# Athbhreithniú ar an mBliain | **Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir**

John Luther Adams agus David Lang ina measc, den chéad uair in Éirinn agus sheinn Ceathairéad Contempo RTÉ saothair le George Crumb agus Garrett Sholdice. I mí Bealtaine, d'fhógair RTÉ socrú trí bliana leis an gcumadóir Gerald Barry a bheith ina Chumadóir Cónaitheach ag RTÉ. Tharla an chéad cheolchoirm faoin socrú sin i mí Deireadh Fómhair nuair a sheinn Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ an Coinseartó Pianó le Barry, le Hugh Tinney ar an bpianó agus Cristian Măcelaru ar an stiúir.

Ceolchoirmeacha suntasacha eile maidir le ceol na linne seo ab ea Coinseartó Huw Watkins don Fheadóg Mhór a sheinm den chéad uair in Éirinn agus *Good Friday–Belfast: 10-4-98* le Gerry Murphy. I rith an tsamhraidh, bhí saothair le Ian Wilson agus David Fennessy le cloisteáil den chéad uair chomh maith le ceol le John Kinsella, Seóirse Bodley agus Raymond Deane den chéad uair le fada.

Bhí saothair nua le cumadóirí eile de chuid na hÉireann, Jane O'Leary, John McLachlan, Donnacha Dennehy, Deirdre McKay agus Bill Whelan ina measc, ar chlár cheolchoirmeacha Cheathairéad Contempo RTÉ.

### Oideachas agus Nuálaíocht

Rinne Ceolfhoireann Náisiúnta Siansa RTÉ agus an stiúrthóir David Brophy dhá chur i láthair sainchóirithe do dhaltaí ceoil na hArdteistiméireachta agus a gcuid múinteoirí ag an gceoláras náisiúnta. Oibríodh den chéad uair freisin i gcomhar le Tom Redmond, duine de na daoine is mó le rá maidir le hoideachas ceoil sa Ríocht Aontaithe, chun *Musical Adventures,* ceolchoirm trína dtreoraítear leanaí idir 8 agus 12 bliana d'aois tríd an gceolfhoireann, a chur ar siúl cúig uaire.

Chuir Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ sraith cainteanna réamhcheolchoirme ar siúl saor in aisce i gcomhar le Lárionad an Cheoil Chomhaimseartha mar chuid de shraith ceolchoirmeacha Ceoil Chomhaimseartha Horizons.

Sa tsraith *Music in the Classroom,* obair i gcomhar idir RTÉ agus *The Irish Times,* sheinn Ceolfhoireann Coirme RTÉ 18 coirm cheoil i mBaile Átha Cliath, i nDroichead Átha, i Luimneach, i nGaillimh agus i gCaisleán an Bharraigh. Mar thionscnamh nua, chuir Ceathairéad Contempo RTÉ ceardlanna poiblí ar fáil do cheathairéid leanaí i gCeol-Acadamh Ríoga an Cheoil.


### Cothú na Páirtnéireachta, Spreagadh an Chomhair

Craoladh na ceolchoirmeacha i Séasúr Síntiúis Cheolfhoireann Náisiúnta Siansa RTÉ agus ceolchoirmeacha am lóin i rith an tsamhraidh beo ar RTÉ lyric fm. Rinneadh na ceithre cheolchoirm sa tsraith Horizons a thaifeadadh le craoladh sa chlár *Nova* ar lyric fm agus bhí roinnt ceolchoirmeacha tráthnóna i rith an tsamhraidh a craoladh beo chomh maith.

Ar RTÉ Radio 1, chuir Ceolfhoireann Coirme RTÉ ceolchoirm speisialta ar siúl ar Oíche an Chultúir i mBaile Átha Cliath a craoladh beo *Arena.* Rinne an cheolfhoireann taifeadadh freisin ar eagráin Nollag de *Mooney Tunes* agus *Sunday Miscellany* chomh maith le clár speisialta de *Sunday with Miriam.* Ar RTÉ Radio 1, bhí Ceolfhoireann Coirme RTÉ ar an *Late Late Show* agus ar *Carols from Áras an Uachtaráin.* Ar chuid den obair taifeadta, bhí ceol le Stephen Rennicks leis an scannán *Room* a stiúraigh Lenny Abrahamson.

**Rinne Ceolfhoireann Náisiúnta Siansa RTÉ agus an stiúrthóir David Brophy dhá chur i láthair sainchóirithe do dhaltaí ceoil na hArdteistiméireachta agus a gcuid múinteoirí ag an gceoláras náisiúnta.**

IMEACHTAÍ CEOIL CHOMHAIMSEARTHA CHEOLFHOIRNE RTÉ




Foinse: RTÉ



Brief Encounter le Ceolfhoireann Ceolchoirme (CFC) RTÉ ag an 60ú Féile Scannán Chorcaí

Chuir Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Ceathairéad Contempo RTÉ cúig cheolchoirm ar siúl in éineacht ag Féile Ealaíne Idirnáisiúnta na Gaillimhe a taifeadadh lena gcraoladh ar RTÉ lyric fm ina dhiaidh sin. I mí Meán Fómhair, chuir an cheolfhoireann ceolchoirm mhór ar siúl ag an bhféile Sounds from a Safe Harbour in Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, ag ar seinneadh *Wave Movements* le Bryce Dessner agus Richard Reed Parry (Arcade Fire) den chéad uair in Éirinn. I mí Aibreáin, sheinn an cheolfhoireann mar chuid de shéasúr Chumann Ceol Siansa Phort Láirge i gceolchoirm ag a raibh beirt cheoltóirí as Corcaigh, Elizabeth Cooney agus Conor Palliser, chun tosaigh.

Sheinn Ceolfhoireann Coirme RTÉ ceol scannán le John Williams ag ceolchoirm i gcomhar le Music for Galway. Rinneadh ceiliúradh ar 70 bliain Chumann Cóir na Maighdine le ceolchoirmeacha i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh (le Cantairí Barócachais na Gaillimhe). Ba í an cheolfhoireann freisin a thug an chéad cheolchoirm mhór ag Féile Pianadóireachta Ros Mhic Thriúin.

## FREASTAL CHEOLFHOIRNE RTÉ

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Aoi-Choirmeacha | 2,106 | 2,974 |
| Cóir RTÉ -Oideachas | 150 | 200 |
| Cóir RTÉ -Ginearálta | 3,799 | 4,052 |
| Cóir RTÉ -Iomlán | 3,949 | 4,252 |
| Ceathairéid RTÉ -Oideachas | 0 | 150 |
| Ceathairéid RTÉ -Ginearálta | 6,088 | 4,607 |
| Ceathairéid RTÉ -Iomlán | 6,088 | 4,757 |
| CFC RTÉ -Oideachas | 10,515 | 13,024 |
| CFC RTÉ -Ginearálta | 54,815 | 81,334 |
| CFC RTÉ -Iomlán | 65,330 | 94,358 |
| Cór Fiol/ CFSN RTÉ | 4,938 | 3,654 |
| CFSN RTÉ -Oideachas | 12,506 | 11,633 |
| CFSN RTÉ -Ginearálta | 61,420 | 58,505 |
| CFSN RTÉ -Iomlán | 73,926 | 70,138 |
| Oideachas -Foriomlán | 23,171 | 25,007 |
| Ginearálta -Foriomlán | 133,166 | 155,126 |
| Móriomlán | 156,337 | 180,133 |


Foinse: RTÉ

## TAIBHITHE CHEOILFOIRNE RTÉ

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Aoi-Choirmeacha | 6 | 7 |
| Cóir RTÉ -Oideachas | 1 | 1 |
| Cóir RTÉ -Ginearálta | 10 | 8 |
| Cóir RTÉ -Iomlán | 11 | 9 |
| Ceathairéid RTÉ -Oideachas | 0 | 2 |
| Ceathairéid RTÉ -Ginearálta | 33 | 28 |
| Ceathairéid RTÉ -Iomlán | 33 | 30 |
| CFC RTÉ -Oideachas | 18 | 19 |
| CFC RTÉ -Ginearálta | 61 | 82 |
| CFC RTÉ -Iomlán | 79 | 101 |
| Cór Fiol/ CFSN RTÉ | 5 | 4 |
| CFSN RTÉ -Oideachas | 15 | 18 |
| CFSN RTÉ -Ginearálta | 68 | 70 |
| CFSN RTÉ -Iomlán | 83 | 88 |
| Oideachas -Foriomlán | 34 | 40 |
| Ginearálta -Foriomlán | 183 | 199 |
| Móriomlán | 217 | 239 |

Foinse: RTÉ

# Athbhreithniú ar an mBliain | **An Ghaeilge**



**Is féidir leagan Gaeilge den Tuarascáil a íoslódáil ó**
www.rte.ie/about/ie/policies-and-reports/annual-reports/

### An Ghaeilge agus RTÉ

Tá an Ghaeilge i gcroílár gach a ndéanaimid in RTÉ. Ba ócáid thábhachtach a bhí ann don teanga agus do RTÉ nuair a seoladh Meáin Ghaeilge RTÉ: Plean Gníomhaíochta 2015-2019 i Meán Fómhair. Le beagnach 100 gníomhaíocht ann a bhaineann le gach réimse de RTÉ, féachann an tionscnamh an Ghaeilge a fhí isteach i ngach a ndéanaimid. An aidhm atá leis ná go mbeadh RTÉ ina cheanncheathrú i dtaobh na nuálaíochta sna meáin Ghaeilge agus timpeallacht bhríomhar a chruthú chun ábhar Gaeilge a chruthú ina mbeadh an leas is fearr á bhaint as tallann, scileanna agus cruthaitheacht na foirne a bhfuil a Gaeilge acu.



# RTÉ Amháin, **Dhá Theanga**

Tá an Ghaeilge neadaithe san éiteas atá againn chun 25 seirbhís de chuid RTÉ a threorú.



Beagnach **100**
tionscnamh i bplean gníomhaíochta RTÉ don Ghaeilge

# Athbhreithniú ar an mBliain | **An Ghaeilge**




**An Nuálaíocht i Lár an Aonaigh**
Den chéad uair riamh, bhí rogha ag an lucht féachana idir tráchtaireacht i nGaeilge nó i mBéarla ar chluichí ceannais Chraobh na hÉireann. Mar chuid den rogha píolótach seo, a bhí ar fáil ar ardáin Saorview agus Sky araon, bhí Garry Mac Donncha i mbun tráchtaireachta agus an beirt iar-chaptaen bhuacacha Uile-Éireann (Dara Ó Cinnéide Chiarraí sa pheil agus Pat Fleury Uíbh Fhailí san iomáint) mar chomh-thráchtairí ina theannta.

Chuir RTÉ an Ghaeilge i gcroí-lár na meáin shóisialta i 2015. Seoladh tvuíteanna i nGaeilge gach lá ó phríomhchuntas twitter @rte. Bhí sin ag teacht le gníomhaíochtaí sóisialta @rternag, @nuachtrte, @rteone agus @rte2. Tháinig cuntas meán sóisialta RTÉ Raidió na Gaeltachta le chéile le príomhchuntais RTÉ i mí Márta mar chuid d'fheachtas sraith nua ar Bhéaltriail na hArdteistiméireachta a chur chun cinn a raibh gné ar aer agus gné shoghluaiste ag baint léi.

D'fhoilsigh Saorview an chéad suíomh idirlín de chuid RTÉ a foilsíodh i nGaeilge agus i mBéarla. Cuireann an suíomh dátheangach eolas ar fáil faoin tseirbhís saor go haer.

**Ar an Teilifís**
Léirigh Cláracha Gaeilge sraith nua trí chuid do RTÉ One, *The Geansaí,* ina bhféachtar ar ghnéithe éagsúla den CLG. Léiríodh trí shraith eile freisin do RTÉ One, sraitheanna a tugadh ar ais arís *Scannal*, *Cloch Le Carn* agus *Gliondar.*

Dráma faisnéise aonair ab ea *Oíche na Gaoithe Móire* a craoladh i mí Eanáir 2015 i mbuaicam sceideal RTÉ One. Arna mhaoiniú ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus ag an gCiste Craoltóireachta Gaeilge, agus arna léiriú ag Lagan Media, thug an clár chun cuimhne ceann de na stoirmeacha ba mheasa le blianta beaga anuas in Éirinn. Ba sraith faisnéise sé chuid ab ea *Bhí Mé Ann* a thug cuntas ar scéalta daoine a rinne iarracht gnáthshaol ó lá go lá a chaitheamh le linn na dtrioblóidí i dTuaisceart Éireann.

Mar thoradh ar an bplean gníomhaíochta don Ghaeilge, tá níos mó Gaeilge le clos idir chláir ar RTÉ One agus RTÉ2. Bíonn níos mó Gaeilge anois sa leanúnachas ar an dá sheirbhís seachas díreach le linn Sheachtain na Gaeilge, mar a bhíodh cheana.

Chomh maith leis sin ar RTÉ2, sheol *Two Tube* a ghluais féin de theanga an idirlín i nGaeilge. Chuir an seó a mhiondhráma féin le chéile ina bhfuil na láithreoirí Bláthnaid Treacy agus Stephen Byrne ag aisteoireacht ann agus an grúpa ceoil Seo Linn páirteach. Bhí méadú freisin ar an méid Gaeilge a labhair láithreoirí le linn craolacháin ar Ghradaim Meteor Choice agus *Electric Picnic.*

**Teilifís Dhátheangach Teilifís na Leanaí**
Chraol RTÉjr roinnt sraitheanna beochana Gaeilge den chéad uair sa bhliain 2015 – *Inis Spraoi*, *Punky* agus *Nelly & Nora.* Ghlac an tseirbhís cur chuige láidir dátheangach agus bhí Gaeilge ar *Tell Me a Story,* chomh maith le *Twigín, Joe & Jack*, agus le linn *Post Room.*

**Den chéad uair riamh, bhí rogha ag an lucht féachana idir tráchtaireacht i nGaeilge nó i mBéarla ar chluichí ceannais Chraobh na hÉireann.**



Nelly & Nora



Bláthnaid Libh!

**Bliain Nuálaíochta i gCúrsaí Raidió**

i) RTÉ Raidió na Gaeltachta

Ba bhliain nuálaíochta í an bhliain 2015 ag RTÉ Raidió na Gaeltachta. Craoladh seónna nua, bhí glórtha nua le clos agus díríodh ar lucht féachana níos óige. Cuireadh fáilte roimh thallann nua ar an tseirbhís agus bhí guthanna nua le clos ag craoladh ó na cheithre ionad léiriúcháin i gCasla, Co. na Gaillimhe, Baile na nGall, Co. Chiarraí; na Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall; agus as Domhnach Broc i mBaile Átha Cliath.

Cuireadh roinnt clár nua, a bhí dírithe ar lucht féachana nua a mhealladh, i láthair le linn sceideal an deiridh seachtaine. Chuir Bláthnaid Ní Chofaigh *Bláthnaid Libh!*, irischlár éadrom, i láthair ar ar labhair sí le daoine nár chualathas cheana uathu ar RnaG, i saol an fhaisin, an spóirt agus na meán cumarsáide. Bhí mír nua grinn i gceist chomh maith. Ghlac duine de na craoltóirí polaitíochta is mó a bhfuil meas uirthi in Éirinn le ról nua agus chuir clár cúrsaí reatha i láthair an deireadh seachtaine as Casla - *An tSeachtain le Máirín Ní Ghadhra.*

Dhírigh *Flosc* ar dhaoine óga ó ar fud na tíre agus craoladh treoir ar aer agus ar líne do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. D'éirigh go maith arís leis an gcomhpháirtíocht idir Raidió Rí-Rá agus RnaG leis an gclár *RíRá ar RnaG*, clár de cheol atá sna cairteacha.

D'oibrigh RnaG go dlúth le *Nuacht* RTÉ chun seirbhís nuachta ar líne a chur ar fáil chomh maith le feasacháin nuachta Gaeilge a sholáthar ar RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric fm.

Mar thoradh ar chomhpháirtíocht leanúnach idir Taiscleann Dhigiteach na hÉireann agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, seoladh taispeántas coimeádta ar líne a bhain le bailiúchán Sheáin Mhic Giollarnáth i mí Márta. Tá taifeadtaí fuaime agus craoltaí RTÉ RnaG ag gabháil le lámhscríbhinní ó bhailiúchán pearsanta an bhailitheora béaloidis.

Chomh maith le sceideal nuachta lán a chlúdaigh an Reifreann ar Chomhionannas Pósta, olltoghchán na Breataine, an Buiséad agus Lá na Gaeilge sa Dáil, chuaigh RTÉ RnaG i mbun a phríomhróil i dtaobh an cheoil agus an chultúir Ghaelaigh agus chraol ó fhéile Oireachtais na Gaeilge. Thug an craoladh a rinneadh ar chomórtas ceoil Siansa Gael Linn ardán níos leithne do dhaoine óga i saol an cheoil traidisiúnta. Craoladh Bonn Óir Seán Ó Riada beo as Corcaigh.

*Gradaim a Buadh*

Thug RTÉ Raidió na Gaeltachta freisin leis mórghradaim sa bhliain 2015. Ainmníodh Michelle Nic Grianna mar Láithreoir Raidió na Bliana ag Féile na Meán Ceilteach (an cúigiú bliain as a chéile ag láithreoir de chuid RnaG é a bhuachan, rud nár tharla riamh cheana). Ainmníodh Máirín Ní Ghadhra mar Láithreoir Raidió na Bliana ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais agus bhuaigh *Rónán Beo@3* an gradam do Chlár Raidió na Bliana. Bhain Eibhlín Ní Chonghaile gradam PPI cré umha amach sa chatagóir *Radio Awards Speech Broadcaster of the Year.*

ii) RTÉ 2fm
Cuireadh go mór le rannpháirtíocht RTÉ 2fm i Seachtain na Gaeilge. D'oibrigh an tseirbhís i gcomhar le Conradh na Gaeilge chun albam de leagan Gaeilge d'amhráin mhór le rá ó ealaíontóirí iomráiteacha thaifeadadh. I measc na n-ealaíontóirí bhí Ed Sheeran agus Kodaline. Chuir an stáisiún na hamhráin ar sheinnliosta an stáisiúin – an chéad uair riamh ar chuir RTÉ 2fm amhráin Ghaeilge go foirmeálta ar sheinnliosta an stáisiúin.

I mí na Nollag, fógraíodh go gcuirfeadh Bláthnaid Treacy *The National Chart* Show i láthair go dátheangach. Bhí neart Gaeilge ag Eoghan McDermott le linn am tiomána ar an raidió tráth a gcuireann sé a chlár i láthair ar a bhealach dátheangach ar leith féin.

iii) RTÉ Radio 1
An chuid ab fhearr de chláir RTÉ RnaG a bhí in *An Scoth.* Chlúdaigh *Today with Sean O'Rourke* míreanna mar aistear an Aire Gaeltachta le Gaeilge a fhoghlaim agus na dúshláin a bhaineann le leanaí a thógáil le Gaeilge. Bhí roinnt léiriúchán i nGaeilge ar Drama on One agus The Book on One. Bhí staire ghluaiseacht na teanga faoi chaibidil ar *The History Show*.

Leagadh béim níos láidre ar fheasacháin Nuacht RTÉ ar RTÉ Radio 1 le linn na bliana 2015 nuair a athraíodh iad go dtí tob na huaire.

**Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ**
Tá suntas ar leith le tabhairt gurb iad na leaganacha Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta atá dhá n-úsáid ag Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ anois. Clúdaíodh freisin scéalta nuachta a bhain leis an nGaeilge, scéalta ar nós staidéar Fhoras na Gaeilge ar an meoin atá ann i leith na Gaeilge, an tOireachtas, Seachtain na Gaeilge agus tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga.

Mheall seirbhís ar líne *Nuacht RTÉ*, 4 mhilliún cuairt i rith na bliana. Ó tharla béim níos mó ar bhunábhar réigiúnach, áitiúil agus Gaeltachta, bíonn an tseirbhís ag tarraingt ar ábhar *Nuacht* RTÉ agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Lean *Nuacht* RTÉ ag cur seirbhís laethúil nuachta ar fáil ar RTÉ One, RTÉ News Now agus ar TG4 ón seomra nuachta i mBaile na hAbhann i gConamara. Chuir an tseirbhís ábhar náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil, chomh maith le léargas ar leith a thabhairt ar an nGaeltacht, ar ghnóthaí Gaeilge agus tuaithe. Chuir *Nuacht* tuairiscí agus ábhar eile ar fáil gach lá do RTÉ Raidió na Gaeltachta chomh maith le hábhar d'fheasacháin i nGaeilge ar RTÉ Raidió 1, 2fm agus lyric fm.

Le linn na bliana 2015, chuir *Nuacht* RTÉ trealamh níos lú agus níos éadroime ar fáil dá gcuid iriseoirí físeáin (VJanna). Tá VJanna anois ag *Nuacht* i bhformhór na réigiún, chun cur leis an gclúdach cuimsitheach a dhéantar.

Léirigh Nuacht RTÉ an tsraith *Féilte: Slí an Atlantaigh*, a bhí ar cheann de na sraitheanna ab fhearr ar éirigh léi ar TG4 le linn an tsamhraidh. Bhí tóir ag an lucht féachana freisin ar shraith ghearr cheoil a craoladh i sceideal Nollag TG4.

**Tá suntas ar leith le tabhairt gurb iad na leaganacha Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta atá dhá n-úsáid ag Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ anois.**


Bláthnaid Treacy agus Eoghan McDermott


RíRá ar RnaG

**Comhpháirtíochtaí a Chothú**

Rinneadh comhpháirtíochtaí a fhorbairt le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh; an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; Ollscoil Uladh; agus Raidió na Life. Neartaíodh caidrimh a bhí ann roimhe sin le TG4 agus le Raidió Rí-Rá. Rinneadh dul chun cinn freisin ar thionscadail chruthaitheacha le príomheagraíochtaí Gaeilge do chomóradh 1916.

Chuir RTÉ sraith cúrsaí Gaeilge ar fáil don fhoireann inar freastalaíodh ar dhaoine ag a raibh cumas éagsúil sa teanga, ó fhoghlaimeoirí go dtí daoine a bhí ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge. Tacóidh na cúrsaí leis an bhfoireann a scileanna teanga a fhorbairt sna blianta atá ag teacht. Tá sé beartaithe cúrsaí ard-leibhéil a chur ar fáil do bhaill foirne atá i mbun craoltóireachta cheana i nGaeilge.

An bhliain 2015 an bhliain ba chuimsithí agus ba bhríomhara ag RTÉ i dtaobh Sheachtain an Gaeilge. Fuair an stáisiún aiseolas dearfach go háirithe ó lucht féachana óg a raibh an-suim acu sa bhaint a bhí ag RTÉ 2fm leis an ócáid. D'athraigh an stáisiún a chuid íomhá cláir ar fad go Gaeilge don fhéile. Bhí an cúrsa Gaeilge *Turas Teanga* ar fáil ar Sheinnteoir RTÉ mar bhoscra saor in aisce chomh maith le neart clár eile Gaeilge.

**An bhliain 2015 an bhliain ba chuimsithí agus ba bhríomhara ag RTÉ i dtaobh Sheachtain an Gaeilge. Fuair an stáisiún aiseolas dearfach go háirithe ó lucht féachana óg a raibh an-suim acu sa bhaint a bhí ag RTÉ 2fm leis an ócáid.**



# Féach.
# Éist.
# **Imir.**



Tá bród ar RTÉ an t-aon seirbhís náisiúnta as féin do leanaí, do thuismitheoirí agus do lucht oideachais a chur ar fáil.

Cuirtear ábhar saincheaptha ar fáil do dhaoine óga

**24/7**

tríd an aip teilifíse RTÉ Swipe





**Maidir le seirbhísí RTÉ do dhaoine óga**

Féachann RTÉ a chinntiú go dtugann an réimse seirbhísí atá dírithe ar dhaoine léiriú ar an saol mar a chaitheann siadsan é; seirbhísí ar an teilifís, raidió, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste. Cuireann seirbhísí tacaíochta digiteacha eolas ar fáil do thuismitheoirí agus gníomhaíochtaí agus ábhar tacaíochta ar fáil do leanaí agus do lucht oideachais. Tá an tseirbhís phoiblí ar leith seo, atá i nGaeilge agus i mBéarla, mar chuid dár ngealltanas seirbhíse poiblí.

**RTÉjr**

Teilifís Cheannródaíoch

I mí Aibreáin 2015 bhí RTÉjr, seirbhís tiomanta do leanaí faoi sheacht mbliana atá saor ó fhógraíocht, dhá bhliain ar an bhfód.

Ábhar ceannródaíoch ag an stáisiún ab ea an tsraith *Magical Sites,* sraith a chuir leanaí óga ar an eolas faoi 15 láthair seandálaíochta agus séadchomhartha náisiúnta in Éirinn. Sraith í a fuair tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) inar tugadh chun beocha an t-am atá caite trí athchruthú drámatúil a dhéanamh le pictiúir ón bhfíorsaol.

I measc bunsraitheanna nua eile, bhí an tsraith bheochana a bhfuil gradaim buaite aici *The Day Henry Met ..?* ina bhfiosraíonn Henry, buachaill óg fiosrach, an saol mór agus gach a bhfuil ann. Bhí *The Adventures of Junior Bear* bunaithe ar ghrúpa súgartha inar iarradh ar leanaí éagsúla béirín a thabhairt ar eachtra i ngach eipeasóid.

Bhí béim ar leith ar chúrsaí staire, dúlra, ainmhithe agus faisnéise. Bhí *Wild Things,* séasúr nua de ghearrscannáin faisnéise fiadhúlra, dírithe ar lucht féachana réamhscoile. Thug Shutterbugs deis do leanaí grianghraif a ghlacadh d'fhiadhúlra ina ngnáthóg féin agus in *Our Seaside,* fiosraíodh an saol le cósta trí shúile teaghlach óg a bhfuil cónaí orthu cois cladaigh.

Ba faoi theaghlach óg as Maigh Eo a thugadh faoi thurais lae in gceantar féin *Out and About*. In *I Want a Pet*, léirigh leanaí óga dá gcomhaoisigh an obair agus an sásamh a bhaineann le peata de do chuid féin a bheith agat.




The Day
Henry Met ..?



Lean téama an dúlra agus an fhiadhúlra i roinnt sraitheanna beochana Gaeilge a ndearnadh coimisiúnú orthu. Cúrsaí aimsire ab ábhar do *Nelly & Nora* faoi bheirt deirfiúracha óga a chuaigh ar saoire i bpáirc charbhán. Ba faoi dhá phuifín óga *Puffin Rock* a raibh cónaí orthu ar oileán bréige amach ó chósta na hÉireann.

Ba ghné thábhachtach an ceol freisin le linn na bliana. Sa tsraith speisialta *Havananimal,* bhí amhráin a chum Shay Healy dá gharmhac agus arna gcasadh ag Duke Special. Ar *Inis Spraoi* thug leanaí cuairt ar oileán draíochta ina mbíodh ceol agus amhráin acu.

### Níos Mó agus Níos Fearr

Sraith 100 clár, meascán de shiamsaíocht agus d'oideachas, atá i *Dig In Diner,* ar puipéid í an chliar. Bhí réimse éagsúil cuairteoirí agus aíonna speisialta, ar mba leanaí iad, i dteannta na foirne chun bia folláin ó ar fud an domhain a fhiosrú sa bhialann agus as garraí beag an tseó féin.

Rinneamar ár gcéad iarracht ar 'theilifís mhall' mar a thugtar air – nó clúdach iomlán ar ghnáth imeacht ó thús go deireadh. Lean *Makers* cur chuige a glacadh i dtaobh obair cheardaíochta na hÉireann sa tsraith aitheanta de chuid RTÉ *Hands.* Ba do lucht féachana faoi chúig bhliana an tsraith seo, sraith a fuair maoiniú ón BAI.

Níos fearr agus níos mó a fuair *Twigín,* príomhchlár RTÉjr a dhéantar in RTÉ féin. Chomh maith leis an ngáthmheascán de mhíreanna barrúla agus teachtaireachtaí breithlae ón *Jr Post Room*, sheol *Twigín* sraith de chláir shéasúracha. Sa samhradh, cuireadh lear mór tallainn i láthair. Ag deireadh na bliana, chuir *Twigín* a leagan féin de scéal Cinderella i láthair i ngeamaireacht Nollag leathuaire.

Sheolamar freisin sraith nua d'fhógraíocht scáineach *Kidspeak,* scannáin 30 soicind a théann amach nuair a bhíonn leathanach gréasáin á íoslódáil.

### Raidió Nuálach

Ba é buaicphointe na bliana ar Raidió RTÉjr ná an tsraith nuálach *Cake* (Culture and Arts for Kids and Everyone). Sraith 10 gclár ina raibh agallaimh, tuairiscí, dúshláin agus saothair ealaíne a ndearnadh coimisiúnú go sonrach orthu. Bhí sí dírithe ar leanaí faoi sheacht mbliana ach bhí suim ag gach duine inti. Seoladh roinnt sraitheanna nua:

- *Doggie Tales* – ina ndearnadh cur síos ar an gcuspóir bhunaidh a bhí le madraí dúchasacha Éireannach ar madraí oibre a bhí iontu.
- *Seasons of the Forest*–inár insíodh scéalta faoi choillearnach na hÉireann de réir mar a bhíonn na séasúir ag athrú.
- *The Magic Smartphone* – sraith drámaíochta faoin saol mar a chaith Jason é, buachaill ocht mbliana a raibh cumhachtaí osnádúrtha ag a fhón nua.
- *School Run* – sraith dhátheangach inar smaoinigh daoine óga ar an méid a d'fhoghlaim siad ag an scoil.

### Éist, Féach, Imir – Ar Ghléasra Soghluaiste

Sa bhliain 2015, sheol RTÉjr aip RTÉjr do ghléasra Android agus iOS. Dá bharr, is féidir teacht ar ábhar RTÉjr ar ghléasra soghluaiste. An mana "Watch, Listen, Play" atá ag dul leis an aip ina ndéantar ábhar físeáin, clos-scéalta agus amhráin a uaslódáil uirthi go rialta. Tá Raidió RTÉjr le fáil air freisin chomh maith le réimse cluichí spraoi agus oideachais.

## TRTÉ

### Ag freastal ar Leanaí Níos Sine

Sheol TRTÉ *Swipe TV*, a aip féin ar ardán dúnta, atá dírithe ar leanaí níos sine. Tá réimse éagsúil, bhríomhar ábhair ar fáil ar an aip do leanaí san aoisghrúpa 7 go 13 chomh maith le hábhar ón seó teilifíse a chraoltar Dé Luain, Dé Céadaoin agus Dé hAoine ar RTÉ2. Ar *Swipe TV*, tá teacht níos fearr ag leanaí den aois thábhachtach seo ar bhunábhair Éireannach ar ardchaighdeán agus atá oiriúnach dá n-aois. Seirbhís saor in aisce atá ar fáil 24/7, gach seachtain den bhliain é.

### Cláir nua a coimisiúnaíodh

I measc ábhar nua a coimisiúnaíodh do lucht féachana TRTÉ bhí:

- *Insiders* - sraith eolaíochta siamsaíochta a fhiosraíonn na fíricí a bhaineann le nithe a mbíonn spéis ag leanaí iontu.
- A*round The Block*, clár faisnéise dhá chuid faoi mar atá cúinsí agus an saol athraithe do na daoine a bhí sa chlár *On The Block*, sraith a bhfuil gradaim buaite aige. Ba sraith í sin faoi saol a chaith rannpháirtithe agus iad ar tí teach in inmhe.
- *Music Inc's* – an dara sraith a chuaigh ar chúl an téarma i saol an cheoil chun a fháil amach mar a d'éireodh le déagóirí i dtascanna bainistíochta camchuairte.
- *Una's Dream Ticket* – ina dtugann Una Foden ó *The Saturdays* aislingí leanaí ar fud na hÉireann chun fíre.
- An tríú sraith den dráma beochana/beoghníomhaíochta *Roy* a craoladh ar TRTÉ.

## Raidió

Bhí *The Word,* seó nua leabhar, i measc na gcoimisiún do raidió TRTÉ a chraolann meascán clár do dhaoine óga 7-go-11 gach tráthnóna.

## Two Tube ar RTÉ2

Lean *Two Tube*, clár laethúil naisc RTÉ2, ag cur meascán d'ábhar seirbhíse poiblí ar fáil do dhéagóirí agus do dhaoine óga idir 5.30pm go 6.30pm. Bhí idir ábhar slí mhaireachtála agus sláinte, siamsaíochta, spóirt agus teicneolaíochta i gceist. Chuireamar lear mór ceoltóirí i láthair an phobail ar chainéal YouTube Two Tube agus tharraing ar mblag plé agus comhrá i measc an lucht féachana.

**I mí Aibreáin 2015 bhí RTÉjr, seirbhís tiomanta do leanaí faoi sheacht mbliana atá saor ó fhógraíocht, dhá bhliain ar an bhfód.**

# Féach. Éist. **Foghlaim.**

Trí ócáidí móra náisiúnta, meáin shóisialta atá ar fáil go seasta síoraí, straitéis náisiúnta chun tacú leis na healaíona agus clár cuimsitheach sóisialta de chuid na corparáide, déanann RTÉ freastal ar an bpobal i réimsí éagsúla den saol ar fud an oileáin.



**Rannpháirtíocht agus Páirtnéireacht**

Tugtar cúnamh gach bliain d'imeachtaí réigiúnacha agus d'imeachtaí náisiúnta mór le rá.  I mí Eanáir, tugadh blas beag don chéad ghlúin eile nuálaithe ar an gcaoi a n-oibríonn RTÉ ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT san RDS. Bhí cláir de chuid RTÉ 2fm agus RTÉ2 á gcur i láthair beo ar ardán de scoth an domhain RTÉ. Bhí deis ag na mic léinn freisin autocue a chleachtadh agus foghlaim faoin teicneolaíocht a ghabhann le scáileán gorm i stiúideo soghluaiste Aimsir RTÉ.





**100**

ócáid ealaíne, áitiúil agus réigiúnach, a dtugtar tacaíocht dóibh gach bliain

# Athbhreithniú ar an mBliain | **Imeachtaí, An Pobal agus An Fhoireann**

Seoladh RTÉ MojoCon 2015 i mí Márta. Tháinig na céadta toscaire go Baile Átha Cliath ag comhdháil faoi ábhar a chruthú don ghléasra soghluaiste. Bhí de cháil uirthi ina dhiaidh sin gurbh í an chomhdháil ab fhearr dá cineál í ar fud an domhain.

D'éirigh thar barr ar fad le spás RTÉ ag féile Bloom i bPáirc an Fhionnuisce. Bhí ceol beo ar siúl ar ardán speisialta a tógadh ar an láthair chomh maith le cláir raidió, cláir do leanaí agus craoladh beo ar thuairisc na haimsire ar RTÉ One.

RTÉ an príomhurra ainmniúcháin ar an bhféile drámaíochta RTÉ All-Ireland Drama Festival, páirtnéireacht a ainmníodh don ghradam don 'pháirtnéireacht fhadtéarmach is fearr' ag Gradaim Gnó don Ealaín Allianz 2015. Lean RTÉ den infheistíocht i bhféile na bliana 2015.

Bhí muid i láthair ar bhealach níos feiceálaí ná riamh cheana ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta le clár leathuaire teilifíse beo ar RTÉ One gach oíche. Tháinig beagnach 70,000 cuairteoir trí láthair taispeántais RTÉ chun craoladh beo ar RTÉ Radio 1, 2fm, lyric fm agus Raidió na Gaeltachta a chloisteáil agus tuairiscí beo ar an aimsir a fheiceáil ar RTÉ One. Bhí deiseanna breise caidrimh ar fáil tríd an *RTÉ Guide*, RTÉjr agus RTÉ Player ag ócáid atá anois ar cheann de na himeachtaí is mó san Eoraip amuigh faoin aer.

Bhí RTÉ ina chúl taca le hOíche an Chultúir agus rinneadh craoladh trí huaire an chloig ar an raidió as Cearnóg Theach an Tionóil i mBarra an Teampaill i mBaile Átha Cliath mar chuid den obair i gcomhar i rith na bliana 2015. Bhí imeachtaí breise den cheol beo i bhFaiche Stiabhna (le Cór na nÓg RTÉ) agus ar Shráid Grafton.

### Crann Taca na hEalaíne, Crann Taca an Phobail

Rinneadh an scéim RTÉ Ag Tacú Leis na hEalaíona, trína bhféachtar le freastal ar imeachtaí ealaíne ar fud na tíre a chothú, a leasú i rith na bliana 2015 le go bhféadfaí dul i gcion ar níos mó daoine. Tugadh isteach córas nua bolscaireachta ar an teilifís le go mbeadh deis ag eagraíochtaí ealaíon ar bhuiséad teoranta fógra a chur ar an teilifís.

Chuidigh an scéim le níos mó ná 100 ócáid ar fud na tíre. Cuidíodh le gach cineál ealaíon, an damhsa agus an cheoldrámaíocht, an dearcealaín agus imeachtaí do leanaí, féilte litríochta, imeachtaí scannánaíochta agus imeachtaí Gaeilge.

### Caidreamh Seachtrach

Eagraíodh níos mó ná 45 cuairt phoiblí i rith na bliana 2015 faoi scáth scéim lárnach RTÉ don chaidreamh seachtrach. Bhí daoine atá ar scor, daltaí scoile dara leibhéal, cúramóirí, mic léinn tríú leibhéal agus cuairteoirí as an Danmhairg, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ghearmáin agus an tSín ar na cuairteanna. Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh maidir le cuairt ar champas RTÉ i nDomhnach Broc mar a dtugtar an cuairteoir ar chuairt shainchóirithe ar áiseanna raidió, teilifíse, seirbhísí digiteacha agus áiseanna eile RTÉ. Tá clár ar bun ag RTÉ freisin maidir leis an idirbhliain a chuireann leis an scéim.

### Na Meáin Shóisialta

Bhí 250,000 lucht leanta ag cuntas lárnach Twitter RTÉ, @rte, faoi dheireadh na bliana, ardú ó 120,000 ag deireadh na bliana 2014. Chuir RTÉ cuntais lárnacha ar Facebook, LinkedIn, Instagram agus Vine leis na hardáin shóisialta freisin. Ligeann na cuntais do RTÉ fairsinge, forleithead agus iléagsúlacht an ábhair seirbhíse phoiblí a chur ar a súile do dhaoine.

**Tuilleadh eolais**

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar pháirtnéireachtaí féach na coda ar teilifís, raidió, Gaeilge agus ceolfhoirne (leathanaigh 18,26,52 agus 46).**



**Eolas faoin Lucht Éisteachta**

Leanadh i rith na bliana 2015 leis an bhfeachtas Explore RTÉ. Cuireadh 12 mír bolscaireachta ar an aer ar RTÉ One, RTÉ2 agus RTÉ News Now, inar léiríodh an chuid is fearr de gach seirbhís. Eagraíodh feachtais shéasúracha freisin. Seoladh an feachtas *Switch on Christmas* ar na meáin shóisialta. Bhí beagnach 300,000 duine a bhreathnaigh ar theachtaireacht speisialta Oíche Nollag, arbh chuid den fheachtas sin a bhí ann.

**Cumarsáid Chorparáideach**

D'fhéach RTÉ le gach dream den lucht féachana agus den lucht éisteachta a choinneáil ar an eolas faoina gcuirtear ar fáil ar an raidió, ar an teilifís, ar na meáin dhigiteacha nó ó na ceolfhoirne i rith na bliana 2015 trí sheirbhís leitheadach meán cumarsáide. Rinneadh caidreamh go díreach leis an lucht féachana ar chuntas Twitter @rte agus ar Facebook, agus trí thuairisc gach lá ar an rannóg faoin teideal 'About' de RTÉ.ie. Eisíodh níos mó ná 25 nuachtlitir rialta le geallsealbhóirí *(Your RTÉ Update)* i rith na bliana.

**RTÉ s'Againne**

Foilsíodh níos mó ná 600 scéal ar chóras cumarsáide inmheánach RTÉ, an RTÉ Hub, i rith na bliana 2015. Is ardán buntábhachtach an suíomh sin maidir le foilseacháin thábhachtacha de leithéid Treoirlínte Iriseoireachta RTÉ, straitéis dhigiteach RTÉ agus plean gníomhaíochta RTÉ maidir leis an nGaeilge.

Lean Rannóg Foghlama agus Forbartha RTÉ ag cuidiú leis an lucht foirne agus leis an mbainistíocht riachtanais an lucht féachana agus an lucht éisteachta a shásamh. Bhí leas ag na céadta den lucht foirne ar gach leibhéal den eagraíocht as réimse leathan deiseanna foghlama agus forbartha. Is cuid sin den dúthracht maidir le feabhas a chur ar chultúr na heagraíochta ionas go dtugtar an comhar agus an chruthaitheacht chun cinn, chomh maith le hobair ilsciliúil agus sárfheidhmiú.

**Páirtnéireacht**

Cothaíodh páirtnéireachtaí nua i rith na bliana 2015 leis an gcraobhchóras *Business in the Community,* le *Business to Arts* agus le Bord Bia.

**Freagracht Shóisialta na Corparáide**

Bhí réimse leathan le bearta RTÉ maidir le freagracht shóisialta na corparáide i rith na bliana 2015 a chuir bonn treise faoi dhúthracht na heagraíochta i ndáil leis an aisling maidir le cur le saol na hÉireann.

**Cycle Against Suicide**

Bhí 2fm ina chúl taca le *Cycle Against Suicide,* feachtas náisiúnta le tuiscint an phobail a chothú oiread agus is féidir faoin gceist thábhachtach maidir le féinmharú a sheachaint agus plé a spreagadh faoin tábhacht atá le dea-shláinte meabhrach.



# Athbhreithniú ar an mBliain | **Imeachtaí, An Pobal agus An Fhoireann**

**Lá Achainí Lus an Chromchinn**
Bhí ról mórthábhachtach ag 2fm maidir le seachaint na hailse a chur chun cinn ar Lá Achainí Lus an Chromchinn Chumann Ailse na hÉireann. Chuidigh foireann RTÉ le Lá an Chromchinn trí níos mó ná €5,000 a bhailiú do sheirbhísí ailse in Éirinn.

**Oxfam**
D'oibrigh 2fm le Oxfam agus le Electric Picnic maidir le comórtas faoin teideal Play the Picnic with Oxfam. Roghnaigh éisteoirí 2fm, i gcomórtas náisiúnta, gearrliosta 10 mbanna nó ceoltóir aonair a sheinnfeadh beo ag an bhféile. Bhí máistir-rang freisin ag an mbuaiteoir le Stiúrthóir Ceoil agus Fuaime 2fm, seisiún faoi urraíocht sa stiúideo le roinnt de na hinnealtóirí fuaime is fearr in Éirinn san áireamh.

**ISPCC**
Leis an RTÉ 2fm Xmas Ball ar son an ISPCC a cuireadh deireadh leis an mbliain. Bailíodh beagnach €500,000 ar an ócáid.

**Fondúireacht Shráid an Teampaill**
I mí na Samhna 2015, d'eisigh Penneys agus RTÉ eagrán líon teoranta de gheansaí Nollag an *Late Late Toy Show* agus éadach tolglainne eile. Bronnadh €2 ar Fhondúireacht Shráid an Teampaill i leith gach ball éadaigh a ceannaíodh.

**Lá Rothaíochta Blood4Life**
Chuidigh RTÉ arís le Lá Rothaíochta *Blood4Life* Sheirbhís Fhuilaistriúcháin na hÉireann trína spreagtar daoine le fuil a thabhairt.

**Fondúireacht Laura Lynn**
Seoladh feachtas *#DressedByAChild* ar RTÉ Radio 1 agus *The Ray D'Arcy Show* sa bhliain 2015 d'fhonn airgead a bhailiú d'Fhondúireacht Laura Lynn do leanaí a bhfuil tinneas ag cur bac orthu.

**One World Fund**
Sa bhliain 2015 rinne an *RTÉ Staff One World Fund* maoiniú ar 19 tionscadal atá dírithe ar na coinníollacha maireachtála i Uganda, san India, san Aetóip, sa Tansáin, sa Bhanglaidéis agus sa Chéinia a fheabhsú.

**Hugh's House**
Chuir daoine d'fhoireann rannóg dhigiteach RTÉ a gcumas maidir le fadhbanna a réiteach agus a gcuid scileanna cruthaitheachta chun sochair d'fhonn cuidiú le hathchóiriú a dhéanamh ar *Hugh's House,* ina gcoinnítear dream gaoil leanaí atá in Ospidéal Shráid an Teampaill agus Ospidéal an Rotunda. Osclaíodh an t-ionad i mí Bealtaine 2015.

**Tearmainn do Mhná**
Bhronn rannóg na gcultacha éadach farasbairr ar ionaid ina mbíonn tearmann ag mná agus ar charthanais eile.

**Ionad na gCaipisíneach**
D'eagraigh an *RTÉ Guide* an díolachán leabhar agus bronntanas bliantúil ag ar díoladh na leabhair agus na nithe eile a cuireadh ar aghaidh le go bhfoilseofaí léirmheas orthu. Bronnadh an fáltas ar fad ar Ionad Lae na gCaipisíneach do dhaoine gan dídean.

**Gradaim Phearsana na Bliana Rehab**
Ón mbliain 1981, is ábhar mórtais ag RTÉ oibriú i bpáirtnéireacht le Rehab maidir le Gradaim bhliantúla Phearsana na Bliana. Tugann na gradaim sin deis laochra dáiríre ghnáthshaol an lae a mhóradh.

**Cúnamh trí Oiliúna**
Chuir RTÉ oiliúint in iriseoireacht shoghluaiste ar roinnt de na hoibrithe allamuigh agus d'fhoireann cumarsáide *Concern Ireland*. Chuir an oiliúint ar a gcumas an tionchar a bhíonn ag a gcuid oibre a chur in iúl ar bhealach an-éifeachtúil do dhaoine a thugann airgead dóibh agus don phobal i gcoitinne.

**RTÉ agus Cúrsaí Inmharthanachta**
Bhí RTÉ ar cheann de na gnólachtaí is luaithe a shínigh an clár *Green 50* trína spreagtar comhlachtaí chun airgead a thabhairt do charthanais trí ghealladh nósanna oibre níos cóiriúla don timpeallacht a leanúint sa láthair oibre. Tionscanmh neamhbhrabúis atá anseo a ndéanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) maoiniú air.

**Gradam Pacman**
Bronnadh Gradam Pacman ar RTÉ sa bhliain 2015 mar gheall ar bhia a bhí fágtha gan úsáid as caintín RTÉ a thabhairt don Brick Lane Shelter do dhaoine gan dídean. Tionscnamh aon lúb amháin atá anseo a cuireadh le chéile i gcomhar le Keelings, Baxter Storey agus Lynk Taxis.

**Eile**
Ar na tionscnaimh eile ar chuidigh RTÉ leo, bhí an feachtas *Sleep Out* a d'eagraigh Focus Ireland agus Achainí bliantúil Chumann Uinseann de Pól maidir le Bréagáin agus Deontais faoi Nollaig, rud ar tháinig luach na mílte euro d'earraí, de bhréagáin agus de leabhair a bhronnadh faoi Nollaig dá bharr. Tugadh deontais freisin do Barnardos.

**Ón mbliain 1981, is ábhar mórtais ag RTÉ oibriú i bpáirtnéireacht le Rehab maidir le Gradaim bhliantúla Phearsana na Bliana. Tugann na gradaim sin deis laochra dáiríre ghnáthshaol an lae a mhóradh.**







# **Saoirse** Teilifíse

Tá Saorview anois ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn.

**Maidir le Saorview**
Saorview an t-ardán teilifíse is mó in Éirinn a chuireann seirbhísí teilifíse intíre na hÉireann ar fáil saor go haer, RTÉ, TV3, TG4 agus UTV Ireland san áireamh.

**676,000**
áras cónaithe a bhfuil Saorview iontu



# Athbhreithniú ar an mBliain | **Saorview**

### An tArdán Teilifíse is Mó in Éirinn

Bhí ardú níos mó ná 10% i rith na bliana 2015 ar líon na dteaghlach a bhfuil Saorview iontu ó 607,000 i mí Eanáir go dtí 676,000* faoi dheireadh na bliana. Fágann sin go bhfuil Saorview ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn. I gcás 186,000 de na teaghlaigh sin, tá Saorview ar an aon mhodh amháin ina dtapaítear craoladh teilifíse; d'ardaigh sin ó 174,000 ag tús na bliana 2015.

*Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM, Bealaí glactha

### Athnuachan ar an mBranda

Cuireadh cuma nua ar bhranda Saorview. Mar chuid den athbhrandáil, a ndearnadh taighde ar thomhaltóirí ina leith, cruthaíodh lógó nua agus feachtas fógraíochta ag iarraidh ar thomhaltóirí teacht le lucht na réabhlóide agus an 'Teilifíseán a Shaoradh'. Tugadh dearadh nua ar an suíomh idirlín i mBéarla agus i nGaeilge.
Ar na gnéithe nua a cuireadh ar fáil, tá siad seo a leanas:
- Líne cabhrach á cur ar fáil ag ionad glaonna Saorview
- Liostaí de na cláir atá ar chainéil Saorview go ceann seacht lá
- Deis cuardaithe níos fearr maidir le miondíoltóirí agus táirgí Saorview
- Seirbhís nua clárúcháin ar a dtugtar Saorview ID


Cuireadh ábhar leasaithe chuig níos mó ná 400 miondíoltóir agus tosaíodh ar an obair chun a chinntiú go mbeadh gach a dteastaíonn uathu acu chun branda Saorview a chur ar taispeáint go soiléir sna siopaí.

Chun cuidiú leis an athbhrandáil, tugadh cuireadh do thomhaltóirí, trí fheachtas ar an teilifís, ar na meáin dhigiteacha agus ar na meáin shóisialta, a gcuid 'teilifíseán a shaoradh'. De réir mar is léir ó na tuairiscí tosaigh, chuidigh an feachtas athbhrandála le cur leis an aird ar an mbranda agus leis an aitheantas.

Ag tús na bliana, seoladh UTV Ireland ar an ardán mar chainéal uimhir a 6, rud a fhágann go bhfuil anois naoi gcinn de chainéil teilifíse ar Saorview. Tá dhá chainéal acu sin ar chaighdeán HD.

Tosaíodh ar an obair maidir leis an táirge den chéad chineál eile, Saorview Connect, atá le seoladh sa bhliain 2016. Ligfidh Saorview Connect don lucht úsáide teacht ar ábhar ar a éileamh trí chóras leathanbhanda chomh maith leis na cainéil teilifíse agus na stáisiúin raidió a gceanglaítear leo faoi láthair tríd an aeróg. Tá le tuiscint ó thomhaltóirí agus ón lucht miondíolacháin go bhfuil éileamh mór ar ar an tairiscint fheabhsaithe sin ó Saorview.

LÍON TEAGMHÁLACHA ÓN LUCHT FÉACHANA/ÉISTEACHTA:
LÍNE CHABHRACH SAORVIEW




Tabhair ar aird: Léirigh an titim a bhí ar theagmhálacha idir 2014 agus 2015 an méadú a bhí ar idirghníomhaíocht sa bhliain 2014. Nuair a casadh as tarchur Gnáthghléine agus seoladh seirbhísí Ardghléine RTÉ an chúis ba mhó a bhí leis agus a raibh lear mór glaonna mar thoradh air sa bhliain 2014.

Tugadh isteach *Live Chat* an 15ú Nollaig 2015.

**Bhí ardú níos mó ná 10% i rith na bliana 2015 ar líon na dteaghlach a bhfuil Saorview iontu ó 607,000 i mí Eanáir go dtí 676,000 faoi dheireadh na bliana. Fágann sin go bhfuil Saorview ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn.**











**99.9%**
den daonra a thapaíonn seirbhísí a chuireann 2rn ar fáil

# Ag Freastal ar an bPobal, **Ag Freastal ar an Tionscail**

Tugann 2rn aire do chóras craolacháin agus tarchuradóireachta na hÉireann, á chinntiú go mbíonn an tír ceangailte i gcónaí.

**2rn**
2rn, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán RTÉ, a dhéanann an obair chothabhála, bhainistíochta agus forbartha ar chóras tarchuradóireachta na hÉireann do chraoltóirí uile an oileáin.

**Ag Freastal ar Gach Teaghlach sa Stát**

Tagann seirbhísí tarchuradóireachta agus dáiliúcháin 2rn maidir le cúrsaí craolacháin náisiúnta faoi rialáil ComReg. Lean 2rn ag obair go dlúth le ComReg agus le geallsealbhóirí eile i rith na bliana 2015 chun comhlíonadh iomlán tráthúil na ndualgas rialála ar fad a chinntiú.

Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor go haer i ngach teach sa stát, le seirbhís ardchaighdeáin físe agus fuaime. As 1.56 milliún teaghlach in Éirinn a mbítear ag faire teilifíse iontu, bhí Saorview ag 676,000 acu faoi dheireadh na bliana 2015. Bhí 186,000 teaghlach nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.


Níor tháinig aon seirbhísí nua raidió i gceist i rith na bliana 2015. Cuireadh seirbhís nua UTV Ireland le hardán Saorview. Tá RTÉ One agus RTÉ2 ar fáil ar chaighdeán ardghléine anois ar Saorview agus ar Saorsat.

**Ioncam**

Tháinig ardú beag ar an ioncam i rith na bliana 2015 agus teacht ar sheirbhísí 2rn ar feadh 99.9% den am. Chruthaigh 2rn ioncam €28.9 milliún, ardú beag ar leibhéal na bliana 2014. Tá oibriú iomlán dhá chóras ilphléacs Saorview ar feadh na bliana go hiomlán le sonrú air sin chomh maith le forás ar an ngnó maidir le láithreáin a shocrú. Is léiriú sin ar an margadh craolacháin a bheith tugtha ar an gcothrom agus gur cruthaíodh go maith ar an margadh maidir le crainn agus túir ar cíos. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an margadh raidió áitiúil agus réigiúnach, ó tharla na réimsí ar fad ar an mbanda FM atá ar fáil a bheith in úsáid anois a bheag nó a mhór.

Cé nach raibh aon chur isteach ag comhdhlúthú líonraí na seirbhísí fón póca ar ioncam na bliana seo, bhí dúshlán ag baint le fás bliain i ndiaidh bliana a thabhairt i gcrích i ngnó na teileachumarsáide.

**As 1.56 milliún teaghlach in Éirinn a mbítear ag faire teilifíse iontu, bhí Saorview ag 676,000 acu faoi dheireadh na bliana 2015. Bhí 186,000 teaghlach nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.**




04:31
RTE 1
The World
Health
Organisation
has said it
expects three to
AUTOCUE
00:02:29
PROGRAM
PREVIEW
RTÉ News
BUSINESS
VIZ 5
The World
Health
Organisation
has said it
expects three
AUTOCUE
CAMERA 2
CAMERA 3
CAMERA 5
RS 2
RS 3

# **Réalta** ar an gClúdach

An iris liostála sheachtainiúil is mó díol in Éirinn.



**300,000**

cóip d'eagrán dúbailte na Nollag den *RTÉ Guide* a ceannaíodh sa bhliain 2015

**An RTÉ Guide**

Tá an *RTÉ Guide* ar an iris liostála sheachtainiúil is mó ráchairt in Éirinn. Foireann bheag eagarthóireachta agus deartha a oibríonn go hinmheánach ar an iris atá chun tosaigh maidir le cúrsaí nuálaíochta i bhfoilsitheoireacht in Éirinn. Tá áit faoi leith ag an iris i dtithe na hÉireann.



# Athbhreithniú ar an mBliain | **An RTÉ Guide**

**Fuair an *RTÉ Guide* ainmniúchán maidir le cúig cinn de ghradaim ag Gradaim Irisí na hÉireann, agus gnóthaíodh an gradam, a mbíonn an-tóir air, do Chlúdach na Bliana ar Iris Tráchtála.**



Eagrán Nollaig 2015 den RTÉ Guide

Tugadh gné-ábhar nua siamsaíochta agus slite maireachtála isteach i rith na bliana 2015 chun a chinntiú go mbeadh an *RTÉ Guide* i gcónaí ar an iris liostála is mó ráchairt in Éirinn nach mbíonn saor in aisce. Leis an mbéim ar shlite maireachtála agus ar na liostaí cláir, tá an *RTÉ Guide* mar a bheadh dhá iris ann faoi aon chlúdach amháin. Bíonn lón léitheoireachta spéisiúil ag an lucht léitheoireachta mar gheall ar an bhfoirmle sin, le hagallaimh eisiacha – le pearsana iomráiteacha de chuid na hÉireann agus le pearsana idirnáisiúnta – chomh maith le liostaí cuimsitheacha de na cláir teilifíse agus raidió agus seirbhísí atrátha.

### Nuálaíocht agus Síorathrú

Ionas go bhféadfaí fanacht chun tosaigh ar chora nua i margadh síorathraitheach agus an fás atá go leanúnach faoi earnáil na meán digiteach, lean an *Guide* ag freastal do riachtanais an lucht féachana. Cuireadh chuige sin ar roinnt bealaí éagsúla. Oibríodh i gcomhar leis an tsraith *Operation Transformation* ar RTÉ agus le Weightwatchers, ionas gur cuireadh irisí saor in aisce ar fáil chomh maith le gné-ailt fhada chuimsitheacha. Cuireadh fuílleach ábhair seachas sin ar fáil don lucht léitheoireachta, mar shampla leabhráin le hoidis bia ó chócairí iomráiteacha in Éirinn, agus leabhráin forlíontacha faoi bhia, cúrsaí sláinte agus garraíodóireacht.

Rinne an *RTÉ Guide* nuáil freisin le coincheapa nua a bhí ceangailte le hócáidí tábhachtacha. Mar shampla, foilsíodh liostaí cláir ar feadh naoi lá sa chéad Eagrán Speisialta riamh don Cháisc, chomh maith le hábhar tráthúil faoi stíleanna maireachtála ionas go raibh lón léitheoireachta do Shaoire na Cásca ar fad san iris faoi cheangal foirfe.

Oibríodh i gcomhar le Breast Cancer Ireland don Eagrán Bándearg d'fhonn aird agus tuiscint a chothú chomh maith le cistí mórthábhachtacha a bhailiú. Tugadh 20c don charthanas in aghaidh gach cóip den iris a ceannaíodh.

Saothar foilsitheoireachta faoi leith i dtionscal na hÉireann a bhí san eagrán dúbailte faoi Nollag ar ceannaíodh níos mó ná 300,000 cóip de. Sheol an *RTÉ Guide* an chéad iris neamhspleách bia dá chuid, *Taste Ireland,* sa bhliain 2013. Leanadh á fhoilsiú sin uair sa ráithe i rith na bliana 2015. Déantar an obair ar fad maidir leis an iris sin a chur le chéile go hinmheánach, le saineolas agus acmhainní an *RTÉ Guide.*

### Gradaim

Fuair an *RTÉ Guide* ainmniúchán maidir le cúig cinn de ghradaim ag Gradaim Irisí na hÉireann, agus gnóthaíodh an gradam, a mbíonn an-tóir air, do Chlúdach na Bliana ar Iris Tráchtála.



# Bord RTÉ













**1. Moya Doherty, Cathaoirleach**
Téarma oifige: 4 Samhain 2014–
3 Samhain 2017
Tá an amharclannaíocht chomh maith le léiriú agus láithriú ar raidió agus ar teilifís, in Éirinn agus thar lear, le lua le saol oibre Moya Doherty. Chuir sí cláir ealaíne, gnéchláir agus cláir faisnéise i láthair ar RTÉ. Ina léiritheoir feidhmiúcháin di, léirigh Moya roinnt Telethon carthanachta, Comórtas Amhrán an Eurovision agus an léiriú teilifíse ar shearmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta a bhí ar siúl in Éirinn sa bhliain 2003. Ba í Moya a bhí ina léiritheoir coimisiúnaithe agus ina tionscnóir maidir le Riverdance do Chomórtas Eurovision na bliana 1994.

Tá sí ina stiúrthóir ar Tyrone Productions, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is mó le rá in Éirinn a chuireann cláir drámaíochta, faisnéise agus siamsaíochta ar fáil don teilifís. Bhí sí ina stiúrthóir tionscanta ar an stáisiún raidió Today FM.

Tá fónamh déanta aici ina comhalta ar bhoird éagsúla i réimse na healaíne. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Fhéile Amharclannaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (ar feadh seacht mbliana), ar bhord Amharclann na Mainistreach, The Ark Children's Theatre i mBaile Átha Cliath, Business to Arts agus Walnut Hill Arts School i Massachusetts.

Bronnadh gradaim iomadúla ar Moya in imeacht na mblianta, ina measc Gradam Veuve Clicquot do Bhean Gnó na Bliana, Gradam Ernst & Young d'Fhiontraí na Bliana chomh maith le céimeanna onóracha Dochtúireachta ó Ollscoil Uladh agus ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann mar aitheantas ar an dúthracht leanúnach a léiríonn sí maidir le saol na healaíne in Éirinn.

**2. Fergus Armstrong**
Téarma oifige: 24 Feabhra 2009–
3 Samhain 2017*
Is eadránaí é Fergus Armstrong. Tá sé ina chomhalta den phainéal ag ONE~resolve, foireann eadráin idirdhisciplíneach. Leis an dlí a chaith sé an saol oibre roimhe sin, le comhlacht dlí a mhuintire ar dtús i Sligeach, dar teideal anois Hegarty and Armstrong, agus ina aturnae cuideachta ag Aer Lingus ina dhiaidh sin. Chuaigh sé leis an gcomhlacht McCann Fitzgerald ina dhiaidh sin arís, ag feidhmiú ansin mar chomhpháirtí maidir le dlí na corparáide, agus ina dhiaidh sin ina chomhpháirtí bainistíochta agus ina chathaoirleach. Tagann aighnis maidir le cúrsaí gnó agus institiúidí i gceist leis an obair eadrána a dhéanann sé chomh maith le haighnis idir daoine aonair. Foilsíonn sé ailt in irisí agus i bpáipéir nuachta ó am go chéile agus tá suim aige san fhealsúnacht, sa tsíceolaíocht agus sa diagacht. I gColáiste Chaisleán Cnucha, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus san Harvard Law School a chuaigh sé faoi oideachas.

*Athcheapadh don dara téarma ar an mBord an 4 Samhain 2014.

**3. Noel Curran, Director-General**
An Príomh-Stiúrthóir
Ceapadh Noel ina Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ón 1 Feabhra 2011.
Tá céim i Staidéar Cumarsáide ag Noel ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), mar ar thug sé faoi obair thaighde faoi leith maidir le ceisteanna a bhaineann leis an bpolasaí craolacháin. Tar éis dó DCU a fhágáil, d'oibrigh sé ina iriseoir maidir le cúrsaí gnó sular ceapadh ina Eagarthóir Nuachta é san iris *Business and Finance.*

D'fhág Noel *Business and Finance* sa bhliain 1992 gur thosaigh ag obair le clár gnó agus eacnamaíochta RTÉ, *Marketplace.* Tar éis dó dul faoi oiliúint ina léiritheoir teilifíse, bhí roinnt de na léiriúcháin beo ba mhó sna rannóga Siamsaíochta agus Cúrsaí Reatha in RTÉ faoi chúram Noel.

D'fhág sé RTÉ sa bhliain 2000 go raibh ina stiúrthóir ar chomhlacht léiriúcháin neamhspleách. Tháinig sé ar ais sa phost Eagarthóir Cúrsaí Reatha agus bhí sé freagrach as an tsraith *Prime Time Investigates* a sheoladh.

Ceapadh Noel ina Bhainisteoir Stiúrtha ar an rannóg Teilifíse sa bhliain 2003, an rannóg is mó in RTÉ, agus bhí sé freagrach as an ábhar teilifíse ar fad a cuireadh amach ar RTÉ One agus RTÉ2, as ioncam tráchtála Teilifís RTÉ agus as an gcaibidlíocht maidir le cearta spóirt. D'fhan Noel ina Bhainisteoir Stiúrtha i rannóg na Teilifíse go dtí mí Bealtaine 2010.

**4. Frank Hannigan**
Téarma oifige: 4 Samhain 2014–
3 Samhain 2019
Tá Frank Hannigan ag obair leis na meáin chumarsáide traidisiúnta agus le comhlachtaí bogearraí le 30 bliain anuas. D'oibrigh sé le raidió agus leis na meáin chlóite go dtí gur tháinig na meáin idirlín i dtreis agus d'oibrigh sé sna meáin shóisialta ina dhiaidh sin nuair a tháinig siad sin faoi bhláth. D'oibrigh sé ag

tráthanna éagsúla leis an *Sunday Tribune*, le *Hot Press* agus le Examiner Publications.

Ina chuid fiontraíochta, d'éirigh leis níos mó ná €40m d'infheistíocht a bhailiú dá chuid tograí. Tá fónamh déanta aige ina thionscantóir, ina mheantóir agus ina infheisteoir le roinnt de na gnólachtaí tionscantacha is spleodraí in Éirinn.

Bíonn Frank ina léachtóir cuairte in Ollscoileanna na hÉireann i mbun cainte ar ábhair éagsúla maidir leis na meáin chumarsáide agus le gnó barainneach a thionscnamh.

**5. Deborah Kelleher**

Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2019

Ceapadh Deborah Kelleher ina Stiúrthóir ar Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM) i mí Deireadh Fómhair 2010. Bhí bunpháirt aici i gcúrsaí allamuigh agus cúrsaí cianfhoghlama agus cúrsaí acadúla san acadamh a chur ar bun agus a fhorbairt le roinnt blianta anuas. Bhí bunpháirt aici i mbunchéim shaindírithe sa chumadóireacht, an chéad chúrsa i dteicneolaíocht an cheoil san Acadamh agus cuid mhór cúrsaí don fhorbairt ghairmiúil ar mhúinteoirí ar fud na tíre a chur ar bun.

Le bliain anuas, tá Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann ina Choláiste Comhlach de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus rinne Deborah maoirseacht ar an athrú suntasach sin. Rinne Deborah staidéar ar an gceol i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ghnóthaigh sí céim máistreachta sa cheoleolaíocht ón Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus céim máistreachta i riarachán gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina dhiaidh sin. Bhí Deborah freisin, ar feadh roinnt blianta, ina Ceann ar Roinn na Ceoltóireachta san Acadamh agus tá sí ar dhuine de na ceoltóirí pianó is géire éileamh dá glún in Éirinn.

Dhírigh sí go mór ar sheinm le hamhránaithe le blianta beaga anuas agus d'oibrigh sí le Ailish Tynan, Mairéad Buicke, Tara Erraught agus Bernadette Greevy nach maireann, i measc oirfidigh eile. Tá sí ina comhalta de bhord Chomórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath, de bhord Cheolfhoireann Náisiúnta na nÓg agus de bhord Lyric Opera chomh maith le fónamh a dhéanamh ar Phainéal Piarmheastóireachta don Chomhairle Ealaíon.

Tá Deborah ar dhuine den dáréag comhalta ar Chomhairle Chumann Ardscoileanna Ceoil na hEorpa (AEC), scáthghrúpa do bhreis agus 280 ardscoil ceoil.

**6. Aengus Mac Grianna**

Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2019

Tá Aengus ar dhuine de na craoltóirí nuachta is fearr a thaitníonn leis an bpobal. Thosaigh sé le RTÉ i lár na 1980idí ag obair mar theachtaire sa seomra nuachta. D'oibrigh sé ina thuairisceoir leis an gcuid is mó de dheascanna an tseomra nuachta ina dhiaidh sin, Nuacht RTÉ san áireamh, sular ceapadh ina léitheoir nuachta é sa bhliain 1999.

Bíonn Aengus le feiceáil go rialta ar chláir nuachta *Six-One* agus *Nine O'Clock News* agus le cloisteáil ar RTÉ Radio 1 agus RTÉ lyric fm. Sa bhliain 2009, rinneadh Athair Shéipéal an tSeomra Nuachta de Cheardchumann an NUJ de agus bhí baint aige leis an gcaibidlíocht maidir le scálaí nua pá agus le córais nua sa seomra nuachta. Rinne sé fónamh freisin ar feadh beagnach dhá bhliain ar leibhéal ghrúpa na gceardchumann thar ceann cheardchumann an NUJ. Thogh an lucht foirne Aengus ar Bhord RTÉ sa bhliain 2014.

**7. Dr P.J. Mathews**

Téarma oifige: 4 Samhain 2014–3 Samhain 2019

Tá an Dr P.J. Mathews ina léachtóir sinsearach i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Baineann a shaothar go speisialta le litríocht agus le cultúr an hÉireann. Is é a scríobh an saothar *Revival* maidir le tréimhse athbheochan chultúr na hÉireann, arna fhoilsiú ag Field Day/Cork UP sa bhliain 2003; a rinne eagarthóireacht ar an saothar *Cambridge Companion* to *J.M. Synge* (2009); agus comheagarthóireacht ar A Handbook of the Irish Revival arna fhoilsiú ag Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2015.

Is é an Dr Mathews a bhunaigh agus atá ina stiúrthóir ar an bpodchraoltóireacht acadúil le UCD scholarcast (www.ucd.ie/scholarcast).

Bhí sé ina Stiúrthóir ar Scoil Samhraidh Parnell idir 2002-05 agus ceapadh ina Chomhalta Naughton agus ina Chomh-Ollamh Cuairte sa Bhéarla é in Ollscoil Notre Dame sa bhliain 2007-08. Tá sé ina chomhalta seachtrach de Mheitheal Léann na hÉireann in Université Sorbonne Nouvelle-Paris 3, agus ina chomhthionólaí ar Chraobhchóras Taighde Dochtúireachta Léann na hÉireann.
























**8. Shane Naughton**

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Tá Shane Naughton ina Phríomhoifigeach Airgeadais ag an Economist Group, ceann de na príomhfhoinsí anailíse neamhspleácha faoin ngnó idirnáisiúnta agus gnóthaí an domhain, an nuachtán *The Economist* san áireamh.

Roimhe sin, bhíodh sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais domhanda ag EMI Music, an gnóthas ceoil idirnáisiúnta a dtagann lipéid Capitol, Virgin, Blue Note agus Parlophone faoina scáth chomh maith le hoirfidigh éagsúla de leithéid na Beatles agus na Beach Boys, Coldplay agus Katy Perry.
Roimhe sin arís, ina Phríomhfheidhmeannach dó ar an rannóg Connect de chuid UBM plc, bhí sé i mbun bainistíochta ar réimse irisí gnó. Tá taithí mhór aige ar chúrsaí teilifíse agus craoltóireachta óna thréimhse le Sky, agus d'oibrigh sé freisin le Coca-Cola agus Dell Computers i mbun cúraimí airgeadais. Cháiligh sé ina chuntasóir cairte le KPMG agus tá céim sa dlí aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

**9. Pádraig Ó Céidigh**

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Tá Pádraig, bunaitheoir Aer Arann agus Aer Lingus Regional, ina Ollamh Taca le Fiontraíocht agus Gnó in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ina Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach na Scoile Gnó agus ina Chathaoirleach ar Fáilte Éireann an Iarthair.

Tá Pádraig ina Chathaoirleach ar Ghradam Fhiontraí na Bliana Ernst and Young, gradam a bronnadh air féin tráth. Rinne sé fónamh freisin ina chomhalta boird ag CROI agus ag Bord Iascaigh Mhara agus ina Chathaoirleach ar Bhord Náisiúnta Taighde CLG.

**10. Anne O'Leary**

Téarma oifige: 4 Samhain 2014– 3 Samhain 2019

Tá taithí mhór ag Anne O'Leary ina feidhmeannach gnó agus cumas faoi leith léirithe aici i gcúnamh a thabhairt do chomhlachtaí bealaí nua a aimsiú isteach ar an margadh agus leas breise a bhaint as deiseanna teicneolaíochta d'fhonn an toradh is fearr a bheadh le baint as an ngnó a thabhairt i gcrích. Tá tuiscint ghéar ghrinn ag Anne ar rialachas corparáide agus ar chúrsaí comhlíontais. Ina comhalta di d'Institiúid na Stiúrthóirí, tá tuiscint aici ar na coinníollacha reatha maidir le boird phríobháideacha agus boird chomhlachtaí stáit.

Is fiontraí cruthanta í a rinne tionscnamh agus forás ar ghnólacht teicneolaíochta de scoth an domhain sular dhíol sí é, agus bíonn béim láidir aici ar pháirtnéireacht straitéiseach, ar bhainistíocht díolacháin, ar mhargaíocht, ar fhorbairt táirgí agus ar bhainistíocht i ndáil le caidreamh inmheánach-seachtrach.

Tá taithí leathanréimseach ag Anne ar earnálacha éagsúla gnó agus is léir a cumas maidir le fáithmheas, pleanáil straitéiseach, soirbhiú do mheithle agus do dhaoine aonair agus forás inbhuanaithe ar theacht isteach airgid.

**11. Fionnuala Sheehan**

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Tá fónamh déanta ag Fionnuala Sheehan le linn a saol gairme sa státseirbhís (sa Roinn Airgeadais agus leis an gCoimisiún Cánachais), sa tseirbhís phoiblí (Bainisteoir Cistíochta le Telecom Éireann a chur ar bun as an nua agus leis an gcomhlacht Irish Telecommunications Investments Limited maidir le hinfheistíocht chaipitil TÉ), in earnáil na tráchtála (Cisteoir an Ghrúpa ag GPA Limited agus comhchuideachtaí fiontraíochta dá chuid), in earnáil an ardoideachais (Leas-Chláraitheoir, Ollscoil Luimnigh), agus san earnáil neamhbhrabúis (Príomhfheidhmeannach ag MEAS Ltd).

Lena linn sin, is iomaí tionscnamh a raibh Fionnuala ina bhun a bhain le nuáil agus leis an mbainistíocht i ndáil le hathrú.

As cathair Luimnigh ó dhúchas í agus ghnóthaigh Fionnuala céim dhúbailte le céad onóracha in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá céim mháistreachta freisin aici chomh maith le Dioplóma i bhFeidhmiúchán Airgeadais, agus Teastas agus Dioplóma i Stiúrthóireacht Cuideachtaí (arna mbronnadh ag Institiúid na Stiúrthóirí). Tá fónamh déanta aici ina Gobharnóir ar Ollscoil Luimnigh agus ina Stiúrthóir ar Daghda Dance Company.

**12. Margaret E. Ward**

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Fiontraí í Margaret a chaith 25 bliain ag obair mar iriseoir maidir le gnóthaí airgeadais. Tá sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Clear Ink, gníomhaireacht cumarsáide maidir le brandaí domhanda atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Ina hiriseoir di, d'oibrigh sí ina colúnaí gnó agus ina hiriseoir fiosrúcháin leis an *Irish Times*, bhí sí ar an gcéad Eagarthóir Airgid ag an *Sunday Times* in Éirinn, chuir sí cláir faoi chúrsaí gnó i láthair ar Newstalk agus bhíodh sí go rialta ar chláir raidió de chuid RTÉ.

Bhronn Cumann Dlí na hÉireann an Gradam Meán Cumarsáide maidir le Cúrsaí Dlí agus Cirt uirthi as ucht iriseoireacht shóisialta agus feachtasaíochta. Bronnadh gradam eile de chuid ICS uirthi maidir le hiriseoireacht i gcúrsaí eolaíochta as alt ar an Irish Times faoi tharbhfhrídí a bhfuil seasamh in aghaidh antaibheathach iontu.

Bhunaigh sí Women on Air sa bhliain 2010 mar ghrúpa caidrimh neamhbhrabúis a chuireann na scileanna agus an mhuinín is gá ar fáil do shaineolaithe mná ionas gur féidir leo dul i mbun craoltóireachta. Tá céim mháistreachta san Iriseoireacht aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I gcathair Nua-Eabhrac a rugadh Margaret. Éireannaigh a muintir agus d'athraigh sí féin ina cónaí go Baile Átha Cliath sa bhliain 1995.

**Freastal ar Chruinnithe an Bhoird**

Tionóladh naoi gcruinniú de Bhord RTÉ i rith na bliana 2015. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an bhoird ar na cruinnithe sin.

| An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2015 | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a freastalaíodh |
|---|---|---|
| Moya Doherty | 9 | 9 |
| Fergus Armstrong | 9 | 8 |
| Noel Curran | 9 | 8 |
| Frank Hannigan | 9 | 9 |
| Deborah Kelleher | 9 | 8 |
| Aengus Mac Grianna | 9 | 8 |
| Dr P.J. Mathews | 9 | 8 |
| Shane Naughton | 8 | 8 |
| Pádraig Ó Céidigh | 8 | 8 |
| Anne O'Leary | 9 | 9 |
| Fionnuala Sheehan | 8 | 8 |
| Margaret E. Ward | 8 | 8 |
| Comhaltaí a dtáinig deireadh lena dtéarma oifige an 15 Feabhra 2015 | | |
| Orlaith Carmody | 1 | 1 |
| Aileen O'Meara | 1 | 1 |
| Eunice O'Raw | 1 | 1 |
| Stuart Switzer | 1 | 1 |

**Coistí an Bhoird**

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh sé chruinniú i rith na bliana 2015, a ndearnadh freastal orthu mar seo a leanas:

| An Coiste ar an 31 Nollaig 2015 | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a freastalaíodh | Ceapadh ar an gcoiste |
|---|---|---|---|
| Anne O'Leary (Cathaoirleach) | 6 | 6 | 27 Samhain 2014 |
| Frank Hannigan | 6 | 6 | 27 Samhain 2014 |
| Shane Naughton | 3 | 3 | 23 Iúil 2015 |
| Pádraig Ó Céidigh | 5 | 3 | 19 Feabhra 2015 |
| Comhaltaí a dtáinig deireadh lena dtéarma oifige an 15 Feabhra 2015 | | | |
| Eunice O'Raw | 1 | 1 | |
| Stuart Switzer[1] | 1 | 1 | |

[1] Bhí Stuart Switzer ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca go dtí an 15 Feabhra 2015

Coiste na gClár

Tionóladh ceithre chruinniú de Choiste na gClár i rith na bliana 2015 a ndearnadh freastal orthu mar seo a leanas:

| | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a freastalaíodh | Ceapadh ar an gcoiste |
|---|---|---|---|
| Dr P.J. Mathews (Cathaoirleach) | 4 | 4 | 27 Samhain 2014 |
| Deborah Kelleher | 4 | 4 | 27 Samhain 2014 |
| Aengus Mac Grianna | 3 | 3 | 19 Feabhra 2015 |
| Margaret E. Ward | 3 | 3 | 19 Feabhra 2015 |
| Comhaltaí a dtáinig deireadh lena dtéarma oifige an 15 Feabhra 2015 | | | |
| Orlaith Carmody[1] | 1 | 1 | |
| Aileen O'Meara | 1 | 1 | |

[1] Bhí Orlaith Carmody ina Cathaoirleach ar Choiste na gClár go dtí an 15 Feabhra 2015

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Tionóladh dhá chruinniú den Choiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta i rith na bliana 2015 a ndearnadh freastal orthu mar seo a leanas:

| | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a freastalaíodh | Ceapadh ar an gcoiste |
|---|---|---|---|
| Moya Doherty (Cathaoirleach) | 2 | 2 | 22 Eanáir 2015 |
| Fergus Armstrong | 2 | 2 | 10 Márta 2009 |
| Shane Naughton | 1 | 1 | 4 Samhain 2015 |
| Anne O'Leary | 2 | 2 | 22 Eanáir 2015 |

An Coiste maidir le Trádáil Chóir

Tionóladh aon chruinniú amháin den Choiste nuabhunaithe maidir le Trádáil Chóir i rith na bliana 2015 ag a raibh iomlán na gcomhaltaí i láthair: Fionnuala Sheehan (Cathaoirleach), Fergus Armstrong agus Deborah Kelleher. Ar an 24 Meán Fómhair 2015 a ceapadh na comhaltaí ar an gCoiste.

**Freastal ar Chruinnithe de Bhoird Fhochomhlachtaí**

Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fho-choistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. Anuas air sin, tá Moya Doherty, Aengus Mac Grianna agus Fionnuala Sheehan ina gcomhaltaí freisin ar Bhoird fho-chuideachtaí de chuid RTÉ, agus déanann siad freastal ar na cruinnithe Boird de réir sceidil na bhfo-chuideachtaí sin.

# Feidhmeannas RTÉ

**Noel Curran, an Príomh-Stiúrthóir**
Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 80.

**Kevin Bakhurst**
Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ; Leas-Phríomhstiúrthóir
Ceapadh Kevin Bakhurst ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ i mí Iúil 2012. Bhí Kevin roimhe sin i gceannas ar Nuacht an BBC ar an teilifís, ar an raidió agus ar an idirlíon. Bhí sé tráth ina Cheannasaí ar chainéal nuachta an BBC agus ina eagarthóir ar an *Ten O'Clock News* ar theilifís an BBC. Bhí sé ar dhuine de mheitheal bainistíochta an BBC i ndáil le Cluichí Oilimpeacha na bliana 2012 i Londain agus ar mheitheal ceannaireachta Phríomh-Stiúrthóir an BBC. Rugadh in Barnet i dTuaisceart Londain é agus rinne sé staidéar ar Theangacha Nua-aimseartha i gColáiste St John's, Cambridge.

**Brian Dalton**
Bainisteoir Stiúrtha, Forbairt Corparáide
Thosaigh Brian le RTÉ ina Bhainisteoir Stiúrtha maidir le Forbairt Corparáide i mí Márta 2009. Tá céim Máistreachta sa Bhainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sular tháinig sé isteach in RTÉ, bhí Brian i bpostanna sinsearacha bainistíochta maidir le cúrsaí oibriúcháin agus AD. Is i gcomhlachtaí ilnáisiúnta de leithéid GE, Intel agus Becton Dickinson a d'oibrigh sé den chuid is mó agus i réimse na seirbhísí airgeadais ina dhiaidh sin i ndáil leis an mbainistíocht ar athrú i gcomhthéacs cumaisc agus éadála.

**Jim Jennings**
Bainisteoir Stiúrtha, Raidió RTÉ
Ceapadh Jim Jennings ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Raidió RTÉ i mí na Samhna 2013. Déanann sé maoirseacht freisin maidir leis an mbainistíocht ar Cheolfhoirne, Cheathairéad agus Chóir RTÉ. Bhí Jim ina Cheannasaí ar RTÉ Raidió 1 sular ceapadh sa phost seo é. Sa bhliain 1985 a thosaigh Jim le RTÉ Radio 1 , ag obair ar dtús le gnéchláir agus cúrsaí reatha ar chláir de leithéid *Today at Five* agus *The Pat Kenny Show.* D'athraigh sé sa bhliain 1989 go dtí Teilifís RTÉ, mar a raibh roinnt post sinsearach aige, ina measc Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Late Late Show*, *Election 2012* agus searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. D'oibrigh sé freisin ina Eagarthóir ar *Léargas.*

**Glen Killane**
Bainisteoir Stiúrtha, Teilifís RTÉ
Thosaigh Glen ar Bhord Feidhmiúcháin RTÉ ina Bhainisteoir Stiúrtha, Teilifís i mí Bealtaine 2010. I mBaile Átha Cliath a rugadh Glen agus d'fhreastail sé ar Catholic University School agus ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sula ndearna sé Máistreacht san Iriseoireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Thosaigh Glen ag obair le Teilifís RTÉ den chéad uair sa bhliain 1996 agus tá léiriú, stiúradh agus eagarthóireacht déanta aige ar raon leathan clár ó shin. Idir na blianta 1998 - 2000, bhí sé ina eagarthóir Rugbaí agus ina dhiaidh sin bhí sé ina eagarthóir ar *The Sunday Game.* Chuaigh sé ag obair le cainéal spóirt ITV sa bhliain 2001 mar a raibh sé ina eagarthóir maidir le sacar beo. Tháinig sé ar ais go dtí RTÉ sa bhliain 2002 go raibh ina eagarthóir maidir le sacar idirnáisiúnta agus bhí sé ina Léiritheoir Feidhmiúcháin sa bhliain 2003 ar Chluichí Oilimpeacha Speisialta an Domhain, an imeacht spóirt ba mhó in Éirinn i rith na bliana sin. Ceapadh Glen ina Cheannasaí Spóirt ag Teilifís RTÉ sa bhliain 2004 agus bhí páirt lárnach aige i gconarthaí tábhachtacha maidir le cearta CLG, an Champions League, FAI, na Sé Náisiún, an Magners League agus UEFA a aontú.

**Múirne Laffan**
An Príomh-Oifigeach Digiteach, RTÉ Digiteach
Ceapadh Múirne Laffan ina Bainisteoir Stiúrtha ar rannóg nua RTÉ Digiteach i mí Deireadh Fómhair 2011. Rinneadh athmhúnlú mar







Phríomhoifigeach Digiteach ar an bpost i rith na bliana 2015. I mBaile Átha Cliath a rugadh Múirne a bhfuil céim aici ón gColáiste Margaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Chuir sí tús lena saol oibre i gcúrsaí fógraíochta i Londain sula ndeachaigh sí le McCann-Erickson Worldwide (Nua-Eabhrac) sa bhliain 1991. Bhí Múirne ar dhuine den mheitheal ceannródaíochta a chruthaigh Universal McCann, áit a raibh sí i bpost an Leas-Uachtaráin Shinsearaigh, Stiúrthóir Cliant ar fud an Domhain. D'fhill Múirne ar Éirinn sa bhliain 2001 ag obair le RTÉ, ina Bainisteoir Ginearálta ar RTÉ Commercial Enterprises Limited agus ina dhiaidh sin ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Fhoilsitheoireacht RTÉ. Bhí Múirne i gceannas ar an meitheal a chruthaigh punann brandaí ar éirigh thar cionn leo, ina measc RTÉ News Now, RTÉ Player, RTÉ Ten, RTÉ Aertel Digital agus eile. Is ar Mhúirne anois atá an fhreagracht maidir leis an straitéis dhigiteach a chur chun cinn ar fud RTÉ ar fad agus as ábhar ar a éileamh a chur ar fáil do lucht féachana agus éisteachta RTÉ.

**Breda O'Keeffe**

An Príomh-Oifigeach Airgeadais

Ceapadh Breda O'Keeffe ina Príomhoifigeach Airgeadais i rith na bliana 2013. As Cill Chainnigh ó dhúchas di, d'fhreastail sí ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus tá sí ina Comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Sular thosaigh sí ag obair le RTÉ sa bhliain 2002, bhí postanna sinsearacha i réimsí airgeadais aici le GPA, GE Capital Aviation Services, JetPhone, GE Insurance Services agus Halifax Bank of Scotland agus bhí baint mhór aici le GE Insurance Services agus Halifax Insurance Ireland a chur ar bun i mbaile na Sionainne. Ceapadh Breda ina Stiúrthóir Airgeadais i ndáil le Teilifís RTÉ sa bhliain 2003 agus bhí sí ina comhalta den Ghrúpa Straitéise maidir le Cláir Teilifíse. Ceapadh Breda i rith na bliana 2012 ina stiúrthóir ar RTÉ Commercial Enterprises Ltd agus ceapadh ina stiúrthóir sa bhliain 2013 í ar RTÉ Transmission Network Ltd.

**Willie O'Reilly**

Stiúrthóir Tráchtála an Ghrúpa, RTÉ

Thosaigh Willie O'Reilly le RTÉ ina Stiúrthóir Tráchtála an Ghrúpa i mí Eanáir 2012. Céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath é Willie a bhí níos mó ná deich mbliana ina Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Gerry Ryan Show* ar RTÉ 2fm. Bhí Willie ina Phríomhfheidhmeannach ar Today FM ón mbliain 1999 go dtí an bhliain 2011 mar a raibh sé freagrach as ardú ar an lucht éisteachta agus ar an ioncam a thabhairt i gcrích le linn Today FM a bhunú mar bhranda láidir i measc na meán cumarsáide in Éirinn. Le linn an ama sin, rinne sé bainistíocht i ndáil le hathrú úinéireachta ó úinéirí príobháideacha go dtí Scottish Radio Holdings, go dtí Emap Plc agus go dtí Communicorp Ltd. Bhí sé ina uachtarán tráth ar Institiúid na Stiúrthóirí agus cháiligh sé le gairid ina Stiúrthóir Cairte. Bhí Willie ina chomhalta boird ar Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte 2009/2010 agus ina chomhalta de Choiste Iniúchta na heagraíochta sin. Rinne sé fónamh freisin ina Chathaoirleach ar Chraoltóirí Neamhspleácha na hÉireann.

**Richard Waghorn**

An Príomh-Oifigeach Teicneolaíochta, RTÉ

Thosaigh Richard le RTÉ ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Ceapadh Richard ina stiúrthóir ar RTÉNL i rith na bliana 2013. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College agus is céimí de chuid an University of Leeds é.

Bhí Richard ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta leis an South African Broadcasting Corporation idir na blianta 2009 agus 2011. Roimhe sin, chaith Richard ceithre bliana ina Stiúrthóir Dáiliúcháin leis an BBC agus é i mbun ceannródaíochta maidir leis an athrú go dtí córais dhigiteacha. D'oibrigh sé ar fud roinnt réimsí éagsúla leis an BBC, straitéis, meáin chumarsáide nua, dáiliúchán agus léiriúchán raidió ina measc. Bhí Richard ina Stiúrthóir Boird ag Freesat agus ina bhainisteoir tionscadail maidir le seoladh Freeview sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2002.









Tá comhaltaí Bhord RTÉ tugtha do na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun i ndáil leis an rialachas corparáide agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Coinníonn RTÉ leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit,* a d'fhoilsigh an Rialtas ar an 15 Meitheamh 2009. Leagtar amach sa chód na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear leis sin cleachtais agus nósanna imeachta rialachais maidir le raon leathan réimsí, mar shampla an Bord agus luach saothair chomhaltaí an Bhoird; bainistíocht i ndáil le riosca, cuntasacht agus rialáil inmheánach; socruithe tuairiscíochta, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla; agus raon nósanna imeachta eile maidir le rialáil airgeadais. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go bhfuil na cleachtais agus nósanna imeachta rialachais in RTÉ ag teacht leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

I réimsí áirithe, tá fairsingiú, seachas mar a éilítear sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, déanta ag RTÉ ar na réimsí ina ndéantar eolas a nochtadh. Déantar an foilsiú breise sin ar mhaithe le follasacht agus dea-rialachas corparáide a chur chun cinn.

Comhlíontar chomh maith an dualgas maidir le rialachas corparáide agus dualgais eile a leagtar ar RTÉ faoin *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus faoin *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.*

## Bord RTÉ

### Na Comhaltaí

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 *d'Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Seisear comhalta a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;
- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha ceathrar comhaltaí a mholadh leis an Aire;
- Is comhalta *ex-officio* Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar duine amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Ceapann an rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar Chathaoirleach. Foráiltear faoin *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht idir na hinscní maidir le comhaltas an Bhoird, trína éileamh go mbeadh líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear ar na comhaltaí. Ar an 31 Nollaig 2015, cúigear ban agus seachtar fear atá ar Bhord RTÉ.

Tháinig athrú ar chomhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana. Tháinig deireadh le téarma oifige cheathrar de chomhaltaí an Bhoird ar an 15 Feabhra 2015. Luaitear ainmneacha na gcomhaltaí i dtaifead tinrimh an Bhoird ar leathanach 83. Cheap an Rialtas ina dhiaidh sin ceathrar eile ina gcomhaltaí ar an mBord le héifeacht ón17 Feabhra 2015. Ceapacháin iad seo a rinneadh tar éis don Chomhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha moltaí a dhéanamh leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Seo a leanas na Comhaltaí nua:
- Shane Naughton
- Pádraig Ó Céidigh
- Fionnuala Sheehan
- Margaret E. Ward

Leagtar amach sonraí beathaisnéise maidir le gach duine den dáréag comhalta Boird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2015, sonraí faoin téarma oifige san áireamh, ar leathanaigh 80–82.

Tháinig deireadh le comhaltacht Phádraig Uí Chéidigh ar an mBord tar éis dheireadh na bliana. Tharla sin i gcomhréir le hAlt 86 san *Acht Craolacháin 2009,* tar éis a ainmniú i mí Márta 2016 ina iarrthóir i dtoghchán Sheanad Éireann, i dtoghcheantar Ollscoil na hÉireann.

### Ról

Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 den *Acht Craolacháin 2009.* Go hachomair, tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach críochnúil. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Feidhmeannais a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspóirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird i ndáil le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009.* Luaitear i measc na gcritéar nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirligh ceannasaíocht a dhéanamh ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus freastal do rannpháirtíocht iomlán a bheith ag gach comhalta den Bhord.

Bíonn cruinnithe go minic ag Cathaoirleach an Bhoird agus an lucht bainistíochta feidhmiúcháin leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun cúrsaí maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

## Nósanna Imeachta an Bhoird

Cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus cúrsaí oibriúcháin RTÉ ar fáil do chomhaltaí an Bhoird ar a gceapadh. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile

freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhord ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir iomlána an Bhoird chuig gach comhalta den Bhord in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Boird ar a iarraidh

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as a chinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhalta aonair den Bhord comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína slánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgais mar chomhaltaí den Bhord.

Tá sceideal foirmeálta leagtha síos den ábhar a choimeádtar don Bhord amháin maidir lena phlé agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Baineann príomhréimsí buntábhachta ghnó RTÉ leis an sceideal sin:

- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí agus tionscadail mhóra chaipitil a aontú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;
- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith riosca;
- Na leibhéil maidir le húdarás tarmligthe;
- Athbhreithniú ar an gcóras rialála inmheánach.

Déantar réimsí áirithe ábhair eile a tharmligean le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

Bíonn san áireamh le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird roimh gach cruinniú Boird miontuairiscí gach cruinniú coiste a tionóladh ó tharla an cruinniú Boird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a scaipeadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird.

Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Boird, de réir mar is gá.

## Coistí an Bhoird

Ar an 31 Nollaig 2015, tá ceithre cinn d'fhochoistí buana ar bun ag an mBord chun cuidiú le dualgais an Bhoird a chomhlíonadh. Is iad sin an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, Coiste na gClár agus an Coiste nuabhunaithe maidir le Trádáil Chóir.

Leagtar amach ar leathanach 83 comhaltaí gach coiste agus sonraí faoin bhfreastal a rinneadh ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana 2015. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ ina Rúnaí ar gach ceann de na Coistí.

Bunaítear coistí sealadacha, de réir téarmaí tagartha sainiúla, ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith. Níor mheas an Bord go raibh gá le haon choiste sealadach a chur ar bun i rith na bliana 2015.

### An Coiste Iniúchta agus Riosca

Ceathrar de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca, agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad ar fad. Shane Naughton agus Pádraig Ó Céidigh na comhaltaí den Choiste ag a bhfuil taithí le gairid ar ghnóthaí airgeadais. Tá téarmaí tagartha an Choiste ar fáil ar shuíomh idirlín RTÉ.

Is iondúil go bhfreastalaíonn an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh cruinnithe an Choiste agus freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an Choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile de chuid an Bhoird, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhshrianta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúchóirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an Choiste. Anuas ar an méid sin, bíonn plé ar a laghad uair sa bhliain ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan socrú.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2015:

- An creatchóras don bhainistíocht riosca agus tionscnaimh chun treisiú leis na próisis bainistíochta i ndáil le riosca;
- Tuairiscí gach Ráithe faoi chúrsaí Riosca;
- An Plean don Iniúchadh Inmheánach 2015;
- Tuairiscí maidir le hiniúchadh inmheánach agus an dul chun cinn maidir le bearta a shonraítear sna tuairiscí a chur i bhfeidhm. Cuireann an Ceannasaí Iniúchta Inmheánach tuairisc i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, ina dtugtar cuntas achomair ar obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann agus ar thorthaí na hoibre sin, chomh maith leis na réimsí a lua a mbeifear ag díriú orthu don chéad tréimhse eile;
- An plean don iniúchadh seachtrach, scóip na hiniúchóireachta, de réir mar a leagtar amach sa Litir Fostaíochta, agus éifeachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta;
- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta iad. Bhí athbhreithniú an Choiste dírithe go háirithe ar pholasaithe cuntasaíochta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhí nochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíontais maidir leis na caighdeáin cuntasaíochta agus dlí is infheidhme;
- An tuairisc ón iniúchóir seachtrach tar éis iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus plé ar na ceisteanna a d'eascair uaidh sin;
- Cúrsaí comhlíontais maidir le Rialachas Corparáide, comhlíonadh an *Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* san áireamh;
- An tuarascáil bhliantúil maidir le Léiriúchán Teilifíse Neamhspleách, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta í;
- Tuairiscí rialta ón lucht feidhmiúcháin maidir le hábhar baoil agus athruithe meáite maidir leis na rioscaí is mó a mbeadh an chorparáid ina mbaol i rith na bliana;
- Éifeachtúlacht an chórais rialála inmheánach a mheas agus tuairisc ar na torthaí a thabhairt don Bhord;
- Buiséad bliantúil an Ghrúpa RTÉ, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta é; agus
- Tuairiscí rialta faoi fheidhmíocht an Ghrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais, gnóthaí pinsean san áireamh.

Cuireadh teagasc ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana 2015 faoi chora nua i réimsí éagsúla maidir le rialachas corparáide, bainistiú riosca agus caighdeáin cuntasaíochta.

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas ná ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúchóireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhnithe ag na hiniúchóirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm trína gcinntítear nach bhféadfadh tarlú go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlachta féin.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca leibhéal na seirbhísí sin a chuireann na hiniúchóirí seachtracha ar fáil agus nach mbaineann le hiniúchóireacht, chomh maith leis na táillí a ghabhann leo, a mheas gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha. Déantar sin mar chuid d'athbhreithniú an Choiste Iniúchta agus Riosca ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhísí neamhiniúchóireachta, agus maidir leis na táillí a ghabh leo, i rith na bliana i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

### Coiste na gClár

Ceathrar de chomhaltaí an Bhoird atá ar Choiste na gClár agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha triúr acusan. Breithníonn an Coiste seo bearta forbartha agus pleananna mórthábhachtacha i ndáil le cláir agus sceidil ag Teilifís RTÉ agus Raidió RTÉ. Is féidir leis an gCoiste bualadh, ag gach ceann de na cruinnithe, leis na Bainisteoirí Stiúrtha agus le daoine eile den lucht bainistíochta sinsearach i ndáil le Teilifís, Raidió, nó Nuacht agus Cúrsaí Reatha, agus le lucht déanta clár ón eagraíocht nó ón earnáil sheachtrach neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar an saothar i ndáil le cláir agus ar na straitéisí agus na pleananna atá beartaithe. Déanann an Coiste maoirseacht freisin ar phleananna maidir leis an réimse digiteach.

I ndáil le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gClár agus an Coiste Iniúchta agus Riosca a gcuid clár oibre le chéile ionas go gcinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil i ndáil le baol ó chúrsaí eagarthóireachta. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine i ndáil le rialáil inmheánach agus bainistiú riosca thíos.

### An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Ceathrar de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta. Meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad ar fad.
Tá téarmaí tagartha an Choiste ar fáil ar shuíomh idirlín RTÉ.
Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an Choiste:

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais ina leith sin. Is i gcomhthéacs pholasaí an Rialtais a dhéantar meastóireacht den sórt sin. (Déantar foráil faoi théarmaí tagartha an Choiste do mheastóireacht, de réir mar a cheaptar gur gá sin, ar ról leas Phríomh-Stiúrthóra nó aon duine a cheaptar go sealadach i bpost an Phríomh-Stiúrthóra i gcomhréir le hAlt 89(8) an *Achta Craolacháin 2009);*
- Dul i gcomhairle leis an bPríomh-Stiúrthóir i ndáil le pacáiste luach saothair an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, le haird ar pholasaí an Rialtais i ndáil leis an luach saothair don lucht bainistíochta sinsearach i gComhlachtaí Stáit Tráchtála;
- Dul i gcomhairle leis an bPríomh-Stiúrthóir i ndáil le conarthaí do chonraitheoirí 'sárchumais'; agus
- An luach saothair do chomhaltaí ar Bhoird fhochuideachtaí de chuid RTÉ a mheas, seachas comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas.

Bíonn cúnamh ag an gCoiste, de réir mar a bhíonn gá leis sin, ó dhuine a ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an Choiste seo go sonrach.

### An Coiste maidir le Trádáil Chóir

Chuir an Bord Coiste nua ar bun i rith na bliana i ndáil le Trádáil Chóir. Leagtar freagracht ar an gCoiste sin maidir le maoirseacht ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad ar fad. Seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh; agus
- Athbhreithniú a choimisiúnú ar ghnáis Cóirthrádála RTÉ ó am go chéile.

Éilíodh ar RTÉ de réir chinneadh an Rialtais, tar éis Athbhreithniú (5 Bliana) ar Mhaoiniú na gCraoltóirí Seirbhíse Poiblí faoi Alt 124, polasaithe agus nós imeachta foirmeálta a fhoilsiú maidir le bearta seirbhíse poiblí a dheighilt ón mbeartaíocht tráchtála. Tháinig an obair seo faoi mhaoirseacht an Údaráis Craolacháin. De bhun an chinnidh sin, d'aontaigh an Bord Polasaí agus Nós Imeachta RTÉ maidir le Trádáil Chóir agus foilsíodh sin i dtús na bliana 2016. Cuireadh modhanna maoirseachta níos déine ar bun faoin bpolasaí, lena n-áirítear Coiste maidir le Trádáil Chóir, ar a leagtar de fhreagracht an mhaoirseacht a dhéanamh i ndáil leis an bpolasaí, a chur ar bhun ag an mBord.

## Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird i ndáil leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na gcomhaltaí de réir na gcritéar neamhspleáchais a leagtar amach faoi *Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe,* an Cód maidir le Rialachas Corparáide atá i bhfeidhm maidir le cuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann.

Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Ina ainneoin sin, is fostaithe de chuid RTÉ iad Noel Curran agus Aengus Mac Grianna agus ní féidir dá bhrí sin, agus ar an gcúis sin amháin, iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ar an 31 Nollaig 2015 de réir chritéir *Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe*.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i Nóta 24 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhaltaí áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015. Ainneoin idirbhearta mar sin, tá deimhnithe ag an mBord go bhfuil na comhaltaí Boird sin neamhspleách ina dtréithe agus ina mbreithiúnas. Agus an Bord ag teacht ar an gcomhairle sin, rinneadh an t-ábhar seo a leanas a mheas:

I gcás beirt de chomhaltaí an Bhoird, choimisiúnaigh RTÉ clá(i)r ó chuideachta léiriúcháin atá faoi úinéireacht / rialú chomhalta den Bhord. Chuir an Bord san áireamh sna cásanna sin gurb ann do Threoirlínte agus Nósanna Imeachta foirmeálta den fhollasacht maidir le Coimisiúnú, go bhfoilsítear iad ar shuíomh idirlín RTÉ agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i ndáil leis na coimisiúin uile. Anuas air sin, is ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin atá an fhreagracht i ndáil le gach cinneadh ar leith maidir le coimisiún, déantar a meas de réir chritéir mheasúnaithe shoiléire agus is de réir ghnáth-théarmaí agus ghnáthchoinníollacha tráchtála a thugtar conarthaí i ngach cás. Ní ábhar le tabhairt faoi mheas agus faoi bhreithniú an Bhoird an cinneadh maidir le coimisiún aon chlár faoi leith. Chun an fhollasacht a léiriú, déantar iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta coimisiúnaithe áirithe freisin gach bliain agus cuirtear Tuarascáil Bhliantúil faoi Léiriúchán Neamhspleách faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir Alt 116 (9) an *Acht Craolacháin 2009.*

Bhreithnigh an Bord freisin ceist maidir le comhalta den Bhord, nó duine gar gaoil leo, a bheith á fhostú ag RTÉ faoi chonradh Ealaíontóra i ndáil le páirt a ghlacadh i gclár. Thug an Bord ar aird nach raibh aon fhostú a bhainfeadh le hábhar i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015 a raibh luach ábhartha leis an gconradh fostaíochta, arna dtógáil ina n-aonar nó ina n-iomlán in éineacht. Daoine den lucht eagarthóireachta agus bainistíochta líne a shocraíonn ar rannpháirtí nó láithreoir a fhostú do chlár, leis an aird chuí ar riachtanais an chláir agus ar scileanna agus taithí an duine atá á fhostú. Thug an Bord ar aird freisin gur ar na gnáth-théarmaí tráchtála a ceanglaíodh conarthaí agus iad ag teacht le polasaí RTÉ maidir le daoine a fhostú.

**Rialáil Inmheánach agus an Bhainistíocht i ndáil le Riosca**

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialáil inmheánach agus le hathbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras sin. Is chun bainistíocht a dhéanamh i ndáil le riosca nach mbainfí amach cuspóir gnó, seachas chun an baol sin a chur ar neamhní ar fad, atá na córais sin leagtha amach agus is dearbhú réasúnta a thugtar leo nach dtarlóidh míráiteas ábhartha nó caillteanas agus ní dearbhú absalóideach.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach ar bun ar feadh na bliana agus go dtí dáta cheadú na ráiteas airgeadais chun rioscaí suntasacha a bhainfeadh le RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas sin ag teacht leis an *Treoir faoi Bhainistíocht Riosca, Rialáil Inmheánach agus Thuairiscíocht a Ghabhann leis sin maidir le Cúrsaí Airgeadais agus Gnó* (treoir leasaithe Turnbull) arna eisiúint ag an gComhairle maidir le Tuairiscíocht faoi Chúrsaí Airgeadais, agus déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ina leith.

Glacann an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mbainistíocht i ndáil le riosca mar chuid lárnach de chlár oibre an choiste féin agus táthar díograiseach maidir le bainistíocht fhónta a dhéanamh maidir le baola bheadh ann do RTÉ agus maolú oiread agus is féidir ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ar na cuspóirí gnó a bhaint amach dá dtiocfadh sé i gcrích.

An Creatchóras Bainistíochta i ndáil le Cúrsaí Riosca

Tá creatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca ar bun ag RTÉ atá bunaithe ar struchtúir; freagracht i ndáil le réimsí baoil a leagan ar dhaoine; próisis agus córais trína dtugtar ábhar baoil chun suntais, trína ndéantar a mheas agus trína dtugtar tuairisc air; agus monatóireacht ar éifeachtúlacht na mbearta maolúcháin. Déanann an Bainisteoir Stiúrtha, Forbairt Corparáide, maoirseacht ar an gcreatchóras.

I rith na bliana, bhí próiseas bainistíochta i bhfeidhm ag RTÉ maidir le cúrsaí baoil atá dírithe ar na príomhréimsí priacail don ghnó a thabhairt chun aire agus tuairisc ina leith a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord ar na bealaí ina ndéantar bainistíocht i ndáil leis an ábhar baoil. Is ar na réimsí baoil sin a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de straitéis RTÉ a chur i bhfeidhm is mó a dhíríonn an Bord, nó ar bhaol a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhuanseasmhacht fadtéarmach na heagraíochta nó do chlú RTÉ. Mar a mhínítear níos mine thíos, tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca – meastóireacht straitéiseach ar an ábhar baoil a dhéanann Feidhmeannas RTÉ agus beart measúnachta mionghéar ar an mbaol a dhéanann an lucht bainistíochta líne sna rannóga.

Tionólann lucht Fheidhmeannas RTÉ ceardlann maidir le riosca straitéiseach d'fhonn na réimsí baoil a thabhairt chun suntais a thiocfadh roimh straitéis RTÉ a thabhairt i gcrích mar ba mhian linn. Luaitear Urra Feidhmiúcháin agus Úinéir Riosca le gach réimse a mheastar a bheith ina bhaol mórthábhachta agus coinnítear iad sin faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach i rith na bliana. Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocair leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar aon athrú maidir lena mhinice a thiocfadh an baol i gceist. Tugtar cuntas comhchuimsitheach ar an mbeartaíocht sin i gcáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm i ndáil le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialáil inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin.

Ag gabháil leis an bpróiseas measúnachta maidir le priacal straitéiseach a mhínítear thuas, tá clár riosca á choinneáil freisin i ngach rannóg gnó ar a sonraítear na rioscaí mórthábhachtacha, trína ndéantar an dóigh go dtarlódh na rioscaí a mheas agus trína luaitear an toradh is dócha a thiocfadh ar na rioscaí titim amach. Luaitear na bearta bainistíochta a dhéantar d'fhonn gach riosca a thabhairt ar leibhéal inmhianta ar an gclár riosca agus déantar na rioscaí a rangú in ord tromchúise agus tábhachta. Déanann an lucht bainistíochta sna rannóga éagsúla athbhreithniú agus leasú rialta ar na cláir riosca éagsúla. Cuirtear na cláir rioscaí faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca mar chuid d'athbhreithniú an choiste sin ar éifeachtúlacht na gcóras don rialáil inmheánach. Bíonn sin ina chóras seiceála i gcomórtas leis an ábhar baoil straitéiseach a shonraíonn Feidhmeannas RTÉ.

Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginnteachta

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadh a bheith ina gcur isteach dochrach ar ghnó, riocht airgeadais, nó torthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre anseo thíos ar na réimsí baoil sin agus ar na bearta maolúcháin ina leith. Níl i gceist gur anailís uilechuimsitheach seo ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an gnó a sheoladh. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Maolúcháin |
|---|---|
| **Cúrsaí Comhlíontais** | |
| Clú<br>Damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh do chlú RTÉ dá dtarlódh teip thromchúiseach cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile faoin dlí nó faoi rialacháin. | • Trí cinn de cháipéisí treoirlínte caomhchóirithe: Treoirlínte Irisieoireachta RTÉ; Treoirlínte Caighdeán Ábhar Cláir RTÉ; agus Treoirlínte Meáin Shóisialta RTÉ.<br>• Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eile eagarthóireachta<br>• Oiliúint ar an lucht foirne<br>• Comhairle dlíodóra de réir mar a bhíonn gá leis<br>• Modh oibre maidir le gearáin |
| **Cúrsaí Airgeadais** | |
| Acmhainní Airgid<br>Bainistíocht ar acmhainní airgid agus a gcur in ord tábhachta d'fhonn an infheistíocht is mó is féidir a dhéanamh in ábhar cláir agus seirbhísí de chuid na tíre seo don lucht féachana agus éisteachta; ciste leordhóthanach a chur ar fáil don infheistíocht caipitil; smacht ar chostais oibriúcháin agus luach an airgid a bhaint amach ar fud na seirbhísí ar fad. Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin. | • Próiseas buiséadaíochta ar bun maidir leis an mbuiséad bliantúil. Cuntais bainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an mhonatóireacht ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad<br>• Próiseas buiséadaíochta caipitil agus Coiste Caipitil ar leith<br>• Réimse feidhme maidir le cistíocht agus bainistíocht ar airgead tirim a oibríonn de réir pholasaí cistíochta aontaithe<br>• Meastacháin airgid meántéarmacha ilbhlianta |
| Ioncam Tráchtála<br>Iomaíocht ó sholáthraithe domhanda ábhar meán cumarsáide, breis fógraíochta as margadh na hÉireann ar chainéil iasachta agus scaipeadh níos forleithne ar an lucht féachana agus éisteachta a chuireann isteach ar an ioncam tráchtála. Bíonn tionchar ag cora nua maidir le heacnamaíocht na hÉireann agus eacnamaíocht an domhain ar an margadh fógraíochta agus ar ghnó na gcliant. | • Cuntas agus tuairiscíocht maidir leis an lucht féachana agus éisteachta<br>• Monatóireacht maidir le gnóthachtáil ioncaim. Tuar leanúnach ar an teacht isteach atá i ndán.<br>• Tionscnaimh agus bearta tráthúla Ilmheáin, ó thaobh díolacháin, chun tabhairt faoi aon ísliú ar an teacht isteach |
| **Réimsí Straitéiseacha** | |
| Maoiniú Poiblí<br>Maoiniú poiblí ar leibhéal nach leordhóthanach a chuireann srian ar acmhainn RTÉ na cuspóirí seirbhíse poiblí a leagtar amach sa reachtaíocht a thabhairt i gcrích. | • Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na gcinntí<br>• Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá<br>• Monatóireacht a dhéanamh maidir le spriocanna bailiúcháin i ndáil leis an táille ceadúnais, le hábhar staidrimh faoi theaghlaigh agus faoi rátaí seachanta |
| Rialáil ar Chúrsaí Tráchtála<br>Athruithe ó thaobh reachtaíochta nó rialúcháin a chuirfeadh isteach ar shruthanna ioncaim tráchtála ó thaobh fógraíochta, urraíochta nó eile. | • Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na gcinntí<br>• Aighneachtaí a chur faoi bhráid chomhlachtaí a bhaineann le hábhar ina leagtar amach cás RTÉ i ndáil leis an toradh a bheadh ar athrú ar an reachtaíocht nó ar rialacháin<br>• Aighneachtaí a chur faoi bhráid phróisis comhairliúcháin<br>• Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá |
| **Cúrsaí Oibriúcháin** | |
| Teicneolaíocht agus Briseadh sa Ghnó<br>Teip shuntasach maidir le gné chinniúnach den teicneolaíocht nó den infreastruchtúr a chuirfeadh isteach ar leanúnachas an ghnó agus ar an sruth craolacháin. | • Pleananna maidir le Leanúnachas Gnó<br>• Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina gcuid chóirithe de na próisis ghnó: gnáis cóipeanna taca TE; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; etc.<br>• Oiliúint |
| Cúrsaí Ábhair<br>Teip ábhar spéisiúil de gach seánra a chur ar fáil, rud a chúngódh ar chumas RTÉ an lucht féachana agus éisteachta a shásamh, maidir lenar mian leo agus a mbíonn de dhíth orthu, ar mhargadh ar géire an iomaíocht air i gcónaí. | • Cuntas agus tuairiscíocht maidir leis an lucht féachana agus éisteachta<br>• Aonad Fhorbairt Chruthaitheachta<br>• Deiseanna comhchistíochta agus foinsí eile airgid a scrúdú a chuireann le hinfheistíocht RTÉ agus a thugann tionchar níos mó i gcrích as infheistíocht níos ísle<br>• Earnáil láidir Léiritheoirí Neamhspleácha |

| **Cuntas ar an Ábhar Baoil** | **Bearta Maolúcháin** |
| --- | --- |
| Cúrsaí Eagraíochta agus Pearsanra<br>D'fhéadfadh moill maidir le cóiriú a dhéanamh ar struchtúir eagrúcháin teorainn a chur le hacmhainn na heagraíochta beart a dhéanamh chun ábhar dúshláin a shárú agus aidhmeanna straitéiseacha tús áite a thabhairt i gcrích. Baineann an baol freisin leis an gcumas baill foirne a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt. | • Pleananna forbartha agus foghlamtha ar leibhéal na heagraíochta gus ar leibhéal na rannóige<br>• Pleanáil comharbachta, Straitéis Cumais RTÉ<br>• Athruithe maidir le nósanna oibre d'fhonn obair i meithle, solúbthacht, soghluaisteacht agus éifeachtacht a chur chun cinn<br>• Athruithe maidir le struchtúir eagrúcháin |

An Rialáil Inmheánach

Chomh maith leis an bpróiseas a leagtar amach thuas don bhainistíocht i ndáil le riosca, tá creatchóras rialála inmheánach curtha ar bun ar bhonn docht d'fhonn rialú inmheánach den éifeacht a thabhairt i gcrích. Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an gcóras sin:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann saindealú foirmeálta maidir le teorainneacha údaráis agus córais tuairiscíochta le leibhéil bainistíochta níos airde agus leis an mBord;
- Ráiteas faoi chinntí ar faoin mBord an breithniú agus an socrú a dhéanamh ina leith;
- Cóid Iompair Gnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eitice a bhfuil súil leo agus duine i mbun gnó;
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun riosca mórthábhachta a chuirfeadh isteach ar an ngnó a thabhairt chun aire, a smachtú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha don bhuiséadú, le buiséid airgeadais bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- Próiseas pleanála ag gach roinn agus na pleananna straitéiseacha fadtéarmacha á gceadú ag an mBord;
- Tuairiscíocht thráthúil de réir na míosa, leis na torthaí iarbhír á lua i gcomórtas leis an mbuiséad agus breithniú á dhéanamh ar an ábhar sin ag an mBord gach mí;
- Tá polasaí ar bun maidir le Tuairisc de Mheon Macánta (Sceithireacht) ionas go mbíonn bealach ag daoine den fhoireann tuairisc a thabhairt ar ní atá ina ábhar buartha agus sin faoi rún agus, más gá sin, gan údar ná ainm a lua; agus
- Polasaithe agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i gcúrsaí oibriúcháin agus i gcúrsaí airgeadais, lena n-áirítear dliteanas agus caiteachas caipitil. I gcás tionscadail mhóra caipitil, bíonn aontú an Bhoird de dhíth.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo ag cur chuige ar bhonn riosca. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí na nithe seo a leanas ar na gnéithe a bhaineann leis an bpróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú a dhéanamh ar an údarás, ar na hacmhainní agus ar chomhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le rioscaí suntasacha a mbeadh RTÉ ina mbaol a shonrú, a mheas agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar thoradh an phróisis mheasúnaithe agus bhainistíochta i ndáil le riosca;
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre don iniúchadh inmheánach agus na príomhthorthaí a bhreithniú; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá ngnáthnós oibre, scrúdú ar ghnéithe de na córais don rialú inmheánach agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca ar aon easnamh den suntas.

**Gnóthas Leantach**

Tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, tá comhaltaí an Bhoird den tuairim go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó oibriúcháin chomh fada agus is intuartha. Mar gheall air sin, leantar de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

**Táillí Chomhaltaí an Bhoird[1]**

Cloíonn RTÉ le polasaí an Rialtais maidir le táillí a íoc le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí Chomhlachtaí Stáit, faoi mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

| | **2015 €'000** | 2014 €'000 |
| --- | --- | --- |
| Comhaltaí an Bhoird an 31 Nollaig 2015 | | |
| Moya Doherty | **31** | 5 |
| Fergus Armstrong | **16** | 13 |
| Noel Curran | **-** | - |
| Frank Hannigan | **16** | 2 |
| Deborah Kelleher | **-** | - |
| Aengus Mac Grianna[3] | **16** | 2 |
| Dr P.J. Mathews | **-** | - |
| Shane Naughton | **14** | - |
| Pádraig Ó Céidigh | **14** | - |
| Anne O'Leary | **16** | 2 |
| Fionnuala Sheehan | **14** | - |
| Margaret E. Ward | **14** | - |
| Íocaíochtaí le hiarchomhaltaí Boird[2] | | |
| Orlaith Carmody | **2** | 16 |
| Aileen O'Meara | **2** | 16 |
| Eunice O'Raw | **-** | - |
| Stuart Switzer | **2** | 16 |
| Iocaíochtaí le hiarchomhaltaí eile de chuid an Bhoird[4] | **-** | 76 |
| | **157** | 148 |

1. Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin comhaltaí uile an Bhoird, seachas an Príomh-Stiúrthóir, Noel Curran, a dhéanann fónamh mar chomhalta ex officio
2. Tháinig deireadh le téarma oifige ceathrar comhalta Boird, mar a liostaítear sa tábla thuas, ar an 15 Feabhra 2015
3. Anuas ar tháillí Boird, íocaíodh Aengus Mac Grianna i gcáil fostaithe de chuid RTÉ
4. Tháinig deireadh le téarma oifige roinnt comhaltaí Boird ar an 31 Lúnasa 2014. Rinneadh íocaíochtaí mar seo a leanas leis na comhaltaí Boird sin i rith na bliana 2014: €11,000 an duine le Alan Gilsenan, Karlin Lillington, Joe Little, Sean O'Sullivan agus Patricia Quinn agus €21,000 le Tom Savage a rinne fónamh ina Chathaoirleach ar an mBord.

Sa chás go raibh táille i gceist, bhí an táille bliantúil le comhaltaí an Bhoird i ndáil le fónamh mar chomhalta de Bhord RTÉ gan athrú ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2015. Tagann éagsúlacht i gceist maidir le leibhéil táillí mar gheall ar thráthanna ceapacháin, nó athcheapacháin, chomhaltaí an Bhoird.

## Costais Chomhaltaí an Bhoird[1]

Ag teacht leis an *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh i ndáil le costais a íocadh le comhaltaí de chuid an Bhoird:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal – míleáiste | **22** | 6 |
| Liúntas Cothabhála | **9** | 20 |
| | **31** | 26 |

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe de chuid RTÉ.

## Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

Tá an luach saothair don Phríomhstiúrthóir ag teacht le polasaí an Rialtais maidir le luach saothair Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit Tráchtála a shocrú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an luach saothair aontaithe ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Seo a leanas, de réir mar a éilítear a nochtadh faoin *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* agus Alt 305 *Acht na gCuideachtaí 2014,* gnéithe uile luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra:

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair: | | |
| - Buntuarastal | **250** | 250 |
| - Liúntas cairr | **24** | 24 |
| Iomlán na Sochar | **274** | 274 |
| Ranníocaíochtaí Sochair Scoir[1] | **63** | 63 |
| | **337** | 337 |

1. An méid a d'íoc RTÉ le Scéim Pinsin Rannaíocaíochtaí Sainithe.

Thabhaigh Noel Curran costais dar suim iomlán €10,181 (2014: €12,392) i mbun dhualgais an phoist i rith na bliana 2015. Chomh maith leis sin rinneadh íocaíocht €12,600 maidir le haisíocaíocht ar chostais a bhain le tréimhsí roimhe sin.

Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta i ndáil leis an mbliain 2015 ná leis an mbliain 2014.

# Tuarascáil Chomhaltaí An Bhoird

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 i láthair

## Príomhbheartaíocht

Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn agus cuirtear seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an *RTÉ Guide,* oibrítear seirbhís teilitéacs agus cuirtear raon leathan seirbhísí ar líne atá bunaithe ar an ngréasán ar fáil saor in aisce. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network Limited, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ, mar aon le grúpaí oirfide eile.

## Athbhreithniú ar an nGnó

Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2015 agus forbairtí don todhchaí san athbhreithniú ar chúrsaí Oibriúcháin ó leathanach 18 go dtí leathanach 79 agus san athbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais ó leathanach 10 go dtí leathanach 15. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta , idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus táscairí eile. Déantar athbhreithniú ó leathanach 146 go dtí leathanach 154 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa *Ráiteas Bliantúil maidir le Gealltanais Feidhmíochta* don bhliain 2015.

## Torthaí na Bliana

Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas faoin Ioncam ar leathanach 96 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

## Comhaltaí an Bhoird

Leagtar amach ó leathanach 80 go dtí leathanach 82 ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord ar an 31 Nollaig 2015. Cheap an Rialtas ceathrar comhaltaí ar an mBord, le héifeacht ón 17 Feabhra 2015. Mar a mhínítear sa Tuarascáil faoi Rialachas Corparáide, scoir Pádraig Ó Céidigh de bheith ina chomhalta den Bhord i ndiaidh deireadh na bliana.

## Rialachas Corparáide

Leagtar amach socruithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachas corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 86 - 92
- Próifílí Chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 80 to 82
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 94

## Taifid Chuntasaíochta

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar i ndáil leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar leabhair cuntasaíochta an Ghrúpa.

## Cuntais a Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir le cinntiú go gcomhlíontar forálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)*, *Rialachán* 2002 ('na Rialacháin') i ndáil le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc a íoc agus go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin. Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasaí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialachán a shásamh.

## Cuideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 19 leis na ráitis airgeadais.

## Ionstraimí airgeadais

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca i ndáil le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 22 leis na ráitis airgeadais.

## Iniúchóir

Leanfaidh KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 383 (2) d'*Acht na gCuideachtaí,* 2014.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ag tagairt don *Acht Toghcháin*, 1997, ní thugann RTÉ aon síntiús polaitíochta.

## Thar ceann an Bhoird

| | | |
|---|---|---|
| **Moya Doherty**<br>Cathaoirleach | **Anne O'Leary**<br>Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca | **Noel Curran**<br>An Príomh-Stiúrthóir |

21 Aibreán 2016

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ ("Bord RTÉ") an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* ("reachtaíocht an chraolacháin") ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.* Tá roghnaithe ag an mBord ráitis airgeadais RTÉ a ullmhú ar an mbonn céanna.

Faoi fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014,* níl cead ag Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a cheadú mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, tá ceangailte ar chomhaltaí Bhord RTÉ:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014;* agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.* Tá siad freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d'fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.*

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanaigh 86 go dtí 92 go gcomhlíonann an Grúpa *Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.*

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Noel Curran**
An Príomh-Stiúrthóir

21 Aibreán 2016

# Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ('na ráitis airgeadais') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 lena mbaineann Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach an Ghrúpa, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Staid Airgeadais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le hAthrú Cothromais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Is é an creatchóras maidir le tuairiscíocht airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú an *tAcht Craolacháin 2009* ("reachtaíocht an chraolacháin") agus forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014* agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach.

### Tuairimí agus Conclúidí ónár nIniúchadh

**1 Níl aon athrú ar ár dtuairim ar na ráitis airgeadais**

Is é ár dtuairim:

- Go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a chaillteanas don bhliain dar críoch sin;
- Go dtugann ráiteas RTÉ ar an staid airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais RTÉ amhail an 31 Nollaig 2015;
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa go cuí de réir IFRS mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach.
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014;* agus
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta go cuí de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

**2 Leagtar amach thíos ár gconclúidí ar nithe eile nach mór dúinn a thuairisciú faoi théarmaí ár litir fostaíochta**

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go bhfuil ráiteas RTÉ maidir leis an staid airgeadais agus an ráiteas ioncaim ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Is é ár dtuairim gur choimeád RTÉ taifid chuntasaíochta leordhóthanacha agus go bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta.

**3 Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil leis na nithe nach mór dúinn a thuairisciú trí eisceacht**

Tá dlite orainn faoi ISAs (Ríocht Aontaithe & Éire) tuairisciú duit sa chás, bunaithe ar an eolas a fhaighimid i rith an iniúchta, gur aithníomar faisnéis sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil neamhréireacht ábhartha leis an eolas sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha ar fhíric, nó atá míthreorach ar shí eile.

Faoin *gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí* Stáit ('an Cód') tá dlite orainn tuairisc a thabhairt duit mura léirítear leis an ráiteas faoin gcóras rialachais airgid inmheánach a éilítear faoin gCód mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide ar leathanaigh 86 go dtí 92 comhlíontas an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais.

### An Bunús lenár dTuarascáil, Freagrachtaí agus Srianta ar Úsáid

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 94, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir agus go gcomhlíonann siad seachas sin le reachtaíocht an chraolacháin agus le forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.* Is é ár bhfreagracht ná iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais de réir an dlí infheidhme agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloígh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

I rith iniúchta arna dhéanamh de réir ISAs (Ríocht Aontaithe agus Éire), ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear leis sin measúnú i dtaobh an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa agus RTÉ agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhleanúnach agus an nochtar iad de réir mar is cuí; ar den réasúnacht na meastacháin chuntasaíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais go foriomlán.

Déantar freisin an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil a léamh d'fhonn aon mhíréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt chun suntais agus d'fhonn aon fhaisnéis is cosúil a bheith mícheart, bunaithe ar an eolas atá gnóthaithe againne le linn dúinn an iniúchóireacht a dhéanamh, nó ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin, a shonrú. Sa chás go dtugtar aon mhíráitis nó míréir ábhartha faoi deara, tugtar a mbeadh i gceist leis sin do thuairisc na n-iniúchóirí faoi mheas.

Cé go bhfuil iniúchadh a dhéantar de réir ISAs (Ríocht Aontaithe agus Éire) leagtha amach chun dearbhú réasúnach a thabhairt i ndáil le míráitis ábhartha nó easnaimh a thabhairt chun suntais, níl aon ráthaíocht ann go ndéanfar amhlaidh. Pleanálann an t-iniúchóir an t-iniúchadh chun an méid tástála is gá a chinneadh, d'fhonn an dóchúlacht go sáróidh an méid comhiomlán míráiteas neamhbhraite agus neamhcheartaithe ábharthacht do na ráitis airgeadais ar fad, a laghdú go dtí leibhéal íseal cuí. Ceanglaíonn an tástáil seo orainn obair iniúchóireachta shuntasach a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas chomh maith le cuid mhór ama a bheith á chaitheamh ag na comhaltaí den fhoireann iniúchóireachta is mó a bhfuil taithí acu, go háirithe an comhpháirtí rannpháirtíochta atá freagrach as an iniúchadh, ar réimsí suibiachtúla den chuntasaíocht agus den tuairisciú.

Déantar ár dtuarascáil do Bhord RTÉ ("an Bord") agus dó sin amháin, de réir reachtaíocht an chraolacháin. Rinneadh an obair iniúchóireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas leis an mBord a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas an Bord as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar thángamar.

**Ruaidhri Gibbons**
ar son agus thar ceann

**KPMG**
Cuntasóirí Cairte, Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúil

*1 Plás Stokes,*
*Faiche Stiabhna,*
*Baile Átha Cliath 2*
21 Aibreán 2016

# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

| | Nótaí | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí Leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 2 | **334,312** | 328,167 |
| Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt) | 3 | **(320,262)** | (311,894) |
| **EBITDA[1]** | | **14,050** | 16,273 |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **(14,240)** | (13,600) |
| Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt | 5 | **569** | 43 |
| **Brabús ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **379** | 2,716 |
| Ioncam airgeadais | 4 | **122** | 2,189 |
| Costas airgeadais | 4 | **(2,772)** | (3,977) |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh Cháin Ioncaim** | 5 | **(2,271)** | 928 |
| Costas cháin ioncaim | 7 | **(482)** | (711) |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain** | | **(2,753)** | 217 |

[1]EBITDA: Tuilleamh (Brabús Oibriúcháin) roimh Ús, Cháin, Dímheas agus Amúchadh

# Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

| | Nótaí | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | **(2,753)** | 217 |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile** | | | |
| **Nithe nach ndéanfar a athrangú chuig brabús nó caillteanas riamh** | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais ar an scéim pinsin shochair shainithe | 20 | **59,453** | (32,013) |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais ar an scéim pinsin '50/50' Riosca i bPáirt | 20 | **1,381** | (90) |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar maidir le sócmhainní pinsin | 21 | **(5,614)** | 1,006 |
| | | **55,220** | (31,097) |
| **Nithe a dhéantar nó a d'fhéadfaí a athrangú chuig brabús nó caillteanas** | | | |
| Sciar éifeachtach athruithe i luach cóir maidir le fálú airgid | | **(304)** | (126) |
| Gnóthachan luach cóir athrangaithe chuig ioncam | 4 | **-** | 537 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar luach cóir maidir le fálú sreabhadh airgid | 18 | **(304)** | 411 |
| Athrangú sa ráiteas faoi ioncam ar an gcúlchiste fálaithe i ndáil le sreabhadh airgid | 4 | **-** | 1,689 |
| | | **(304)** | 2,100 |
| Cánachas iarchurtha i ndáil leis an bhfálú maidir le sreabhadh airgid | 21 | **38** | (262) |
| | | **38** | (262) |
| **Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh eile i leith na bliana** | | **54,954** | (29,259) |
| **Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh i leith na bliana** | | **52,201** | (29,042) |

# Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

**amhail an 31 Nollaig 2015**

| | Nótaí | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 8 | **76,319** | 81,440 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **2,155** | 3,157 |
| Sócmhainní pinsin | 20 | **46,749** | 1,837 |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **125,223** | 86,434 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 10 | **32,139** | 33,848 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | 11 | **38,813** | 38,413 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | | **17,676** | 12,303 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **-** | 6,045 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 13 | **25,703** | 18,643 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **75** | 1,113 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **114,406** | 110,365 |
| | | | |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **239,629** | 196,799 |
| | | | |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **75,439** | 22,972 |
| Cúlchiste fálúcháin sreabhaidh airgid | 18 | **(266)** | - |
| | | **75,173** | 22,972 |
| | | | |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **46,875** | 45,625 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **13,597** | 17,723 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **2,631** | 2,391 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 20 | **-** | 19,188 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **7,303** | 1,245 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **150** | - |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **70,556** | 86,172 |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **3,750** | 3,750 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **71,677** | 65,945 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 16 | **10,252** | 8,331 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **8,067** | 8,443 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **154** | 1,186 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **93,900** | 87,655 |
| | | | |
| **Dliteanais Iomlána** | | **164,456** | 173,827 |
| | | | |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanais** | | **239,629** | 196,799 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta
agus Riosca

**Noel Curran**
An Príomh-Stiúrthóir

21 Aibreán 2016

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas

**amhail an 31 Nollaig 2015**

| | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cúlchiste maidir le fálú sreabhadh airgid €'000 | Iomlán Cothromais €'000 |
|---|---|---|---|
| | | (Nóta 18) | |
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015** | **22,972** | **-** | **22,972** |
| Easnamh don bhliain | (2,753) | - | (2,753) |
| Barrachas/(easnamh) cuimsitheach eile | 55,220 | (266) | 54,954 |
| **Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh** | **52,467** | **(266)** | **52,201** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015** | **75,439** | **(266)** | **75,173** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2014 | 53,852 | (1,838) | 52,014 |
| Barrachas na bliana | 217 | - | 217 |
| (Easnamh)/barrachas cuimsitheach eile | (31,097) | 1,838 | (29,259) |
| Iomlán an (easnaimh)/bharrachais chuimsithigh | (30,880) | 1,838 | (29,042) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2014 | 22,972 | - | 22,972 |

# Ráiteas RTÉ faoi Athrú ar Chothromas

**ar an 31 Nollaig 2015**

| | **2015 €'000** | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Tuilleamh coinnithe** | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **(67,635)** | (45,517) |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | **(16,700)** | 8,979 |
| Barrachas/(easnamh) cuimsitheach eile | **55,220** | (31,097) |
| Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh | **38,520** | (22,118) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **(29,115)** | (67,635) |

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

| | Nótaí | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | **(2,753)** | 217 |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas maoine, innealra agus trealamh | 8 | **12,807** | 12,307 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 9 | **1,433** | 1,293 |
| Gnóthachan ar mhaoin, ar threalamh agus ar innealra a dhiúscairt | | **(569)** | (43) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **(3,561)** | (4,414) |
| Costas glan airgeadais | 4 | **2,650** | 1,788 |
| Costas cháin ioncaim | 7 | **482** | 711 |
| | | **10,489** | 11,859 |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **4,853** | 3,550 |
| Athrú ar thrádáil agus ar nithe infhaighte eile | | **(400)** | (2,606) |
| Athrú ar réamhíocaíochtaí | | **(5,438)** | 813 |
| Athrú ar nithe iníoctha trádála agus eile | | **2,582** | (2,918) |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **1,921** | (1,166) |
| Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **(4,899)** | (7,086) |
| **Airgead Tirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **9,108** | 2,446 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | **168** | 371 |
| Fáltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **592** | 216 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(7,102)** | (4,699) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(602)** | (809) |
| **Airgead tirim glan in úsáid i nGníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(6,944)** | (4,921) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Fáltais/(aisíocaíochtaí) ó iasachtaí | 14 | **1,250** | (2,000) |
| Ús a íocadh | | **(2,399)** | (2,900) |
| Airgead tirim srianta | | **-** | 4,000 |
| Íslíú maidir le hinfheistíochtaí leachtacha | 12 | **6,045** | 3,056 |
| **Airgead tirim glan ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | **4,896** | 2,156 |
| Glan íslíú ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **7,060** | (319) |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **18,643** | 18,962 |
| **Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 13 | **25,703** | 18,643 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta
agus Riosca

**Noel Curran**
An Príomh-Stiúrthóir

21 Aibreán 2016

# Ráiteas RTÉ ar an Staid Airgeadais

**amhail an 31 Nollaig 2015**

| | Nótaí | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 8 | **20,055** | 20,651 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **1,534** | 1,971 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 19 | **65,827** | 65,827 |
| Sócmhainn phinsin | 20 | **46,749** | 1,837 |
| Sócmhainní cánachais iarchurtha | 21 | **-** | 1,062 |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **134,165** | 91,348 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 10 | **32,024** | 33,763 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | 11 | **32,297** | 30,506 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | | **14,727** | 9,768 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **-** | 6,045 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 13 | **22,746** | 14,869 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **75** | 1,113 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **101,869** | 96,064 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **236,064** | 187,412 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **(29,115)** | (67,635) |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **1,875** | 5,625 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **13,368** | 17,544 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **2,631** | 2,391 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **4,650** | - |
| Oibleagáidí sochair scoir | 20 | **-** | 19,188 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **22,524** | 44,748 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **3,750** | 3,750 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **222,047** | 191,382 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 16 | **9,088** | 7,032 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **7,740** | 8,135 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **-** | - |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **242,625** | 210,299 |
| **Dliteanais Iomlána** | | **265,149** | 255,047 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanais** | | **236,034** | 187,412 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta
agus Riosca

**Noel Curran**
An Príomh-Stiúrthóir

21 Aibreán 2016

# Ráiteas RTÉ faoi Shreabhadh Airgid

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

| | Notaí | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/barrachas i leith na bliana tar éis cánachais | | **(16,699)** | 8,979 |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Athstruchtúrú agus costais eile | | **-** | (237) |
| Dímheas maoine, innealra agus trealamh | 8 | **6,894** | 6,420 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 9 | **662** | 757 |
| Gnóthachan ar mhaoin, ar threalamh agus ar innealra a dhiúscairt | | **(558)** | (57) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **(3,561)** | (4,414) |
| Glan (chostas)/ioncam airgeadais | | **1,686** | (1,485) |
| Costas cháin ioncaim | | **98** | 253 |
| | | **(11,478)** | 10,216 |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **4,883** | 3,576 |
| Athrú ar thrádáil agus ar nithe infhaighte eile | | **(1,791)** | (1,873) |
| Athrú ar réamhíocaíochtaí | | **(5,050)** | 1,325 |
| Athrú ar sholáthairtí agus nithe iníoctha trádála eile | | **27,824** | (2,164) |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **2,057** | (1,115) |
| Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **(4,968)** | (6,912) |
| **Airgead Tirim Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **11,477** | 3,053 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | **168** | 357 |
| Fáltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **537** | 57 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(5,956)** | (2,770) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(419)** | (426) |
| **Airgead tirim glan in úsáid i nGníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(5,670)** | (2,782) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Aisíocaíocht ó iasachtaí | 14 | **(3,750)** | (3,750) |
| Ús a íocadh | | **(225)** | (363) |
| Ísliú maidir le hinfheistíochtaí leachtacha | 12 | **6,045** | 2,037 |
| **Airgead tirim ó/(in úsáid i) Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | **2,070** | (2,076) |
| Laghdú glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **7,877** | (1,805) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **14,869** | 16,674 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | 13 | **22,746** | 14,869 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Noel Curran**
An Príomh-Stiúrthóir

21 Aibreán 2016

## 1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha

### (a) Bunús na cuntasaíochta

Tá ár bpríomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán de na beartais chuntasaíochta ar fáil san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar leathanaigh 141-145. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad i ndáil le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ, ach amháin na caighdeáin nua agus na leasuithe ar na caighdeáin a luaitear san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

### (i) Eintiteas tuairiscíochta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2015 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

### (ii) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSs) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá ráiteas mháthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar ráiteas ioncam grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

### (iii) Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I Euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a hullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSs ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar dóibh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

### (iv) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain reatha á n-ullmhú, ghlac an Grúpa le roinnt IFRS nua. Ní raibh tionchar suntasach ag aon cheann acu ar thorthaí ná ar ghlansócmhainní an Ghrúpa. Tá liosta curtha ar fáil in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

### (v) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós

Tá liosta iomlán de chaighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós san áireamh sna beartais chuntasaíochta go léir in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

### (vi) Príomhbheartais chuntasaíochta

Tá ár bpríomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán dár mbeartais chuntasaíochta san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil mar aguisín ar leathanaigh 141 go 145.

### Príomhbheartais chuntasaíochta

### (b) Aitheantas ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

A mhéid a mheastar is féidir ioncam a aisghabháil, go mbíonn faoi réir tomhais iontaofa, gur dócha go dtiocfaidh sochair eacnamaíochta chuig an nGrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta go dtí an ceannaitheoir a aithnítear ioncam.

**1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)**

(i) Ioncam ón Táille Ceadúnais

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCENR, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Tá an t-ioncam seo faoi réir ag teorainn ó 2011 agus íocann an DSP leis an DCENR é gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2012* íocann an DCENR "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin, tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta agus suimeanna eile a íoctar le TG4 arna chinneadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Ceadúnais atá iníoctha ag an DSP. Ar fhógra ó An Post a aithnítear gach ioncam eile ón Táille Ceadúnais.

(ii) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

(iii) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(iv) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

(v) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

(c) Tuairiscíocht Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán IFRS *8 Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach sna sceidil 2(d) agus 2(f). Is iad na rannóga IBD, na rannóga gnó, na príomhrannóga tuairiscíochta ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

Tuairiscítear ioncam tráchtála faoin IBD ina bhfaightear é, sna sceidil atá leagtha amach ag 2(d). Ach amháin i gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach IBD den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh. I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, bíonn na costais go léir clúdaithe ag an ioncam ón táille ceadúnais a luaitear.

Déantar costais arna dtabhú ag IBD agus ar son IBD a lua taobh istigh den IBD sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na IBDanna sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláir teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar IBD Teilifís, Raidió agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD ag nóta 2(f), tar éis dhíchur sócmhainní agus dliteanais idir-chuideachta agus aon bhrabús idir-chuideachta a leanann as aistrithe inmheánacha.

(d) Fardail clár

Déantar fardail clár a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláir a dhéanann RTÉ in-tí nó cláir a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc clár in-tí costais dhíreacha clár lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc clár coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gclár dúchasach go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail clár faighte agus cláir agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal clár faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail clár faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláir: | 75% ar an gcéad tarchur, |
| | 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur, |
| | 1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus faisnéis rannóige

### (a) Príomhghníomhaíochtaí

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ. Is í an phríomhghníomhaíocht seirbhíse poiblí aige raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió a chraoladh saor go haer. Cuireann RTÉ deiseanna ar fáil rochtain a fháil ar ábhar ó na seirbhísí seo via a sheirbhísí ar líne saor in aisce. Tá na príomhsheirbhísí ar líne leagtha amach san athbhreithniú oibriúcháin Digití. Tá deiseanna eile fós teacht ar ábhar seirbhíse poiblí RTÉ ar fáil via na cainéil RTÉ One+1 agus RTÉjnr agus tríd an tseirbhís ar líne RTÉ News Now. Déanann na seirbhísí seo freastal ar gach catagóir déimeagrafach de shochaí na hÉireann de bharr an réimse leathan aschur agus seánra atá ar fáil, beag beann ar an lucht féachana a tharraingítear go tráchtála de, agus de bharr béim shonrach ar chláir a dhéantar sa mbaile. Áirítear ar bhearta seirbhíse poiblí eile RTÉ Ceolfhoirne RTÉ mar a dhéantar cur síos orthu in Athbhreithniú Oibriúcháin na gCeolfhoirne.

Bíonn an costas ar RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin cuid mhór sa bhreis ar an gciste poiblí a fhaightear i bhfoirm ioncaim ón táille ceadúnais. Dá réir sin téann RTÉ i mbun gníomhaíochta tráchtála coimhdeacha freisin chun bonn taca breise a chur faoin ngníomhaíocht seirbhíse poiblí. Áirítear ar na bearta tráchtála sin fógraíocht agus urraíocht a dhíol, an *RTÉ Guide* a fhoilsiú agus gníomhaíochtaí tráchtála eile a bhaineann le craolachán.

De réir mar a éilíonn an reachtaíocht, cuireann RTÉ seirbhísí ilphléacs DTT ar fáil do chraoltóirí náisiúnta, seirbhísí RTÉ féin ina measc, ag teacht leis na taraifí margaidh foilsithe. Déantar an tseirbhís ilphléacs seo a bhainistiú ar leithligh ó na Rannáin Chomhtháite Ghnó craolacháin (IBDanna) laistigh de RTÉ. Soláthraíonn RTÉ Transmission Network Limited (ag trádáil mar 2rn), fochuideachta RTÉ, seirbhísí tarchurtha agus dáilte d'oibritheoirí ilphléacs (lena n-áirítear RTÉ) agus do chraoltóirí fuaime násiúnta agus gar-náisiúnta, lena n-áirítear RTÉ. Cuireanna 2rn an líonra tarchurtha ar fáil do chraoltóirí áitiúla freisin agus cuireann spás túir/crainn breise ar fáil ar cíos do raon úsáideoirí neamhchraolacháin tríú páirtí.

I rith na bliana 2015, bhí cúrsaí oibriúcháin agus bainistíochta RTÉ eagraithe ar fud sé cinn de Rannóga Comhtháite Gnó (IBD): Teilifís, Raidió, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Digiteach, Ceolfhoirne agus Líonra. Tá an IBD Líonra lonnaithe go huile agus go hiomlán taobh istigh de 2rn.  Maidir le gach IBD, déanann an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ athbhreithniú ar thuairiscí na bainistíochta inmheánaí gach mí. Tá liosta mionsonraithe de ghníomhaíochtaí RTÉ de réir IBD agus eintitis dhlíthiúil leagtha amach i nóta 19 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na sé IBD, ritheann RTÉ Ceannáras na Corparáide agus Seirbhísí Roinnte Lárnacha. Is é a bhaineann le Ceannáras na Corparáide gníomhaíochtáí riaracháin ginearálta agus gníomhaíochtaí eile a thagann chun cinn ar leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Is é a bhaineann le Seirbhísí Roinnte Lárnacha gníomhaíochtaí a dhéantar go lárnach thar ceann rannóg IBD. Leithdháiltear na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí na Seirbhísí Roinnte Lárnacha a gcuirtear ar fáil do na IBDanna de réir na bprionsabal leithdháilte costas atá leagtha amach i nóta 1(c). Ní dhéantar costas Cheannáras na Corparáide a leithroinnt ar IBDanna agus déantar a lua mar ábhar 'eile' don réiteach idir costas míreanna atá le lua agus an costas iomlán.

### (b) Eolas Rannóige

Gearrtar seirbhísí tarchurtha agus craolacháin, lena n-áirítear seirbhísí ilphléacs, ar gach IBD ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tugann 2rn sonrasc do RTÉ de réir na taraifí foilsithe maidir le soláthar seirbhísí tarchurtha agus leithdháilte mar oibritheoir ilphléacs agus mar chraoltóir fuaime. Gearrtar costais arna dtabhú ag tacú le cainéil Theilifíse agus Raidió RTÉ ar na cainéil sin ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tuairiscítear gnéithe eile den taraif mar mhír réitithe idir costas mhíreanna intuairiscithe agus an costas iomlán. Déantar seirbhísí eile 2rn a shonrasc ag rátaí margaidh cuí.

Déantar idirbhearta idir gníomhaíochtaí ar mhaithe le cuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le deiseanna tráchtála a bhaint amach ag rátaí an mhargaidh.

### (c) Anailís eile

Tugann Nóta 2(e) anailís ar chostas comhlán/glan na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus (easnamh)/barrachas de réir cainéil agus seirbhíse. Ina theannta sin, tugtar costais chomhlána an ábhair dúchasaigh de réir seánra craolta. Tuairiscítear anailís idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí ar bhealach a thagann leis na prionsabail a úsáidtear chun ioncam agus costais IBD mar atá leagtha amach thuas a thuairisciú.

| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | | **(266)** | - |

Is ionann an cúlchiste fálúcháin sreabhaidh airgid agus an sciar éifeachtúil den athrú carnach glan ar an luach cóir i ndáil leis an mbabhtáil rátaí úis a baineann leis an tsaoráid iasachta ó Barclay's i dtaobh tograí.

## 19. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

RTÉ

| | **Iomlán €'000** |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 65,827 |
| Suimeanna Breise | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015** | **65,827** |

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag RTÉ ar an 31 Nollaig 2015:

| Fochuideachtaí | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| RTÉ Commercial Enterprises Limited | 100% | Foilseacháin, bearta tráchtála éagsúla & beartaíocht eile |
| RTÉ Music Limited | 100% | Foilsitheoireacht Ceoil |
| RTÉ Transmission Network Limited (ag trádáil faoin ainm 2rn) | 100% | Bainistíocht ar shócmhainní an chraobhchórais craolacháin |
| RTÉ Licence Collections Limited | 100% | Díomhaoin |
| DTT Network Company | 100% | Díomhaoin |
| Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta | 100% | Díomhaoin |

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar an luach ar a dtugtar anonn fuílleach infheistíochta an Ghrúpa agus táthar sásta nach bhfuil aon táscairí lagaithe agus go bhfuil luach cóir á lua leo.

Is in Éirinn a oibríonn na fochuideachtaí go léir agus tá an oifig chláraithe acu ag RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4. Is fochuideachta RTÉ Music Limited de chuid RTÉ Commercial Enterprises Limited agus é faoi lánúinéireacht.

Bhí an comhfhiontar seo i leanas ag RTÉ ar an 31 Nollaig 2015:

| An Chuideachta Comhfhiontair | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| Multiplex Broadcasting Services NI Limited | 66.6% | Seirbhísí teilifíse digití saor go haer a chraoladh i dTuaisceart Éireann agus seirbhísí ilphléacs gaolmhara eile |

I dTeach Murray, Sráid Murray, Béal Feirste atá oifig chláraithe Multiplex Broadcasting Services NI Limited.

## 19. Infheistíochtaí i bhFochuideachtaí (ar lean)

Bearta Oibre Ghrúpa RTÉ arna Rangú de réir Rannóg Gnó Comhtháite (IBD) agus Eintiteas Dlíthiúil ar an 31 Nollaig 2015

| IBD TEILIFÍS | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises Limited | RTÉ Music Limited | RTÉ Transmission Network Limited |
|---|---|---|---|---|
| Sceidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí a chraoladh saor go haer | • | | | |
| Cláir teilifíse de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Coimisiúnú a dhéanamh de réir na reachtaíochta ar ábhar clár ó léiritheoirí neamhspleácha de chuid an AE | • | | | |
| Cláir teilifíse de chuid na hÉireann agus ón iasacht a cheannach | • | | | |
| Ábhar clár nach nuacht ná cúrsaí reatha a chur ar fáil do TG4 de réir na reachtaíochta | • | | | |
| Ábhar a sholáthar do sheirbhísí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht i ndáil leis an teilifís a dhíol | • | | | |
| Saoráidí léiriúcháin teilifíse a ligean ar cíos le tríú páirtí | • | | | |
| Ioncam ó Theileachumarsáid Tráchtála | | • | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le clár | | • | | |
| Tráthliostaí clár a dhíol | | • | | |
| Córais chraoltóireachta agus saoráidí teicneolaíochta a chur ar fáil don tríú páirtí | • | | | |
| An riarachán maidir le IBD Teilifís RTÉ | • | | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le clár | | • | | |
| Fógraí teilifíse don tríú páirtí a léiriú sa stiúdeo | | • | | |
| Sciar den ioncam ó fhógraíocht nach mbaineann le craolachán | | • | | |

| IBD RAIDIÓ | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises Limited | RTÉ Music Limited | RTÉ Transmission Network Limited |
|---|---|---|---|---|
| Sceidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí a chraoladh saor go haer | • | | | |
| Cláir raidió de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Cláir raidió de chuid na hÉireann agus ón iasacht a cheannach | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht i ndáil leis an raidió a dhíol | • | | | |
| Ioncam ó Theileachumarsáid Tráchtála | | • | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le clár | | • | | |
| Ábhar a sholáthar do sheirbhísí poiblí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |
| An riarachán maidir le IBD Raidió RTÉ | • | | | |
| Saoráidí léiriúcháin raidió a ligean ar cíos leis an tríú páirtí | | • | | |
| Stiúideo soghluaiste an Roadcaster agus díolacháin bolscaireachta | | • | | |
| Fógraí raidió a léiriú sa stiúideo | | • | | |
| Sciar den ioncam ó fhógraíocht nach mbaineann le craolachán | | • | | |
| Coimisiúnú a dhéanamh de réir na reachtaíochta ar ábhar clár ó léiritheoirí neamhspleácha de chuid an AE | • | | | |

| IBD NUACHT AGUS CÚRSAÍ REATHA RTÉ | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises Limited | RTÉ Music Limited | RTÉ Transmission Network Limited |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhís bhailiú nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil | • | | | |
| Léiriú a dhéanamh ar na cláir nuachta ar an teilifís agus ar an raidió chomh maith le tráchtaireacht ar mhórimeachtaí agus chláir eile | • | | | |
| Cláir cúrsaí reatha a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Cláir nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil do TG4 de réir na reachtaíochta | • | | | |
| An riarachán ar IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha | • | | | |
| Ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil do sheirbhísí poiblí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |

| | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises Limited | RTÉ Music Limited | RTÉ Transmission Network Limited |
|---|---|---|---|---|
| **IBD LÍONRA RTÉ** | | | | |
| Seirbhísí tarchurtha analógacha do chraoladh náisiúnta raidió a chur ar fáil | | | | • |
| Seirbhísí tarchurtha digiteacha do chraoladh náisiúnta raidió a chur ar fáil | | | | • |
| Seirbhísí ilphléacs, tarchurtha agus dáilte a chur ar fáil d'oibritheoirí ilphléacs | | | | • |
| Áiseanna coimhdeacha crann agus túr a ligean ar cíos | | | | • |
| An riarachán i ndáil le 2rn | | | | • |
| **IBD DIGITEACH** | | | | |
| Cóipcheart ceoil a dhíol | | | • | |
| Cartlanna an chainéil teilifíse agus na leabharlainne nuachta a chothabháil | • | | | |
| Ábhar leabharlainne agus cartlainne a dhíol | | • | | |
| Cartlann agus leabharlann an chainéil Raidió a chothabháil | • | | | |
| Seirbhísí teileatéacs RTÉ Aertel a chur ar fáil | | • | | |
| Raon seirbhísí ar líne saor in aisce don phobal, bunaithe ar an bpobal agus ar an ngréasán, a chur ar fáil | | • | | |
| An RTÉ Player a rith don lucht féachana in Éirinn agus thar lear | | • | | |
| Fógraíocht agus urraíocht idirlín a dhíol | | • | | |
| Fógraíocht agus urraíocht teileatéacs a dhíol | | • | | |
| Cothú agus Forbairt i ndáil le teicneolaíocht nua de chuid na meánchumarsáide | | • | | |
| An riarachán maidir le IBD Digiteach RTÉ | | • | | |
| Deiseanna breise a chur ar fáil chun teacht ar ábhar nuachta seirbhísí poiblí RTÉ trí RTÉ News Now Online | | • | | |
| Seirbhísí idirnáisiúnta físeáin arna n-éileamh ar tháille á soláthar. | | • | | |
| **IBD CEOLFHOIRNE AGUS CÓIR RTÉ** | | | | |
| Taibhréimeanna ceolfhoirne agus cóir | • | | | |
| Ceol ceolfhoirne agus cóir a choimisiúnú, a léiriú a sheinm agus a thaifeadadh | • | | | |
| Ceolfhoireann Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Ceolchoirme RTÉ a ligeann amach ar cíos | • | | | |
| An riarachán madir le IBD Ceolfhoirne, Cheathairéad agus Cóir RTÉ | • | | | |
| **SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA I gCOMHAR** | | | | |
| Cúrsaí Cumarsáide an Ghrúpa, Acmhainní Daonna Lárnach, Cúrsaí Dlí an Ghrúpa, Cúrsaí Cistíochta an Ghrúpa, Cúrsaí Teicneolaíochta Lárnacha, Seirbhísí Suímh Dhomhnach Broc, Cúrsaí Árachais an Ghrúpa agus Cúrsaí Pinsin an Ghrúpa | • | | | |
| Iris an *RTÉ Guide* a chur ar fáil agus a fhoilsiú | | • | | |
| Fógraíocht san *RTÉ Guide* a dhíol | | • | | |
| Seirbhísí ilphléacs DTT a chur ar fáil do chraoltóirí (SAORVIEW) | • | | | |
| **CEANNÁRAS NA CORPARÁIDE** | | | | |
| Obair stiúrtha agus feidhmiúcháin an Chraoltóra Seirbhíse Poiblí | • | | | |
| Seilbh ar ábhar infheistíochta i ngnóthaí a bhaineann le cúrsaí craolacháin | • | | | |

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ)

Is é an Grúpa príomhfhostóir urraíochta ag

(a) Scéim Aoisliúntais RTÉ (scéim pinsin sochair shainithe ranníoca maoinithe nár ligeadh aon fhostaí nua isteach ann ón mbliain 1989 i leith)

(b) Thosaigh Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ den chéad uair an 1 Meán Fómhair 2010. Is é a bhaineann leis an scéim gealltanas maidir le sochar sainithe (DB) lárnach atá bunaithe ar leibhéal tuarastail teorannaithe maille le socrú bunaithe ar ranníoca sainithe (DC) i ndáil le tuilleamh ar leibhéal is airde ná an uasteorainn, agus

(c) Scéim Pinsin Sochair Shainithe RTÉ (scéim DC ranníoca, mhaoinithe) agus déantar ranníocaíochtaí le roinnt scéimeanna pinsin sochair shainithe ranníoca eile thar ceann fostaithe.

Bunaíodh na scéimeanna thuas mar chistí iontaobhais ar leithligh, gach ceann arna bhainistiú ag bord iontaobhaithe atá freagrach as oibríochtaí na scéimeanna a mhaoirsiú, lena n-áirítear sócmhainní na scéimeanna a infheistiú.

### (i) Táille Pinsin

Seo a leanas muirear pinsin an fhostóra i ndáil le gach bliain de na scéimeanna éagsúla:

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Scéim Aoisliúntais RTÉ | | |
| - costas seirbhíse reatha | **(3,481)** | (2,874) |
| - creidmheas iarsheirbhíse[1] | **5,711** | 5,720 |
| | | |
| Scéim '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (Sciar DB) | | |
| - costas seirbhíse reatha | **(1,085)** | (847) |
| | **1,145** | 1,999 |
| | | |
| Scéim '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (Sciar DC) | **(274)** | (260) |
| RTÉ Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ | **(8,786)** | (8,306) |
| Scéimeanna eile | **(22)** | (11) |

[1] I gcás Scéim Aoisliúntais RTÉ, tagann creidmheas ó sheirbhís roimhe seo chun cinn in 2014 agus 2015 mar thoradh ar chinneadh na nIontaobhaithe in 2014 agus 2015 sochair fhabhraithe na gcomhaltaí a laghdú amhail ag teacht leis an Tobhach Pinsin 2011 agus 2014.

### (ii) Socruithe Sochair shainithe

Scéim Aoisliúntais RTÉ:

De réir mar a éilítear faoi *Acht na bPinsean, 1990,* déantar tuarascálacha luachála neamhspleácha achtúire bunaithe ar bhonn tuisceana faoin maoiniú fadtéarmach arna leagan amach de réir nósanna achtúireacha a chur ar fáil go rialta i ndáil le Scéim Aoisliúntais RTÉ. Is é an 1 Eanáir 2016 an dáta a luaitear leis an tuarascáil luachála is deireanaí ó achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin agus ba tráth níos deireanaí ná deireadh na bliana a thug Mercer, na hachtúirí, nach oifigigh ná fostaithe de chuid an Ghrúpa iad, obair na tuarascála sin chun críche. Léirítear le luacháil seo an achtúire ar an gcistíocht, lena n-úsáidtear modh luachála "na haoise slánaithe" chun an costas seirbhíse san am atá le teacht a ríomh, go bhfuil barrachas is ionann is €42.4 milliún ar an scéim (1 Eanáir 2015: barrachas de €29.9 milliún), sin agus dliteanais ionchais a thabhairt san áireamh maidir le hardú ábhartha a bhainfeadh le daoine a dhul ar scor. Ní bhíonn tuarascáil luachála an achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach ina ainneoin sin, cuirtear torthaí na luachála in iúl do na comhaltaí.

Tá luacháil déanta ag achtúirí freisin de réir an Íoschaighdeáin Maoinithe amhail an 1 Eanáir 2016 agus tuairiscítear easnamh ar an mbonn sin is ionann is €79.6 milliún (1 Eanáir 2015: easnamh €21.6 milliún). Cuireadh Deimhniú ar Mhaoiniú Achtúireacha ar aghaidh ar an mbonn sin. Chomhlíon an scéim an Cúlchiste Caighdeáin Maoinithe amhail an 1 Eanáir 2016. Tháinig éifeacht leis an gceanglas seo an 1 Eanáir 2016 agus tá teastas a dheimhníonn an toradh sin curtha ar aghaidh chuig an Údarás Pinsean.

Mar a éilítear de réir caighdeán cuntasaíochta IAS 19 (2011), ullmhaíonn Mercer, na hachtúirí, tuairisc ina leagtar amach staid Scéim Aoisliúntais RTÉ. Baintear leas as an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19 (2011) chuige sin. Is é an cur chuige a bhaineann le IAS 19 (2011) maidir le luacháil agus tuairiscíocht chuntasaíochta i ndáil le ciste sochair shainithe, go mbaintear leas as modh réamh-mheastacháin chreidmheas an aonaid chun muirir pinsin bliantúla san am atá le theacht a ríomh, go leagtar luach ar shócmhainní de réir luach cóir reatha an mhargaidh agus go ndéantar lascainiú maidir le dliteanais ionchais (trí leas a bhaint as rátaí bannaí corparáide ardghráid ar gar an téarma ama atá leo don ré a mheastar a bhainfidh le dliteanais na scéime) chun teacht ar luach glan reatha maidir le dliteanais na scéime. Is ionann an difríocht idir an tsócmhainn agus luachálacha dliteanais amhail an 31 Nollaig 2015 agus sócmhainn €43.4 milliún.

Meastar go n-íocfaidh an Grúpa €1.2 milliún mar ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais RTÉ i rith na bliana 2016.

Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ:

Is é an 1 Eanáir 2016 an dáta a luaitear leis an tuarascáil luachála achtúireachta is deireanaí maidir le Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ agus ba thráth níos deireanaí ná deireadh na bliana a thug Mercer, achtúire na Scéime, obair na tuarascála sin chun críche. Léirítear le luacháil seo an achtúire ar an gcistíocht, lena n-úsáidtear modh luachála "na haoise slánaithe" chun an costas seirbhíse san am atá le teacht a ríomh, go bhfuil barrachas is ionann le €3.4 milliún ar an scéim (1 Eanáir 2015: barrachas de €2.5 milliún). Ní bhíonn tuarascáil luachála an achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach ina ainneoin sin, cuirtear torthaí na luachála in iúl do na comhaltaí.

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

B'ionann ráta ranníoca an fhostóra le Sciar an tSochair Shainithe de Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 agus 8.5% de luach saothair comhaltaí ar fostaithe iad (ar a dtugtar de shainmhíniú tuarastal inphinsin móide liúntais suas go dtí uasteorainn is €48,000 p.a. faoi láthair). Tá luacháil déanta ag na hachtúirí freisin de réir na bhforálacha maidir le Íoschaighdeán Maoiniúcháin in *Acht na bPinsean, 1990* agus tuairiscítear barrachas ar an mbonn sin is ionann le €7.4 milliún ar an 1 Eanáir 2015 (1 Eanáir 2013: barrachas €5.9 milliún).

Maidir le scéim Aoisliúntais RTÉ, ullmhaíonn Mercer tuairisc ina leagtar amach staid Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ agus leas á bhaint as an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19 (2011). Maidir leis an scéim seo, is ionann an difríocht idir an tsócmhainn agus luacháil dliteanais amhail an 31 Nollaig 2015 agus sócmhainn €3.3 milliún.

Meastar go n-íocfaidh an Grúpa €1.2 milliún mar ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (rannóg DB) i rith 2016.

Baineann an gnáthriosca infheistíochta agus maoinithe a bhíonn i gceist le scéimeanna sochair shainithe leis an dá scéim, agus is féidir a bheith ag súil le luaineacht ghearrthéarmach maidir lena seasamh airgeadais. Tá teorainn, áfach, leis an riosca rialála, de bharr nach bhfuil aon riachtanas reachtúil in Éirinn go gcoinneodh fostóirí pleananna sochair shainithe ag imeacht nó go n-íocfaidís easnamh maoinithe sa chás go mbeadh easnamh ann.

(iii) Glan-Sócmhainn/(Dliteanas) Sochair Shainithe

Mar seo a leanas atá an ghlan-sócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe maidir leis an dá shocrú sochair shainithe ag 31 Nollaig 2015:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **An Grúpa agus RTÉ** | **€'000** | €'000 |
| Glan-sócmhainn/(dliteanas) i Scéim Aoisliúntais RTÉ | **43,402** | (19,188) |
| Glan-sócmhainn pinsin i Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ | **3,347** | 1,837 |
| | **46,749** | (17,351) |

**Gluaiseacht i nglan-sócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe**
**Scéim Aoisliúntais RTÉ**

| | Oibleagáid Shochair Shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glan-sócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **(1,000,421)** | (855,373) | **981,233** | 863,685 | **(19,188)** | 8,312 |
| **San áireamh sa Ráiteas Ioncaim** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(3,481)** | (2,874) | **-** | - | **(3,481)** | (2,874) |
| Costas creidmheasa roimhe seo | **5,711** | 5,720 | **-** | - | **5,711** | 5,720 |
| (Costas)/ ioncam úis | **(19,616)** | (30,501) | **19,256** | 30,851 | **(360)** | 350 |
| | **(17,386)** | (27,655) | **19,256** | 30,851 | **1,870** | 3,196 |
| **San áireamh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile ("OCI")** | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó: | | | | | | |
| Boinn tuisceana achtúireacha | **(2,020)** | - | **-** | - | **(2,020)** | - |
| Boinn tuisceana airgeadais | **33,842** | (151,141) | **-** | - | **33,842** | (151,141) |
| Taithí | **(3,843)** | (4,493) | **-** | - | **(3,843)** | (4,493) |
| Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | **-** | - | **31,474** | 123,621 | **31,474** | 123,621 |
| | **27,979** | (155,634) | **31,474** | 123,621 | **59,453** | (32,013) |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **-** | - | **1,267** | 1,317 | **1,267** | 1,317 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(1,120)** | (1,203) | **1,120** | 1,203 | **-** | - |
| Sochair íoctha | **39,238** | 39,444 | **(39,238)** | (39,444) | **-** | - |
| | **38,118** | 38,241 | **(36,851)** | (36,924) | **1,267** | 1,317 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **(951,710)** | (1,000,421) | **995,112** | 981,233 | **43,402** | (19,188) |

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ**

| | Oibleagáid Shochair Shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glan-sócmhainn shochar shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **(6,905)** | (4,416) | **8,742** | 6,003 | **1,837** | 1,587 |
| **San áireamh sa Ráiteas Ioncaim** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(1,085)** | (847) | **-** | - | **(1,085)** | (847) |
| (Costas)/ ioncam úis | **(166)** | (161) | **231** | 250 | **65** | 89 |
| | **(1,251)** | (1,008) | **231** | 250 | **(1,020)** | (758) |
| **San áireamh san OCI** | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó: | | | | | | |
| Boinn tuisceana achtúireacha | **19** | - | **-** | - | **19** | - |
| Boinn tuisceana airgeadais | **1,100** | (724) | **-** | - | **1,100** | (724) |
| Taithí | **(160)** | (184) | **-** | - | **(160)** | (184) |
| Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | **-** | - | **422** | 818 | **422** | 818 |
| | **959** | (908) | **422** | 818 | **1,381** | (90) |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **-** | - | **1,149** | 1,098 | **1,149** | 1,098 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(624)** | (602) | **624** | 602 | **-** | - |
| Sochair íoctha | **10** | 1 | **(10)** | (1) | **-** | - |
| Préimh Árachais | **30** | 28 | **(30)** | (28) | **-** | - |
| | **(584)** | (573) | **1,733** | 1,671 | **1,149** | 1,098 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **(7,781)** | (6,905) | **11,128** | 8,742 | **3,347** | 1,837 |

### (iv) Sócmhainní Scéime

B'ionann luach cothrom na sócmhainní amhail dháta an chláir chomhardaithe:

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015 Luach Cóir €'000** | 2014 Luach Cóir €'000 | **2015 Luach Cóir €'000** | 2014 Luach Cóir €'000 |
| Ionstraimí fiachais: | | | | |
| Bannaí Rialtais | 394,274 | 396,826 | - | - |
| Bannaí Corparáide | 54,061 | 54,977 | - | - |
| **Iomlan ionstraimí fiachais** | **448,335** | 451,803 | **-** | - |
| **Díorthaigh** | **116** | (167) | **-** | - |
| Maoiniú infheistíochta: | | | | |
| Cothromas | 390,742 | 391,757 | 6,454 | 6,655 |
| Bannaí | - | - | 4,237 | 1,414 |
| Maoin | 62,703 | 60,561 | 299 | 368 |
| Cistí fálaithe | 52,682 | 51,253 | - | - |
| Cothromas príobháideach | 31,083 | 19,307 | - | - |
| **Cistí infheistíochta iomlána** | **537,210** | 522,878 | **10,990** | 8,437 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | | | |
| Airgead Tirim | 6,454 | 2,868 | 138 | 288 |
| Iarmhéideanna infheistíochta eile | 2,997 | 3,851 | - | 17 |
| **Iomlán an airgid thirim agus na gcóibhéisí airgid thirim** | **9,451** | 6,719 | **138** | 305 |
| Iomlán Luach cóir sócmhainní | **995,112** | 981,233 | **11,128** | 8,742 |

Coinnítear gnáthscaireanna mar chistí le bunsócmhainní arna lua i margadh gníomhach. Coinnítear ionstraimí fiachais ar bhonn scagtha (scéim Aoisliúntais RTÉ).

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

### (v) Oibleagáid Shochair Shainithe

(i) Boinn tuisceanna achtúireacha

Thíos tá na boinn tuisceana príomha a úsáideadh chun críocha na luachála cuntasaíochta bunaithe ar IAS 19 (2011) a rinneadh ar na scéimeanna pinsin.

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| Meánráta réamh-mheasta maidir le hardú tuarastail: | | | | |
| As seo go ceann dhá bhliain | **2.50%** | 0.75% | **2.50%** | 0.75% |
| Sa dá bhliain ina dhiaidh sin | **1.45%** | 2.00% | **1.45%** | 2.00% |
| As sin amach | **1.40%** | 1.25% | **1.40%** | 1.25% |
| Meánráta réamh-mheasta maidir le hardú ar phinsin atá á n-íoc: | | | | |
| As seo go ceann dhá bhliain | **0.00%** | 0.00% | **1.40%** | 1.25% |
| Sna ceithre bliana ina dhiaidh sin | **1.85%** | 1.37% | **1.40%** | 1.25% |
| As sin amach | **1.40%** | 1.25% | **1.40%** | 1.25% |
| Ráta lascaine | **2.40%** | 2.00% | **2.90%** | 2.40% |
| Bonn tuisceana maidir le boilsciú | **1.40%** | 1.25% | **1.40%** | 1.25% |
| Básmhaireacht | **Bliain** | Bliain | **Bliain** | Bliain |
| Ionchas Saoil Daoine a Rachaidh ar Scor Amach Anseo | | | | |
| Fear 65 bliain d'aois (saolaíodh 1961) | **24.9** | 25.1 | **24.9** | 25.1 |
| Bean 65 bliain d'aois (saolaíodh 1961) | **27.0** | 26.3 | **27.0** | 26.3 |
| Ionchas Saoil Daoine atá ar Pinsean Cheana Féin | | | | |
| Fear 65 bliain d'aois (saolaíodh 1951) | **23.7** | 23.8 | **23.7** | 23.8 |
| Bean 65 bliain d'aois (saolaíodh 1951) | **25.8** | 25.2 | **25.8** | 25.2 |

Amhail an 31 Nollaig 2015, mar seo a leanas a bhí fad meán-ualaithe na n-oibleagáidí sochair shainithe:
Scéim Aoisliúntais RTÉ: 13.7 bliain
Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ: 34 bliain

(ii) Anailís Íogaireachta

Breithníodh an tionchar ar an oibleagáid sochair shainithe ag athruithe ar na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha. Tá an tionchar a léirítear amhail an dáta tuairiscithe agus i ngach cás glactar leis nach bhfuil athrú ar aon bhonn tuisceana eile.

| | Bonn Tuisceana | Scéim Aoisliúntais RTÉ Oibleagáid Shochair €000 | Bonn Tuisceana | Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ Oibleagáid Shochair €000 |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | | | | |
| **Ráta Reatha** | **2.40%** | **951,710** | **2.90%** | **7,781** |
| -0.25% | 2.15% | 984,368 | 2.65% | 8,436 |
| +0.25% | 2.65% | 920,758 | 3.15% | 7,185 |
| Ardú ar Tuarastal & Pinsin | | | | |
| **Bonn Tuisceana Reatha (Fadtéarmach)** | **1.40%** | **951,710** | **1.40%** | **7,781** |
| 0.25% ardú níos ísligh | 1.15% | 924,951 | 1.15% | 7,182 |
| 0.25% ardú níos airde | 1.65% | 979,768 | 1.65% | 8,436 |
| Básmhaireacht | | | | |
| **Bonn Tuisceana Reatha (Fritháireamh ón Tábla Bunúsach)** | **-1 bliain** | **951,710** | **-1 bliain** | **7,781** |
| Níl aon fritháireamh | 0 bliain | 920,672 | 0 bliain | 7,605 |
| Fritháireamh dhá bhliain | -2 bliain | 982,809 | -2 bliain | 7,954 |

## 21. Cáin Iarchurtha

Grúpa

**Sócmhainní agus Dliteanais Cánach Aitheanta Iarchurtha**

| | Sócmhainní Glan 2015 €'000 | 2014 €'000 | (Dliteanais) Glan 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | **-** | - | **(1,497)** | (1,015) |
| Sócmhainn phinsin | **-** | - | **(5,844)** | (230) |
| Díorthaigh – fálú maidir le sreabhadh airgid | **38** | - | **-** | - |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | **38** | - | **(7,341)** | (1,245) |

**Gluaiseacht maidir le Difríochtaí Sealadacha i rith na bliana 2015**

| | Iarmhéid Tosaigh Líon | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | (1,015) | (482) | - | **(1,497)** |
| Sócmhainn phinsin | (230) | - | (5,614) | **(5,844)** |
| Díorthaigh – fálú maidir le sreabhadh airgid | - | - | 38 | **38** |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | (1,245) | (482) | (5,576) | **(7,303)** |

**Gluaiseacht maidir le Difríochtaí Sealadacha i rith na bliana 2014**

| | Iarmhéid Tosaigh Líon | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | (304) | (711) | - | (1,015) |
| Sócmhainn phinsin | (1,236) | - | 1,006 | (230) |
| Díorthaigh – fálú maidir le sreabhadh airgid | 262 | - | (262) | - |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | (1,278) | (711) | 744 | (1,245) |

RTÉ

**Sócmhainní agus Dliteanais Cánach Aitheanta Iarchurtha**

| | Sócmhainní Glan 2015 €'000 | 2014 €'000 | (Dliteanais) Glan 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | **1,194** | 1,292 | **-** | - |
| Sócmhainn phinsin | **-** | - | **(5,844)** | (230) |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | **1,194** | 1,292 | **(5,844)** | (230) |

**Gluaiseacht maidir le Difríochtaí Sealadacha i rith na bliana 2015**

| | Iarmhéid Tosaigh Líon | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | 1,292 | (98) | - | **1,194** |
| Sócmhainn phinsin | (230) | - | (5,614) | **(5,844)** |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | 1,062 | (98) | (5,614) | **4,650** |

## 21. Cánachas Iarchurtha (ar lean)

**Gluaiseacht maidir le Difríochtaí Sealadacha i rith na bliana 2014**

| | Iarmhéid Tosaigh Glan | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | 1,545 | (253) | - | 1,292 |
| Sócmhainn phinsin | (1,236) | - | 1,006 | (230) |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | 309 | (253) | 1,006 | 1,062 |

Sócmhainní Cánach Neamhaitheanta Iarchurtha (An Grúpa agus RTÉ)

Tagann an t-ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ trí 'dheontas i gcabhair' faoi réir ag cáin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá caillteanas trádála a thugtar ar aghaidh chun críche cánach is ionann is €628 milliún ag an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2015. Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an tráth a mbainfí leas dáiríre as na caillteanais seo ní luaitear sócmhainn cánach iarchurtha ar bith.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ)

(a) Forléargas ar Chúrsaí Bainistíochta maidir le Riosca Airgeadais

*(i) Timpeallacht Riosca*

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca i ndáil le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin.

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord RTÉ as creat oibre bainistíochta an Ghrúpa i ndáil le cúrsaí riosca a chur ar bun agus maoirseacht a dhéanamh ina leith agus tá polasaithe ceadaithe ag an mBord maidir leis na réimsí is mó a mbeadh baol ag baint leo maidir le riosca airgeadais don Ghrúpa. Rannóg Cistíochta an Ghrúpa atá freagrach as an mbainistíocht i ndáil leis na bearta cistíochta uile, agus sin de réir na bpolasaithe cistíochta, an bhainistíocht maidir le hairgead tirim, riosca maidir le malairt eachtrach agus riosca maidir le creidmheas chontrapháirtithe san áireamh.

Is in Éirinn a dhéantar an chuid is mó de ghnó RTÉ. Dá bhrí sin, is in airgeadra an Euro den chuid is mó a ainmnítear an sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíochta. Is i ndáil le híocaíocht ar chláir cheannaithe a ainmnítear in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá nó Sterling is mó a thagann baol maidir le hairgeadra eachtrach i gceist. Tá de pholasaí ag RTÉ fálú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ag tús na bliana airgeadais ar mhórchuid na bpríomhshuimeanna geallta in airgeadra eachtrach trí réamhchonarthaí in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Sterling a cheangal. Bíonn dáta aibíochta is lú ná 18 mí ón 31 Nollaig 2015 le gach réamhchonradh i malairt eachtrach. Ní dhéantar na réamhchonarthaí seo i malairt eachtrach a lua le ceangal fálúcháin go sonrach ó thaobh na cuntasaíochta de ach feictear ina dhiaidh sin féin gur fálú eacnamaíochta dáiríre atá i gceist leo.

Fuair 2rn iasachtaí ar ráta athraitheach agus chuaigh isteach i gconradh díorthach d'fhonn fálú a dhéanamh in aghaidh aon neamhchosaint a d'eascródh as luaineacht sa ráta úis in 2015. Luaigh an Grúpa an ionstraim airgeadais sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid de bhun IAS 39 *Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.*

Déantar dí-ainmniú ar ionstraimí airgeadais tráth na socraíochta nó an díolacháin.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

*(ii) Rangú na n-ionstraimí airgeadais*

Déantar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais ar fad, taobh amuigh de na bearta soláthair agus dliteanais a bhaineann le fostaithe, a lua ar an gcostas amúchta, ach amháin na sócmhainní díorthaigh/(dliteanais díorthaigh) a rangaítear mar seo a leanas:

| GRÚPA | Ionstraimí airgeadais díorthaigh arna lua ar an luach cóir trí Ráiteas Ioncaim | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh a ndéantar fálú ina leith | | Sócmhainní/(dliteanais) arna lua ar an gcostas amúchta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **38,813** | 38,413 | **38,813** | 38,413 |
| Ioncam fabhraithe | **-** | - | **-** | - | **2,967** | 2,426 | **2,967** | 2,426 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **-** | - | **-** | 6,045 | **-** | 6,045 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **-** | - | **25,703** | 18,643 | **25,703** | 18,643 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **75** | 1,113 | **-** | - | **-** | - | **75** | 1,113 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **75** | 1,113 | **-** | - | **67,483** | 65,527 | **67,558** | 66,640 |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(46,875)** | (45,625) | **(46,875)** | (45,625) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(13,597)** | (17,723) | **(13,597)** | (17,723) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(2,631)** | (2,391) | **(2,631)** | (2,391) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **(150)** | - | **-** | - | **(150)** | - |
| **Dliteanais Neamh-Reatha Iomlána** | **-** | - | **(150)** | - | **(63,103)** | (65,739) | **(63,253)** | (65,739) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(71,677)** | (65,945) | **(71,677)** | (65,945) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(3,750)** | (3,750) | **(3,750)** | (3,750) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(8,067)** | (8,443) | **(8,067)** | (8,443) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | (1,186) | **(154)** | - | **-** | - | **(154)** | (1,186) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais Reatha** | **-** | (1,186) | **(154)** | - | **(83,494)** | (78,138) | **(83,648)** | (79,324) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais** | **-** | (1,186) | **(304)** | - | **(146,597)** | (143,877) | **(146,901)** | (145,063) |

| RTÉ | Ionstraimí airgeadais díorthaigh arna lua ar an luach cóir trí Ráiteas Ioncaim | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh a ndéantar fálú ina leith | | Sócmhainní/(dliteanais) arna lua ar an gcostas amúchta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **32,297** | 30,506 | **32,297** | 30,506 |
| Ioncam fabhraithe | **-** | - | **-** | - | **349** | 326 | **349** | 326 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **-** | - | **-** | 6,045 | **-** | 6,045 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **-** | - | **22,746** | 14,869 | **22,746** | 14,869 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **75** | 1,113 | **-** | - | **-** | - | **75** | 1,113 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **75** | 1,113 | **-** | - | **55,392** | 51,746 | **55,467** | 52,859 |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(1,875)** | (5,625) | **(1,875)** | (5,625) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(13,368)** | (17,544) | **(13,368)** | (17,544) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(2,631)** | (2,391) | **(2,631)** | (2,391) |
| **Dliteanais Neamh-Reatha Iomlána** | **-** | - | **-** | - | **(17,874)** | (25,560) | **(17,874)** | (25,560) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(222,047)** | (191,382) | **(222,047)** | (191,382) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(3,750)** | (3,750) | **(3,750)** | (3,750) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(7,740)** | (8,135) | **(7,740)** | (8,135) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais Reatha** | **-** | - | **-** | - | **(233,537)** | (203,267) | **(233,537)** | (203,267) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais** | **-** | - | **-** | - | **(251,411)** | (228,827) | **(251,411)** | (228,827) |

Is ionstraimí airgeadais ar luach cóir tríd an mbarrachas nó tríd an easnamh iad na réamhchonarthaí i malairt eachtrach. Is ionstraim dhíorthach a leagtar amach mar fhálú maidir le sreabhadh airgid an bhabhtáil i ndáil le rátaí úis.

**22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)**

(b) Riosca Creidmheasa

*Forléargas*

Is ionann riosca creidmheasa agus an baol go dtarlódh caillteanas airgeadais don Ghrúpa sa chás go mainneodh custaiméir nó frithpháirtí le hionstraim airgeadais déanamh de réir choinníollacha conartha.

Is ionann an tsuim a thugtar anonn i ndáil le sócmhainní airgeadais agus an tsuim uasta a mbeifí i mbaol a chaillte maidir le nochtadh do riosca creidmheasa. Seo a leanas an tsuim uasta maidir le nochtadh do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscíochta:

| | | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Nithe infhaighte trádála | 11 | **38,805** | 38,410 | **32,291** | 30,503 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **-** | 6,045 | **-** | 6,045 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **25,703** | 18,643 | **22,746** | 14,869 |
| Ioncam fabhraithe agus nithe infhaighte eile | | **2,967** | 2,429 | **349** | 329 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | **75** | 1,113 | **75** | 1,113 |
| | | **67,550** | 66,640 | **55,461** | 52,859 |

Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena sócmhainní airgeadais mar a leagtar amach thíos..

*Riosca creidmheasa maidir le cistíocht*

Tá nochtadh i gceist don Ghrúpa i ndáil le riosca creidmheasa maidir leis na frithpháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc ag an nGrúpa agus lena ndéantar idirbheartaíocht ar na margaí airgeadais. Tá na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta agus ionstraimí airgeadais díorthaigh i seilbh contrapháirtithe airgeadais a bhfuil rátáil creidmheasa íosta de BB+ acu de réir rátáil Standard & Poors.

Is cistí na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá infheistithe le hinstitiúidí airgeadais in Éirinn a thagann faoi Scéim Ráthaíochta Bainc Rialtas na hÉireann agus uasteorainn leis na méid a choinnítear le banc nó institiúid amháin tráth ar bith. Le hinstitiúidí de chuid na hÉireann agus de chuid na Ríochta Aontaithe atá ionstraimí airgeadais díorthaigh agus níor tharla aon chaillteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain fhrithpháirtithe den sórt sin a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

*Riosca Creidmheasa maidir le custaiméirí*

Tá árachas creidmheasa ag an nGrúpa agus socraítear teorainneacha creidmheasa do na custaiméirí ar fad. I bhfianaise chineál mhargadh na fógraíochta agus margaí eile ina mbíonn RTÉ ag feidhmiú, bhí nochtadh suntasach i gceist do RTÉ maidir le gníomhaireachtaí fógraíochta faoi leith agus custaiméirí eile i rith na bliana. Tá de pholasaí ag RTÉ teorainneacha a leagan síos maidir leis an tsuim chomhthiomsaithe dá mbeadh nochtadh i ndáil le gach custaiméir faoi leith. Bíonn an nochtadh sin agus na huasteorainneacha a ghabhann leis faoi réir ag athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscíochta de réir réigiúin tíreolaíochta:

| | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Éire | **37,847** | 36,825 | **31,585** | 29,610 |
| An Ríocht Aontaithe | **903** | 1,474 | **699** | 869 |
| Réigiúin eile | **55** | 111 | **7** | 24 |
| Nithe infhaighte trádála | **38,805** | 38,410 | **32,291** | 30,503 |

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscíochta de réir chineál an chustaiméara:

| | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Féichiúnaithe neamhghníomhaireachta | **9,492** | 11,125 | **5,573** | 5,543 |
| Féichiúnaithe eile - gníomhaireachta | **29,313** | 27,285 | **26,718** | 24,960 |
| Nithe infhaighte trádála | **38,805** | 38,410 | **32,291** | 30,503 |

Is ionann féichiúnaí gníomhaireachta agus gníomhaire nó gníomhaireacht fógraíochta, eadhon, duine, comhlacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áirithe thar ceann an fhógróra.

Is leis an bhféichiúnaí is mó atá ag an nGrúpa a bhaineann €3.5 milliún (9%) de luach na suime a thugtar anonn maidir le nithe infhaighte trádála ar an 31 Nollaig 2015 (2014: €4.2 milliún)

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Seo a leanas an ré a bhain le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscíochta:

| | **Grúpa** | | | **RTÉ** | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Glan 2015 €'000** | **Lagú 2015 €'000** | **Glan 2015 €'000** | **Glan 2015 €'000** | **Lagú 2015 €'000** | **Glan 2015 €'000** |
| Níl dlite thar théarma | **19,901** | **(30)** | **19,871** | **16,811** | **-** | **16,811** |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | **18,969** | **(416)** | **18,553** | **15,396** | **(117)** | **15,279** |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | **365** | **(199)** | **166** | **210** | **(80)** | **130** |
| Níos mó ná 120 lá | **883** | **(668)** | **215** | **152** | **(81)** | **71** |
| | **40,118** | **(1,313)** | **38,805** | **32,569** | **(278)** | **32,291** |

| | Grúpa | | | RTÉ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Glan 2015 €'000 | Lagú 2015 €'000 | Glan 2015 €'000 | Glan 2015 €'000 | Lagú 2015 €'000 | Glan 2015 €'000 |
| Níl dlite thar théarma | 18,896 | - | 18,896 | 14,777 | - | 14,777 |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | 19,184 | (523) | 18,661 | 15,057 | (137) | 14,920 |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | 874 | (197) | 677 | 709 | (93) | 616 |
| Níos mó ná 120 lá | 1,568 | (1,392) | 176 | 1,199 | (1,009) | 190 |
| | 40,522 | (2,112) | 38,410 | 31,742 | (1,239) | 30,503 |

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht maidir le soláthar do lagú i ndáil le Nithe Infhaighte Trádála i rith na bliana:

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015 €'000** | 2014 €'000 | **2015 €'000** | 2014 €'000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **2,112** | 2,382 | **1,239** | 1,432 |
| (Scaoilte)/soláthraíodh i rith na bliana | **(646)** | - | **(808)** | 11 |
| Díscríobh ar dhrochfhiacha i rith na bliain | **(153)** | (270) | **(153)** | (204) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **1,313** | 2,112 | **278** | 1,239 |

Ní mheastar go bhfuil aon nochtadh do riosca creidmheasa i ndáil le réamhíocaíochtaí. Is é a bhaineann le hioncam fabhraithe suimeanna infhaighte neamhbhilleáilte ó líon beag custaiméirí. Níor tharla aon chaillteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain chustaiméar ar bith acu sin déanamh de réir dualgais.

### (c) Riosca Leachtachta

Is ionann an riosca leachtachta agus an baol nach mbeidh an Grúpa in acmhainn dualgas airgeadais a shásamh de réir mar a bhíonn dlite. Is é cur chuige atá ag RTÉ i ndáil le bainistíocht ar chúrsaí leachtachta go gcinntítear oiread agus is féidir go mbíonn dóthain leachtachta ann chun dliteanais airgeadais a shásamh nuair a dhlitear sin, faoi ghnáthchúinsí oibre agus faoi chúinsí anáis, gan caillteanas doghlactha a thabhú ná dul i mbaol dochar do dhea-chlú an Ghrúpa.

Leagtar amach sna táblaí a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais, íocaíochtaí úis a ghabhann le hiasachtaí san áireamh chomh maith leis an sreabhadh glan airgid neamhlascainithe is féidir a chur i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh.

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

| 31-Noll-2015 Grúpa | **Suim carraeireachta €'000** | **Sreabhadh airgid chonarthaí €'000** | **Laistigh de 1bl €'000** | **1-2 bl €'000** | **2-5 bl €'000** | **Níos mó ná 5 bliana €'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 50,625 | 53,947 | 4,724 | 6,286 | 42,937 | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 304 | 304 | 154 | 139 | 11 | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 74,308 | 74,308 | 71,677 | 2,631 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 21,664 | 22,173 | 8,099 | 3,403 | 5,785 | 4,886 |
| | **146,901** | **150,732** | **84,654** | **12,459** | **48,733** | **4,886** |

| 31-Noll-14 Grúpa | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 | Níos mó ná 5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 49,375 | 55,773 | 6,105 | 4,787 | 44,881 | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 1,186 | 1,186 | 1,186 | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 68,336 | 68,336 | 65,945 | 2,391 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 26,166 | 26,936 | 8,485 | 4,365 | 7,898 | 6,188 |
| | 145,063 | 152,231 | 81,721 | 11,543 | 52,779 | 6,188 |

**22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)**

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais (gan dliteanais idirchuideachtaí a áireamh):

| 31-Noll-2015<br>RTÉ | **Suim carraeireachta**<br>**€'000** | **Sreabhadh airgid chonarthaí**<br>**€'000** | **Laistigh de 1bl**<br>**€'000** | **1-2 bl**<br>**€'000** | **2-5 bl**<br>**€'000** | **Níos mó ná 5 bliana**<br>**€'000** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 5,625 | 5,762 | 3,868 | 1,894 | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | - | - | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 59,667 | 59,667 | 57,036 | 2,631 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 21,108 | 21,616 | 7,772 | 3,403 | 5,785 | 4,656 |
| | **86,400** | **87,045** | **68,676** | **7,928** | **5,785** | **4,656** |

| 31-Noll-2014<br>RTÉ | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1bl<br>€'000 | 1-2 bl<br>€'000 | 2-5 bl<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 9,375 | 9,798 | 4,030 | 3,872 | 1,896 | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | - | - | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 54,812 | 54,812 | 52,421 | 2,391 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 25,679 | 26,448 | 8,176 | 4,365 | 7,898 | 6,009 |
| | 89,866 | 91,058 | 64,627 | 10,628 | 9,794 | 6,009 |

Mar a nochtadh i nóta 14, tá áis iasachta téarma ag an nGrúpa le Banc na hÉireann agus tá áis iasachta téarma agus áis iasachta tionscadail aige le Barclays Bank PLC. Tá cúnaint iasachta ag an dá shaoráid sin agus má sháraítear iad amach anseo d'fhéadfadh go mbeadh ar an nGrúpa nó ar an gcuideachta na hiasachtaí a aisíoc níos luaithe ná mar a luaitear sna táblaí thuas. Léiríonn na híocaíochtaí úis sna táblaí thuas réamhrátaí úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe agus d'fhéadfadh athrú teacht ar na méideanna sin de réir mar a thagann athrú ar rátaí úis sa mhargadh. Seachas iasachtaí agus íosachtaíochtaí lena mbaineann ús, níltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh airgid a áirítear san anailís aibíochta thuas i bhfad níos luaithe nó ag méideanna mórán difriúla.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí áis rótharraingthe €10 milliún ag RTÉ, nár tarraingíodh, chomh maith le háis iasachta téarma neamhtharraingthe €8 milliún.

(d) Riosca Airgeadra

Is é an Euro airgeadra feidhme eintitis uile an Ghrúpa. Mar gheall ar nádúr ghnéithe áirithe den ghnó, go háirithe Cláir teilifíse cheannaithe agus cearta ón iasacht, bíonn nochtadh ann i gcás RTÉ don toradh ar athruithe i rátaí malartaithe airgeadra eachtrach. Is iad Dollar na Stát Aontaithe agus Sterling na hairgeadraí a dtagann an riosca seo chun cinn i ndáil leo.

Réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach den chuid is mó a úsáideann an Grúpa chun fálúchán eacnamaíochta a dhéanamh ar an riosca airgeadra. Déantar athrú ar luach cóir réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach a lua sa ráiteas ioncaim. An 31 Nollaig 2015 b'ionann luach cóir na sócmhainne díorthaí gaolmhaire agus €75,000 (2014: sócmhainn €1,113,000)

Déanann an Grúpa agus RTÉ ar a laghad 60% dá nochtadh airgeadra eachtrach buiséadaithe a fhálú i ndáil le Cláir teilifíse cheannaithe agus cearta ó thar lear.

Ní raibh aon sócmhainní ábhartha ag an nGrúpa ná ag an gCuideachta ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an 31 Nollaig 2015 ná 2014.

Ní raibh aon dliteanais airgeadais ag RTÉ ainmnithe in airgeadra eachtrach ach amháin iad sin a leagtar amach sna táblaí seo a leanas.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Grúpa | | |
| Euro | **4,318** | 4,307 |
| GBP | **341** | 105 |
| USD | **53** | 12 |
| Eile | **32** | 28 |
| | **4,744** | 4,452 |

Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra

| | **2015** | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| RTÉ | | |
| Euro | **3,637** | 3,197 |
| GBP | **53** | 79 |
| USD | **50** | 12 |
| Eile | **32** | 28 |
| | **3,772** | 3,316 |

Bhí na rátaí malartaithe suntasacha seo i bhfeidhm i rith na bliana:

| | Meánráta | | Spot-ráta an Dáta Tuairiscíochta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **Euro** | Euro | **Euro** | Euro |
| USD 1 | **1.1095** | 1.3285 | **1.0887** | 1.2141 |
| GBP 1 | **0.7258** | 0.8061 | **0.73395** | 0.7789 |

Nuair a bhíonn rioscaí airgeadra á mbainistiú, féachann an Grúpa leis an tionchar ó athruithe gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a mhaolú. Baineann an Grúpa úsáid as conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtrach chun an luaineacht a eascraíonn as an nochtadh seo d'airgeadra eachtrach a laghdú. Mar thoradh air sin, maolaíonn an Grúpa an riosca suntasach ó ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraigh.

Grúpa

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €47,373 (31 Nollaig 2014 €16,091) ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2015.

RTÉ

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €15,018 (31 Nollaig 2014 €12,307) ar Ráiteas Ioncaim RTÉ ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2015.

### (e) Riosca Ráta Úis

Ar an 31 Nollaig 2015 bhí iasachtaí iomlána €50.63 milliún ag an nGrúpa (2014: €49.38 milliún)

Ar an 28 Bealtaine 2012, cheangail RTÉ comhaontú maidir le háis iasachta téarma amúchta 5 bliana le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún chun críocha caipitil oibre. Bhí an iasacht téarma tarraingthe anuas go hiomlán an 31 Iúil 2012. Is iasacht tionscadail ar ráta athraitheach an fiachas a thiocfaidh in aibíocht sa bhliain 2017.

An 18 Meitheamh 2014, d'athmhaoinigh 2rn a áis iasachta tionscadail le Barclay's go dtí €40 milliún, chomh maith le háis iasachta téarma bhreise €13 milliún. Chuathas i mbun babhtáil ráta úis i rith 2015, maidir leis an áis iasachta do thionscadal €40 milliún, go dtí go dtiocfaidh an áis in aibíocht i Meitheamh 2019. Ainmníodh an ionstraim airgeadais díorthaigh seo mar fhálú maidir le sreabhadh airgid; mar thoraidh air sin bheadh éifeacht chothrom agus chontrártha ar an ráiteas ioncaim ag aon athruithe ar an ráta úis i ndáil leis an malartú ráta úis agus leis an bhfiachas don tréimhse.

D'fhágfadh gluaiseacht 1% sa ráta úis tionchar chun sochair nó chun dochair ar an gcothromas ab ionann is €0.4 milliún agus €0.3 milliún ar an Ráiteas Ioncaim.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Ar an dáta tuairiscíochta, bhí próifíl rátaí úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ mar seo a leanas:

| Grúpa | Suim carraeireachta 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Ráta Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **16,050** | 19,545 |
| **Ionstraimí Ráta Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **9,653** | 5,143 |

| RTÉ | Suim carraeireachta 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ionstraimí Ráta Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **15,555** | 19,052 |
| **Ionstraimí Ráta Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **7,191** | 1,862 |

D'fhágfadh gluaiseacht 1% maidir leis an ráta úis ar na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ toradh chun sochair nó chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim ab ionann is € 0.3 milliún (glan ar cháin).

### (f) Luachanna Córa

Taispeántar sa tábla seo a leanas luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, maille lena leibhéal san ordchóras maidir le luach cóir. Ní luaitear eolas maidir le luach cóir sócmhainní airgeadais ná dliteanas airgeadais nach ndéantar a mheas ar an luach cóir sa chás gur neastachán réasúnta ina leith sin an luach coinneála.

| An Grúpa [a] | Suim Carraeireachta 2015 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2015 €'milliún | Suim Carraeireachta 2014 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2014 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.1** | **0.1** | 1.1 | 1.1 |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Babhtáil rátaí úis | **(0.3)** | **(0.3)** | (1.2) | (1.2) |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **-** | **-** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas úsmhara | **50.6** | **53.0** | 49.4 | 49.8 |

| RTÉ [a] | Suim Carraeireachta 2015 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2015 €'milliún | Suim Carraeireachta 2014 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2014 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.1** | **0.1** | 1.1 | 1.1 |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **-** | **-** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas úsmhara | **5.6** | **5.7** | 9.4 | 9.8 |

[a] Ní dhearna an grúpa ná RTÉ luach cóir a nochtadh i ndáil le hionstraimí airgeadais de leithéid suimeanna trádála infhála agus iníoctha ná sochair fhostaithe, ó tharla gur neastachán réasúnta ar an luach cóir an luach coinneála ina leith a fhoilsítear ar leathanach 132.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht i ndáil le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Bhí an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh bunaithe ar an ordlathas luachála cothroime. Rinneadh an luach cóir ar réamhchonarthaí i malartú eachtrach agus ar an mbabhtáil ráta úis a ríomh de réir an mhodh luachála seo a leanas:

Leibhéal 2: iochuir, seachas na praghsanna gan choigeartú a luaitear ar mhargaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais den chineál céanna, is féidir a bhreathnú maidir leis an tsócmhainn nó an dliteanas, más go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthú ó phraghsanna).

Níor tháinig aon athrú i rith na tréimhse tuairiscíochta seo ná an tréimhse roimhe seo ar an modh luachála maidir le Leibhéal 2 ná ar na hionstraimí a ndéantar luacháil orthu leis an modh oibre seo. Níor tharla aon aistriú idir leibhéil san ordlathas luach cóir.

Léiríonn na táblaí seo a leanas na teicnící luachála a úsáideadh chun luachanna córa Leibhéal 2 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir suntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

**Ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir**

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite | Idirchaidreamh idir ionchuir suntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ar luach cóir |
|---|---|---|---|
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | Bunaítear luachanna córa ar mheastacháin do chonarthaí comhchosúla arna dtrádáil i margadh gníomhach. | Níl infheidhme | Níl infheidhme |

**Ionstraimí airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir**

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | Sreabhadh airgid lascainithe bunaithe ar rátaí úis luaite le hiasachtaithe. | Níl infheidhme |

(g) Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Leagtar amach thíos an sreabhadh airgid de réir conarthaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais díorthaigh:

| 31-Noll-2015 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa | | | | | |
| **Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh** | | | | | |
| Babhtáil rátaí úis | (304) | (304) | (154) | (139) | (11) |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 75 | 75 | 75 | - | - |

| 31-Noll-2015 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| RTÉ | | | | | |
| **Sócmhainní Díorthaigh** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 75 | 75 | 75 | - | - |

| 31-Noll-2014 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa | | | | | |
| **Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh** | | | | | |
| Babhtáil rátaí úis | (1,186) | (1,186) | (1,186) | - | - |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 1,113 | 1,113 | 1,113 | - | - |
| | (73) | (73) | (73) | - | - |

| 31-Noll-2014 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| RTÉ | | | | | |
| **Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 1,113 | 1,113 | 1,113 | - | - |

Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag eascairt as athrú ar luach cóir réamhchonarthaí i malairt eachtrach a lua go díreach sa Ráiteas Ioncaim.

Ar an 31 Nollaig 2015 bhí iasachtaí iomlána €50.63 milliún ag an nGrúpa (2014: €49.38 milliún). Rinne an Grúpa babhtáil ar ráta úis arb ionann é is €40 milliún d'fhonn ráta seasta a dhéanamh den ráta athraitheach ar iasachtaí 2014 go dtí tráth na haibíochta. Ar thionscnamh an fhálúcháin, rinne an Grúpa an ceangal fálúcháin a lua go foirmeálta agus dá thoradh sin, déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais díorthaigh a lua go díreach sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach.

## 23. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais

### (a) Ceangaltais Chaipitil

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **810** | - | **543** | - |
| Údaraithe ach gan conradh socraithe ina leith | **155** | - | **155** | - |
| | **965** | - | **698** | - |

### (b) Ceangaltais maidir le Ceannachán Clár/Ceart

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | 2014 | **2015** | 2014 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **92,681** | 107,800 | **92,681** | 107,800 |

### (c) Dliteanais Theagmhasacha

De bharr nádúr a oibríochtaí, tá an Grúpa ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe a d'eascair i rith gnáthchúrsaí gnó. Cé nach féidir a thomhas go cruinn an dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na himeachtaí éagsúla, tá an Bord sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta don toradh is dócha a bheidh ar na himeachtaí sin.

### (d) Barántais

An 31 Nollaig 2015 cheangail RTÉ le háis barántais dar luach €7.5 milliún a rachaidh in éag ar an 30 Eanáir 2018.

### (e) Seirbhísí Teilifíse Digití i dTuaisceart Éireann

Tá comhfhiontar nasctha ag RTÉ le TG4 maidir le seirbhísí teilifíse digiteacha a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann agus tá dliteanas cistíochta ar RTÉ faoin gcomhaontú sin a thiocfaidh in éag i mí Deireadh Fómhair 2024. B'ionann an gealltanas a bhí fós ann amhail an 31 Nollaig 2015 agus €5.6 milliún.

## 24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

### (a) Idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh mar Chorparáid Craolacháin Seirbhíse Poiblí faoin *Acht Craolacháin 2009*. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ. Meastar go dtagann an grúpa faoi rialú an Rialtais agus áirítear dá bhrí sin an Rialtas mar pháirtí gaolmhar de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin sna caighdeáin chuntasaíochta. Tá an cás eisceachta sin faoi IAS 24 *Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* trína mbíonn díolúine i ndáil leis na coinníollacha faoi nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara curtha i bhfeidhm ag an ngrúpa maidir leis an Rialtas agus eintitis a bhaineann leis an Rialtas murar díol suntais aon idirbheart amháin as féin nó murar díol suntais idirbhearta éagsúla ar a dtabhairt le chéile.

I mbun an ghnáthghnó dó bhí an grúpa páirteach in idirbhearta leis an Rialtas, agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, i ndáil le seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile den chineál céanna a chur ar fáil, chomh maith le ceannachán agus díolachán ar earraí agus ar sheirbhísí le ranna Rialtais agus eintitis atá faoi rialú Rialtas na hÉireann. Is é An Post a bhailíonn an táille ceadúnais teilifíse thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

B'ionann, ar an 31 Nollaig 2015, an t-iomlán a bhí iníoctha le gnóthais fhochuideachtaí de chuid RTÉ agus €165.0 milliún (2014: €139.0 milliún).

## 24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

(b) Idirbhearta le daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta[1]

Chun críche na gcoinníollacha maidir le nochtadh a thagann faoi IAS *24 Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* is iad a thagann faoi scáth an téarma "daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta" (i.e. na daoine sin a dtugtar údarás dóibh agus a leagtar freagracht orthu i ndáil le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar bheartaíocht na cuideachta) comhaltaí Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Feidhmeannas RTÉ agus na feidhmeanna corparáide a thuairiscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. €3.6 milliún an tsuim iomlán i gcúiteamh a híocadh le pearsanra bainistíochta in 2015 (2014: €3.6 milliún). Bhí an tsuim sin comhdhéanta de thuarastail agus de shochair ghearrtéarmacha d'fhostaithe de €3.1 milliún (2014: €3.1 milliún) agus sochair pinsin iar-fhostaíochta de €0.5 milliún (2014: €0.5 milliún).

B'ionann luach ceannacháin RTÉ ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2015 agus €1.2 milliún (2014: €3.6 milliún) agus ba i ndáil le cláir choimisiúnaithe den chuid is mó an caiteachas sin. B'ionann luach díolacháin RTÉ le cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2015 agus €0.1 milliún (2014: €0.4 milliún). B'ionann luach dliteanais faoi réir conartha ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2015 agus €0.6 milliún (2014: €2.2 milliún). Ní raibh aon suim ábhartha ag seasamh amach ag deireadh ceachtar den dá bhliain.

B'ionann luach na ranníocaíochtaí cláir a d'íoc RTÉ le comhaltaí Boird, le daoine eile a bhfuil mórthábhacht leo ar an lucht bainistíochta agus le daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu leo i rith na bliana 2015 agus €9,515 (2014: €2,235).

*Téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart le páirtithe gaolmhara*

Is ar na téarmaí céanna atá i réim maidir le hidirbhearta neamhthuilleamaíocha a dhéantar an díolachán agus an ceannachán le páirtithe gaolmhara.

[1] Tugtar san áireamh le páirtithe gaolmhara daoine den lucht bainistíochta mórthábhachta, a gcuid gaolta gairide agus eintitis sheachtracha atá faoina smacht.

## 25. Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

Ní raibh tionchar ag aon imeachtaí suntasacha ar ráitis airgeadais an Ghrúpa ó dheireadh na bliana.

## 26. Ceadú an Bhoird

Cheadaigh Bord RTÉ na ráitis airgeadais atá ó leathanach 96 go dtí leathanach 140 maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2015 ar an 21 Aibreán 2016.

# Aguisín - Beartais Chuntasaíochta

**1. Bunús na cuntasaíochta**

Leagtar amach thíos liosta iomlán ár mbeartas cuntasaíochta. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad i ndáil le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ ach amháin i gcás na gcaighdeán nua agus na leasuithe ar na caighdeáin arna leagan amach thíos.

(a) Eintiteas tuairiscíochta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2015 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an 'Grúpa').

(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá ráiteas máthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar ráiteas ioncam grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

(c) Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I Euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar dóibh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

(d) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh

Bhí roinnt ceanglas nua i bhfeidhm don chéad uair le linn 2015. Tá na caighdeáin ábhartha leagtha amach go mionsonrach thíos. Feabhsúcháin bhliantúla ar an timthriall IFRSanna 2011-2013. Mar seo a leanas na topaicí a chlúdaítear sna hathchóirithe seo: IFRS 1 *Glacadh den chéad uair le IFRS*: an bhrí atá le 'IFRSanna infheidhme'. IFRS 3, *Cónasc Gnó:* eisceachtaí raon feidhme maidir le comhfhiontair. Eisítear faoin leasú seo bunú gach cineál comhshocraithe óna raon feidhme agus soiléirítear gurb ionann an t-eisiamh raon feidhme agus cuntas a dhéanamh do bhunú comhshocraithe i ráitis airgeadais an chomhshocraithe sin. IFRS 13, *Tomhas ar Luach Cóir:* suimeanna infhála agus iníoctha go gearrthéarmach agus raon feidhme alt 52 (eisceacht maidir le punann). Dearbhaítear faoin leasú seo go n-áirítear le raon feidhme an eisiaimh maidir le luach cóir ghrúpa sócmhainní agus dliteanas airgeadais a thomhas ar bhonn glan (an 'eisceacht maidir le punann') gach conradh faoi raon feidhme agus dá ndéantar cuntas de réir IAS 39 nó IFRS 9, beag beann ar cibé an gcomhlíonann siad sainmhínithe sócmhainní nó dliteanais airgeadais mar a shainmhínítear iad in IAS 32. IAS 40 *Maoin Infheistíochta*: soiléiriú ar an ngaol idir IFRS 3 agus IAS 40 nuair atá maoin á rangú mar mhaoin infheistíochta nó mar mhaoin úinéir-áitithe. Dearbhaítear leis an leasú nach mór d'eintiteas a fhaigheann maoin infheistíochta a chinneadh cibé an gcomhlíonann an éadáil an sainmhíniú ar chónasc gnó agus maoin infheistíochta. Ní raibh tionchar ábhartha ar an nGrúpa ag na hathruithe ar na beartais chuntasaíochta a eascraíonn as na ceanglais nua sin.

(e) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós

Tá roinnt leasuithe arna moladh ag an AE ar chaighdeáin agus ar léirmhíniúcháin a bhfuil feidhm leo maidir le tréimhsí bliantúla dar tús tráth is deireanaí ná an 1 Feabhra 2015, agus cead glacadh leo níos luaithe. Níor cuireadh iad sin i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite seo á n-ullmhú. Áirítear othru sin:
Leasú ar IAS 19: *Pleananna Sochair Shainithe; Ranníocaíochtaí Fostaithe:* Baineann na leasuithe cúnga raon feidhme seo le ranníocaíochtaí ó fhostaithe nó tríú páirtithe le pleananna sochair. An cuspóir atá leo ná an chuntasaíocht a shimpliú maidir le ranníocaíochtaí atá neamhspleách ón líon blianta seirbhíse atá ag fostaithe.

IFRS 11: *Cuntasaíocht maidir le héadálacha leasanna i gComhoibríochtaí.* Faoin leasú seo, ceanglaítear ar an té a fhaigheann leas i gcomhoibríocht inar ghnó an ghníomhaíocht, mar a shainmhínítear in IFRS 3 *Cónasc Gnó,* gach prionsabal maidir le cuntasaíocht chónasc gnó in IFRS 3 agus in IFRSanna eile a chur i bhfeidhm. IAS 16 *Maoin, Innealra agus Trealamh* agus IAS 38 *Sócmhainní Doláimsithe:* Soiléiriú maidir le modhanna inghlactha dímheasa agus amúchta. Bunaítear faoi IAS 16 agus faoi IAS 38 an prionsabal don bhunús dímheasa agus amúchta mar an patrún ionchais lena n-ídeofar sochair eacnamaíochta sócmhainne sa todhchaí. Is é cuspóir na leasuithe a chinntiú nach n-úsáidfidh ullmhaitheoirí modhanna ioncam-bhunaithe chun muirir a ríomh maidir le dímheas ná amúchadh míreanna maoine, innealra agus trealaimh, ná sócmhainní doláimhsithe. IAS 16 *Maoin, Innealra agus Trealamh* agus IAS 41 *Talmhaíocht:* Plandaí iompróra. Ceanglaítear faoi IAS 41 faoi láthair go ndéantar gach planda bitheolaíoch a bhaineann le gníomhaíocht talmhaíochta a thomas ag luach cóir lúide costais díolacháin. IAS 27 *Ráitis airgeadais ar leithligh:* Modh an Chothromais i Ráitis Airgeadais ar Leithligh. Ceadaítear faoi na leasuithe ar IAS 27 modh an chothromais a úsáid i ráitis airgeadais ar leithligh, agus baineann siad leis an gcuntasaíocht ar fhochuideachtaí, comhfhionair agus comhlacha. Nuair a ullmhaíonn eintiteas ráitis airgeadais ar leithligh, déanfaidh sé cuntasaíocht anois d'fhochuideachtaí do chomhfhiontair agus do chomhlacha trí cheann de na trí mhodh seo a úsáid (i) Costas; (ii) de réir IFRS 9 / IAS 39; nó (iii) modh an chothromais a úsáid mar a leagtar amach in IAS 28. IAS 1 *Ráitis Airgeadais a chur i láthair:* An

Tionscnamh um Nochtadh. Rinneadh na leasuithe cúnga raon feidhme seo a leanas ar IAS 1 faoin Tionscnamh um Nochtadh: Ábharthacht agus Comhshuimiú: tugann soiléiriú nár cheart d'eintiteas faisnéis úsáideach a dhéanamh doiléir trí fhaisnéis a chomhbhailiú nó a dhí-chomhbhailiú. An ráiteas ar staid airgeadais, an ráiteas brabúis nó caillteanais, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile: tugann soiléiriú gur féidir na míreanna líne a shainmhínítear in IAS 1 do na ráitis sin a chomhbhailiú nó a dhí-chomhbhailiú de réir mar is cuí. Feabhsúcháin bhliantúla ar an Timthriall IFRSanna 2010-2012. Is iad na hábhair a thagann i gceist leis an leasúchán sin IFRS 2 *Íocaíocht bunaithe ar Scaireanna:* sainmhíniú ar choinníoll dílsithe. IFRS 3 *Cónaisc Ghnó:* cuntasaíocht a dhéanamh do chomaoin theagmhasach gcónasc gnó. IFRS 8 *Deighleoga Oibríochta:* (i) comhiomlánú ar dheighleoga oibríochta agus (ii) comhréiteach iomlán shócmhainní intuairiscithe na ndeighleog le sócmhainní an eintitis. IFRS 13 *Tomhas ar Luach Cóir*: nithe infhaighte agus iníoctha gearrthéarmacha. IAS 16 *Maoin, Innealra agus Trealamh:* modh athluachála – athlua comhréireach ar dhímheas carntha. IAS 24 *Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara:* seirbhísí phearsanra bainistíochta mórthábhachtacha. IAS 38 *Sócmhainní Doláimhsithe:* modh athluachála; athlua comhréireach maidir le hamúchadh carntha. Feabhsúcháin bhliantúla ar an Timthriall IFRSanna 2012-2014 Is iad na topaicí a chlúdaítear sna hathchóirithe seo IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreatha i Seilbh le Díol agus Oibríochtaí Scortha:* Athruithe ar mhodhanna diúscartha. IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais:* Nochtuithe (le leasuithe dá mbarr ar IFRS 1): Tugann treoir bhreise chun soiléiriú a thabhairt maidir le cibé an mbeidh baint i gcónaí ag conradh seirbhísithe le sócmhainn aistrithe chun críocha na nochtuithe atá de dhíth a chinneadh. IAS 19 *Sochair d'Fhostaithe*. Tugann soiléiriú gur cheart na bannaí corparáide ardchaighdeáin a úsáidtear chun an ráta lascaine do shochair iarfhostaithe a mheas a ainmniú san airgeadra céanna leis na sochair atá le híoc. IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach:* Tugann soiléiriú ar an mbrí le 'áit éigin eile sa tuarascáil eatramhach' agus éilíonn crostagairt. Níor cinneadh fós méid an tionchair a bhí ag na caighdeáin sin ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa.

**2. Aitheantas ioncaim**

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

A mhéid a mheastar is féidir ioncam a inaisghabháil, go mbíonn faoi réir tomhais iontaofa, gur dócha go dtiocfaidh sochair eacnamaíochta chuig an nGrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta go dtí an ceannaitheoir a aithnítear ioncam.

(a) Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón táille ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCENR, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Tá an t-ioncam seo faoi réir ag teorainn ó 2011 agus íocann an DSP leis an DCENR é gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2012* íocann an DCENR "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin, tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta agus suimeanna eile a íoctar le TG4 arna chinneadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Ceadúnais atá iníoctha ag an DSP. Ar fhógra ó An Post a aithnítear gach ioncam eile ón Táille Ceadúnais.

(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(d) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

(e) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

**3. Tuairiscíocht Rannóige**

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán IFRS 8 *Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach sna sceidil 2(d) agus 2(f). Is iad na rannóga IBD, na rannóga gnó, na príomhrannóga tuairiscíochta ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

Tuairiscítear ioncam tráchtála faoin IBD ina bhfaightear é, sna sceidil atá leagtha amach ag 2(d). Ach amháin i gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach IBD den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh. I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, bíonn na costais go léir clúdaithe ag an ioncam ón táille ceadúnais a luaitear.

Déantar costais arna dtabhú ag IBD agus ar son IBD a lua taobh istigh den IBD sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na IBDanna sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláir teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil.

Déantar na costais sin a ghearradh ar IBD Teilifís, Raidió agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD ag nóta 2(f), tar éis dhíchur sócmhainní agus dliteanais idir-chuideachta agus aon bhrabús idir-chuideachta a leanann as aistrithe inmheánacha.

**4. Fardail clár**

Déantar fardail clár a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláir a dhéanann RTÉ in-tí nó cláir a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc clár in-tí costais dhíreacha clár lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc clár coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gclár dúchasach go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail clár faighte agus cláir agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal clár faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail clár faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláir: | 75% ar an gcéad tarchur, |
| | 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur, |
| | 1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

**5. Idirbhearta in airgeadra eachtrach**

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscíochta go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó caillteanas malartaithe sa Ráiteas Ioncaim.

**6. Maoin, innealra agus trealamh**

(a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chaillteanas lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadáil. Áirítear ar chostas sócmhainne féin-tógtha costais ábhair agus saothair dhírigh agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeadh siad a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá riachtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na rannóige ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaofa áirítear costais dá éis sin i suim charraeireachta sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

(b) Dímheas

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Foirgnimh | 2.5% | - | 25% |
| Innealra & trealamh | 7.5% | - | 20% |
| Fearais & feistis | 10% | - | 25% |

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímheas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de rannóg maoine, innealra nó trealaimh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoine, innealra nó trealaimh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímheastar iad dá réir.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú sócmhainní* déantar suim charraeireachta foirgneamh, innealra agus trealaimh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

(d) Costais iasachta

Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas i ndáil le cistí a fháil ar iasacht.

**7. Sócmhainní doláimhsithe**

(a) Aitheantas agus tomhas

A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur

féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaofa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhisiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhraithe agus aon chaillteanais lagaithe fabhraithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

(b) Amúchadh
Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, a amúchadh go dtí an ráiteas ioncaim ar bhonn na líne dírí thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíocha úsáideacha.

(c) Lagú
De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim charraeireachta shócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú de chineál ar bith mar sin ann ansin déantar suim inaisghabhála na sócmhainne a mheas.

**8. Ionstraimí airgeadais**
(a) Ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh
Tá ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

*Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí*
Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina ráiteas ar staid airgeadais, lúide caillteanais lagaithe.

*Suimeanna infhaighte trádála agus eile*
Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bhunaigh lúide aon lagú i ndáil le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibiachtúil ann i ndiaidh na céad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

*Infheistíochtaí leachtacha*
Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí sócmhainne reatha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta an chláir chomhardaithe. Ó tharla aibíocht na n-infheistíochtaí seo lasmuigh den am lena rangú mar airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhadh Airgid,* caitear le hiarmhéideanna gaolmhara amhail is gur sócmhainní airgeadais iad agus tugtar iad ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

*Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*
Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangaítear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

*Fiachais agus Iasachtaí*
Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leasa as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

*Suimeanna iníoctha trádála agus eile*
Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh
Tá an Grúpa nochtaithe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaithe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun bhabhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonarthaí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú i ndáil le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conarthaí díorthaigh amhantracha.

Trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leasa as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscíochta. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain ná caillteanais a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas Ioncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

*Fáluithe Sreabhaidh Airgid*
Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaithe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chaillteanais nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go dtí díreach sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó caillteanais láithreach sa Ráiteas Ioncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaithe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaithe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fhálaithe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fhálaithe.

**9. Sochair fhostaithe**

(a) Oibleagáidí sochair scoir

Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe shainithe agus ranníoca shainithe léi) agus scéimeanna ranníoca sainithe eile ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithe.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochtaí sainithe Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ, fabhraítear ranníocaíochtaí agus aithnítear iad sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse a saothraíonn na fostaithe cuí iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe aoisliúntais maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanais na scéime ó mheasúnú achtúireachta, á ríomh ag baint leasa as an modh creidmheasa aonaid teilgthe, mar shóchmhainn/dliteanas sa ráiteas ar staid airgeadais, glan ar cháin iarchurtha (a mhéid is féidir é a inaisghabháil). An tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ná costas achtúireachta na sochar pinsean a ghealltar d'fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dliteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar atomhais ar an dliteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa ráiteas ioncaim.

(b) Sochair Foirceanta

Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d'iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaofa.

(c) Sochair ghearrthéarmacha

Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair fostaithe agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

**10. Cáin ioncaim**

(a) Aitheantas

Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le rannóga a aithnítear go díreach i gcothromas agus sa chás sin a aithnítear i gcothromas.

(b) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníoctha ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leasa as na rátaí cánach achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscíochta, agus aon leasú ar cháin iníoctha i ndáil le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlite ar ioncam inchánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadúnais an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

(c) Cáin Iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dliteanais a iompraítear do chríocha tuairiscíochta airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach. Níl sócmhainní ná dliteanais cánach iarchurtha faoi réir lascainiú agus déantar iad a thomhais ag rátaí cánach a mheastar a bhainfidh leis an tréimhse a bhfíoraítear an tsócmhainn nó a socraítear an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta deireadh na bliana.

Aithnítear dliteanais chánach ar mhaithe le gach difríocht sealadach cánach seachas chéad aithint sócmhainne nó dliteanais in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas inchánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabúis inchánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn cánach. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscíochta agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfear an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna inchánaithe.

**11. Ioncam agus costais airgeadais**

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, díscaoileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

**12. Ioncam díbhinne**

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

## An Chomhairle Lucht Féachana

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009*. Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an luacht féachana agus éisteachta.

Roghnaíonn comhaltaí Bhord RTÉ comhaltaí na Comhairle agus ceanglais an *Achta Craolacháin 2009* á gcur san áireamh. Ceapann Bord RTÉ duine de chomhaltaí an Bhoird mar chomhalta ex officio ar an gComhairle. Déanann na comhaltaí fónamh ar bhonn saorálach, ach is féidir leo na speansais sin as póca a d'fhéadfaidís le réasún a thabhú i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna, a fháil ar ais.

Tháinig deireadh le téarma oifige chomhaltaí Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta ar an 31 Nollaig 2014. I mí na Bealtaine 2015, thug RTÉ cuireadh don phobal iarratais spéise a chur isteach maidir le bheith mar chuid de Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta. Fógraíodh an cuireadh sin ar láithreán gréasáin RTÉ agus ar chainéil raidió RTÉ ar feadh trí seachtaine.  Tháinig roinnt ainmniúchán breise go díreach ó chomhaltaí Bhord RTÉ.

Cuireadh gearrliosta le chéile agus tugadh cuireadh do roinnt daoine teacht go RTÉ chun plé a dhéanamh ar a dtuairimí agus ar dhearcthaí an Bhoird maidir leis an tslí ar cheart don Chomhairle dul chun cinn. Roghnaigh an Bord 15 dhuine ansin (an Cathaoirleach san áireamh), daoine lenar bhain raon leathan ábhar spéise agus cúlraí. Cuireadh líon beag daoine eile ar ghearrliosta sa chás go mbeadh comhaltaí de dhíth amach anseo.

Tionóladh trí chruinniú de Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta i rith na bliana 2015, ar a n-áirítear cruinniú i gcomhar le Bord RTÉ mar a bhforáiltear dó faoin Acht. Is í Margaret E. Ward, comhalta de Bhord RTÉ, Cathaoirleach Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta agus le comhaltaí na Comhairle, chomh maith le cuntas achoimre ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana ar fáil ar http://www.rte.ie/about/ie/how-rte-is-run/2012/0330/315638-comhairle-lucht-feachana-agus-esteachta/

## Ráiteas Bliantúil RTÉ ar Ghealltanais Feidhmíochta 2015 (ASPC 2015)

### Réamhrá

Faoi fhorálacha an *Achta Craolacháin 2009*, ní mór do RTÉ trí cheanglas tuairiscíochta nua a shásamh: ráiteas straitéise a ullmhú (alt 99); ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú (alt 101), tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí; agus ráiteas bliantúil faoi ghealltanais feidhmíochta a ullmhú gach bliain (alt 102). I gcomhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta, cuireadh Ráiteas Straitéise RTÉ agus Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ, an dara ráiteas den chineál sin faoin Acht, faoi bhráid an Aire i rith na bliana 2015 agus foilsíodh iad ar RTÉ.ie.

Faoi réir Alt 102(3) an Achta, cuireadh Ráiteas Bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta 2015 (ASPC) faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Feabhra 2015. Foilsíodh leagan de ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie

Cuirtear an achoimre seo ar an bhfeidhmíocht i láthair i gcomhlíonadh alt 102(5) den Acht agus ag teacht le halt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid an BAI agus an Aire ar an 31 Márta 2016.

## Gealltanais feidhmíochta 2015 maille le slata tomhais (bliain 3)

### AN LUCHT FÉACHANA AGUS ÉISTEACHTA – SCIAR AGUS TIONCHAR

**1. Cuirfidh RTÉ réimse cuimsitheach seirbhísí meán cumarsáide ar fáil a dhéanfaidh freastal ar speictream aoisghrúpaí den lucht éisteachta agus féachana agus a shásóidh riachtanais éagsúla**

| Beart Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ One: Sceideal níos nua-aimseartha ionas gur mó an tarraingt ann do lucht féachana teaghlaigh agus do dhaoine 35-54 bliain d'aois* | An buaic TVR i measc daoine 35-54 a choinneáil seasta ag >7.5 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine aonair a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil seasta >65% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Tabhair ar aird: Is tagairt na spriocanna ar fad maidir le RTÉ One do shonraí maidir le RTÉ One agus RTÉ One +1 le chéile* | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna a choinneáil seasta ag >25% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ2: Cothromaíocht a thabhairt i gcrích sa sceideal ionas go ndírítear ar dhaoine óga in Éirinn* | An buaic TVR i measc daoine 35-54 a choinneáil seasta ag >2.1 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine aonair a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil seasta >48% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine fásta 15-34 a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna a choinneáil seasta ag >8.5% | Rinneadh maith den ghealltanas |

| Beart Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉjr: Freastal do riachtanais leanaí óga trí sceideal den iléagsúlacht* | Cur leis an sciar de na daoine 4-7 a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >17% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an sciar de na daoine a mbíonn aird acu air ceithre phointe faoi bhun na sprice ag 13% i gcomparáid le 14% in 2013 agus 15% in 2014. Is iomaíocht mhór agus dúshlán mór do chainéal teilifíse líneach iad na roghanna ilmheáin do leanaí atá éirí níos fairsinge i gcónaí. |
| *RTÉ Radio 1: Méadú ar an lucht éisteachta 35-54 bliain d'aois trí athrú a dhéanamh ar an tuin agus an meascán seánraí* | Cur leis an % de na daoine 35-54 'a d'éist inné' go mbíonn >23% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Cur leis an sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >37% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 a ardú go dtí 22% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ 2fm: Méadú ar an lucht éisteachta trí ábhar a bhaineann leis an lucht éisteachta 20-44 bliain d'aois a chruthú* | Cur leis an % de na daoine 20-54 'a d'éist inné' go mbíonn >15% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Cur leis an sciar de na daoine fásta go léir 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >23% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Níor tháining aon athrú ar an gcéatadán de na daoine a mbíonn aird acu air in 2014 (22%) ach tháinig ardú go dtí díreach os cionn 800,000 ar an líon daoine a d'éist. Tá athrú ollmhór curtha ar 2fm le dhá bhliain anuas agus tá athrú ar phróifíl aoise an stáisiúin mar thoradh air sin. Tá an sceideal nua i rith an lae, a tugadh chun críche i Meán Fómhair 2015, leagtha amach chun an tóir a bhíonn ag daoine óga ar 2fm a bhrú chun cinn. |
| | Cur leis an sciar den lucht éisteachta 20-44 a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 go mbíonn ag 11% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ lyric fm: Lucht éisteachta níos forleithne agus níos iléagsúla a chothú trí fhreastal ar lucht éisteachta faoi 50 bliain d'aois* | Cur leis an % de na daoine 35-54 'a d'éist inné' go mbíonn >4% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil >8% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 a choinneáil >1.9% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ Raidió na Gaeltachta Méadú ar an lucht éisteachta trí fhreastal do lucht éisteachta nua taobh amuigh den Ghaeltacht agus thar lear* | Cur leis an % de na daoine 35-54 'a d'éist inné' go mbíonn >1% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil >3% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ.ie: Ábhar ardchaighdeáin de chuid RTÉ a chur ar fáil do dhaoine in Éirinn agus thar lear* | Cur le meánsciar seachtainiúil RTÉ.ie go mbíonn >33% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an sciar den phobal ar tarraingíodh a n-aird i rith na seachtaine, 27%, sé phointe faoi bhun na sprice. Bhí fás leanúnach tuartha ag RTÉ.ie ar leibhéil 2013 (22%) agus 2014 (30%). Tá na príomhréimsí laige, chomh maith le tnútháin níos airde an lucht féachana agus éisteachta, léirithe ag taighde ar RTÉ.ie. Mar thoradh air sin, ceapadh Ceann RTÉ.ie i bhfómhar 2015 chun straitéis dírithe ar an tseirbhís a athbheochan a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le linn 2016. |

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ Player: A bheith chun tosaigh ar gach seirbhís teilifíse ar a éileamh in Éirinn* | Cur le meánsciar seachtainiúil sheinnteoir RTÉ Player go mbíonn >30% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an sciar den phobal ar tarraingíodh a n-aird i rith na seachtaine, 24%, sé phointe faoi bhun na sprice. Bhí fás leanúnach tuartha ag RTÉ.ie ar leibhéil 2013 (17%) agus 2014 (29%). Tá níos mó agus níos mó úsáide á baint as seirbhísí athuaire teilifíse, agus tá iomaíocht níos mó agus tnútháin níos airde ag an lucht féachana dá mbarr. Cuirfidh RTÉ leis an bhfáil atá ar an Seinnteoir RTÉ Player i rith 2016 agus tá athdhearadh á dhéanamh ar an tseirbhís ionas go bhfreastalaítear níos fearr do riachtanais an lucht féachana. |
| *RTÉ News Now (RNN): An t-aon seirbhís nuachta ilmheán in Éirinn a thabhairt chun cinn ionas go bhfreastalaítear do riachtanais an lucht féachana* | Cur leis an sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >19% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an sciar den phobal ar tarraingíodh a n-aird i rith na seachtaine, 17%, dhá phointe faoi bhun na sprice. Bunaíodh an sprioc fáis seo ar fháil níos fearr a bheith ag an lucht féachana ar an gcainéal. Seoladh RNN ó shin ar ardán SKY i mí Eanáir 2016. |
| | Cur le líon na mbrabhsálaithe aonair, ó láithreán nuachta RTÉ agus aip soghluaiste RNN go mbíonn >2.8m | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Cur le líon na ndaoine a leanann RTÉ News ar Twitter go dtí 300k | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ go Soghluaiste agus Ar Líne: Cur leis an úsáid a bhaintear as cláir agus as ábhar de chuid RTÉ ar dheiseanna soghluaiste agus ar líne* | Cur le meánsciar seachtainiúil sheinnteoir RTÉ Player go mbíonn >13% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. 11% a bhí sa sciar - dhá phointe faoi bhun na sprice - atá ar aon leibhéal le 2014 agus pointe amháin níos airde ná 2013. Féach an tráchtaireacht thíos. |
| | Cur le meánsciar seachtainiúil RTÉ trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne go mbíonn >53% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. 45% a bhí sa sciar - ocht phointe faoi bhun na sprice. Bhí fás leanúnach tuartha ag RTÉ ar leibhéil 2013 (35%) agus 2014 (48%). D'fhoilsigh RTÉ Tosaíochtaí Digiteacha 2015-2016 ina leagtar amach spriocanna soiléire ar an tslí a ndéanfaidh RTÉ idirghníomhú le lucht féachana agus éisteachta trí theicneolaíochtaí digiteacha agus úsáideoirí a threorú chuig seirbhísí RTÉ. |
| | Cur le meánlíon sruthanna RTÉ in aghaidh na míosa trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne go dtí 8m | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. In Aibreán 2015, d'aistrigh RTÉ go hiomlán chuig córas anailísíochta nua agus níos fearr a thugann tomhas níos cruinne ar ídiú ábhar RTÉ ar líne agus ar fhóin phóca. Bhí meánlíon de 6.3 sruth in aghaidh na míosa ag RTÉ ó Aibreán go Nollaig 2015. Meastar gur tomhas níos iontaofa é sin ná na tomhais a bhí ar fáil go dtí seo. Féach tráchtaireacht thuas chomh maith. |
| | Cur le meánsciar míosúil RTÉ de na Brabhsálaithe Idirnáisiúnta Aonair go mbíonn >2.4m | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí meánlíon de 2.2m sruth Brabhsálaithe Idirnáisiúnta Aonair in aghaidh na míosa ann, méid a bhí comhionann leis an bhfigiúr i Nollaig 2014. Féach an tráchtaireacht thuas ar Thosaíochtaí Digiteacha RTÉ. |
| *RTÉ Aertel: Príomhsheirbhís faisnéise na hÉireann a chur ar fáil* | Monatóireacht ar úsáid RTÉ Aertel agus an sciar de na daoine a mbíonn aird acu air a choinneáil seasta ag >20% | Rinneadh maith den ghealltanas |

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Cartlanna RTÉ: Cartlanna RTÉ a fhorbairt agus a oscailt don phobal* | Cur le líon na ndaoine a d'úsáid Cartlanna RTÉ riamh go mbíonn>25% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Dúirt 19% de na daoine fásta nár úsáid siad Cartlanna riamh; sin sé phointe faoi bhun na sprice. An treocht fadtéarmach atá ann, áfach, ná fás ó 14% in 2013. Léiríonn na sonraí ar Bhrabhsálaí Aonair go mbeidh fás ann san fhadtéarma. |
| *Ceolfhoirne, Cóir agus Ceathairéid RTÉ: Ócáidí ceoil beo den chaighdeán is airde a chur ar fáil do lucht éisteachta an cheoil in Éirinn* | An lucht éisteachta a choinneáil ag >180,000 | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. 156,000 de lucht éisteachta a d'fhreastail ar ócáidí in 2015. Tharla sin mar thoradh ar laghdú ar an líon ócáidí poiblí a tionóladh in 2015 (níos lú coinní seachtracha) agus díolachán ticéad níos ísle ná mar a bhí súil leis. |

**2. Tá rún ag RTÉ a bheith ina chuid thábhachtach den saol ag daoine, iontaoibh a bheith ag daoine as an eagraíocht agus an eagraíocht a bheith freagrach do na daoine**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Caidreamh a chothú leis an lucht éisteachta agus féachana trí réimse iomlán na seirbhísí* | Meánlíon na ndaoine 18+ a raibh aird acu i rith na seachtaine ar Sheirbhísí RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Meánlíon na ndaoine 18-34 a raibh aird acu i rith na seachtaine ar Sheirbhísí RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhain RTÉ meánlíon seachtainiúil de 87% amach. |
| | Meánlíon na ndaoine 35-54 a raibh aird acu i rith na seachtaine ar sheirbhísí go léir RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Meánlíon na ndaoine 55+ a raibh aird acu i rith na seachtaine ar sheirbhísí go léir RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ ar an Iomlán: A bheith ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn agus iontaoibh an lucht féachana agus éisteachta a choinneáil* | Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil >76% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a choinneáil>70% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Aontaíonn 61% de dhaoine fásta go bhfuil RTÉ iontaofa, lagdhú ó 68% in 2014. Ní mór do RTÉ an méid muiníne atá ag an bpobal ann a chosaint. Déantar dlúthmhonatóireacht ar na scóir seo agus tá tuilleadh anailíse ar bun ag RTÉ chun an bunús leis an laghdú seo a thuiscint. |
| *RTÉ ar an Iomlán: Iléagsúlacht mhuintir na hÉireann a léiriú* | Torthaí Ghrúpa Oibre Iléagsúlachta RTÉ a fhoilsiú | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Rinne RTÉ Athbhreithniú cuimsitheach ar Bheartas agus Cleachtas Iléagsúlachta i rith 2015. Príomh-mholadh a bhí ann ná Straitéis Iléagsúlachta a fhorbairt agus tá tús curtha leis sin. Foilseofar Straitéis Iléagsúlachta RTÉ 2016-2018 i lár 2016. |

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

**ÁBHAR – SAINIÚLACHT AGUS ARDCHAIGHDEÁN**

**3. Tabharfaidh RTÉ faoi athchóiriú ar na seirbhísí meán Teilifíse ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht féachana maidir le hábhar tarraingteach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ One: Sceideal níos nua-aimseartha ionas gur mó an tarraingt ann do lucht féachana teaghlaigh agus do dhaoine 35-54 bliain d'aois* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí na huaireanta an chloig drámaíochta a ceannaíodh níos lú ná mar a bhí tuartha, agus bhí na huaireanta an chloig de chláir Fíorasacha agus Siamsaíochta beagán níos airde ná mar a bhí tuartha. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ2: Cothromaíocht sa sceideal trí chur leis an ábhar a léirítear in Éirinn agus nuáil maidir le cláir agus léiriúchán atá dírithe ar lucht féachana níos óige in Éirinn* | Iléagsúlacht sceidil a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí na huaireanta an chloig drámaíochta a ceannaíodh níos lú ná mar a bhí tuartha, agus bhí na huaireanta an chloig de chláir Fíorasacha agus Daoine Óga beagán níos airde ná mar a bhí tuartha. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas |

**4. Tabharfaidh RTÉ faoi athchóiriú ar na seirbhísí meán Raidió ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta maidir le hábhar tarraingteach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ Radio 1: Cur leis an tarraingt atá sa stáisiún do dhaoine 35-54 agus leanúint de bheith ar an stáisiún raidió mórshuntais in Éirinn trí sceideal le meascán seánraí cainte agus ceoil* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá beartaithe | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ 2fm: Cur leis an sprioclucht éisteachta trí ábhar a chruthú atá suimiúil sainchóirithe. Déanfar caomhchóiriú ar ionad 2fm ar mhargadh raidió na hÉireann mar sheirbhís ceoil agus siamsaíochta den mhórthábhacht* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ Lyric fm: Malairt rogha sainiúil a chur ar fáil do lucht éisteachta an cheoil chlasaicigh, cheol an domhain agus na n-ealaíon agus réimsí spéise an lucht éisteachta a bheith le sonrú ar an sceideal ar fad* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ Raidió na Gaeltachta Ábhar den nuáil a chur ar fáil a bheadh ina cheangal idir an t-éisteoir agus Gaeltacht phearsanta dáiríre agus saol na Gaeilge* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas |

**5. Déanfaidh RTÉ na seirbhísí meán Digiteach a thabhairt chun cinn ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana maidir le hábhar tarraingteach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ Player: A bheith chun tosaigh mar sheirbhís teilifíse ar a éileamh in Éirinn agus an rogha agus an smacht a thabhairt don lucht féachana ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as cláir de chuid RTÉ ina rogha áit agus an tráth is mian leo* | An scór maidir le dearcadh an lucht féachana go bhfuil seinnteoir RTÉ Player sásúil a choinneáil >80% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ.ie: Ábhar de chuid RTÉ a chur ar fáil do lucht éisteachta agus féachana in Éirinn agus thar lear ar bhealaí atá fíorshásúil don lucht úsáide agus ar fáil ar ilardáin agus ar ildheiseanna* | An scór maidir le dearcadh 'sásta le RTÉ.ie' i measc an lucht éisteachta a choinneáil ag >80% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí sástacht le RTÉ.ie ag 77%, trí phointe faoi bhun na sprice. Féach tráchtaireacht ar RTÉ.ie faoi Ghealltanas 1. |

**6. Leanfaidh RTÉ ina fhoinse thréan iontaofa in Éirinn maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha intíre agus idirnáisiúnta, ag cur nuachta ar fáil atá tábhachtach do chách, i mBéarla agus i nGaeilge**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ News: Foinse N&CR intíre agus idirnáisiúnta atá iontaofa, tréan, nua-aimseartha agus Éireannacha chur ar fáil* | Ábhar N&CR a chur ar fáil ar RTÉ One, RTÉ Radio 1 agus RTÉ News Now de réir na réimsí % uaireanta a chloig | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Féach freisin Gealltanas 20 i ndáil leis an dearcadh maidir le Cothromaíocht agus Neamhchlaontacht* | Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag >75% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *RTÉ News Now: An t-aon seirbhís nuachta ilmheán in Éirinn a thabhairt chun cinn ionas go bhfreastalaítear do riachtanais an lucht féachana ar líne, ar dheiseanna soghluaiste agus ar an teilifís* | Iléagsúlacht sceidil a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % | Rinneadh maith den ghealltanas |

**7. Leanfaidh RTÉ d'ábhar clár ar ardchaighdeán de chuid na hÉireann trína ndéantar scrúdú agus léiriú ar an saol sin acusan a chur ar fáil do leanaí le lón soláthair ilmheán ar fud ardáin an raidió, na teilifíse, an idirlín agus na ndeiseanna soghluaiste**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Leanúint d'ábhar Éireannach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud na n-ardán do leanaí* | An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ réimse leathan ábhair agus seirbhísí ar fáil do leanaí a choinneáil ag >47% | Rinneadh maith den ghealltanas |

*Féach freisin a luaitear faoi RTÉjr faoi Ghealltanas 1*

**8. Féachann RTÉ le díriú ar na cainteoirí uile Gaeilge in Éirinn agus thar lear leis na cláir agus na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Féachaint le caidreamh a chothú le gach duine a labhraíonn Gaeilge in Éirinn agus thar lear* | Cur leis na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge >47% | Rinneadh maith den ghealltanas |

*Féach freisin a luaitear faoi RTÉ Raidió na Gaeltachta faoi Ghealltanas 4*

## ÁBHAR – CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁIL

**9. Leanúint den chraoladh ar na himeachtaí móra náisiúnta a tharraingíonn an tír le chéile - más imeachtaí móra siamsaíochta, nuachta nó polaitíochta, nó imeachtaí móra spóirt iad**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Leanúint den chraoladh ar na himeachtaí móra náisiúnta a tharraingíonn an tír le chéile* | Cur leis an dearcadh i measc an phobail go ligeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú go mbíonn >72% | Rinneadh maith den ghealltanas |

**10. Bainfidh RTÉ úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach chun cur le caighdeán na seirbhísí agus an t-ábhar a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana is fairsinge is féidir**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Ábhar de chuid RTÉ a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana is fairsinge is féidir ar fud na n-ardán éagsúil agus ar dheiseanna éagsúla* | Cur leis an dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláir agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna go mbíonn >78% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Teilifís RTÉ: Cur le caighdeán craolacháin ábhar Theilifís RTÉ trí theicneolaíocht HD* | Baineadh amach na huaireanta an chloig de réir sprice | Rinneadh maith den ghealltanas |

**11. Tá de rún ag RTÉ bonn treise a chur faoin nuáil agus faoin gcruthaitheacht agus iad a chothú go hinmheánach agus i measc earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha agus i measc lucht cruthaitheachta go ginearálta**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Bonn treise a chur faoin nuáil agus faoin gcruthaitheacht agus iad a chothú* | Dearcadh an phobail gur eagraíocht chruthaitheachta RTÉ a choinneáil >52% | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Raidió RTÉ: Sciar ard maidir leis an gcéad chraoladh ar ábhar a léirítear in Éirinn a choinneáil ar Raidió RTÉ* | Ábhar dúchais á chraoladh den chéad uair a bheidh in >80% den ábhar a chraoltar ar sheirbhísí FM Raidió RTÉ | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Teilifís RTÉ: Cinntiú gur cláir a léirítear in Éirinn sciar ard den ábhar a chraoltar le linn buaicthráthanna ar RTÉ One* | Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais a bheith ar 70% d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One | Rinneadh maith den ghealltanas |

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Teilifís RTÉ: Bonn treise a chur faoi earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn trí Format Farm RTÉ* | Cláir phíolótacha formáidí a chraoladh ar Theilifís RTÉ | Rinneadh maith den ghealltanas |

**12. Tá de rún ag RTÉ ábhar Ealaíne agus Cultúir níos mó le rá, níos uaillmhianaí agus níos ilchuimsithí a chur ar fáil**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an lomlán: Cuidiú le beartaíocht ealaíon in Éirinn* | Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ bonn treise faoi bheartaíocht ealaíne in Éirinn a choinneáil >66% | Rinneadh maith den ghealltanas |

**AN ÚSÁID AS CISTÍ POIBLÍ**

**13. Tá RTÉ dúthrachtach maidir le spriocanna buiséid a bhaint amach faoi mar a leagtar amach i mBuiséad Eatramhach RTÉ 2015, lena n-áirítear díriú ar Thuilleamh dearfach roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA).**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *An sprioc i mBuiséad Eatramhach 2015 a bhaint amach* | Toradh aontaithe ar an mbuiséad don bhliain a bhaint amach | Rinneadh maith den ghealltanas |

**14. Seirbhís a chur ar fáil ar fiú an t-airgead í, trína chinntiú go mbaintear an luach is fearr amach i ngach réimse gnó agus trí leanúint den leas is fearr a bhaint as ioncam ón táille ceadúnais**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Punann seirbhísí RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin.* | Na spriocanna maidir le buiséad an Chostas Oibriúcháin agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaint amach | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Cinntiú go mbíonn an chistíocht phoiblí i ndáil le gach seirbhís faoi leith taobh istigh de na teorainneacha sonraithe* | Réimsí tairsí maidir leis an Úsáid as Cistí Poiblí don bhliain 2015 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *An scór maidir le tuairim an phobail go bhfuil luach maith ar airgead ag baint le RTÉ a choinneáil* | An scór a choinneáil >58% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí an scór seo, 56%, dhá phointe faoi bhun na sprice. |
| *Cinntiú go sásaítear na coinníollacha caiteachais faoin reachtaíocht leis an gcoimisiúnú neamhspleách i ndáil le Raidió agus Teilifís, ionas go gcomhlíontar na dualgais faoi Alt 116 den Acht Craolacháin 2009.* | An dualgas maidir le caiteachas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Sprioc bhuiséad 2015 maidir le PROC* a bhaint amach - % den Chostas Iomlán Oibriúcháin (sula dtugtar dímheas & amúchadh san áireamh)* | An sprioc PROC a bhaint amach | Rinneadh maith den ghealltanas |

**Costas Oibriúcháin i ndáil le Cúrsaí Pearsanra*

**15. Foinsí airgid a thapú chomh mór agus is féidir trí ghnóthú as gach sruth ioncaim, nua agus traidisiúnta**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Spriocanna maidir le hIoncam Tráchtála i ndáil le Teilifís, Raidió, RTÉ NL agus RTÉ Digiteach* | Na spriocanna maidir le hIoncam Tráchtála bainte amach | Rinneadh maith den ghealltanas |

**FOLLASACHT, CUNTASACHT AGUS COMHAROIBRIÚ**

**16. Tá de rún ag RTÉ a bheith níos oscailte agus acmhainní ó chistíocht phoiblí a roinnt le lucht meán cumarsáide eile in Éirinn trí ábhar nuachta a roinnt le soláthraithe meán cumarsáide eile**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Níos mó d'ábhar RTÉ a roinnt trí ábhar a chur ar fáil do sholáthraithe meán cumarsáide eile de chuid na hÉireann* | Socruithe ar bun maidir le hábhar closamhairc a roinnt ar líne | Rinneadh maith den ghealltanas |

**17. Páirtnéireachtaí straitéiseacha agus cruthaitheacha den mhórthábhacht a chothú ionas gur féidir le RTÉ leanúint den nuáil i ndáil le cláir, ábhar & cúrsaí teicneolaíochta agus forbairt a dhéanamh maidir le hacmhainn cumais agus gnáis oibre**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Caidreamh RTÉ le 5 cinn ar a laghad d'eagraíochtaí/geallsealbhóirí buntábhachta (arna sonrú ag Grúpa Comhpháirtíochtaí RTÉ) a thabhairt chun cinn, maidir le réimse na hEalaíne, an Chultúir, an Ghnó, an Oideachais agus na meán eile.* | Tuairisc faoi 5+ tionscadal comhpháirtíochta mórthábhachta a thabhairt chun cinn i rith na bliana 2015 | Rinneadh maith den ghealltanas |

**18. Féachann RTÉ le tuiscint a fháil ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann trí thionscnaimh taighde d'fhonn a mbíonn de dhíth orthu, agus súil acu leis, a mheas agus an dearcadh i leith ábhar agus seirbhísí RTÉ a thuiscint**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Taighde a dhéanamh a thugann tuiscint ar dhearcadh an lucht féachana agus éisteachta i leith ábhar agus seirbhísí RTÉ* | Suirbhéireacht taighde leanúnach ar bun | Rinneadh maith den ghealltanas |

**19. Ceannródaíocht a léiriú maidir le seirbhísí den áisiúlacht trí na híoschaighdeáin a shárú agus seirbhísí nua / den nuáil a chur ar fáil nuair is féidir sin, ionas go soirbhítear do theacht a bheith ar an Teilifís acu siúd atá faoi mhíchumas céadfach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go gcomhlíontar rialacha rochtana an BAI* | Spriocanna uile an BAI bainte amach | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Shásaigh RTÉ na spriocanna go léir maidir le fotheidil agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Níor baineadh amach spriocann ó thaobh clos-tuairisc do RTÉjr, a tugadh isteach in 2015. |

**20. Na caighdeáin eagarthóireachta is airde a fheidhmiú, athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte eagarthóireachta i gcomhthéacs na reachtaíochta agus na gcód cleachtais agus laghdú chomh mór agus is féidir a bheith ar bhearta ceartaitheacha de réir rialúcháin / dlí**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go gcomhlíontar cóid eagarthóireachta an BAI.* | Cód Caighdeán na gClár | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Cód Cothromaíochta, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Seasadh le trí ghearán go hiomlán agus le dhá ghearán i bpáirt. |
| *Muinín an phobail a choinneáil maidir le neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht ábhar mórthábhachta de leithéid Chláir Nuachta agus Chúrsaí Reatha agus iontaoibh an lucht éisteachta agus féachana a chothú* | Dearcadh an lucht féachana maidir le 'cothroime agus neamhchlaontacht' *RTÉ News: Nine O'Clock* a choinneáil | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Dearcadh an lucht éisteachta maidir le 'cothroime agus neamhchlaontacht' *Morning Ireland* a choinneáil | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Déileáil le gach gearán BAI laistigh den chreat ama éigeantach.* | 100% | Rinneadh maith den ghealltanas |

**21. Na coinníollacha ar fad maidir le reachtaíocht agus cúrsaí rialúcháin a chomhlíonadh agus córais rialachais agus tuairiscíochta den sárchleachtas a choinneáil ar bun**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go mbíonn Cóid agus Achtanna maidir le Tuairisciú Airgeadais agus Rialachas Corparáide á gcomhlíonadh.* | An t-ardchaighdeán maidir le Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (an Tuarascáil Bhliantúil) a choinneáil agus iad a fhoilsiú de réir Alt 110 san *Acht Craolacháin 2009* | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | *An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* a chomhlíonadh agus tuairisc ina leith sin a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Cinntiú go mbíonn na Cóid agus na hAchtanna uile maidir le cúrsaí Tráchtála agus cúrsaí Cumarsáide á gcomhlíonadh.* | Na bearta tráchtála go léir faoi mar a leagtar amach in Alt 108 den *Acht Craolacháin 2009* | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | Cloígh le Cóid Chumarsáide Tráchtála BAI, ComReg, ODAS, agus ASAI | Rinneadh maith den ghealltanas |

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go gcloítear leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise* | Comhlíontas agus staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise a chur faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha/na Roinne Airgeadais gach ráithe | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *An sárchleachtas maidir le Bainistíocht Riosca Fiontraíochta (ERM) a chur chun cinn.* | Tuilleadh feabhsúchán ar chreat Bainistíochta Riosca RTÉ a aithint agus a fheidhmiú | Rinneadh maith den ghealltanas |

Déantar obair uile RTÉ i gcomhréir leis na coinníollacha ar fad a bhaineann léi faoin dlí. Díríonn an méid as *Gealltanas 21* thuas agus ceanglais rialála agus reachtacha eile sa cháipéis seo ar réimsí a nascann le gníomhaíocht craolacháin.

**22. Follasacht agus freagracht níos fearr ar bhonn leanúnach a léiriú maidir leis an úsáid a bhaineann RTÉ as cistí poiblí**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2015 (Bliain 3) | Toradh 2015 |
|---|---|---|
| *Leanúint ag foilsiú sonraí faoin gCostas in aghaidh na hUaire Craolacháin (CPTH)* | CPTH a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2014 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Tuairisc a thabhairt ar an Úsáid a bhaintear as Cistí Poiblí de réir an mhúnla follasachta maidir le cúrsaí airgeadais ar glacadh leis i rith na bliana 2013* | Tuairisc ar an Úsáid as Cistí Poiblí a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2014 | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Ráiteas bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta a fhoilsiú* | Tuairisc a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaith a dhéanamh de Ghealltanais RTÉ 2014 nó a mhalairt | Rinneadh maith den ghealltanas |
| | ASPC RTÉ 2015 a fhoilsiú | Rinneadh maith den ghealltanas |
| *Foilsigh polasaí Trádáil Chóir* | Beartas RTÉ a fhoilsiú i ndáil le hidirbhearta idir ghníomhaíochtaí chun cuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ a thabhairt i gcrích agus le gníomhaíochtaí chun an aidhm maidir le gnóthachtáil tráchtála a thabhairt i gcrích | Ní dhearnadh maith den ghealltanas in 2015, ach foilsíodh Beartas agus Nósanna Imeachta RTÉ maidir le Trádáil Chóir i mí Feabhra 2016. Le linn 2015, rinne RTÉ go leor caidrimh leis an BAI maidir leis an mbeartas seo a fhorbairt, agus cheadaigh Bord RTÉ í. De réir an bheartais, bunaíodh Coiste Bhord RTÉ um Thrádáil Chóir in 2015. |

**Comhionannas Inscne agus Iléagsúlacht**

Déanann RTÉ, mar fhostóir agus mar chraoltóir araon, bearta forghníomhacha chun comhionannas inscne a chur chun cinn.

Mar fhostóir, is maith is eol do RTÉ gur den bhunriachtanas maidir le héifeachtacht agus críochnúlacht na hoibre agus leis an dea-chaidreamh i measc lucht na foirne go mbeadh an iléagsúlacht á cothú agus comhionannas deiseanna á chur ar fáil. Tá meas ar lucht na foirne as ucht iléagsúlacht a gcuid oibre agus cuidítear leo iomlán a gcuid acmhainne a thabhairt i gcrích. I ndáil leis sin, tá Beartas Iléagsúlachta i bhfeidhm ag RTÉ atá ina chuid de *Lámhleabhar Foirne RTÉ.* Cuirtear an beartas sin in iúl do gach duine den fhoireann agus dírítear ann ar cheist an chomhionannais inscne.

Chun bonn daingean a chur faoin bPolasaí Iléagsúlachta, tá clár iléagsúlachta ar bun trína gcuirtear an sárchleachtas chun cinn i réimsí dá leithéid seo a leanas, earcú agus roghnú foirne, oiliúint agus forbairt, socruithe oibre agus dínit agus meas sa láthair oibre. Mar shampla, i gcás folúntas poist in RTÉ, is de bhua tuillteanais, agus oiriúnacht maidir le coinníollacha an phoist a fógraíodh a chomhlíonadh, a dhéantar earcaíocht, roghnú agus ardú céime. Chomh maith leis sin, bíonn cothromas idir mná agus fir i gceist le comhaltaí na mbord agallaimh ar fad.

An 31 Nollaig 2015, b'fhir 51% de lucht oibre RTÉ agus ba mhná 49%. Ar leibhéal an Bhoird, déantar foráil faoin *Acht Craolacháin 2009* do chothromaíocht ó thaobh inscne maidir le comhaltaí an Bhoird trína cheangal go mbeadh líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear ar an mBord. An 31 Nollaig 2015, bhí cúigear comhalta mná agus seachtar comhalta fir ar Bhord RTÉ. Déantar tagairt don ábhar maidir le Rialachas Corparáide (leathanach 90) maidir le mionsonraí faoi athrú i ndáil le comhaltaí an Bhoird tar éis dheireadh na bliana.

Is eol go géar do RTÉ, mar chraoltóir seirbhíse poiblí, go bhfuil na meáin chumarsáide in acmhainn tionchar faoi leith a imirt maidir le comhionannas inscne a chur chun tosaigh. Leagtar polasaithe eagarthóireachta RTÉ amach in Caighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ agus in Treoirlínte Iriseoireachta RTÉ. Tugtar san áireamh leis na beartais sin forálacha sonracha chun an iléagsúlacht agus an comhionannas ó thaobh inscne a chur chun cinn agus dírítear ar réimsí tábhachtacha maidir le bainistíocht i ndáil leis an mbaol go dtarlódh claonadh leataobhach nó buanchruthú ó thaobh inscne in ábhar clár agus maidir leis an tábhacht atá le téarmaí a úsáid atá uilechuimsitheach ó thaobh inscne.

D'fhonn cinntiú go bhfuil RTÉ láncheangailte leis an lucht éisteachta agus féachana, is den bhunriachtanas go mbíonn an fhoireann, na láithreoirí agus aíonna ar chláir de réir iléagsúlacht cultúir, déimeagrafaíochta agus tuairimí an lucht éisteachta agus féachana. Tá an chuspóir sin le sonrú ar Straitéis Cúig Bliana RTÉ, *RTÉ Inniu, Amárach* 2013-2017, a foilsíodh i rith na bliana 2013. Tá cáipéis na Straitéise, ina leagtar béim ar thábhacht na hiléagsúlachta maidir le hábhar saothair agus lucht foirne, ar fáil ar an láithreán gréasáin RTÉ.ie. Mar chuid de dhúthracht straitéiseach RTÉ a bheith


# Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

macánta, cuntasach agus tugtha don chomhar, pléitear i Roinn 5.6 de cháipéis na Straitéise le ceist na hiléagsúlachta ar an aer agus leagtar amach ann sraith tionscnamh pleanáilte a bhaineann le cúrsaí iléagsúlachta.


Mar chuid de na tionscnaimh sin, bhunaigh an Príomh-Stiúrthóir Grúpa Oibre Iléagsúlachta i ndeireadh na bliana 2014. Rinne an Grúpa Oibre beartais agus sonraí ábhartha RTÉ a athbhreithniú agus rinne iniúchadh iléagsúlachta ar shampla ionadaíoch den lucht foirne agus de gheallsealbhóirí príomhthábhachta, lenar áiríodh agallaimh le grúpa fócais. Rinneadh tagarmharcáil i ndáil le caighdeáin agus cur chuige RTÉ i gcomórtas le craoltóirí den chineál céanna agus le cuideachtaí agus eagraíochtaí eile in Éirinn. An príomh-mholadh san athbhreithniú seo ná go raibh ar RTÉ cur chuige straitéiseach agus lánpháirtithe a thógáil maidir le hIléagsúlacht agus Uilechuimsitheacht, chomh maith le Straitéis láidir Iléagsúlachta a fhorbairt. Cuireadh de chúram ar ghrúpa oibre inmheánach beag, i gcomhar le ceannairí eagarthóireachta agus acmhainní daonna, an straitéise seo a fhorbairt don tréimhse 2016 go 2018. Díreoidh an Straitéis Iléagsúlachta ar dhá phíomhréimse: Iléagsúlacht ar an Aer agus Cultúr Iléagsúlachta a Chruthú. Beidh gealltanais iléagsúlachta RTÉ san áireamh inti, chomh maith le gníomhartha agus tionscadail a bhfuil tosaíocht agus amlíne luaite leo. Tá an Grúpa Oibre Iléagsúlachta ar cheann de réimse tionscadal atá ar siúl in RTÉ a ligfidh do RTÉ an lucht féachana agus éisteachta a léiriú ar bhealaí níos cruinne agus soláthar a dhéanamh do na riachtanais atá acu.

# Eolas Staitisticí Eile

Iarrataí um Shaoráil Faisnéise (SF) chuig RTÉ




Gearáin a rinneadh le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI) maidir le hábhar craolta de chuid RTÉ




I rith na bliana 2015, sheas Coiste Comhlíontais BAI go hiomlán le trí cinn de ghearáin in aghaidh ábhar de chuid RTÉ agus sheas i bpáirt le dhá ghearán. Bhain na cúig cinn le eipeasóid amháin de The Ray D'Arcy Show (RTÉ Radio 1, 9 Meitheamh 2015).

An 31 Nollaig 2015, bhíothas ag feitheamh le breith BAI faoi 22 ghearán a rinneadh faoi ábhar craolta de chuid RTÉ i rith na bliana 2015.

# Stair Airgeadais

| | IFRS 2015 | IFRS 2014 | IFRS 2013 | IFRS 2012 Arna athlua | IFRS 2011 | IFRS 2010 | IFRS 2009 | IFRS 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| RÁITEAS IONCAIM | | | | | | | | |
| Ioncam ó cheadúnais teilifíse | 178,909 | 178,562 | 182,370 | 180,894 | 183,623 | 195,968 | 200,217 | 200,852 |
| Ioncam tráchtála | 155,403 | 149,605 | 145,214 | 156,320 | 167,257 | 175,699 | 174,704 | 239,908 |
| **Ioncam iomlán** | 334,312 | 328,167 | 327,584 | 337,214 | 350,880 | 371,667 | 374,921 | 440,760 |
| Costais oibríochta (roimh dhímheas, amúchadh agus athstruchtúrú agus costais eile) | (320,262) | (311,894) | (306,919) | (335,002) | (353,411) | (356,197) | (363,368) | (439,488) |
| **EBITDA roimh chostais athstruchtúrtha agus eile*** | **14,050** | **16,273** | **20,665** | **2,212** | **(2,531)** | **15,470** | **11,553** | **1,272** |
| Dímheas agus amúchadh | (14,240) | (13,600) | (15,255) | (17,504) | (16,110) | (20,400) | (26,025) | (21,022) |
| Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt | 569 | 43 | - | - | - | - | - | - |
| Athstruchtúrú agus costais eile* | - | - | 390 | (46,161) | - | - | (11,341) | - |
| **Caillteanas ó ghníomhaíochtaí oibríochta tar éis athstruchtúrú agus costais eile*** | **379** | **2,716** | **5,800** | **(61,453)** | **(18,641)** | **(4,930)** | **(25,813)** | **(19,750)** |
| Glan (chostas)/ioncam airgeadais | (2,650) | (1,788) | (4,734) | (3,737) | 2,442 | 1,118 | (1,649) | 10,324 |
| Cáin | (482) | (711) | (408) | 43 | (561) | (850) | (339) | 9,459 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | (2,753) | 217 | 658 | (65,147) | (16,760) | (4,662) | (27,801) | 33 |
| CLÁR COMHARDAITHE | | | | | | | | |
| **Sócmhainní reatha agus neamhreatha** | | | | | | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 76,319 | 81,440 | 88,522 | 98,550 | 100,248 | 92,115 | 98,286 | 108,931 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2,155 | 3,157 | 4,121 | 4,348 | 3,681 | 3,329 | 4,711 | 4,973 |
| Sócmhainn phinsin | 46,749 | 1,837 | 9,899 | 746 | 664 | 3,861 | 9,208 | - |
| Fardail | 32,139 | 33,848 | 33,484 | 31,977 | 37,044 | 35,663 | 37,156 | 41,314 |
| Sócmhainní eile | 82,267 | 76,517 | 80,991 | 91,529 | 118,077 | 118,527 | 112,625 | 134,418 |
| **Iomlán sócmhainní** | **239,629** | **196,799** | **217,017** | **227,150** | **259,714** | **253,495** | **261,986** | **289,636** |
| **Dliteanais reatha agus neamhreatha** | | | | | | | | |
| Sochair d'fhostaithe - costas athstruchtúrtha | 15,399 | 19,903 | 25,278 | 34,610 | 12,505 | 19,708 | 24,150 | 16,343 |
| Oibleagáidí sochair scoir | - | 19,188 | - | 47,086 | 47,797 | - | - | 86,617 |
| Dliteanais eile | 168,754 | 154,736 | 137,625 | 145,180 | 128,240 | 96,488 | 92,401 | 112,413 |
| Iomlán dliteanas | 184,153 | 193,827 | 162,903 | 226,876 | 188,542 | 116,196 | 116,551 | 215,373 |
| Cothromas | 55,476 | 2,972 | 54,114 | 274 | 71,172 | 137,299 | 145,435 | 74,263 |
| **Iomlán cothromais agus dliteanas** | **239,629** | **196,799** | **217,017** | **227,150** | **259,714** | **253,495** | **261,986** | **289,636** |
| SREABHADH AIRGID | | | | | | | | |
| Airgead tirim glan ó/(in úsáid le) gníomhaíocht oibriúcháin | 9,108 | 2,447 | 5,076 | (22,051) | (17,665) | 14,481 | 9,323 | 18,437 |
| Sreabhadh airgid glan maidir le héadáil ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | (7,704) | (5,508) | (9,212) | (14,857) | (23,128) | (11,732) | (20,506) | (45,907) |
| LÍON FOSTAITHE | | | | | | | | |
| **Líon iomlán ar an 31 Nollaig** | 1,978 | 1,899 | 1,856 | 1,858 | 2,093 | 2,151 | 2,214 | 2,351 |

*Léirítear costais athstruchtúrtha in 2015 agus in 2014 laistigh de Chostais Oibriúcháin

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
linkedin.com/company/rte